

# INNEALTÓIREACHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT BHUNÚSACH

SEÁN Ó TUAIRISG



AN GÚM

Inside Cover Blank

# INNEALTÓIREACHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT BHUNÚSACH

TEICNÍOCHTAÍ AGUS DEARADH  
ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

SEÁN Ó TUAIRISG

AN GÚM

An Chéad Chló 1987  
An tEagrán Nua sco 1996  
© Rialtas na hÉireann

Bob Rogan a rinne na lúaráidí, bunaithe ar línscothaf an údair.

Printset & Design a rinne an clóchur.

Criterion Press Tá a chlóbhual.

ISBN 1 85791 165 2

Táthar bufoch den Choiste Téarmafochta, An Roinn Oideachais as ucht téarmaí a sholáthar le haghaidh an leabhair.

Arna fhoilsiú ag an nGúm i gcomhar le hOifig an tSoláthair

#### Buíochas

Is mian linn buíochas a ghlacadh leo seo atá liostaithe thíos as ucht a gcabhrach:

Imperial Chemical Industries PLC, Petrochemicals and Plastics Division, as ucht eolas a sholáthar agus cead a thabhairt úsáid a bhaint as sleachta as a bhfoilseachán '*Identification of plastics for schools*'; British Steel Corporation; an tUasal Ronald Le Bas, Comhlacht Óircheardaithe Bhaile Átha Cliath; Fry's Metals (Ireland) Ltd.; Loctite (Ireland) Ltd.; Scott Tools Ltd.; Shamrock Forge and Tool Co. Ltd.; Neill Tools Ltd.; William Allday and Co. Ltd.; Record Marples Ltd.; T.S. Harrison and Sons Ltd.; Colchester Lathes Ltd.; Boxford Machine Tools Ltd.; Rabone Chesterman Ltd.; Copper Development Association; BP Ireland Ltd.; W. Canning Ltd.; An Institiúid Taighde Tionscail agus Caighdeán; Aughnish Alumina Ltd.; Tara Mines Ltd.; Lister Machine Tools Ltd.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

**Le ceannach ón:**  
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,  
Sráid Theach Laighean,  
Baile Átha Cliath 2  
nó ó dhíoltóirí leabhar.

**Le fáil tríd an bpost ó:**  
An Rannóg Trádála Poist,  
Oifig an tSoláthair,  
4-5 Bóthar Fhearchair,  
Baile Átha Cliath 2.  
(01) 6613111 f/1 4044

An Gúm, 44 Sráid Uí Chonaill Uacht., Baile Átha Cliath 1.

# Clár

## Réamhrá

### 1 Nádúr Ábhar

Dúile, comhdhúile agus meascáin; Struchtúr an adaimh; Naisc mhiotalacha; Naisc ianacha; Naisc chomhshiúsacha; Naisc thánaisteacha; Ábhair: staideanna; Ceisteanna.

### 2 Miotaíl

v

1

Táirgeadh iarainn agus cruach; airónna agus úsáidí na ngnáthchruachanna carbóin, na gcruchanna ardluais agus na gcruchanna dosmálta; Miotaíl fheiriúla a aithint; miotaíl agus cóimhiotal neamhfheiriúla choitianta; creimeadh. Ceisteanna.

### 3 Plaistigh agus Adhmaid

6

21

Teirmeaplaistigh choitianta agus plaistigh theirmithéachtacha choitianta: a gcuid airónna, an úsáid a bhaintear astu, agus an chaoi a gcrutháitear iad; plaistigh a aithint agus a oibriú.

Adhmad mar ábhar struchtúrach agus mar ábhar bailchríche. Ceisteanna.

### 4 Sábháilteacht

36

Feisteas cosanta; ábhair, uirlísí agus fearas a láimhsíú, a úsáid agus a stóráil go sábháilte i gceardlann na scoile; deannach agus múa a rialú; dóiteáin agus contúirtí eile; múchtóirí dóiteáin. Ceisteanna.

### 5 Marcáil Amach agus Tomhas

45

Fearas tomhais agus marcála — scríobairí, rialóirí, bacairt, prílí, rannadóirí, cailipéir, an beibheal, uillinn tomhais, an t-iltomhsaire, an pláta dromchla, an rianaire dromchla, V-bhloic, an micriméadar, cailipéar Vernier agus na tomhsairí. Ceisteanna.

### 6 Obair Ghinearálta Bhinse

64

Leagan amach na n-uirlisí ar an mbínse; bíseanna; teanntán an uirliseora; líomhán agus líomhadh; sábha; siséil; casúir; an ceap binse. Ceisteanna.

### 7 Druileáil

79

An meaisín druileála; saotharphíosaí a ghreamú ar an meaisín druileála; druirlí láimhe; casdruirlí; luasanna druileála, luasanna gearrtha; cineálacha poll; leacú; réamú; sreabháin ghearrtha. Ceisteanna.

### 8 Feistiú agus Cóimeáil 1: Tapáil, Scriúáil agus Seamú

91

Tapáil — tapaí, rinsí tapaí agus tapáil. Scriúáil — díslí, an ceap agus scriúáil. Saghanna scriúshnáithe; scriúcheanglóirí, leicneáin agus pionnaí. Uirlísí cóimeála — castairí, rinsí, greamairí ags scriúirí.

Seamú — preabsheamú, uirlísí seamaithe; seam ceannsmeacha agus seam ceannleacaithe a dhéanamh. Ceisteanna.

### 9 Feistiú agus Cóimeáil 2: Sádráil, Prásáil agus Greamacháin

110

Bogshádráil, sádráil airgid agus prásáil; floscanna, iarainn sádrála, cineálacha alt agus foinsí teasa. Greamacháin. Ceisteanna.

### 10 Fuardheilbhiú Miotaíl

117

Miotalóireacht leatháin; uirlísí miotalóireachta leatháin — deimhis láimhe, an deimheas binse, casúir, máilléid, an barra fillte agus na ceapa; ailt mhiotalóireacht leatháin; séama eitreach, ciumhais fheirbthe agus ciumhais shreanganithe a dheilbhiú.

Miotalóireacht bhualte — cuasú, logú, ardú agus míneacú; lúbadh, casadh agus déanamh scrollaí; sainmharcanna. Ceisteanna.

**11 Teodheilbhiú Miotal agus Teaschóireálacha** 130

Gaibhniú — an teallach ceárta, an inneoin, an bhís choise, teanchairí ceárta, na séataí, an leathadóir, na hiarainn rásála, na cruthmhúnlóirí; leabhrú agus ramhrú; ábhar a áireamh chun súil agus lúb a dhéanamh.

Teaschóireál — cruachan, faghairt, ainéalaadh, normalú agus screamhchruachan. Ceisteanna.

**12 Bailchríocha Maisiúla ar Ábhair** 145

Snasú; breacadh; casúireacht; puinseáil; riopúise; greanadóireacht; eitseáil; cruanadh; laicearáil; péinteáil; bratú plaisteach.

Línte, cruthanna agus dathanna a chumasc. Ceisteanna.

**13 An Deileadóireacht** 152

An deil láir agus a cuid forbhalla coitianta; saotharphíosaí a ghreamú ar an deil; uirlisí gearrtha na deile agus a gcuid uillinneacha; luas rothlaithe agus luas gearrtha na deile; deileadóireacht; an deil RUR (*CNC*); G-chóid agus M-chóid; ríomhchlárú — ceachtanna; timthriallta cannaithe; DRC (*CAD*)/MRC (*CAM*); aonaid ionchuir agus aschuir ríomhaireachta; Ceisteanna.

**14 An Leictreachas agus an Leictreonaic** 195

Leictreachas; foinsí cumhactha; voltas, sruth, friotaíocht agus iad a thomhas; ciorcaid shrathacha agus ciorcaid chomhtreomhara; ciorcaid shimplí; feistithe coitianta leictreachais i dtithe; siombailí leictreachais agus leictreonaice; comhbhaill bhunúsacha; ionchur agus aschur; ciorcaid a dheardadh; ciorcaid a thógáil; Ceisteanna.

**15 Struchtúir agus Meicníochtaí** 223

Struchtúir; luamhán; nascálacha; ulóga; slabhraí agus rothaí fiaclacha; giaranna; ceamanna; scriúshnáitheanna; raicíní; crága; cromáin agus sleamhnóirí; imthacaí; Ceisteanna.

**16 An Ghrafaic agus an Dearadh** 243

Teilgean ortagrafach; línlíochtaí pictiúrtha; saorlíníocht; línlíochtaí oibre; timthriall deartha agus fadhb dhearthá; aireagáin; Ceisteanna.

**Tábla — Snáitheanna Méadracha Garbha ISO** 257

**Foclóirín Gaeilge-Béarla** 259

**Innéacs** 265

# Réamhrá

Cúrsa an Teastais Shóisearaigh atá sa leabhar seo. San áireamh ann tá an Mhiotalóireacht Bhunúsach agus na téamaí breise: Nádúr Ábhar, Ríomhchlárú Deile RUR (CNC), an Leictreachas agus an Leictreonaic, Struchtúir agus Meicníochtaí, agus an Ghrafaic agus an Dearadh. Is le freastal ar an hathruithe móra atá tagtha le déanaí é seo agus chun freastal ar Shiollabas an Teastais Shóisearaigh.

Táthar ag súil go mbeidh na daltaí gníomhach i mbun an deartha agus na teicneolaíochta agus go mbeidh siad ag tógáil rudaí a mbeidh feidhmeanna cinnte acu. An sásamh a bhainfidh an dalta as an obair sin, agus an tuiscint a bheidh aige/aici go bhfuil rud curtha i gcrích, rachaidh siad go mór chun tairbhe dá f(h)orbairt.

Dála Miotalóireacht Bhunúsach tá a lán lán léaráidí sa leabhar. Léaráidí seachas grianghraif atá ann. Ar mhaithle le soiléireacht é sin, agus ar mhaithle leis na daltaí a spreagadh le sceitsí a dhéanamh chun eolas a chur in iúl, a mhíniú, agus a thaifeadadh.

Níl gá go gcaithfí tabhairt faoi na caibidlí san ord ina bhfuil siad sa leabhar, ach an t-ord atá orthu, ba chóir go gcabhródh sé sin leis an múinteoir chun a scéim oibre féin a cheapadh.

Na ceisteanna atá i ndeireadh gach caibidle, clúdaíonn siad ábhar na caibidle sin go mion, agus san ord céanna

ina bhfuil an t-ábhar sa chaibidil. Is cuidiú é sin chun staidéar agus obair bhaile a eagrú, agus níor cheart gur ghá do na daltaí an méid sin nótaí a bhreacadh. Chomh maith leis sin, is tairbhí ceachtanna cinnte ná a bheith ag léamh gan stiúir trí nótaí.

Tá modh oibre chun tabhairt faoi fhadhb dheartha tugtha i gCaibidil 16. Léiríonn sé sin na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an obair sin, ach ní laghaíonn sé ar an ngá atá le samhlaíocht agus le cruthaitheacht, agus le feidhm a bhaint as eolas chun teacht ar réiteach.

Tá iarracht déanta an Ghaeilge sa leabhar a choinneáil chomh simplí agus is féidir, ach is gá téarmaíocht ar leith in ábhar teicniúil mar an Mhiotalóireacht. Ní leor an nua-théarmaíocht riachtanach seo a bheith ar fáil — caithfear í a chur in úsáid agus í a scaipeadh i measc na ndaoine atá ag plé leis an ábhar. Ba chóir go gcuideodh an leabhar seo go mór chuige sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an nGÚM as ucht cuireadh a thabhairt dom an leabhar seo a scríobh agus as ucht cabhrú leis an obair.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh le mo bhean Áine, agus le mo chlann Eoin, Síle, Aodhán agus Cormac, as ucht mé a spreagadh, agus as a bhfoighne le linn dom a bheith ag obair ar an leabhar.

Seán Ó Tuairisg

Prelim Page Blank

# 1. Nádúr Ábhar

## Dúile, Comhdhúile agus Meascáin

Dúile iad na cineálacha substaintí is simplí dá bhfuil ann agus is astu a chruthaítear gach ábhar. Is é an t-adamh an chuid is lú de dhúil a bhfuil airíonna na dúile fós ann. Bíonn na hadaimh i ngach dúil difriúil agus is beag dúil nach mbíonn inti ach adamh amháin. Is as móilíní is mó a bhíonn substaintí déanta agus is éard atá i móilín roinnt adamh nasctha le chéile. Ocsaigin, mar shampla, is as móilíní atá sí déanta, agus tá gach móilín acu sin déanta as dhá adamh ocsaigine atá nasctha le chéile.

Cruthaítear móilíní freisin nuair a nascann adaimh dhifriúla le chéile. Mar shampla, nascann dhá adamh hidrigine le hadamh amháin ocsaigine chun an móilín uisce,  $H_2O$ , a dhéanamh. Comhdhúil a thugtar ar ábhar den sórt sin.

Modh eile ina gcruthaítear ábhair is ea dúile éagsúla a bheith ag meascadh le chéile. Mar shampla, meascán de chopar agus de shinc é an prás.

1.0

## Roinnt Ábhar Coitianta agus na Dúile a bhfuil siad déanta astu

Ábhar	Dúile
Cruach	Iarann, Carbón
Prás	Copar, Sinc
Cré-umha	Copar, Stán
Sádar	Luaidhe, Stán
Aicrileach	Carbón, Hidrigin, Ocsaigin
Poileitiléin	Carbón, Hidrigin
PVC	Carbón, Hidrigin, Clóirín


## Struchtúr an Adaimh

Bíonn an t-adamh fforbheag agus is spás folamh a bhíonn sa chuid is mó de. Bíonn sé déanta de thrí chineál cáithníní — prótóin, neodróin agus leictreoin.

Núicléas a thugtar ar chroileacán an adaimh agus is as prótóin agus neodróin a bhíonn sé sin déanta. Bíonn lucht deimhneach i ngach próton. Bíonn na leictreoin ag gluaiseacht timpeall ar an núicléas agus lucht diúltach a bhíonn i ngach ceann acu.

Bíonn fórsaí aomtha idir na cáithníní ina mbíonn na luchtanna difriúla (deimhneach *v* diúltach) agus is iad na fórsaí sin a choinníonn an t-adamh le chéile. Is iondúil gurb é an líon céanna próton agus leictreon a bhíonn in adamh, agus dá bharr sin is neodrach a bhíonn sé ó thaobh an leictreachais de.

Is deacair leáráid shásúil d'adamh a dhéanamh mar nach mbíonn na leictreoin i bhfithisí ar leith. De bharr chomh tapa agus a bhíonn siad ag gluaiseacht is amhlaidh a chruthaíonn siad cineál scamaill taobh istigh den adamh.



FÍOR 1 LÉARÁID SHIMPLÍ D'ADAMH CARBÓIN

## Naisc Cheimiceacha


Is éard is naisc cheimiceacha ann fórsaí comghreamaitheacha a thugann ar adaimh greamú dá chéile chun ábhair úsáideacha a dhéanamh. Tá dhá phrómh-chincál nasc ann — cineál príomhúil agus cineál tánaisteach. Bfónn na naisc phrómhúla an-láidir ach bíonn na naisc thánaisteacha lag. Tá trí chineál nasc príomhúil ann — miotalach, ianach agus comhfhiúsach.

Is éasca an nascadh ceimiceach a thuiscent nuair a thuigimid go mbíonn claoindh in adaimh a gcuid leictreón a chur in eagarr cobhsaí. Déanann siad é seo trí ‘sceall’ ionlán seachtrach leictreón a chruthú, sceall ina mbíonn ocht leictreón de ghnáth.

Sa phróiseas nasctha, tharlódh go ngnóthódh nó go gcaillfeadh adaimh leictreoin. Déantar ‘iain’ díobh nuair a tharlaíonn sé sin. Adaimh a ghnóthaíonn leictreoin, iain dhiúltacha a dhéantar astu, agus adaimh a chailleann leictreoin, iain dheimhneacha a dhéantar astu.

## Naisc Mhiotalacha

Adaimh nach mbíonn mórán leictreón ina sceall seachtrach, bíonn claoindh iontu eagarr cobhsaí a bhaint amach trí na leictreón sheachtracha sin a chailleadh. Ar an gcaoi sin fágann siad sceall lán de leictreón ina ndiaidh. De bhrí gurb amhlaidh a chailleann na hadaimh seo leictreoin déantar iain dheimhneacha astu.



FÍOR 2 AN NASC MIOTALACH

Sa nasc miotalach bfónn na leictreoin ‘scaoilte’ seo saor le gluaiscacht ar fud an miotal. Bfónn fórsaí aomtha idir na hiain dheimhneacha agus na saorleictreoin, agus fórsaí éartha idir na hiain dheimhneacha. Coinníonn na fórsaí sin na hiain dheimhneacha in eagarrialta. Dá bhrí sin, is é atá sa nasc miotalach ná eagarrialta d’iain dheimhneacha agus iad ‘i bhfarraige’ de shaorleictreoin.

## Airíonna Miotal

### Seoltacht Leictreach

Cruthaítear sruth leictreach nuair a ghluaiseann leictreoin i dtreo cinnte. Tá sé éasca gluaiseacht neamhrialta na saorleictreón i bpíosa miotal a athrú ina gluaiseacht i dtreo cinnte ach difríocht poitíinsil a imirt ar an miotal, e.g. má cheanglaítear de theirminéil bataire é. Dá bhrí sin is sásheoltóirí leictreachais iad miotal.

### Seoltacht Teasa

Má ardaítear an teocht i miotal méadaíonn gluaiseacht na saorleictreón agus creathadh na n-ian deimhneach. Má thítear ceann píosa miotal méadaíonn ar ghluaiseacht na leictreón agus ar creathadh na n-ian, agus tugann sé sin ar leictreón agus ar iain atá cóngarach dóibh gluaiseacht níos tapa agus creathadh níos tapa. Ar an mbealach sin aistrítear fuinneamh teasa ar fud an phíosa miotal go tapa. Dá bhrí sin is seoltoirí an-mhaith teasa iad miotal.

### Loinnir Mhiotalach

Bíonn éagsúlacht mhór sa mhéid fuinnimh a bhíonn sna saorleictreoin. Cuireann sé seo ar chumas fhormhór na miotal gach tonnfhad solais, beagnach, a shú isteach agus a chur amach. Seo é is cúis lena loinnir mhiotalach.

### Plaisteacht agus Insínteacht

Is féidir na hiain dheimhneacha i miotal a fhórsáil as an suíomh ina bhfuil siad gan sain-naisc a bhriseadh. Seo é is cúis le plaisteacht agus insínteacht i miotal (féach Ich 9).

### Neart

Baineann pé seo leis an bhfórsa is gá chun na naisc a bhriseadh. Bíonn sé ard i gcás fhormhór na miotal.

## Leáphointe


Tá baint aige seo leis an méid teasa is gá chun na naisc a bhriseadh. Is iondúil gur teocht ard a theastaíonn.

Cé is moite de mhearcair, is soladach a bhíonn miotail ag teocht an tseomra.

## Naisc Ianacha

Sa nascadh ianach aistrítear leictreón amháin nó níos mó 6 adamh amháin go dtí adamh eile. Bíonn fórsaí láidre aomtha idir na hiain dheimhneacha agus na hiain dhiúltacha a chruthaítear mar sin.

Sampla de shubstaint ina bhfuil nasc ianach is ea clóiríd sóidiam, nó gnáthshallann.



FÍOR 3 AN NASC IANACH

## Substaintí Ianacha: Airíonna

Mar gheall ar an neart a bhíonn i naisc substaintí ianacha, is iondúil go mbíonn siad soladach ag teocht an tseomra, go mbíonn leáphointí arda acu agus go mbíonn siad crua. Is gnách go mbíonn siad briosc freisin.


## Naisc Chomhfhíúsacha

Sa chineál seo naisc bíonn leictreoin as sceall seachtrach i bpáirt ag dhá adamh nó níos mó, ar mhaithle le scealla


iomlána seachtracha a chruthú. Na leictreoin seo a bhíonn i bpáirt, déanann siad naisc idir na hadaimh.

Uisce, mar shampla, is déanta as móilín atá sé, agus i ngach móilín bíonn dhá adamh hidrigine nasctha le hadamh amháin oscaigine (Fíor 4). Bíonn sé leictreón i sceall seachtrach adamh na hoscaigine agus leictreón amháin i ngach adamh hidrigine. Bíonn dhá leictreón as sceall seachtrach adamh na hoscaigine agus an dá leictreón as adaimh na hidrigine i bpáirt ag na trí adamh seo. Ar an gcaoi seo bíonn ocht leictreón i sceall seachtrach adamh na hoscaigine agus é lán, agus dhá leictreón i sceall gach adamh de dhá adamh na hidrigine. Ní bhíonn ach sceall amháin in adamh na hidrigine agus bíonn sé lán nuair a bhíonn dhá leictreón ann.


Dúil eile a dhéanann naisc chomhfhíúsacha is ea carbón. Is díol spéise dúinn é mar gurb é is bunús le formhór na bláisteach. Nascann adamh carbóin le ceithre adamh hidrigine chun móilín an mheatáin,  $\text{CH}_4$ , a chruthú. Ceithre leictreón a bhíonn i sceall seachtrach adamh an charbóin agus bíonn na leictreoin sin i bpáirt aige le ceithre adamh hidrigine. Ar an gcaoi sin líontar sceall seachtrach adamh an charbóin agus bíonn dhá leictreón i sceall gach adamh hidrigine.



FÍOR 4 MÓILÍN AN UISCE



FÍOR 4 MÓILÍN AN UISCE



FÍOR 5 MÓILÍN AN MHEATÁIN

Fearacht na móilíní beaga a luadh, crutháitear móilíní móra freisin trí nascadh comhfhiúsach. Na cruthanna seo a leanas a bhíonn orthu: slabhraí fada; cisil dhéthoiseacha; líonraí tríthoiseacha. Samplaí d'ábhair chomhfhiúsacha ina bhfuil na struchtúir seo is ea:

- Plaistigh — móilíní fada slabhracha
- Graifít — cisil dhéthoiseacha
- Diamant — líonraí tríthoiseacha.

#### Substaintí Comhfhiúsacha: Airíonna

Substaintí ina mbíonn móilíní beaga, is iondúil gur ina ngáis nó ina leachtanna a bhíonn siad ag teocht an tseomra. Leáphointe agus fiuchphointe íseal a bhíonn acu. Athraíonn siad ina leachtanna agus ina solaid ag teocht an-íseal de thoradh nascadh tánaisteach (ag teochtanna an-íseal bíonn gluaiseacht na móilíní chomh mall sin go mbíonn an nascadh tánaisteach sách láidir, ag teocht ar leith, chun an ghluaiseacht a stopadh agus solad a chruthú).

Substaintí ina mbíonn móilíní móra, is iondúil gur ina solaid a bhíonn siad ag teocht an tseomra. Bíonn diamaint an-chrua agus bíonn leáphointe an-ard acu. Bíonn nascadh tánaisteach i gceist i soladú na móilíní fada slabhracha agus móilíní na gciseal déthoiseach. Bíonn claonadh iontu seo a bheith lag, agus leáphointe íseal a bheith acu.

Cé is moite den ghraifít, ní seoltóirí leictreachais iad substaintí comhfhiúsacha.

#### Naisc Thánaisteacha

Seo fórsaí laga aomtha a bhíonn idir adaimh nó móilíní substaintí ach nach mbíonn ag brath ar leictreoin a

chailleadh ná a ghnóthú, ná ar iad a bheith i bpáirt ag na substaintí difriúla. Thabharfaidís ar shubstantí leachtanna nó solaid a dhéanamh d'fobh féin, ach ní dhéanfaidís é sin ach ag teocht íseal.


#### Ábhair: Staideanna

Ina ngás, ina leacht nó ina solad a bhíonn ábhair. An staid ina mbíonn substaint ar leith, tá baint aige sin lena nasc ceimiceach agus lena teocht. Athróidh uisce, ar leacht é, ina ghás, i.e. gal, má thítear a dhóthain é, nó athróidh sé ina sholad, i.e. oighear, má fhuardaítear a dhóthain é. An brú a bheadh ar ábhar, d'fhéadfadh sé sin tionchar a bheith aige ar a staid, freisin.

An staid ina mbíonn ábhar ag gnáth-theocht agus gnáthbhrú an tseomra, is iondúil gur dá réir sin a rangaítear an t-ábhar sin.

#### Gáis

Na móilíní nó na hadaimh i ngáis, bíonn siad ag gluaiseacht timpeall go randamach agus bíonn a ngluaiseacht chomh tapa sin nach mbíonn fórsaí tánaisteacha nasctha in ann iad a choinneáil le chéile. Má fhuardaítear gás laghdaítear ar luas na móilíní; tar éis tamaill bíonn gluaiseacht chomh mall sin faoi na móilíní go mbíonn na fórsaí tánaisteacha nasctha in ann iad a ghreamú dá chéile, sa chaoi is go n-athraíonn an gás ina leacht.




EAGAR NA  
MÓILÍNÍ I nGÁIS

FÍOR 6

Tá sé éasca gáis a chomhbhrú de bharr a oiread spáis a bhíonn idir na móilíní. Ar na gáis a úsáidtear i gceardlann na scoile i gcomhair fearas téite tá: aer, própán, bútan, oscaigin agus aiccítileán. Úsáidtear aer freisin in aonaid bhrataithe phlaistigh.

### Leachtanna

Bíonn na móilíní i leachtanna ag gluaiseacht thar a chéile go sfor freisin agus sin é an fáth a sreabhall leachtanna. Bíonn gluaiseacht na móilíní i leachtanna níos teoranta ná i ngáis, áfach. Chomh maith leis sin, bíonn formhór na móilíní i dteagmháil le chéile agus dá bhrí sin ní féidir leachtanna a chomhbhrú mórán.



FÍOR 7

Bíonn toirt chinnte ag leachtanna ach ní bhíonn cruth cinnte acu. Is amhlaidh a ghlaicann siad cruth na soithí ina gcuirtear iad.


Ar na leachtanna a úsáidtear i gceardlann na scoile tá: uisce chun ábhair theo a fhuarú, agus le haghaidh teaschóireálacha, bealaí ola le haghaidh meisíní, fosc sádrála, sreabhán ghearrtha agus greamacháin.

### Solaid


Na hadaimh nó na móilíní a bhíonn i solaid, bíonn siad pacáilte go dlúth. Cruthaítear na déanmhaíochtaí is dlúithe nuair a bhíonn siad eagraithe ina bpatrún rialta.

Cruthanna cinnte agus toirteanna cinnte a bhíonn ag solaid.

Ar na solaid a úsáidtear i gceardlann na scoile tá miotail, plaistigh agus adhmad.



EAGAR NA  
gCAITHNÍNÍ I  
SUBSTAINTÍ  
SOLADACHA  
CRIOSTALTA  
e.g. MIOTAIL



FÍOR 8

### Ceisteanna faoi Chaibidil 1

1. Déan liosta de na dúile as a bhfuil gach ceann de na hábhair seo a leanas déanta:
  - (a) Cruach;
  - (b) Cré-umha;
  - (c) PVC.
2. Ainmnigh na trí chineál cáithnín atá in adamh.
3. Tabhair cuntas, le cabhair léaráide, ar an nasc miotalach.
4. Scríobh síos ceithre airí atá ag miotail.
5. Mínigh an fáth a mbíonn miotail:
  - (a) ina seoltóirí maithe leictreachais;
  - (b) ina seoltóirí maithe teasa.
6. Tabhair cuntas, le cabhair léaráide, ar an nasc ianach.
7. Luaigh dhá airí atá ag ábhair ianacha.
8. Tabhair cuntas, le cabhair léaráide, ar an nasc comhfhiúsach.
9. Tabhair trí shampla d'ábhair chomhfhiúsacha.
10. Tabhair cuntas, le cabhair léaráide, ar struchtúr gach ceann díobh seo a leanas: (a) gás; (b) leacht; (c) solad.

## 2. Miotal

Tá dhá chineál miotal ann go bunúsach: (i) na cinn a thagann as iarann (mar chruch agus iarann teilgthe), a dtugtar miotal fheiriúla orthu, agus (ii) na cinn nach dtagann as iarann (mar chopar, alúmanam agus luaidhe), a dtugtar miotal neamhfheiriúla orthu.

### AMHIARANN


Sa talamh a fhaightear amhiarann. Ocsaíd iarainn, is é sin iarann comhcheangailte go ceimiceach le hocsraigín, an príomhchineál amhiarainn. Nuair a thochláitear as an talamh é bíonn a lán salachair tríd i bhfoirm cloch, créafóige agus gainimh.

### Táirgeadh Iarainn

Déantar an t-amhiarann a bhruthniú i bhfoirnéis soinneáin (Fíor 2). Cuirtear amhiarann, cóc agus aolchloch isteach san foirnéis soinneáin trína barr agus

séidtear aer te isteach inti trí fheadáin teallaigh ina bun. De réir mar a bhíonn an cóc ag dó bíonn aonocsaíd charbóin (gás) á cruthú. Comhcheanglaíonn an aonocsaíd charbóin leis an ocsaigín san amhiarann agus bíonn iarann mar thoradh air sin. Feidhmíonn an aolchloch mar fhlosc, is é sin, comhcheanglaíonn sí leis an gcuid is mó den fhuilleach a bhíonn fágtha chun sláig a dhéanamh. Titeann an tslaig go híocatar na foirnéise, ach de bharr í a bheith níos éadromé fanann sí ina luí ar an iarann leáite.


Tapáltear an tslaig ó am go ham de réir mar a bhaillíonn sí ar uachtar an iarann leáite. Tapáltear an t-iarann leáite freisin ó am go ham de réir mar a bhaillíonn sé in fochtar na foirnéise. Leanann sé sin ar aghaidh ar feadh an ama — an líonadh agus an tapáil. Tugtar an chuid is mó den iarann leáite díreach chuig na foirnéisí cruach. Teilgtear an chuid eile de ina bhloic



FÍOR 1 CÉIMEANNA I dTÁIRGEADH IARAINN AGUS CRUACH

chun iarann teilgthe a dhéanamh as níos déanaí. Uaireanta, san am atá caite, dhéantáí an t-iarann ar fad a theilgean ina bhloic sula dtugtaí go dtí foirnéis na cruach é. Bhí cosúlacht ag na bloic sin le muca agus thugtaí ‘muciarann’ ar an miotal dá bharr sin.

An gás a thagann amach as barr na foirnéise, glantar é agus úsáidtear é chun an soinneán aeir a shéidtear isteach i mbun na foirnéise a théamh.




### Táirgeadh Cruach

Táirgtear cruach trí iarann a mhíngħlanadh agus trí dhramhiarann agus dramhchruach a athleá. Is é an Próiseas Bunata Ocsaigine agus an Próiseas Stuailectreach na príomh-mhodhanna chun cruach a dhéanamh. Tá an Próiseas Bunata Ocsaigine á úsáid go forleathan anois in áit phróiseas traidisiúnta an teallagh oscailte, atá ag dul i léig go han-tapa.


### An Próiseas Bunata Ocsaigine

Seo é an príomh-mhodh chun cruach a tháirgeadh. Tá roinnt cosúlachtaí aige le Próiseas Bhessemér, a bhíodh in úsáid roimhe seo, ach gur ocsaigin seachas aer a úsáidtear sna foirnéisí bunata ocsaigine. Tá próiseas Bhessemér imithe i léig anois. Sa Phróiseas Bunata Ocsaigine úsáidtear scairdeán a fhuardaithe le huisce chun an ocsaigin a shéideadh isteach san fhoirnéis. Iarann leáite a bhíonn sa chuid is mó den lucht, ach bíonn cuid mhaith dramhiarainn agus dramhchruach ann freisin. Déantar an míngħlanadh go han-tapa, rud a fhágann go bhfuil an próiseas seo níos tifosaí ná aon cheann a chuaigh roimhe.



FÍOR 3 AN FHOIRNÉIS BHUNATA OCSAIGINE

Claontar an fhoirnéis PBO ar uillinneacha éagsúla nuair a bhítear á luchtú agus á diluchtú (Fíor 4). Iarann leáite, dramhiarann, dramhchruach agus aol a bhíonn sa lucht. Cuirtear an scairdeán ocsaigine síos trí bhéal na foirnéise agus séidtear an ocsaigin anuas ar an miotal leáite ar luas an-ard. Le linn an imoibrithe ardaíonn an teas agus dónn sé na heilimintí neamhriachtanacha as an lucht. Feidhmíonn an t-aol a chuirtear isteach san fhoirnéis mar fhlosc chun slaig a chruthú, rud a chuidíonn leis an míngħlanadh, agus leáitear aon dramh-mhiotal a bhíonn fágħta. Le linn don ‘séideadh’ a bheith ar bun coinnítar súil ar an teocht agus ar chomhdhéanamh an mhiotail leáite. Nuair a bhíonn an



FÓR 4 AN PRÓISEAS BUNATA OCSAIGINE


teocht agus an comhdhéanamh ceart tarraigítear aníos an scairdeán, claontar an fhoirnéis agus scairdtear an chruach leáite isteach i liach. Fanann an tslaig in uachtar le linn don chruach a bheith á scairdeadh agus ar deireadh castar an fhoirnéis an bealach eile chun an tslaig a dhoirteadh aisti.

Úsáidtear próiseas atá ionann is cosúil leis sin chun iarann a mbíonn cuid mhaith fosfair ann a mhíngħlanadh. Sa chás sin, séidtear aol mionmheilte isteach tríd an scairdeán ocsagine. Bíonn dhá chéim sa

séideadh agus cruthaítear slaig i rith gach céime díobh. Baintear slaig amach idir na céimeanna. Bíonn an tslaig seo saibhir ó thaobh fosfair agus úsáidtear mar leasú talún í.

#### An Próiseas Stua-leictreach

Ba chun cruachanna a mbeadh airónna speisialta acu a tháirgeadh a bhíodh an próiseas stua-leictreach (Fór 5) in úsáid ar dtús, ach anois úsáidtear go forleathan í freisin chun gnáthchruachanna a tháirgeadh as dramhiarann agus dramhchruch. Gintear an teas trí stuanna leictreacha a theilgean ó leictreoidí carbóin anuas ar an lucht. Chomh maith leis an dramh-mhiotal curtear aol agus screamh mhuilinn nó amhiarann isteach san fhoirnéis freisin. Comhcheanglaíonn siad sin leis na heilimintí neamhriachtanacha chun slaig a dhéanamh. Sula dtapáltear an fhoirnéis tógtar samplaí den chruach aisti ó am go ham chun a comhdhéanamh a thástáil.



FÓR 5 AN FHOIRNÉIS STUA-LEICTREACH

#### AIRÍONNA ÁBHAR

##### Neart

Seo é acmhainn ábhair ar fhórsa teannais, ar fhórsa comhbhrúite, ar fhórsa fiartha nó ar fhórsa toirsiúin, nó ar na fórsaí sin i dteannta a chéile, gan briseadh.

##### Cruas

Seo é acmhainn ábhair ar chaitheamh, treá agus scríobadh.

## Insínteacht

Seo é acmhainn miotail síneadh ar a fhad, gan briseadh. Ní mór dó a bheith sách plaisteach chun é a dheilbhiú nó a mhúnlú agus dóthain nirt a bheith ann chun nach mbrisfidh sé faoin bhfórsa teannais. Ní mór do mhiotal a bheith insínté i gcomhair srangtharraingt.

## Intuargainteacht

Seo é acmhainn leathnaithe miotail i ngach treo gan scoilteadh, trína rolladh, a bhualadh nó a bhrú. Go hiondúil méadaíonn intuargainteacht miotail le hardú teochta.

## Righneas

Bíonn ábhar righin in ann buillí tobanna, turraingí agus lúbadh nó toirsiún a sheasamh. Is léiriú ar righneas ábhair é an méid fuinnimh a thógann sé é a bhriseadh.

## Brisce

Seo é malairt an righnis; briseann ábhar briosc go héasca faoi bhuille tobann nó faoi thurraing. Sampla d'ábhar briosc is ea iarann teilgthe.

## Leaisteachas

Seo é acmhainn ábhair filleadh ar a bhunchruth tar éis é a shaoradh ó fhórsaí a bhí á dhíchumadh.

## Plaisteacht

Seo é malairt an leaisteachais agus is é acmhainn ábhair é buandeilbhiú a sheasamh gan briseadh. Ní mór do mhiotail a ghaibhnítear a bheith plaisteach. Éiríonn cruach plaisteach nuair a théitear dearg í.

## Inseoltacht

Seo é acmhainn ábhair teas nó leictreachas a sheoladh tríd. Is seolaithe maithe teasa agus leictreachais iad airgead, copar agus alúmanam.

## NA MIOTAIL FHEIRIÚLA

## Iarann

Is as amhiarann a tháirgtear iarann. Is é bruithniú an amhiarainn go dtí go ndéantar iarann de an chéad chéim i dtáirgeadh na cruach agus an iarann theilgthe. Bíonn

timpeall 3-4% carbóin, chomh maith le heilimintí neamhriachtanacha cile, tríd nuair a thagann sé as an bhfoirnéis soinneáin. Ní bhíonn sé inúsáidte sa riocht sin agus caitear tuillcadh mínghlanta a dhéanamh air.


## Iarann Teilgthe

Is é an chaoi a dtáirgtear iarann teilgthe ná iarann a mhínglanadh i bhfoirnéis ar a dtugtar ‘cupola’ (atá cosúil le foirnéis soinneáin ach go bhfuil sé níos lú ná í). Chomh maith le hiarrann ón bhfoirnéis soinneáin bíonn roinnt dramhiarainn sa lucht freisin. Is iad na príomhairíonna atá ag an iarann teilgthe ná:

- (a) Tá sé láidir faoi chomhbhchrú;
- (b) Tá sé briosc;
- (c) Tá acmhainn mhaith aige ar chaitheamh;
- (d) Ritheann sé go maith i múnlaf;
- (e) Tá pointe leáite níos ísle aige ná cruach;
- (f) Tá sé saor le táirgeadh.

Tá dhá phríomhchineál iarainn theilgthe ann — iarann teilgthe liath agus iarann teilgthe geal. Is é an t-iarann teilgthe liath an cineál is coitianta. Má bhristear é bíonn dath liath ar an dromchla briste. Tá sé réasúnta bog agus éasca a mheaisíniú nuair a bhíonn an craiceann garbh bainte de. Bíonn deannach dubh uaidh nuair a bhítear á mheaisíniú.

Úsáidtear é chun a lán páirteanna innill, plátaí dromchla, cabhlacha bíse, clúdaigh dhúnphoill, grátaí tine agus soirn a dhéanamh.



FÍOR 6 RUDAÍ A DHÉANTAR AS IARANN TEILGTHE

Dath geal a bhíonn ar dhromchla briste an iarainn theilgthe ghil. Bíonn sé an-chrua agus briosc agus beagnach do-mheaisínithe. Cuirtear é i rudaí a mbíonn gá le han-chruas agus acmhainn ar chaitheamh iontu, mar shampla, innealra meilte cloch.

### Cruach

Go bunúsach, is cóimhiotal déanta as iarann agus carbón í an chruach; bíonn méid an charbóin inti faoi bhun 1.5%. Cé go mbíonn an méid carbóin a bhíonn inti íséal bíonn tionchar mór aige ar airónna an mhiotail. Bíonn cruach ar fáil ina lán cruthanna agus bíonn éagsúlacht mhór aríonna aici, agus dá bhrí sin tá réimse mór úsáidí aici.

Tá dhá phríomhghráupa cruachanna ann; gnáth-chruachanna carbóin agus cruachanna cóimhiotail. Is iad an próiseas bunata ocsaigine agus an próiseas stualeictreach na príomh-mhodhanna táirgthe cruach.

### Gnáthchruachanna Carbóin

Tá réimse cruachanna ann a bhfuil céatadáin éagsúla charbóin, ó tuairim is 0.05% go dtí 1.4%, iontu. Gnáthchruachanna carbóin a thugtar orthu sin. Tá na gráid éagsúla, agus rudaí a dhéantar astu, tugtha thíos.

### Cruach Bhog

Tá an chruach bhog an-choitianta agus is í is mó a úsáidtear i gceardlann na scoile. Tá sí réasúnta bog agus insínte, éasca a ghearradh, a mheaisíniú agus a tháthú. Bíonn sí ar fáil i bhfoirm barraí, plátaí, leathán agus ina trasghearrthacha éagsúla. Ní féidir í a chruachan trína téamh agus a fuarú go tapa ach is féidir í a screamhchruachan (féach Caib.11).

Tá dhá chineál ann, cruach bhog dhubh agus cruach bhog gheal. Bíonn dath dúghorm ar an gcrúach bhog dhubh de bharr go rolltar í agus í te. Is í is saoire den phéire acu. Dath liathgheal a bhíonn ar an gcrúach bhog gheal agus cuirtear bailchríoch uirthi trína rolladh fuar nō trína tarraigte fuar trí dhísle. Bíonn bailchríoch mhín uirthi agus bíonn a cuid toisí cruinn. Úsáidtear í san innealtóireacht ghníearálta, i gcrúach fhoirgníochta (giarsaí etc.), i bplátaí loinge (plátaí cruach a ndéantar longa astu) agus i ngeataí.

Tugtar cruach fhforbhog ar chruach nach mbíonn ach idir tuairim is 0.05% agus 0.15% carbóin inti. Tá sí an-insínte agus éasca a dheilbhiú ina cruthanna éagsúla. Is iad na rudaí is coitianta a dhéantar aisti ná leatháin le haghaidh cabhlacha gluaisteáin, slabhraí, seamanna, tairní agus sreang thanaí.

### Cruach Mheáncharbóin

Tá neart níos mó sa chruach mheáncharbóin ná sa chruach bhog ach níl sí chomh hinsínte ná chomh hintuargainte. Cruann sí roinnt le teaschóireáil, ag brath ar an gcéatadán carbóin atá inti. Is iad na rudaí is coitianta a dhéantar aisti ná acastóirí, ráillí iarnróid, sreang ardteannais, lánta agus rópaí sreinge.

### Cruach Ardcharbóin

Bíonn an chruach ardcharbóin crua agus bíonn acmhainn mhaith aici ar chaitheamh. Is féidir í a chruachan agus a fhaghairt. Úsáidtear i gceardlann na scoile í chun fuarhiséil agus lárphritilí a dhéanamh.

Ar na rudaí a dhéantar aisti tá uirlisé gearrtha (siséil, sábha, líomháin etc.), díslí, prítilí, spriongaí agus casúir.

### Cruach Airgid

Bíonn timpeall 1% carbóin sa chruach airgid agus cé go mbíonn beagán cróim inti, timpeall is 0.5%, áirítear mar cruach charbóin í. Bíonn sí ar fáil ina barráí agus iad 333 mm, 1 m agus 2 m ar fad. Bíonn bailchríoch ardchruinnis uirthi. Ní bhíonn aon airgead inti; is cur síos ar a cuma atá san fhocal ‘airgead’. Is féidir í a chruachan agus a fhaghairt agus déantar scríobairí agus lanna scriúirí aisti i gceardlann na scoile.

### Cruach Theilgthe

Is minic go dtugtar cruach theilgthe ar chruach ardcharbóin.

### Cruach Uirlise

Seo cruach ar bith a úsáidtear chun uirlisí innealtóireachta a dhéanamh. Is féidir léi a bheith ina cruach charbóin nō ina cruach chóimhiotail.

AN CINEÁL CRUACH	% CARBÓIN	ÚSÁIDÍ
CRUACH FHÍORBHOG	0.05 - 0.15	
CRUACH BHOG	0.15 - 0.30	
CRUACH MHEÁNCHARBÓIN	0.3 - 0.6	
CRUACH ARDCHARBÓIN	0.6 - 1.4	


FÍOR 7 GNÁTHCHRUA CHANNA CARBÓIN AGUS SAMPLAÍ DE NA RUDAÍ A DHÉANTAR ASTU

## Cruachanna Cómhiotal

Táirgtear iad seo trí cilimintí éagsúla mar chróm, tungstan, nicil agus mangainéis a chur leis an gcruach. Feabhsaíonn na hcilimintí seo airfonna na cruach nō tugann siad airfonna nua di, mar shampla, acmhainn ar chreimeadh nō an cumas a cruas agus a neart a choinneáil faoi theocht ard. Braitheann na hairfonna ar na heilimintí a chuirtear léi. Cruachanna cóimhiotal coitianta is ea cruach ardluais agus cruach dhosmálta.

### Cruachanna Ardluais

Bíonn an-chruas sna cruachanna ardluais tar éis teaschóireáil a dhéanamh orthu agus bíonn siad in ann a gcrus a choinneáil faoi theocht ard. Dá bharr seo, bíonn uirlisí gearrtha a bhíonn déanta as cruach ardluais in ann an teas ard a ghintear ar luasanna gearrtha arda a sheasamh. Bhogfad gnáthchruach ardcharbón ar luasanna i bhfad níos ísle. Ní hé an comhdhéanamh céanna a bhíonn sna cineálacha éagsúla, ach i sampla coitianta bheadh tuairim is 18% tungstain, 4% cróim, 1% vanaidiaim agus 0.8% carbóin. Eilimintí eile a chuirtear trí na cruachanna ardluais uaireanta, is ea molaibdéineam agus cóbalt.




FÍOR 8 UIRLISÍ A DHÉANTAR AS CRUACH ARDLUAIS

### Cruachanna Dosmálta

Is é an n-acmhainn ar chreimeadh an ghné is tábhachtaí a bhaineann leis na cruachanna dosmálta. Cróm an phríomheilimint chóimhiotalaithe a bhíonn sna cruachanna dosmálta. Tá réimse mór de na cruachanna seo ann. Is féidir cuid acu a chruachan le teaschóireáil; cuid eile ní féidir iad a chruachan ach le saotharchruachan. I gcineál amháin acu, bíonn 13% cróim agus 0.3% carbóin. Is féidir an cineál sin a chruachan le teaschóireáil agus déantar sceanra as.

Uaireanta bíonn nicil freisin sa chruach dhosmálta. Sampla den chineál sin cruach ná cruach dhosmálta 18-8, ina mbíonn timpeall is 18% cróim agus 8% nicile. Ní féidir í a chruachan ach le saotharchruachan. Is minic a dhéantar taephotaí agus sásپain aisti.






FÍOR 9 EARRÁI A DHÉANTAR AS CRUACH DHOSMÁLTA

Rudaí a dhéantar as cruach dhosmálta: sceanra; doirtíl chistine; soithí boird; gléasanna máinliachta.

### Stánphláta

Is é an chaoi a ndéantar stánphláta ná leathán tanaí cruach a bhfuil tuairim is 0.1% carbóin ann a bhratú go hiomlán le stán. Is cosaint é an stán don chruach ar mheirgíú chomh maith le hí a dhéanamh ornáideach. Déantar an bratú trí phróiseas leictreach ar a dtugtar leictreaphláitáil, nó trí an leathán a thumadh i ndabhach de stán leáite. Bíonn leatháin stánphláta ar fáil ina méideanna agus ina dtiúsanna éagsúla. Méid choitianta is ea 700 mm x 500 mm. Ba chóir a bheith cúramach gan stánphláta a scríobadh mar go millfí an bhailchríoch bhreá a bhíonn air, agus má nochtar an chruach meirgíonn sí go han-tapa. Ba cheart freisin na faobhair a bhíonn fágtha ar an gcruach tar éis í a ghearradh a stánphláitáil. Peann luaidhe crua ba chóir a úsáid chun marcáil amach a dhéanamh ar stánphláta.

ÁBHAR	IARANN TEILGTHE	CRUACH BHOG	CRUACH ARDCHARBÓIN	CRUACH AIRGID
AN CHUMA ATÁ AR AN SAMPLA 	DROMCHLA LIATH GARBH. LÍNE TIMPEALL AN TEILGIN SAN ÁIT A RAIBH AN MÚNLA AG TEACHT LE CHÉILE	BÍONN CRUACH BHOG DHUBH DÚGHORM AGUS CRUACH BHOG GHEAL MÍN AGUS GEAL	DÚGHORM, MÍN	DROMCHLA GEAL LONRACH MEILTE
LIG DON SAMPLA TITIM AR AN INNEOIN 	TORANN BODHAR	CLING MHIOTALACH MHAOL	TORANN ARD CLINGEACH	TORANN ARD CLINGEACH
DÉAN LÍOMHADH AR AN SAMPLA 	ÉASCA A LÍOMHADH NUAIR A BHÍONN AN CRAICEANN CRUA BAINTE; PÚDAR DUBH ÓNA DHROMCHLA	ÉASCA A LÍOMHADH ACH CALCTAR AN LÍOMHÁN BEAGÁN	DEACAIR A LÍOMHADH	DEACAIR A LÍOMHADH
GEARR AN SAMPLA TIMPEALL IS $\frac{1}{3}$ DEN tSÍ TRÍD, CUIR SA BHÍS É AGUS BRIS LE CASÚR É 	BRISEANN SÉ GO HÉASCA	LÚBANN SÉ SULA mBRISEANN SÉ	NÍ LÚBANN SÉ ACH BEAGÁN SULA mBRISEANN SÉ	LÚBANN SÉ BEAGÁN SULA mBRISEANN SÉ
DÉAN MEAISÍNIÚ AIR SA DEIL 	ÉASCA A MHEAISÍNIÚ NUAIR A BHÍONN AN CRAICEANN CRUA BAINTE. SLIS GHRÁINNEACH	ÉASCA A DHEILEADH. SLISRÍNÍNEACH FADA LEANÚNACH	NÍOS DEACRA A DHEILEADH NÁ CRUACH BHOG. BRISEANN AN SLISRÍNÍNEACH INA PHÍOSAÍ GEARRA	DEACAIR GO LEOR A DHEILEADH. BRISEANN AN SLISRÍNÍNEACH INA PHÍOSAÍ BEAGA
TÉIGH É GO dTÍ GO mBEIDH SÉ DEARGTHE AGUS ANSIN FUARAIGH IN UISCE É 	D'FHÉADFADH GO SCOILTFEADH SÉ	D'FHÉADFADH GO gCRUAFADH SÉ FÍORBHEAGÁN	ÉIRÍONN SÉ CRUA AGUS BRIOSC	ÉIRÍONN SÉ AN-CHRUA AGUS BRIOSC

TÁSTÁLACHA CEARDLAINNE CHUN MIOTAIL FHEIRÍULA A AITHINT

Déantar cannaí agus soithí stórála le haghaidh a lán cineálacha bia as stánphláta. Tá sé an-fheiliúnach dó sin de bharr an stán a bheith neamhthocsaineach agus frithchreimneach agus é a bheith an-éasca a shádráil. Déantar cannaí agus soithí dá lán nithe eile as freisin, mar shampla cannaí le haghaidh péint agus bealadh.

### Iarann Galbhánaithe

In anneoin a ainm, is cruach bhog atá brataithe le sinc é an t-iarann galbhánaithe. Déantar an galbhánú go hiondúil tríd an gcrúach a thumadh i ndabhach de shinc leáite. Is féidir bratú since a chur ar earraí cruach freisin trí leictreaphlátáil. Is cosaint mhaith ar chreimeadh é an galbhánú. Is fearr an galbhánú a dhéanamh nuair a bhíonn an t-earra críochnaithe, sa chaoi nach nochtfar aon chuid den chruach arís agus nach dtosóidh meirgíú.

Ar na rudaí a dhéantar as iarann galbhánaithe tá iarann rocoach le haghaidh díonta, deiseanna agus fearais a bhíonn i dteagmháil leis an sáile, boscaí bruscair, buicéid, sreang dheilgneach agus frámaí fuinneoige.

- (f) is seolaí maith teasa agus leictreachais é;
- (g) is frithchaiteoir maith solais agus teasa é;
- (h) tá acmhainn mhaith aige ar chreimeadh.

De bharr é a bheith intuargainte agus insínte is féidir é a rolladh ina leatháin an-tanaí agus a tharraingt ina shreang mhín.

Ar na rudaí a dhéantar as an alúmanam agus as na cóimhiotail ina bhfuil sé tá páirteanna eitleáin, cabhlacha bus agus trucaile, cáblaí leictreachais, gréithe cócaireachta, scragall cócaireachta, clai'bíní buidéil bhainne, frámaí dorais agus fuinneoige, agus péint a mbíonn alúmanam inti.


### NA MIOTAIL NEAMHFHEIRIÚLA

Is miotal iad seo nach bhfuil iarann mar bhunús acu. Orthu seo tá fiormhiotail mar alúmanam, copar, luaidhe agus stán agus na cóimhiotail prás, cré-umha agus sádar.

### Alúmanam

Miotal liathgeal é an t-alúmanam. Agus é íon bíonn sé bog agus lag agus bíonn teorainn leis an úsáid is féidir a bhaint as, ach nuair a chuirtear méideanna beaga d'eilimintí eile tríd bíonn neart agus cruas i bhfad níos fearr ann agus bíonn réimse úsáide níos mó aige dá réir. Seo airónna eile atá ag an alúmanam:

- (a) miotal éadrom é, agus níl ach timpeall is aon trian de shainmheáchan na cruach ann;
- (b) tá sé intuargainte;
- (c) tá sé insínte;
- (d) tá pointe leáite íseal aige —  $660^{\circ}\text{C}$ ;
- (e) tá sé éasca é a theilgean;



FÍOR 10 ROIINT RUDAÍ A DHÉANTAR AS ALÚMANAM



FÍOR 11 AONAD TÁIRGTHE ALÚMANA AUGHINISH ALUMINA LTD. IN EACHINIS, CO. LUIMNÍ.  
Baintear alúmana (ocsáid alúmanaim) as an mian bácsaít san ionad seo. Cuirtear an t-alúmana thar  
lear, mar a ndéantar an miotal alúmanam as, trí leictrilliú.


### Copar

Tá sé éasca copar a aithint ón dath rua atá air. Tá sé insínte agus intuargainte, seolaí an-mhaith teasa agus leictreachais é agus tá acmhainn mhaith aige ar chreimeadh. Is féidir é a rolladh ina leatháin thanaí agus a tharraingt ina shreang mhín. Tá sé éasca a shádráil agus leánn sé ag 1083°C. Éirionn sé saotharchruaite le

fuarobriú ach is féidir é a ainéaladh trína théamh go dtí go mbíonn dath dearg neamhlonrach air agus é a fhuarú in uisce nó ligean dó fuarú go nádúrtha.

Bhí baint mhór ag Éireannach, Marcos Ó Dálaigh, le leathnú mhianadóireacht agus bhruithniú an chopair, leathnú a d'fhás mar thoradh ar an méadú mór a tháinig ar an éileamh ar chopar sa leath deireadh den naoú céad

déag. I mBaile Shéamais Dhuibh, i gCo. an Chabháin, a rugadh é, agus chuaigh sé ar imirce go Meiciceá. D'aimsigh sé mianach saibhir copair i Montana mar a raibh oibreacha móra mianadóireachta agus bruithnithe aige.



FÍOR 12 RUDAÍ A DHÉANTAR AS COPAR


Ar na rudaí a dhéantar as copar tá fearais leictreacha; píopaí uisce; gairis téite uisce thí; díonta; gléasra grúdlainne; obair ornáideach; bioranna iarainn sádrála. Bíonn an copar ina chomhábhar i gcóimhiotail freisin, mar shampla, sa phrás agus sa chré-umha.

### Luaidhe

Is í an luaidhe an miotal is troime de na gnáthmhíotail. Dath liathghorm, lonrach a bhíonn uirthi nuair a ghearrtar í ach tagann dath liath neamhlonrach uirthi faoin aer. Tá sí bog agus intuargainte, leánn sí ag  $327^{\circ}\text{C}$ , tá acmhainn aici ar chreimeadh agus tá sí tocsaineach.

Úsáidtear an luaidhe i ndéanamh batairí gluaisteáin; mar chlúdach ar chábalaí leictreacha; mar fhleascadh dín;

mar sciath chosanta in aghaidh radaíochta; i gcóimhiotail mar shádar. Úsáidtear ocsaídí luaidhe chun péint luaidhe a dhéanamh.



FÍOR 13 SAMPLAÍ DE RUDAÍ A DHÉANTAR LE LUAIDHE

### Sinc

Dath liath atá ar an tsinc agus is é a leáphointe ná  $419^{\circ}\text{C}$ . Is miotal insínte í an tsinc. Úsáidtear go forleathan í chun earraí cruach a ghalbhánú, is é sin, brat nó clúdach cosanta since a chur orthu. Úsáidtear freisin í i ndéanamh na gcásanna a bhíonn ar bhatairí tirime; déantar í a chóimhiotalú le copar chun prás a dhéanamh, agus



FÍOR 14 MIANADÓIREACHT AR MHIAN SINC-LUAIDHE IN TARA MINES LTD., CO. NA MÍ.

úsáidtear cóimhiotail shincbhunaithe i ndéanamh leithéidí carbradóirí, páirteanna meisín níocháin agus mionsamhlacha de ghluaisteáin. Tá fosuithe móra de mhian sinc-luaidhe láimh leis an Uaimh i gCo. na Mí.

#### Stán

Miotal bog lag é an stán. Dath geal lonrach a bhíonn air agus leánn sé ag  $232^{\circ}\text{C}$ . Is le clúdach cosanta a chur ar leatháin chruch chun stánphláta a dhéanamh díobh, an úsáid is mó a bhaintear as an stán agus é íon. Is comhbhár é sna cóimhiotail seo a leanas: cré-umha,


sádar bog, péatar agus miotal imthaca. Ní mheirgíonn ná ní chreimeann an stán.

#### Prás

Cóimhiotal déanta as copar agus sinc é an prás. Uaireanta bíonn méideanna beaga de mhiotail eile tríd freisin. Tá réimse prás ar fáil a bhfuil méideanna nó céatadáin éagsúla de chopar agus de shinc iontu. Cineálacha coitianta is ea miotal Muntz a bhfuil 60% copair agus 40% since ann, agus prás cartúis a bhfuil 70% copair agus 30% since ann.

Dath buí a bhíonn ar an bprás. Braitheann a phointe leáite ar a chomhdhéanamh, ach go hiondúil is idir 850°C agus 950°C a leánn sé. Tá acmhainn an-mhaith aige ar chreimeadh.


Seo a leanas rudaí a dhéantar as an bprás: feistithe báid; feistithe a úsáidtear in áiteanna fliucha; fearais tí; scriúinna; spealtar prásála; feistithe leictreacha; earraí ornáideacha.



FÍOR 15 RUDAÍ A DHÉANTAR AS PRÁS

### Cré-umha

Cóimhiotal déanta as copar agus stán é an cré-umha. Bíonn an céatadán stáin a bhíonn ann faoi bhun 20% go hiondúil. Tá cineálacha éagsúla cré-umha ann. Cineál coitianta is ea cré-umha gunnamhiotail. Bíonn 88% copair, 10% stáin agus 2% since sa chré-umha gunnamhiotail. Tá sé éasca a theilgean agus úsáidtear



FÍOR 16 RUDAÍ A DHÉANTAR AS CRÉ-UMHA

é chun caidéil, comhláí, dealbhóireacht agus teilgin éagsúla a dhéanamh.

Cineál coitianta eile is ea cré-umha fosfair. Bíonn 4-13% stáin ann, timpeall 0.5% fosfair agus an chuid eile, is copar a bhíonn ann. Úsáidtear é chun imthacaí, giar-rothaí agus spriongaí a dhéanamh. Tá acmhainn mhaith ar chreimeadh ag an gcré-umha.

### Sádar Bog

Cóimhiotal déanta as luaidhe agus stán é an sádar bog. Tá réimse sádar bog ar fáil a bhfuil méideanna nó céatadáin éagsúla de luaidhe agus de stán iontu. Uaireanta bíonn beagán antamóin, suas go dtí 3%, sa sádar bog freisin. Bíonn tuairim is an méid céanna luaidhe agus stáin sa sádar stánadóra. Is é an sádar stánadóra a úsáidtear go coitianta i gceardlann na scoile. Bíonn tuairim is 70% luaidhe agus 30% stáin sa sádar pluiméara. Tosaíonn sádair bhoga ag leá ag tuairim is 183°C agus bíonn cuid acu sodheilbhithe nó taosach ar feadh tamaill fhada sula n-athraíonn siad ina leacht. Bíonn tamall maith de thréimhse shodheilbhithe ag an sádar pluiméara, ó 183°C go dtí tuairim 250°C, rud a thugann deis don pluiméir an t-alt a chuimilt.

## **CREIMEADH**

Meirg ar iarann nó ar chruach an cineál creimthe is coitianta ar mhiotail, cé go dtarlaíonn creimeadh de chineál eile ar mhiotail áirithe freisin, mar shampla, an t-ábhar bán púdrach a thagann ar roinnt cóimhiotal neamhchosanta alúmanaim. Ar na bealaí chun miotail a chosaint ar an gcreimeadh tá:

- (a) brait chosanta;
- (b) miotail a úsáid a bhfuil acmhainn mhaith acu ar an gcreimeadh;
- (c) dearadh ar leith a chur ar earra;
- (d) anóidiú;
- (e) anóidí íobartacha a úsáid;
- (f) ceimiceáin ar leith a chur tríd an uisce i gcórais téimh lárnaigh agus i gcórais fhuardaithe.

Ar na brait chosanta tá péinteanna, laicir, brait phlaistigh, brait since (galbhánú), agus brait stáin. Úsáidtear péinteanna go forleathan mar chosaint ar earraí cruach ach ní cosaint bhuan iad agus is iondúil go mbíonn gá le hathphéinteáil ó am go ham.

Miotail a bhfuil acmhainn mhaith acu ar chreimeadh is ea an chruach dhosmálta, an t-alúmanam, an copar, an luaidhe agus an prás.

Seifteanna deartha a mbaintear leas astu i ndéantús earraí is ea gága agus ionaid ina bhfanfadhl fluchras a sheachaint sa dearadh; deiseanna silte agus aerála a chur iontu agus comhbhaill an struchtúir a spásáil sa chaoi gur féidir iad a phéinteáil go sásúil.

Próiseas leictrilíteach is ea an t-anóidiú agus úsáidtear é chun an scannán ocsaíde ar dhromchla an alúmanaim a thiúchan agus a acmhainn ar chreimeadh a fheabhsú.

Sampla d'úsáid anóidí íobartacha is ea píosaí since a shocrú gar do phíopa cruach faoin talamh agus iad a cheangal den phíopa le cábla inslithe. Creimíonn na píosaí since in áit an phíopa.

Úsáidtear na modhanna seo a leanas chun meirg a bhaint d'earraí sula gcuirtear brat cosanta orthu: greanáil; glanadh le sreangscuab; scrábadh; cuimilt le holann sreinge nó le héadach éimir; sreabháin dhí-mheirgthe a chur orthu.

## *Ceisteanna faoi Chaibidil 2*

1. Cén úsáid a bhaintear as an bhfoirnéis soinneáin?
2. Déan sceitse den fhoirnéis soinneáin agus tabhair míniú gairid ar an tslí a n-oibríonn sí.
3. Ainmnigh dhá fhoirnéis a úsáidtear chun cruach a tháirgeadh.
4. Déan sceitse den fhoirnéis bhunata ocsaigine agus · míniugh conas a oibríonn sí.
5. Cén chaoi a ngintear an teas san fhoirnéis stua-leictreach?
6. Céard é an príomh-bhunábhar a chuirtear san fhoirnéis stua-leictreach?
7. Céard a tháirgtear san fhoirnéis stua-leictreach?
8. Céard a chialláinn gach ceann de na téarmaí seo a leanas chomh fada agus a bhaineann le hábhair: neart, cruas, insínteacht, intuargainteacht, righneas, brisce, leaisteachas, plaisteachas agus inseoltacht?
9. Ainmnigh trí mhiotal fheiriúla.
10. Ainmnigh trí phríomhairí de chuid an iarann theilgthe.
11. Luaigh trí rud a dhéantar as iarann teilgthe.
12. Cén fáth a mbíonn dromchla dúghorm ar an gcrúach bhog dhubb?
13. Ainmnigh ceithre rud a dhéantar as crúach bhog.
14. Cén miotal a ndéanfá fuarshiséal as?
15. Cé na miotail a ndéantar gach ceann díobh seo a leanas astu:
  - (a) ráille iarnróid, (b) geata, (c) líomhán?
16. Céard é cóimhiotal?
17. Ainmnigh trí rud a dhéantar as crúach ardluais.
18. Ainmnigh trí rud a dhéantar as crúach dhosmálta.
19. Céard as a ndéantar stánphláta?
20. Céard é iarann galbhánaithe?
21. Ainmnigh dhá rud a dhéantar as stánphláta.
22. Ainmnigh dhá rud a dhéantar as iarann galbhánaithe.
23. Ainmnigh cúig cinn de thástálacha a d'fhéadfá a dhéanamh sa cheardlann chun miotail fheiriúla a aithint.
24. Dá dtabharfaí barra de chruach bhog dhubb agus barra de chruach ardcharbóin duit, céard a dhéanfá sa cheardlann chun ceann amháin acu a aithint ón gceann eile?

25. Ainmnigh ceithre shíormhiotal neamhfheiriúla agus trí chóimhiotal neamhfheiriúla.
- 26.Luaigh dhá airí atá ag gach ceann de na miotail sco a leanas:
- (a) copar;
  - (b) alúmanam;
  - (c) luaidhe;
  - (d) sinc;
  - (e) prás;
  - (f) cré-umha;
  - (g) sádar.
27. Cé nach miotail a ndéanfaí na hearraí sco a leanas astu:  
(Cuir cúis le do fheagra i ngach cás):
- (a) bior iarann sádrála;
  - (b) cáblaí leictreacha;
  - (c) fleascadh dín;
  - (d) imthaca;
  - (e) scragall cócaireachta;
  - (f) insí a bheadh amuigh faoin aer?
28. Ainmnigh trí bhealach a ndéantar cóireáil chosanta in aghaidh an chreimthe ar chruach bhog.

# 3. Plaistigh agus Adhmad

## PLAISTIGH

Is réimse ábhar a bhfuil éagsúlacht mhór airíonna acu iad plaistigh; mar shampla, tá cuid acu bog agus solúbtha agus cuid eile crua agus stalchta. Úsáidtear go forleathan iad, agus déantar a lán rudaí astu, mar shampla, fearais tí, earraí leictreacha, málaí siopadóireachta, bréagáin, bróga, páirteanna gluaisteáin, éadach etc. Ola an príomh-bhunábhar a ndéantar plaistigh as faoi láthair. Bunábhair eile is ea gual, adhmad agus cadás.

Tá dhá príomhghrúpa plaisteach ann: *teirmeaplaistigh* (nó plaistigh intearmeabhogtha) agus *plaistigh theirmithéachtacha*

### Teirmeaplaistigh

Bogann teirmeaplaistigh nuair a théitear iad agus is féidir iad a dheilbhiú sa riocth sin. Cruann siad arís nuair a fhuaraíonn siad. Is féidir iad a bhogadh agus a chruachan arís agus arís eile trína dtéamh agus a bhfuarú.

### Plaistigh Theirmithéachtacha


Tarlaíonn athrú ceimiceach do na plaistigh theirmithéachtacha le linn dóibh a bheith á ndeilbhiú agus á gruachan agus dá bhri sin ní féidir iad a bhogadh arís le teas. Tá siad cosúil le hubh; cruann an ubh nuair a théitear í agus ní féidir í a bhogadh arís trína téamh in athuair.

## TEIRMEAPLAISTIGH CHOITIANTA

### Aicrileach

Bíonn an t-aicrileach ar fáil faoi ainmneacha trádála mar *Perspex*, *Oroglas* agus *Plexiglas*. Tá tréadhearcacht an-mhaith ann ach tá sé i bhfad níos éasca é a scríobadh ná gloine.

Nuair a bhíonn an t-aicrileach i bhfoirm leatháin is féidir é a ghearradh le sábh, a líomhadh, a dhruileáil, a mheaisíniú agus a nascáil. Is féidir, freisin, leatháin aicriliugh a dheilbhiú ina gcruthanna simplí nuair a bhíonn siad téite. Nuair a bhíonn sé i riocth gráinneach nó púdair is féidir é a dheilbhiú nó a easbhrú ina chruthanna níos aimhréidhe.




FÍOR 1 RUDAÍ A DHÉANTAR AS AICRILEACH

Tá an t-aicrileach ar fáil ina réimse móra dathanna agus is féidir é a fháil agus imir ann nó gan aon dath. Inslitheoir maith leictreachais é.

Ar na rudaf a dhéantar as tá cúlsoilse gluaiseáin, gaothscáthanna gluaisrothair, sciatha cosanta innill agus meaisín, comharthaí siopa, lionsáf, gloiniú, dabhcha folchta, feistithe solais agus fiacla bréige.

### Poileitiléin

Polaitéin a thugtar ar an bpoileitiléin go coitianta. Tá eolas maith uirthi mar gheall go ndéantar máláí siopadóireachta agus earraí tí mar bhuidéil infháiscithe aisti. Ábhar righin sólúbtha í an phoileitiléin, is inslitheoir maith leictreachais í, agus tá acmhainn mhaith aici ar



FÍOR 2 RUDAÍ A DHÉANTAR AS POILEITILÉIN


fhormhór na gceimicéan. Tá dhá chineál poileitiléine ann go bunúsach — poileitiléin ísealdlúis agus poileitiléin ard-dlúis. Tá an phoileitiléin ísealdlúis an-solúbtha agus bogann sí ar theocht timpeall 85°C. Tá an phoileitiléin ard-dlúis níos crua agus níos stalctha agus ní bhogann sí go dtí tuairim is 125°C, sa chaoi gur féidir le hearraí atá déanta aisti leachtanna réasúnta te a sheasamh.

Ainmneacha trádála coitianta ar an bpoileitiléin is ea *Alkathene*, *Visqueen*, *Telcothene*, ar poileitiléiní ísealdlúis iad, agus *Rigidex*, ar poileitiléin ard-dlúis é.

Ar na rudaf a dhéantar aisti tá buidéil, babhlaí, báisíni, buicéid, buidéil infháiscithe, insliú le haghaidh cáblaí aeróige teilifise, píopáí, scannán pacála, máláí le haghaidh leasú talún, agus máláí siopadóireachta.

### Polaivinilclóiríd

PVC a thugtar ar an bpolaivinilclóiríd de ghnáth. Ábhar crua stalctha a bhíonn inti nuair nach mbíonn sí measctha le hábhair eile, ach trí mhéideanna éagsúla



FÍOR 3 RUDAÍ A DHÉANTAR AS POLAIVINILCLÓIRID (PVC)

d'ábhair ar a dtugtar plaistibhiáin a chur tríthi, is féidir í a tháirgeadh ina gráid éagsúla solúbthachta. PVC plaistithe a thugtar uirthi ansin. Méadaíonn sé sin a réimse úsáide go mór.

Tá acmhainn mhaith aici ar cheimiceáin agus ar uisce, tá neart maith inti agus is féidir í a chur ar fáil ina dathanna éagsúla. Bfónn PVC neamhphlaistithe féinmhúchtach.

Ar na hainmneacha trádála atá ar an bpolaivininclóiríd tá *Geon*, *Welvic*, *Corvic* agus *Vinoflex*.

Ar na rudaí a dhéantar as PVC neamhphlaistithe tá gáitéis, piopáí séarachais, buidéil thréadhearcacha (m.sh. buidéil ina mbfónn mianraí agus foltfholcadh) agus línéáil i mboscaí seacláidí.

Ar na rudaí a dhéantar as PVC plaistithe tá insliú le haghaidh cáblaí, osáin ghairdín, leathar bréige le troscáin a chumhdach, cótaí báistí, agus cuirtíní uiscedhíonacha.

## Níolón

Táirgtear cineálacha éagsúla níolón agus déantar idirdhealú eatarthu le huimhreacha, mar shampla, níolón 6, níolón 6.6, agus níolón 6.10.

Dath bán nó bánbhuí is coitianta a bhíonn ar an níolón ach bíonn sé ar fáil agus dathanna eile air freisin. Tá airónna maithe caithimh agus cuimilte aige, acmhainn mhaith ar theas, agus tá sé láidir agus righin.


Ainmneacha trádála ar an níolón ná *Maranyl*, *Rilsan* agus *Akulon*.

Ar na rudaí a dhéantar as an níolón tá imthacaí, giaranna, rollóirí, ceamanna, feistithe ráillí cuirtín, cásálacha uirlísí cumhachta, sipeanna, guairí scuaibe, doruithe iascaireachta agus snáithe chun éadach a dhéanamh.


## PLAISTIGH THEIRMITHÉACHTACHA CHOITIANTA

### Roisíní Feanólacha

Ba é an formáildéad feanóil an chéad cheann de na flóorphlaistigh shintéiseacha a táirgeadh, agus tugadh an t-ainm *Bakelite* air.



FÍOR 4 RUDAÍ A DHÉANTAR AS NÍOLÓN



FÍOR 5 RUDAÍ A DHÉANTAR AS ROISÍNÍ FEANÓLACHA

Trí mhodhanna éagsúla próiseála agus trí úsáid a bhaint as líonaigh éagsúla cuitear réimse roisíní ar fáil a bhíonn oiriúnach dá lán úsáidí. Bíonn plaitigh feanólacha crua agus stalctha agus bíonn siad ina n-inslitheoirí maithe teasa agus leictreachais; bíonn acmhainn acu ar theocht ard.

Ar na rudaí a dhéantar as roisíní feanólacha tá feistithe leictreacha a bhfuil dath dorcha orthu, lámha sásپain, lámha iarainn smúdála, suíochán leithris, luaithreadáin, claibíní buidéil, caipíní dáileora innill, líneálacha coscáin agus greamacháin.

### Roisíní Poileistire

Is minic go mbíonn treisiú de shnáithín gloine i bpálaistigh phoileistire, rud a chuireann lena neart go mór. Tugtar ‘snáithín gloine’ ar na plaitigh phoileistire seo go minic, ach ar ndóigh, níl sa snáithín gloine ach an treisiú.


Is féidir roisíní poileistire a théachtadh nó a chruachan

gan teas seachtrach ná brú. Cuirtear ceimiceáin ar a dtugtar catailíseach agus luathóir tríd an roisín chun é sin a dhéanamh. Ar an mbealach sin, is féidir earraí a dheilbhiú as gan trealamh costasach a úsáid. Ní mór a bheith an-chúramach gan an catailíseach agus an luathóir a mheascadh go díreach le chéile mar tharlódh imobriú fiocmháir agus pléascadh, b'fhéidir. Go minic bíonn roisíní ar fáil a mbíonn an luathóir curtha tríothu roimh ré, nó a mbíonn an réamhluathú déanta orthu cheana, rud a dhéanann i bhfad níos sábháilte iad le húsáid. Déantar roisíní poileistire a chur tríothu agus iad a théamh. Is féidir an phoileistir chruaite a dhéanamh tréadhearcach nó daite.

Rudaí a dhéantar as poileistir threisithe: báid; cábáin trucaile; cabhlacha gluaisteáin; tráidirí; umair stórála; linnte gairdín.

Rudaí a dhéantar as poileistir neamhthreisithe: teilgin ornáideacha; cnaipí; ábhar i gcomhair urlár; ábhar deisithe cabhlacha gluaisteáin.

Ná dearmad nach ionann an phoileistir seo agus an cineál teirmeaplaistigh a úsáidtear go coitianta chun éadach a dhéanamh.




FÍOR 6 RUDAÍ A DHÉANTAR AS POILEISTIR

### Polúireatáin

Bíonn polúireatáin ar fáil mar chúrphlaistigh sholúbtha, mar chúrphlaistigh stalctha, mar chúrphlaistigh struchtúracha, mar leaistiméirí, agus mar bhratú dromchla (le cur ar adhmad etc). Bíonn na cúrphlaistigh sholúbtha bog agus spúinsiúil; inslitheoirí an-mhaith teasa iad na cúrphlaistigh stalctha; bíonn na cúrphlaistigh struchtúracha láidir agus stalctha; bíonn acmhainn an-mhaith ar chaitheamh ag na leaistiméirí agus bíonn an bratú dromchla crua agus righin agus bíonn acmhainn mhaith ar scríobadh aige.

Rudaí a dhéantar as polúireatáin: cúrphlaistigh sholúbtha mar chuínsíú i suíochán agus i dtroscáin agus mar chúláil ar fhabricí; cúrphlaistigh stalctha mar insliú i bhfoirgnimh agus i gcuisneoirí; leaistiméirí do bhoinn bhróige; vearnaisí; péint; greamacháin. Úsáidtear polúireatáin ina riochtanna éagsúla i bpáirteanna gluaisteáin mar shuíochán, cnaipe-chláir, painéis, rotháistiúrtha agus cosantóirí.



FÍOR 7 RUDAI A DHÉANTAR AS POLÚIREATÁIN

#### *Plaistigh a Aithint*

Tástálacha simplí iad na tástálacha a bhfuil cuntas orthu sna táblaí atá ar lch 26 agus ar lch 27 agus cé gur féidir roinnt mhaith plaisteach a aithint leo, ní mór tástálacha speisialta a dhéanamh chun gach cineál plaistigh a aithint go cinnte. Ní mór cuimhniú gur féidir le líonaigh, líocha nó aon bhreiseáin eile, an chuma a bhíonn ar phlaisteach agus na hairíonna a bhíonn aige, a athrú go mór. Ní mór a bheith an-chúramach nuair a bhíonn plaistigh á dtáistáil. Má bhíonn sampla de phlaisteach á ghearradh as buidéal ní mór an buidéal a ní amach go maith agus a thriomú roimh ré, ar fhaitíos go mbeadh aon substaint chontúirteach ann. Nuair a bhítear ag dó sampla de phlaisteach ní mór aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

- (a) Ná húsáid ach píosa an-bheag den ábhar.
- (b) Beir air le greamaire miotal ní le tlú.

- (c) Coinnigh os cionn dromchla dho-dhóite é.
- (d) Ná hanálaigh an toit uaид agus cinntigh go mbíonn an sampla múchta sula mbolaíonn tú é. Ná cuir róghar do do shrón é agus bolaigh go réidh é.

Bíonn múch chontúirteach ó roinnt plaisteach nuair a bhíonn siad á ndó agus is féidir le braonta a bhíonn trí thine sileadh ó chuid acu freisin.

#### OIBRIÚ LE LEATHÁIN AICRILIGH


Is féidir leathán aicriligh a ghearradh le sábh, a líomhadh, a druileáil, a thapáil, a shnasú, a nascáil agus a theodheilbhí i gceardlann na scoile. Bíonn na leatháin ar fáil ina dtiúsanna éagsúla agus ina réimse dathanna, nó gan aon dath orthu. Ba chóir an páipéar cosanta a fhágáil ar an leathán chomh fada agus is féidir é sa chaoi nach ndéanfar damáiste don dromchla. Is féidir marcáil amach, sábhadóireacht, druileáil agus tapáil a dhéanamh gan an páipéar a bhaint de dhromchla an leatháin. Is féidir damáiste ó ghialla na bíse a sheachaint trí leas a bhaint as clampaí na bíse nó as píosaí boga adhmaid. Bíonn aicrileach briosc agus é fuar, agus is éasca é a scoilteadh. Ní ceart é a róthéamh ná a róbhogadh ach oiread nuair a bhítear á ghearradh nó á dhruileáil.

#### Sábhadóireacht



Is féidir sábh miotal ní sábh tionúir míniú a úsáid chun aicrileach a ghearradh. Is féidir cuair agus cruthanna neamhrialta a ghearradh ann le sábh cóipeála, le creimshábh ní le líomhán teannais. Ní mór breith ar an aicrileach gar don líne ghearrtha agus gan mórán meáchain a chur ar an sábh, ar fhaitíos go scoiltfeadh an t-aicrileach.

#### Líomhadh

Oibríonn na líomháin dhéghearra go maith ar an aicrileach. Ní mór an saotharphíosa a choinneáil chomh híseal agus is féidir sa bhí agus ar fhaitíos go mbrisí é.

AN CINEÁL PLAISTIGH (SAMPLA)	FÉACH AR AN SAMPLA. AN bhFUIL SÉ TRÉDHEARCACH, TRÉSHOILSEACH NÓ TEIMHNEACH?	LÁIMHSIGH AN SAMPLA. DÉAN IARRACHT É A LÚBADH, É A SCRÍOBADH LE D'IONGA AGUS MOTHAIKH A DHROMCHLA	DÉAN IARRACHT AN SAMPLA A GHEARRRADH LE SCIAN	CUIR AN SAMPLA IN UISCE	DÉAN IARRACHT PIOSA BEAG DEN SAMPLA A DHÓ
					
AICRILEACH	TRÉDHEARCACH ACH IS FÉIDIR LEIS A BHEITH TEIMHNEACH MÁ BHÍONN LIONAIGH NÓ LÍOCHA ANN	STALCTHA; CRUA	SCEALPANN SÉ	TÉANN SÉ GO TÓIN	DÓNN SÉ GO hÉASCA; NÍL SÉ FÉINMHÚCHTACH; LEANANN NA BRAONTA AS AG DÓ; LASAIR BHUÍ; BOLADH MAR A BHEADH Ó THORTHAI. TAGANN CÚR AIR, GO hÁIRITHE DÍREACH TAR ÉIS AN LASAIR A MHÚCHADH
POILEITILÉIN	TRÉDHEARCACH MAR SCANNÁN TANAI; TRÉSHOILSEACH INA THIÚSANNA NÍOS MÓ	POILEITILÉIN (SEALDLÚIS: SOLÚBTHA GO MAITH; MOTHÚ BOG CÉIRÍUIL Uайд.) POILEITILÉIN ARD-DLÚIS: RÉASÚNTA CRUA. STALCTHA	POILEITILÉIN (SEALDLÚIS: AN-ÉASCA A GHEARRRADH POILEITILÉIN ARD-DLÚIS: ÉASCA A GHEARRRADH (FAOBHAIR MHÍNE))	SNÁMHANN SÉ	NÍL SÉ FÉINMHÚCHTACH; SILEANN BRAONTA AS; LASAIR GHORM (BARR BUÍ), GAN MÓRÁN DEATAIGH; BOLADH MAR A BHEADH Ó CHOINNEAL LASTA
POILAIVINIL-CLÓIRÍD	TRÉDHEARCACH (MUNA bhFUIL LÍONACH NÓ LÍANN)	PVC NEAMH PHLAISTITHE: STALCTHA; CRUA PVC PLAISTITHE: SOLÚBTHA; BOG	PVC NEAMH PHLAISTITHE: RÉASÚNTA ÉASCA A GHEARRRADH. PVC PLAISTITHE: AN-ÉASCA A GHEARRRADH (FAOBHAIR MHÍNE)	TÉANN SÉ GO TÓIN	PVC NEAMH PHLAISTITHE: NÍ DHÓNN SÉ GO hÉASCA; FÉINMHÚCHTACH; LASAIR BHUÍ, GORMUAITHNE INA hÍOCHTAR; BOLADH GARG Uайд PVC PLAISTITHE: BRAITHEANN AN CINEÁL DÓ AR AN bPLAISTEACH; D'FHÉADFADH GO LEANFADH SÉ AG DÓ AGUS DEATACH AS TAR ÉIS AN LASAIR A BHANT Uайд
NÍOLÓN	TEIMHNEACH ACH AMHÁIN AGUS É INA SCANNÁN	STALCTHA; CRUA	RÉASÚNTA ÉASCA A GHEARRRADH (FAOBHAIR MHÍNE)	TÉANN SÉ GO TÓIN	DEACAIR A CHUR AG DÓ; NÍL SÉ FÉINMHÚCHTACH; LEÁNN SÉ INA LEACHT A SHILEANN INA BHRAONTA; LASAIR GHORM (BARR BUÍ); BOLADH MAR A BHEADH Ó GHRUAIAG AG DÓ

TÁSTÁLACHA CHUN TEIRMEAPLAISTIGH A AITHINT


CINEÁL PLAISTIGH (SAMPLA)	FÉACH AR AN SAMPLA; AN bhFUIL SÉ TRÉDHEARCACH, TRÉSHOILSEACH, NÓ TEIMHNEACH?	LÁIMHSIGH AN SAMPLA; DÉAN IARRACHT É A LÚBADH, É A SCRÍOBADH LE D'IONGA AGUS MOTHAIGH A DHROMCHLA	DÉAN IARRACHT AN SAMPLA A GHEARRADH LE SCIAN	CUIR AN SAMPLA IN UISCE	DÉAN IARRACHT PÍOSA BEAG DEN SAMPLA A DHÓ
					
PLAISTIGH FHEANÓLACHA	TEIMHMEACH; DATH DORCHA	STALCTHA; CRUA; MOTHÚ CRUA UAIDH	SCEALPANN SÉ AGUS É Á GHEARRADH	TÉANN SÉ GO TÓIN	DEACAIR É A DHÓ; FÉINMHÚCHTACH; BOLADH MAR A BHEADH Ó AIGÉAD CARBÓLACH UAIDH
POILEISTIR	GO MINIC BÍONN TREISÍÚ DE SHNÁITHÍN GLOINE LE FEICEÁIL ANN	STALCTHA; CRUA; MOTHÚ CRUA UAIDH	DEACAIR A GHEARRADH; BRIOSC	TÉANN SÉ GO TÓIN	DÓNN SÉ GO HÉASCA; GO MINIC BÍONN SÉ CÓIRITHE CHUN GO mBEIDH SÉ FÉIN- MHÚCHTACH; DEATACH ÓN LASAIR; BOLADH MAR A BHEADH Ó THORTHAÍ UAIDH
CÚRPHLAISTEACH POLÚIREATÁIN	TEIMHNEACH	BOG AGUS SOLÚBTHA GO MINIC ACH IS FÉIDIR GO mBEADH SÉ STALCTHA FREISIN	GO HIONDÚIL NÍ DHÉANANN SÉ BRUSCAR AGUS É Á GHEARRADH	SNÁMHANN SÉ	NÍ BHÍONN SÉ FÉIN- MHÚCHTACH MUNA mBÍONN CÓIRÍÚ SPEISIALTA AIR; LASAIR BHUÍ; BOLADH GARG UAIDH

#### TÁSTÁLACHA CHUN PLAISTIGH THEIRMEATHÉACHTACHA A AITHINT

#### Druileáil

Is féidir casdruilirí caighdeánacha a úsáid ar aicrileach ach ba chóir uillinn na rinne a athmheilt ar tuairim is 140° (Fíor 8). Is féidir uisce a úsáid mar fhuaraitheoir. Ní mór don saotharphiosa a bheith i ngreim go daingean agus taca maith a bheith leis. Ba chóir luasanna arda

agus fothú éadrom a úsáid. Ní cóir druileáil trí mhiotal agus aicrileach nuair a bhíonn siad greamaithe le chéile — d'fhéadfadh an casdruilire téamh rómhór ag dul tríd an miotal agus leáfadh sé sin an t-aicrileach. Ní mór, freisin, ligean do chasdruilire a úsáideadh ar mhiotal fuarú sula n-úsáidtear ar aicrileach é.



FÍOR 8 UILLINN RINNE CASDRUILIRE ATHMHEILTE LE HAICRILEACH A GHEARRADH LEIS

### Tapáil

Tapaí a bhfuil snáithe garbh orthu is oiriúnaí don aicrileach. Má bhítear ag tapáil gar do chiumhais an leathán ní mór a bheith cúramach gan é a scoilteadh. Is féidir ola bhlonage a úsáid mar shreabhán gearrtha.

### Snasú

Is féidir snasú breá a chur ar dhromchlaí líofa. Baintear marcanna an líomháin díobh ar dtús trí éadaí éimir de ghráid éagsúla a úsáid orthu — ag tosú le grád garbh agus ag críochnú le grád an-mhín. Ansin is féidir na dromchlaí a shnasú de láimh nó le meisín. Nuair a bhítear á snasú de láimh baintear úsáid as snasán speisialta aicriligh, nó as snasán miotail, agus éadach bog.

### Nascáil

Is féidir aicrileach a nascáil ar na modhanna seo a leanas:

- Stroighneacha nó suimintí speisialta aicriligh mar ‘*Tensol*’ a úsáid;
- tuaslagóir mar chlóraform a úsáid;
- greamacháin fheiliúnacha a úsáid.

Bíonn aicrileach sna suimintí agus is maith a lónann cuid acu spásanna beaga a bhíonn idir na dromchlaí a bhíonn á nascáil. Go hiondúil, déanann siad alt níos láidre ná mar a dhéanann an dá mhodh eile.

Ní lónann na tuaslagóirí spásanna idir dhromchlaí, agus dá bhrí sin ní mór do na páirteanna a bhíonn á ngreamú leo a bheith ag oiriúint go dlúth dá chéile. Ní mór an dromchla timpeall an ailt a chlúdach le téip chumhdaigh chun é a chosaint ón tuaslagóir.

Tá greamacháin áisiúil chun aicrileach a nascáil le hábhar eile. Ní mór greamachán a úsáid atá feiliúnach don dá ábhar.

Ní mór do na dromchlaí atá le nascáil a bheith glan agus tirim. Ba chóir dromchlaí snasta a dhéanamh garbh chun a gcumas fluchtá a fheabhsú. Ní mór an t-ábhar nascála a chur ar an dá dhromchla agus na páirteanna a choinneáil brúite le chéile ar feadh tamall. Ná déan dearmad nach mór an obair seo a dhéanamh in áit a bhfuil aeráil mhaith; chomh maith leis sin ná stóráil clóraform gar do chlóirísd since, m.sh. flosc sádrála.



### Teodheilbhiú

De bharr gur ábhar teirmeaplaisteach é an t-aicrileach bogann sé nuair a théitear é agus is féidir é a dheilbhiú mar is gá ansin. Coinníonn sé an deilbhiú sin nuair a fhuardaítear é.

Is féidir é a lúbadh agus a bhrúdheilbhiú le fearsas simplí. Ní mór an leathán aicriligh a théamh go dtí tuairim is  $160^\circ$ . Déanfar darnáiste dó má théitear rómhór é. Nuair a bhíonn sé deilbhithe ní mór ligean dó fuarú go mall sa chaoi nach n-imíonn sé as a riocht. Ní mór lámhainní nó smearadh cosanta a bheith ort chun breith ar an aicrileach te agus ní mór a bheith cúramach gan a dhromchla a mharcáil.

### Lúbadh

Muna bhfuil gá le lúb leathan in aicrileach is fearr gan a théamh ach an chuid de a bhfuil an lúb le cur ann. Is féidir é sin a dhéanamh os cionn stíalltéiteoir leictreach. Ba chóir an leathán a iompú bunoscionn ó am go ham ar mhaithe lena théamh go cothrom. Más ar fhoirmeán a bhíonn an lúb á déanamh (Fíor 9.b) seans gur fearr an leathán go léir a théamh in oigheann. Déanfaidh




gnáthoigheann tí cúis ach ní mór na seilfeanna a chlúdach le scragall cócaireachta nó le páipéar donn sa chaoi nach ndéanfar damáiste do dhromchla an leatháin.

Is féidir díreoga agus foirméain lúbtha (Fíor 9) a dhéanamh as adhmad. Ba chóir bailchríoch mhín a chur orthu sa chaoi nach marcálfar an t-aicrileach. Nuair a bhítear ag úsáid foirméain is féidir píosa láidir éadaigh a úsáid chun an t-aicrileach a lúbadh timpeall ar an bhfoirméan (Fíor 9.b). Is féidir greim maith a fháil ar an éadach trí stiallacha adhmaid a chur i bhfillteacha ina dhá cheann.

#### *Brúdheilbhíú*

Is féidir cruthanna babbha agus tráidire a dhéanamh le modhanna brúdheilbhithe simplí. Modh amháin is ea an leathán téite a shocrú idir mhúnlaí meaitseála agus iad a bhrú le chéile (Fíor 10.a). Modh eile is ea an leathán téite a chlampáil os cionn poill i ndíreog, agus a lár a bhrú isteach sa pholl le foirméan (Fíor 10.b).



FÍOR 9 LÚBADH


FÍOR 10 BRÚDHEILBHÍU

## ROISÍN POILEISTIRE A THEILGEAN

San obair seo deilbhítar carraí trí roisíní ullmhaithe, i bhfoirm leachta, a dhoirteadh isteach i múnláí agus ligean dóibh téachtadh. Tá roisíní poileistire ar fáil agus iad réamhluathaithe agus ní gá ach catailíseach a mheascadh leo chun iad a théachtadh. Is féidir na múnlaf a dhéanamh as ábhair éagsúla. Is féidir an teilgean a dhathú trí lí a mheascadh tríd an roisín.

Is féidir rudaí mar shliogáin, bileoga agus píosaí miotail, píosaí plaistigh agus píosaí adhmaid a imchochallú nó a neadú sa teilgean. Ní mór cóireáil speisialta a chur ar rudaí mar bláthanna agus feithidí sula ndéantar imchochallú orthu sa teilgean.

Tá cineálacha éagsúla roisíní poileistire ar fáil agus ba chóir cloí le treoracha na ndéantóirí nuair a bhítear á n-úsáid. Seo a leanas na modhanna úsáide ginearálta:



FÍOR 11 TIONSCADAIL LE PLAISTIGH

### *Teilgean:*

1. Cótáil an múnla le gníomhaí fuascailte sa chaoi nach ngreamóidh an roisín de.
2. Tomhais amach an méid den roisín réamhluathaithe a bheidh ag teastáil.
3. Cuir an méid den chataillseach a mholtar leis an roisín agus measc go maith iad.
4. Measc lí tríd an roisín más gá sin agus lig do bhoilgeoga nó do shuíliní éirí go dtí an barr.
5. Doirt an meascán isteach sa mhúnlá.
6. Nuair atá an teilgean ina ghlóthach bain as an múnla é más féidir é sin a dhéanamh gan damáiste a dhéanamh don teilgean. Leag ar leathán poileitiléine é sa chaoi go gcrúafaidh sé go hiomlán.

### *Imchochallú:*


1. Ullmaigh dóthain roisín chun an múnla a lónadh go dtí doimhneacht tuairim is 5 mm.
2. Lig don tsraith seo glóthach a dhéanamh.
3. Cuir an t-earra atá le himchochallú sa teilgean ar bharr na sraithe sin.
4. Ullmaigh an roisín breise a bheidh ag teastáil chun an múnla a lónadh agus doirt isteach sa mhúnlá é go cúramach, gan an t-earra a chorraí.
5. Lig don mheascán cruachan.

### *Réamhchúraimí:*

Má bhíonn cataillseach agus luathóir á n-úsáid agat ná déan dearmad iad a choinneáil ó chéile. Caith lámhainní rubair nó cuir smearadh cosanta ar do lámha chun iad a chosaint. Déan an obair in áit a bhfuil aeráil mhaith ann.

## **ADHMAD**

Úsáidtear adhmad go forleathan mar ábhar struchtúrach agus mar ábhar bailchríche. Braitheann airónna meicniúla an adhmaid ar an gcineál adhmaid a bhíonn i gceist, ach i gcoitinne bíonn sé solúbtha agus bíonn acmhainn mhaith aige ar fhórsaí tarraingthe. Bíonn tionchar mór ag treo an tsnáithe san adhmad ar neart an adhmaid. Bíonn neart teannais agus comhbhchrúite an adhmaid i bhfad níos fearr feadh an tsnáithe ná trasna an tsnáithe. Bíonn acmhainn i bhfad níos fearr aige ar



(a) LAG DE DHEASCA THREO AN tSNÁITHE  
(b) LEAS BAINTE AS TREO AN tSNÁITHE CHUN CUR LE NEART AN EARRA

FÍOR 12 TIONCHAR THREO AN tSNÁITHE AR NEART AN EARRA

fhórsaí fiartha trasna an tsnáithe ná feadh an tsnáithe (Fíor 12). Bíonn sainmheáchan íseal ag adhmad; bíonn friotaíocht mhaith aige do ghluaiseacht teasa agus leictreachais agus bíonn roinnt cineálacha adhmaid an-ornáideach. Is féidir adhmad a ghearradh go héasca ach urlísí géara a úsáid air (féach Fíor 13).

Baintear úsáid as ailt eagsúla, scriúinna, tairní, gliúinna, agus feistithe miotail agus pláistigh chun adhmad a nascáil. Cuirtear péinteanna, ruaiméanna, vearnaisí, snasáin agus leasaithigh ar adhmad go minic chun a dhreach agus a bhuaine a fheabhsú.

Tá dhá phrófhghráupa adhmaid ann — bogadhmaid agus crua-adhmaid. Faigtear na bogadhmaid as crainn bhuaircíneacha agus na crua-adhmaid as crainn dhuillsilteacha. Mar a thugann na hainmneacha le tuiscint, bíonn na crua-adhmaid níos crua ná na bogadhmaid go hiondúil.


Chomh maith lena úsáid ina riocht nádúrtha, déantar adhmad a phróiseáil freisin chun cláir mar shraithadhmaid, slischláir, bloc-chláir etc. a dhéanamh.

Leatháin thanaí adhmaid a ghearrtar de shaileanna iad veinírí. Úsáidtear iad i ndéantús clár saorga (i.e. cláir mhonaraithe) agus chun adhmad nach mbíonn cuma dheas air a chlúdach.

## **BOGADHMAID CHOITIANTA**

### **An Déil Dhearg**

Bíonn an déil dhearg righin agus buan, éasca a oibriú, agus bíonn dath i leith an bhuí uirthi. Úsáidtear í sa



tsiúinéireacht għinearálta agus déantar cuallí teileagraif agus trasnáin iarnróid aisti.

#### An Déil Bhán

Bíonn dath níos éadrome ar an déil bhán ná mar a bhíonn ar an déil dhearg agus ní bhíonn sí chomh buan

lériach oiread. Tá sí saor agus úsáidtear í sa tsiúinéireacht għinearálta.

#### An Péine Paránach

Dath donn éadrom agus stríoc bhándearg tríd go minic, a bhíonn ar an bpéine paránach. Bíonn sé réasúnta crua ach éasca a scoilteadh. Déantar sħleálacha, imchásálacha, cláir sciorta agus staighrī as.

#### An Céadar Dearg

Bíonn an céadar dearg éadrom agus buan, agus bíonn dath donndearg air. Déantar fuinneoga, doirse agus painéis as.

#### An Learóg

Ní lobhann an learóg go héasca agus úsáidtear í le hearraí a bhíonn amuigh faoin aer a dhéanamh, i.e. báid, fálta agus suíochán ghairdín.

### CRUA-ADHMAID CHOITIANTA

#### An Mahagaine

Tá a lán cineálacha mahagaine ann. Bíonn dath saibhir dearg air agus bíonn sé crua agus láidir. Déantar troscán, siúinéireacht ardnósach, agus veinír le cur ar shraithadhmad agus slischlár, as.

#### An Téac


Dath donn órga a bhíonn ar an téac. Bíonn sé crua, láidir agus buan, ach deacair a oibriú. Déantar doirse, fuinneoga seachtracha agus binsí saotharlainne eolaíochta as, agus úsáidtear é sa longthógaíl.

#### An Fheá


Bíonn an fheá crua agus buan agus dath deargbhuí nó buídhonn uirthi. Déantar troscán aisti — go mór mór cathaoireacha, cosa uirlisí, urláir agus earrai deilte.

#### An Dair


Tá roinnt cineálacha darach ann agus na dathanna buí, buídhonn agus donn orthu. Admhad crua, láidir, righin, buan í an dair agus déantar a lán rudaí aisti — troscán, painéaladh agus veinír ina measc.




LEATHAIT




BUNALT




MITÉARALT




FEIRALT




DÉADALT




MÉARALT




ALT TEANGA AGUS EITRE



ALT MOIRTISE



BÉALALT



DUALALT

FÍOR 14 ALT ADHMADÓIREACHTA


## An Fhuinseog

Tá an fhuinseog an-solúbtha agus righin; déantar cosa uirlisí, camáin agus maidí rámha aisti.

## CLÁIR SHAORGHA (CLÁIR MHONARAITHE)

### Sraithadhmad

Déantar sraithadhmad trí líon corr leathán veiníre a ghliúáil le chéile. Bíonn snáithe gach leatháin acu dronuilleach le snáithe an leatháin atá faoi nó as a chionn.




FÍOR 15 SRAITHADHMAD

Bíonn neart níos mó agus níos aonfhoirmí sa sraithadhmad ná in adhmad a bhíonn ina riocht nádúrtha. Is féidir é a lúbadh ina chruthanna cuara agus ní scoilteann sé go héasca. Déantar painéis, tóineanna tarraiceáin agus báid as.

### Bloc-chlár

Bíonn an bloc-chlár déanta as stíallacha adhmaid agus iad gliúalite le chéile agus clúdaithe ar an dá thaobh le veinír. Déantar cupaird, seilfeanna, cláir bhoird agus doirse beaga as.



FÍOR 16 BLOC-CHLÁR

## Slischláir

Déantar an slischláir trí shliseanna adhmaid a ghliúáil agus a chomhbhrú le chéile. Uaireanta bíonn éadain veiníre nó phlaistigh air. Bíonn an slischláir saor ach tá sé deacair a nascáil agus ní thógann sé scriúnna go maith. Déantar cláir bhoird, cupaird, seilfeanna, painéis agus urláir as, agus cuirtear faoi dhíonta é.


### Cruachláir

Déantar an cruachláir ina leathán thanaí agus bíonn sé saor. Chomh maith leis an ngnáthchineál, bíonn sé ar fáil freisin agus bailchríocha ornáideacha éagsúla air. Cruachláir a bhfuil poill ann is ea pionnachláir. Déantar cúil chupaird, tóineanna tarraiceáin, painéis doirse agus feistithe siopa as cruachláir.

### Ceisteanna faoi Chaibidil 3

1. Mínigh go simplí an difríocht atá idir teirmeaplaistigh agus plaistigh theirmithéachtacha.
2. Luaigh ceithre shampla den úsáid a bhaintear as plaistigh i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:
  - (a) cistin tí;
  - (b) cúrsáí talmhaíochta;
  - (c) tionscal na tógála;
  - (d) cúrsáí spóirt agus caithimh aimsire.
3. Ainmnigh dhá airí atá ag gach ceann de na plaistigh seo a leanas:
  - (a) aicrileach;
  - (b) poileitiléin;
  - (c) polaivinilclóiríd;
  - (d) níolón;
  - (e) plaisteach feanólach;
  - (f) poileistir;
  - (g) poluireatán.
4. Ainmnigh trí rud a dhéantar as gach ceann de na plaistigh atá lúaite i gCeist 3.
5. Tabhair cuntas gairid ar chuíg thástáil shimplí a d'fhéadfá a dhéanamh i gceardlann na scoile chun plaistigh a aithint.
6. Dá dtabharfaí píosa poileitiléine ard-dlúis agus píosa polaivinilclóiride neamhphlaistithe duit, cén chaoi a n-aithneofá ceann amháin díobh ón gceann eile agus tástálacha simplí á ndéanamh agat orthu.

7. Cén fáth go mbíonn clúdach páipéir ar leatháin aicriligh?
8. Ainmnigh trí chineál sáibh ar féidir aicrileach a ghéarradh leo.
9. Cé na réamhchúraimí nach mór a ghlacadh nuair a bhítear ag sábhadh nó ag líomhadh aicriligh?
10. Liostaigh ceithre réamhchúram nach mór a ghlacadh ag druileáil leathán aicriligh.
11. Tabhair cuntas ar an gcaoi a snasófá faobhar aicriligh a ndearnadh líomhadh air.
12. Ainmnigh trí bhealach chun aicrileach a nascáil le hábhair eile.
13. Mínigh, le cabhair léaráide, conas a lúbfá stíall aicriligh go dronuilleach.
14. Mínigh, le cabhair léaráide, conas a dhéanfá babhla beag as leathán aicriligh.
15. Mínigh conas a dhéanfá an tromán páipéir atá taispeánta i bhFíor 17. Tá ornáid bheag le cur ann.
16. Mínigh an tionchar a bhíonn ag treo an tsnáithe ar neart an adhmaid.
17. Liostaigh trí airí choiteanna atá ag adhmad.
18. Déan léaráid de cheithre chineál uirlise gearrtha adhmaid agus ainmnigh gach ceann acu.
19. Déan léaráid de cheithre chineál ailt adhmad-áireachta agus ainmnigh gach ceann acu.
20. Liostaigh ceithre chineál brait a chuirtear ar adhmad.
21. Ainmní trí chineál bogadhmaid. Luaigh a bpríomhairíonna agus ainmnigh trí rud a dhéantar as gach ceann acu.
22. Ainmnigh trí chineál crua-adhmaid. Luaigh a bpríomharíonna agus ainmnigh trí rud a dhéantar as gach ceann acu.
23. Ainmnigh trí chineál clár saorga nó clár monaraithe agus ainmnigh trí rud a dhéantar as gach ceann acu.



FÍOR 17

## 4. Sábháilteacht

Bíonn cúis le gach timpiste agus má bhíonn tú airdeallach agus cúramach is féidir a lán acu a sheachaint. Seo a leanas roinnt pointí nach mór aird a thabhairt orthu i gceardlann na scoile.


### Feisteas agus Cúram Pearsanta

#### Éadach



Ná caith éadach scaoilte, go mór mór carbhat agus muinchillí fada fairsinge; is furasta leo a dhul i bhfostú i meaisín atá ar siúl agus an t-oibrí a tharraingt isteach ann (Fíor 2).

#### Gruaig


Is féidir le gruaig fhada, freisin, a dhul i bhfostú sa mheasín druileála.



FÍOR 2 D'FHÉADFADH ÉADAÍ SCAOILTE A DHUL I BHFOSTÚ I MEAISÍN GO HÉASCA




FÍOR 1 BÍ FEISTITHE I gCEART



FÍOR 3 BÍODH SCIATH CHOSANTA AR AN gCASDRUILIRE AR FHAITÍOS TIMPISTE

#### *Bróga*


Caith bróga láidre ar fhaítíos go dtitfeadh aon rud ar do chosa nó go seasfá ar aon ghob géar. Níl cuaráin feiliúnach i gceardlann na scoile.



FÍOR 4 CAITH BRÓGA FEILIÚNACHA

#### *Cosaint na Súl*

Bíonn na súile i mbaol ó dheannach, píosaí fuill, rudaí a radfaí san aer (scealpa miotail mar shàmpla) agus ó leachtanna éagsúla. Chun iad a cosaint ní mór spéaclaí cosanta nó aghaidhsciath a chaitheamh. Sampláí d'ócáidí a mbíonn contúirt i gceist ná nuair a bhíonn tú ag meilt



FÍOR 5 CAITH SPÉACLAI COSANTA NUAIR IS GÁ IAD


ábhair, ag meaisíniú ábhair, ag smiotadh, ag gaibhneacht agus ag úsáid leachtanna mar aigéid agus catailísigh. Má tharlaíonn go dtagann aigéad nó catailíseach i dteaghmháil leis na súile ní mór iad a ní láithreach.

I gcás timpiste súl ar bith ba cheart cóireáil dochtúra a fháil chomh luath agus is féidir.

#### *Contúirtí don Chraiceann*

Ní mór an craiceann a chosaint muair a bhítear ag plé le roisíní, le haigéid, le catailísigh, le tuaslagáin agus le hola. Ní hé amháin go ndéanann siad sin an craiceann tinn ach bíonn baol deirmitítis uathu freisin. Dá bhrí sin ba chóir smearadh cosanta a chur ar an gcraiceann sula dtosaíonn tú ar an obair. Ba chóir freisin lámhairní feiliúnacha agus aghaidhsciath a chaitheamh de réir mar a mholtar don obair.

Má thagann aon substaint chontúirteach ar an gcraiceann ba chóir í a ní de láithreach.



FÍOR 6 CAITH AGHAIDHSCIATH AGUS LÁMHAINNÍ DE RÉIR MAR IS GÁ

## *Deannach agus Múch*

Tagann deannach agus múch ó chineálacha éagsúla ábhair nuair a bhítear ag obair orthu. Mar shampla, deannach ó iarann teilgthe liath agus ó chuid de na plaistigh nuair a bhíonn siad á meisíniú; ó éadach éimir a bhíonn á úsáid ar ábhair, agus ó ábhair a bhíonn á meilt. Tagann múch ó fhearais téite, ó phlaistigh a bhíonn á dtéamh, ó aerasóil, ó phéinteanna agus ó spraenna agus ó thuaslagóirí etc.

Ní mór an deannach agus an mhúch a choinneáil chomh tanaí san aer agus is féidir. Sula dtosaítear ar an obair ní mór a bheith cinnte go bhfuil an áeráil sách maith chun go mbeadh soláthar d'aer úr san ionad oibre ar feadh an ama. Is minic go mbíonn gá le gaothráin agus ní mór iad a bheith suite in ionaid oriúna chun an aeráil a bheith sásúil. Is féidir freisin, ar ndóigh, an aeráil a fheabhsú trí dhoirse agus fuinneoga a oscailt, agus ba chóir é sin a dhéanamh de réir mar is gá.

Maidir leis an gceárta, ní mór don fhorscáth agus don simláir a bheith in ann an mhúch a thabhairt chun bealaigh go héifeachtach. I gcás deannaigh ba chóir masc scagtha a chaitheamh, chomh maith leis an aeráil a feabhsú san áit.

## *Sláinteas*

Nígh do lámha i gcónaí tar éis a bheith ag obair i gceardlann na scoile agus go háirithe sula láimhsíonn tú aon bhia.

## *Iompar*


Is féidir go mbeadh drochthimpistí ina dtoradh ar mhí-iompar, pléaráca, cleasaíocht, caitheamh rudaí agus béisíl, nó ar aon iompar a tharraingeodh aird duine óna chuid oibre, go mór mór más ar mheaisín atá sé ag obair.

## *Leictreachas*

Ná déan iarracht aon fhearas leictreach a dheisiú. Má tá cáblaí scailte, nó an t-insliú ag imeacht díobh, cuir in iúl don mhúinteoir é láithreach.

## *An tUrlár*

Ná fág rudaí caite timpeall an urláir agus má dhoirtear ola nó uisce air ní mór é a għlanadh láithreach mar go bhfəadfadħ duine sleamhnú air.



FÍOR 7 NÁ BÍODH RUDAI CAITE AR AN URLÁR

## *An Binse*

Coinnigh an binse glan agus néata agus ná fág uirlisé caite sa timpeall air.

## *Oibriú Meaisíní*

Ná húsáid meaisín gan chead, ná go dtí go mbíonn treoir faighe agat agus tú cinnte conas é a obriú. Faigh amach ar dtús an chaoi is tapa chun é a stopadh agus déan cleachtadh ar é a stopadh sa chaoi go mbeidh tú in ann é a dhéanamh láithreach má bhíonn gá leis. Ná bí ag obair ná ag útamáil le meaisíní idir ranganna ná aon uair nach mbíonn an müinteoir i láthair. Ní ceart ach dalta amháin a bheith i mbun gach meaisín. Ná fág an eochair i gcrágán na deile ná i gcrágán an druilire, agus bí cinnte go bhfuil an saotharphíosa a bhfuil tú ag obair air i ngreim go daingean sula dtosaíonn tú an meaisín.

## *Sciath Chosanta an Mheaisín*

Ná húsáid meaisín a bhfuil an sciath chosanta bainte de agus ná bain tú féin an sciath de mheaisín riamh.


## *Għanadh Meaisini*

Coinnigh na meaisini glan agus néata ach ná glan ceann go deo agus é ar bun. Tá sé an-chontúirteach ceirt għlanta a úsáid in aice le fearsaid atá ag casadh. Rachadħ sí i ngreim go héasca san fhearsaid agus ní bheadh morán deise agat do chuid méar a scaileadh aisti.

Ná láimhsigh slisirníneach a thagann ó mheaisín; d'fhéadfadh sé thíú a ghearradh go dona. Bíonn sé an-te ar uairibh freisin.

### Uirlísí Láimhe

Ná húsáid líomhán a bhfuil an lámh ar bogadh air, ná casúr a bhfuil an ceann ar bogadh air. I gcás boltaí agus cnónna, úsáid castairí agus rinsí a fheileann go dlúth dóibh. Ná beir i do lámh ar rud a bhfuil tú ag úsáid scriúire air (Fíor 8).




FÍOR 8 NÁ HÚSÁID SCRÍÚIRE AR RUD ATÁ I DO LÁMH

Ná húsáid siséal ná pritil a bhfuil ceann muisiriúnach orthu mar d'fhéadfadh scealpa éirí as a gceann agus thíú a ghortú. Inis don mhúinteoir ina dtaoibh agus meilfidh seisean iad.


### Stóráil agus Láimhsíú Miotal

Fainic faobhair ghéara agus burraí ar phíosaí miotal, go mór mór píosaí a gearradh le deimheas. Caith lámhainní cosanta agus tú ag láimhsíú barraí agus leathán. Ba chóir ábhair a stóráil sa chaoi nach mbeidh aon bhaol go dtitfidh siad agus níor chóir iad a bheith ag gobadh amach ar eagla go mbualifeadh duine fúthu agus é ag dul tharstu. Ba chóir na barraí is troime a chur in fochtar an raca sa chaoi má thiteann siad nach mbeidh i bhfad le dul acu agus nach ndéanfaidh siad móran damáiste.

Má bhíonn aon bhurraí ar phíosa miotal a bhfuil tú ag dul ag obair air, líomh de iad sula dtosaíonn tú.



FÍOR 9 FAINIC FAOBHAIR GHÉARA SPIACÁNACHA



FÍOR 10 NÁ FÁG BARRAÍ AG GOBADH AMACH AS RACAÍ

### Téamh Ábhair

Is minic gur gá miotal a théamh i gceardlann na scoile, mar shampla chun sádráil, prásáil, gaibhniú, agus teaschóireáil a dhéanamh, agus chun leatháin aicriligh a lúbadh. Ní mór a bheith cúramach leis an bhfearas téite, leis na huirlísí agus leis na hábhair théite, ar mhaithle le timpistí a sheachaint.

Tabhair aird ar leith ar na pointí seo a leanas:

- Ná las aon fhearas téite go dtí go mbíonn tú cinnte conas é a oibriú agus go mbíonn cead faigte agat é a úsáid.
- Nuair a bhíonn fearas gáis á úsáid agat cinntigh nach bhfuil sé fágtha ar bun ar feadh tamaill agus gan é lasta. Má tharlaíonn go mbíonn ná déan aon iarracht é a lasadh agus ná lig aon lasair gar don áit. Ní mór é a chasadach as agus an áit a aeráil go maith sula mbíonn sé sábhálte é a lasadh.




FÍOR 11 NÁ DÉAN IARRACHT FEARAS GÁIS ATÁ FÁGTHA AR BUN AGUS GAN É LASTA, A LASADH

- Má thugann tú faoi deara gás ag sceitheadh aon uair, cuir in iúl don mhúinteoir é láithreach. Ná húsáid lasair go deo le fáil amach an bhfuil gás ag sceitheadh.
- Nuair a bhíonn tú ag lasadh tóirse gáis iompaigh uait é agus úsáid spréachlastóir chun é a lasadh.
- Seachain nach mbuaileann tú aon duine le píosa te miotal agus tú á thabhairt ó ionad amháin go hionad eile.
- Ná bíodh ach duine amháin san am ag úsáid na hinneonach. Bíodh an saotharphíosa i ngreim go maith agat nuair a bhíonn tú á thuargaint ar an inneoin, ar fhaitíos go n-imeodh sé san aer agus duine éigin a ghortú.
- Má bhíonn tú ag téamh miotal bí cinnte go bhfuil sé fuaraithe sula mbeireann tú i do lámh air, mar go bhféadfá drochdhó a fháil ó mhiotal, go fiú agus



FÍOR 12 NUAIR A BHÍONN TÚ AG LASADH TÓIRSE GÁIS IOMPAIGH UAIT É




FÍOR 13 SEACHAIN NACH MBUAILEANN TÚ AON DUINE LE PÍOSA MIOTAL TE

gan é dearg. Ná fág píosaí teo miotal caite sa timpeall ar fhaitíos go bpriocfadh duine eile suas ina lámh iad agus gan a fhios aige go bhfuil siad te.



FÍOR 14 NÁ PIOC SUAS PÍOSA MIOTAIL GAN A BHEITH CINNTE GO BHFUL SÉ FUAR

- Cinntigh go bhfuil na huirlísí go léir fuardaithe sula gcuireann tú i dtaisce iad.



FÍOR 15 FUARAIGH AON ÁBHAR ATÁ TE SULA BHFÁGANN TÚ D'ÁIT OIBRE

- Fainic an ghal a éiríonn ó mhiotal te nuair a fhuardaitear in uisce é. Ní mór cúram ar leith a ghlacadh nuair a bhíonn tú ag fuarú píopa te mar go bhféadfadh gal scairdeadh amach as. Dá bhrí sin, dírigh béal an phíopa amach uait i gconaí.



FÍOR 16 FAINIC AN GHAL A ÉIRÍONN Ó MHIOTAL TE AGUS É Á FHUARÚ

- Nuair a bhíonn miotal á thumadh in ola mar chuid den phróiseas teaschóireála ní mór a bheith cúramach nach dtéann an ola trí thine. Ba cheart ola nach lasfaidh go héasca a úsáid, agus an chuid théite go léir den mhiotal a thumadh inti. Ba chóir, freisin, clúdach aerobach a bheith ar shoitheach na hola. Má lasann an ola is féidir an clúdach a chur anuas ar an soitheach sa chaoi go stopfar an soláthar aeir chuig an dóiteán agus go múchfar é.
- Má théitear earra folamh aerobach beidh contúirt ann go bpcléascfaidh sé. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, dá mbeifí ag sádráil nó ag prásáil feadáin nó hanla a mbeadh a dhá cheann dánta, le hearra éigin. I gcás mar sin ní mór poll beag a chur san fheadán chun go mbeidh bealach éalaithe ag an aer. Bheadh sé níos contúirtí fós earra aerobach a mbeadh fliuchras ann a théamh.
- Is cosaint mhaith iad spéaclaí cosanta, naprún leathair agus lámhairinní leathair agus tú ag obair le hábhair theo agus ba chóir iad a chaitheamh de réir mar a bhíonn gá leo.

#### Contúirtí Dóiteáin

Ní mór réamhchúraimí speciaalta a chur i bhfeidhm i gceardlann na scoile chun dóiteáin a chosc, agus ní mór do na daltaí chomh maith leis an múinteoir, eolas a bheith acu ar na céimeanna sábháilteachta atá le cur i

gcrích i gcás dóiteáin. Seo a leanas roinnt pointí nach mór a bheith cúramach fúthu:


1. Ní mór aon obair ina mbíonn miotal á théamh a dhéanamh in ionad sábháilte ar leith atá saor ó ábhair indóite, agus a bhfuil deiseanna sásúla fuaraithe ar fáil ann.
2. Bí cinnte go bhfuil na réamhchúraimí sábháilteachta a bhaineann le haon fhearas téite a bheadh á úsáid agat, ar eolas agat.
3. Ná déan aon obair le plaitigh gan treoir a bheith faigthe agat ón múinteoir ná gan eolas a bheith agat ar na réamhchúraimí sábháilteachta a bhainneann leo.
4. Ná measc catalíscigh agus luathóirí go díreach le chéile mar go dtarlódh imoibriú fiochmhar agus pléasc, b'fhéidir. Mar gheall ar sin, tá sé níos sábháilte roisín poileistire réamhluathaithe a úsáid i gceardlann na scoile.
5. Ní ceart catalíscigh agus luathóirí a stóráil le chéile. I gcófraí miotal is fearr iad a stóráil más féidir é. Ní mór iad a choinneáil amach ó aon fhoinsí teasa agus gan iad a fhágáil faoin ngrian.
6. Ba chóir aon fharasbarr roisín a bhfuil catalíseach curtha tríd a scaipeadh amach chun nach n-ardóidh



FÍOR 17 MÁ DHOIRTEAR AON ROISÍN BA CHÓIR É A CHLÚDACH LE GAINÉAMH

a theocht rómhór, agus má dhoirtear aon chuid de ba chóir é a chlúdach le gaineamh agus ansin é a thabhairt taobh amuigh.

7. Ná húsáid ceirt chun substaintí difriúla a ghlanadh ar fhaitíos go meascaí catalíseach agus luathóir agus go dtosódh dóiteán.
  8. Cinntigh go bhfágann tú d'áit oibre go sábháilte i do dhiaidh, i.e. gach fearas téite casta as, aon ábhar a bhí téite fuaraithe agus gan aon fhuilleach indóite, go mór mór ceirteacha a bhfuil ola orthu, fágtha sa timpeall.
  9. Cloígh go daingean leis na modhanna imeachta agus leis na treoracha a tugadh le linn cleachtaí aslonnaithe. Cuir eolas ar a mbíonn scríofa i bhfógraí dóiteáin.
- Bíodh a fhios agat cá bhfuil an t-ionad tionóil (áit chinnte a rachaidh daoine ann i gcás dóiteáin ionas gur féidir iad a chomhaireamh) agus conas an t-aláram a bhaint. Ní mór an foirgneamh a fhágáil go tapa ach é a dhéanamh go ciúin staídéarach agus faoi ord agus eager. D'fhéadfadh tionóisc níos measa tarlú de bharr ruaille buaille ná de dheasca an dóiteáin féin.



FÍOR 18 BA CHÓIR GO mBEADH SÉ ÉASCA TEACHT AR MHÚCHTÓIRÍ DÓITEÁIN

## Múchtóirí Dóiteán


Ba chóir go mbeadh múchtóirí dóiteáin i ngach seomra. Ba cheart iad a bheith suite in áiteanna feiceálacha, lárnacha sa chaoi go mbeidh sé éasca teacht orthu agus gur féidir iad a úsáid i roinnt treonna.

Bí cúramach gan an mhúch a análú tar éis múchtóirí a úsáid. Nuair atáthar cinnte go bhfuil an dóiteán as ní

mór an áit a aeráil go maith. Bíonn na treoracha maidir lena n-úsáid scríofa ar na múchtóirí. Ní mór múchtóiri dóiteáin a sheiceáil go rialta de réir threoracha na ndéantóirí.

Tá cineálacha éagsúla múchtóirí ar fáil mar atá taispeánta sa tábla thíos.

MÚCHTÓIRÍ DÓITEÁIN	ÚSÁIDÍ
MÚCHTÓIRÍ UISCE	DÓITEÁIN INA mBÍONN ÁBHAIR SHOLADACHA MAR ADHMAD AGUS PÁIPÉAR
MÚCHTÓIRÍ CÚIR	DÓITEÁIN INA mBÍONN LEACHTANNA INLASTA
MÚCHTÓIRÍ LEACHTA GALAITHE	DÓITEÁIN INA mBÍONN FEARAS LEICTREACH BEO AGUS LEACHTANNA INLASTA
MÚCHTÓIRÍ DÉ-OCSAÍDE CARBÓIN	DÓITEÁIN INA mBÍONN LEACHTANNA INLASTA AGUS FEARAS LEICTREACH BEO
MÚCHTÓIRÍ PÚDAIR THIRIM	DÓITEÁIN INA mBÍONN LEACHTANNA INLASTA AGUS FEARAS LEICTREACH BEO



FÍOR 19 BÍODH A FHIOS AGAT CÉARD TÁ LE DÉANAMH MÁ THOSAÍONN DÓITEÁN

## Dóiteán Leictreacha

Má thosaíonn dóiteán leictreach ba chóir lasc an leictreachais a chasadhl as agus ansin múchtóir a oireann don ábhar atá ag dó a úsáid, más féidir é sin a dhéanamh gan dul i gcontúirt. Muna féidir a bheith cinnte go bhfuil an leictreachas casta as ní mór ábhár múchta a úsáid nach seolaí leictreachais é, i.e. leacht ghalaithe, púdar tirim nó dé-ocsaíd charbóin. Dá n-úsáidfí ábhar múchta ar seolaí leictreachais é d'fhéadfadh sruth leictreach teacht tríd go dtí an duine a bheadh á úsáid agus é a mharú.


### Ceisteanna faoi Chaibidil 4

1. Luaigh ceithre phointe sábháilteachta nach mór a bheith cúramach fúthu maidir leis an éadach agus na bróga a chaitheann tú i gceardlann na scoile.
2. Luaigh cúig phointe sábháilteachta nach mór a bheith cúramach fúthu agus uirlísí láimhe á n-úsáid.
3. Luaigh cúig phointe sábháilteachta nach mór a bheith cúramach fúthu agus an meaisín druileála á úsáid.
4. Luaigh cúig phointe sábháilteachta nach mór a bheith cúramach fúthu agus an deil á húsáid.
5. Luaigh cúig phointe sábháilteachta nach mór a bheith cúramach fúthu maidir le stóráil agus láimhsíú ábhair i gceardlann na scoile.
6. Luaigh cúig shlí a bhféadfadh na síle a bheith i mbaol i gceardlann na scoile agus abair conas a d'fhéadfaí na cúig bhaol sin a sheachaint.
7. Luaigh sé phointe sábháilteachta nach mór a bheith cúramach fúthu agus miotal á théamh i gceardlann na scoile.
8. Luaigh sé réamhchúram nach mór a chur i bhfeidhm i gceardlann na scoile ar mhaithe le dóiteán a sheachaint.
9. Ainmnigh múchtóir dóiteán a bheadh oriúinach sna cásanna seo a leanas:
  - (a) dóiteán adhmaid;
  - (b) dóiteán leachtanna inlasta;
  - (c) dóiteán i bhfearas leictreach beo nuair nach féidir an lasc a shroicheadh go sábháilte chun an leictreachas a chasadhl as.

## 5. Marcáil Amach agus Tomhas

Déantar marcáil amach ar ábhar chun imlíne saotharphíosa atá le déanamh as a thaispeáint air. Ní mór an mharcáil amach a bheith cruinn agus soiléir chun obair bheacht a dhéanamh. Le scríobaire a dhéantar an mharcáil amach ar mhiotail go minic. Ní bhíonn línte an scríobaire róshoiléir ar dhromchlaí lonracha mar chruach bhog gheal, agus ar mhaithe le hiad a dhéanamh níos feiceálaí ba chóir an dromchla a bhratú le tuaslagán de shulfaití chopair nó le sreabhán marcála sula dtosaítear ar an marcáil amach. Ba cheart peann luaidhe crua nó scríobaire práis a úsáid ar mhiotail ornáideacha mar phrás, chopar, stánphláta agus alúmanan ionas nach ndéanfar dochar dá ndromchla.

Déantar an mharcáil amach ó phointí tagra, ó línte tagra, ó dhromchlaí, agus ó fhaobhair thagra (féach an difríocht idir *ciumhais agus faobhar* i bhFíor 1).




FÍOR 1 CIUMHAIS AGUS FAOBHAR

### UIRLISÍ MARCÁLA AMACH

#### An Scríobaire

Úsáidtear an scríobaire cun línte a tharraingt ar mhiotal. Tá scríobairí éagsúla ann agus iad ar fad déanta as cruach ardcharbóin.


Bíonn bior an scríobaire cruaite agus faghartha, agus meilte ar uillinn  $30^{\circ}$ . Tá scríobairí aonbhiúracha (Fíor 2.a) agus scríobairí débhíoracha (Fíor 2.b) ann. Is féidir an bior nó na bioranna a bhaint de chuid acu.



FÍOR 2 AN SCRÍOBAIRE

Úsáidtear an bior lúbtha atá ar an scríobaire débhíorach in áiteanna a bheadh doshroichte leis an mbior díreach. Bíonn na scríobairí foirbthe chun gur féidir greim maith a fháil orthu. Nuair a bhíonn an scríobaire á úsáid le rialóir nó le bacart ba chóir é a chlaonadh, ar mhaithe le míchruinneas a sheachaint (Fíor 3).


Ní ceart an scríobaire a úsáid mar luamhán ná mar phritil mar go bhfuil sé éasca damáiste a dhéanamh dá bhior.



FÍOR 3 AN SCRÍOBAIRE Á ÚSÁID

## An Rialóir Innealtóra

Tá an rialóir innealtóra ar fáil ina fhaid éagsúla ach is iad na cinn 150 mm agus 300 mm (Fíor 4) is coitianta a úsáidtear. Bíonn siad grádaithe ina gceintiméadair, ina milliméadair agus ina leathmhilliméadair.




FÍOR 4 AN RIALÓIR INNEALTÓRA


Ar mhaithle cruinneas ba chóir an rialóir innealtóra a chur ar a fhaobhar nuair a bhíonn tomhas á dhéanamh leis (Fíor 5), agus munna féidir é sin a dhéanamh ba chóir an tsúil a choinneáil in aon líne leis an ngrádúchán (an marc ar an rialóir) ag a bhfuil an tomhas á dhéanamh (Fíor 6). Ní mór a bheith cúramach nach ndéantar



FÍOR 5 AN RIALÓIR Á ÚSAID AR A FHAOBHAR



FÍOR 6 AN TSÚIL IN AONLÍNE LE GRÁDÚCHÁN AR AN RIALÓIR




FÍOR 7 AN TÉIPRIALÓIR

damáiste do chuid ar bith d'fhaobhar an rialóra mar is minic go ndéantar tomhas óna cheann agus go n-úsáidtear mar riaileumhais é chun ciumhaiseanna a sheiceáil agus chun línte a tharraingt.

Tá an téiprialóir (Fíor 7) úsáideach i gcomhair toisí fada.

## An Bacart Innealtóra


Dhá chuid a bhíonn sa bhacart innealtóra (Fíor 8) — an ceap agus an lann, agus iad greamaithe go dronuilleach lena chéile le seamanna. Bíonn an lann cruaite agus faghartha. Ní mór an ceap a choinneáil brúite in aghaidh an tsaotharphíosa ar a mbíonn an



FÍOR 8 AN BACART INNEALTÓRA


bacart á úsáid. Bíonn eitre bheag sa cheap i mbun na lainne ar fhaitíos go mbeadh burra ar fhaobhar an tsaotharphíosa. Tá úsáidí coitianta an bhacairt léirithe i bhFíor 9 agus tá cur síos ar an bhFíor sin anseo a leanas:

- líne á tarraigte go dronuilleach le ciumhais dhíreach;
- dronuillinn á seiceáil leis an taobh istigh den bhacart;
- seiceáil á déanamh leis an taobh amuigh den bhacart;
- an lann á húsáid mar riaileumhais;
- líne á socrú ar éadan barra chiorcláigh, ingearach le dromchla tagra.



FÍOR 9 AN BACART Á ÚSAID

Ní mór a bheith cúramach nach gcuirtear as do chruinneas an bhacairt, i.e. gan a bheith ag bualadh rudaí leis an gceap; gan ligean dó titim ar an urlár, agus é a chur i leataobh go sábháilte nuair nach mbíonn sé á úsaid. Tá bealach simplí chun cruinneas an bhacairt




FÍOR 10 CRUINNEAS BACAIRT Á SHEICEÁIL

a sheiceáil léirithe i bhFíor 10, i.e. cuir an ceap in aghaidh faobhar díreach agus tarraing líne feadh fhaobhar na lainne; cas thart an bacart agus tarraing líne eile feadh a fhaobhair. Muna mbíonn an dá líne anuas ar a chéile níl an bacart cruinn.


### An Lárphritil

Úsáidtear an lárphritil chun poncanna nó spotaí a chur ar línte tar éis iad a mharcáil amach, ar mhaithe le hiad a shoiléiriú don oibrí; chun marc nó spota a dhéanamh le haghaidh ceann de bhioranna an rannadóra nuair a bhíonn ciocal nó stua le tarraigts, agus chun marc a dhéanamh le haghaidh an chasdruilire nuair a bhíonn poll le druileáil.



FÍOR 11

Ba chóir an lárphritil a chlaonadh (Fíor 12) chun a bior a shocrú go cruinn san ionad ceart agus ansin í a thabhairt ingearach chun í a bhualadh. As cruach ardcharbóin a bhíonn an lárphritil déanta agus bíonn a bior cruaite agus faghartha. Bíonn na lárphritilí ciorclacha foirbthe sa chaoi gur féidir greim maith a fháil orthu. Uillinn tuairim is  $60^{\circ}$  nó  $90^{\circ}$  a bhíonn ar bhior na lárphritile go hiondúil.




FÍOR 12 CLAON AN LÁRPHRITIL CHUN  
Í A SHOCRÚ SAN IONAD CEART

Uaireanta úsáidtear pritil ar leith chun marcanna nó spotaí a chur ar línte, agus ceann eile chun marcanna a dhéanamh le haghaidh lárpoll. Sa chás seo tugtar pritil spotála ar an gceann a úsáidtear chun poncanna nó spotaí a chur ar línte agus lárphritil ar an gceann a úsáidtear chun lárphoill a mharcáil. Bíonn bior na pritile spotála meilte ar uillinn  $60^{\circ}$  agus bior na lárphritile speisialta meilte ar uillinn  $90^{\circ}$ . Bíonn an lárphritil speisialta seo níos mó ná an phritil spotála sa chaoi gur féidir marc mór a dhéanamh léi le haghaidh rinn an chasdruilire.

#### An Lárphritil Uathoibríoch


Ní bhualtear an lárphritil uathoibríoch le casúr; is amhlaidh a bhrúitear leis an lámh í chun an marc nó an spota a dhéanamh. Is féidir doimhneacht an mhairc a shocrú tríd an mbarr foirbthe atá uirthi a chasadh.




FÍOR 13 AN LÁRPHRITIL  
UATHOIBRÍOCH

#### An Rannadóir

Úsáidtear an rannadóir (Fíor 14) chun ciorcail agus stuanna a tharraingt ar mhiotal, chun toisí a aistriú agus chun tógálacha céimseátula a dhéanamh ar mhiotal. Is féidir toise a shocrú go cruinn ar an rannadóir trí na bioranna a leagan anuas ar ghrádúcháin an rialóra (Fíor 15).



FÍOR 14 AN RANNADÓIR  
SPRIONGACH




FÍOR 15 AN RANNADÓIR  
Á SHOCRÚ

Tá dhá chineál rannadóra ann; ceann a bhfuil alt docht ann agus ceann a bhfuil alt spriongach ann. Uaireanta bíonn cnó inchoigearaithe scoilte orthu chun iad a shocrú go tapa. Is de réir an fhaid ó lár an rollóra go dtí barr bhior na coise a mheastar méid an rannadóra. As cruach ardcharbóin a bhíonn na cosa déanta agus bíonn na bioranna cruaite agus faghartha. Bíonn na bioranna briosc agus ní mór a bheith cúramach nach mbristear iad. Má bhíonn gá lena ngéarú ní mór iad a choinneáil ar aon fhad.

## An Compás Eiteach


Úsáidtear an compás eiteach (Fíor 16) chun ciorcail mhóra agus stuanna móra a tharraingt. Glasáiltear ar an toise riachtanach é le scriú ordóige.




FÍOR 16 AN COMPÁS EITEACH

## An Cailipéar Corrchosach

Bíonn camóg nó spor (Fíor 17) ar chos amháin de chuid an chailipéir chorrcosaigh, agus bior scríobaire ar an gcos eile. Nuair a bhítear ag socrú toise ar an gcaillipéar corrchosach is ó cheann an rialóra a dhéantar é



FÍOR 17 AN CAILIPÉAR CORRCHOSACH





FÍOR 18 TOISE Á SOCRÚ AR AN gCAILIPÉAR CORRCHOSACH Ó CHEANN AN RIALÓRA


(Fíor 18), nó marcáltear an toise ar an saotharphíosa agus socraítear an cailipéar uaidh sin. Seo a leanas an úsáid a bhaintear as (féach Fíor 19):

- línte a tharraingt comhthreomhar le faobhair dhíreacha;
- línte a tharraingt ar bharraí sorcóireacha a bhíonn le deileadh;
- lárphointí barraí ciorclacha a fháil.

(a) LÍNE A THARRAINGT COMHHTREOMHAR LE FAOBHAR




(b) LÍNE A THARRAINGT TIMPEALL AR BHARRA CIORCLACH



(c) LÁRPHPOINTÉ BARRA CHIORCLAIGH A FHÁIL

FÍOR 19 ÚSÁIDÍ AN CHAILIPÉIR CHORRCOSAIGH

Ní mór an cailipéar corrchosach a úsáid go cúramach chun earráidí a sheachaint, faoi mar atá taispeánta i bhFíor 20.




(a) COINNIGH AN CAILIPÉAR DRONNUILLEACH (90°) LEIS AN bhFAOBHAR  
 (b) NÁ LIG DÓ SLEAMHNÚ ANUAS AN FAOBHAR

FÍOR 20 AN CAILIPÉAR Á ÚSÁID


### An Cailipéar Seachtrach

Tá dhá chineál cailipéar seachtrach ann, an cailipéar seachtrach spriongach (Fíor 21.a) agus an cailipéar seachtrach ailt dhocht (Fíor 21.b).



FÍOR 21 AN CAILIPÉAR SEACHTRACH

Úsáidtear an cailipéar seachtrach i gcomhar leis an rialóir chun trastomhais a thomhas, chun seiceáil go bhfuil toisí ar leith i rud, agus chun comparáid a dhéanamh idir rudaí ó thaobh méide de. Chun oscailt an chailipéir a thomhas ar an rialóir ba chóir cos amháin dá chuid a chur in aghaidh cheann an rialóra agus an toise a léamh ag an dara cos (Fíor 22.a).




(a) AN CAILIPÉAR Á SHOCRÚ NÓ Á LÉAMH AR RIALÓIR  
 (b) BA CHÓIR GO mBEADH AN CAILIPÉAR IN ANN SLEAMHNÚ ANUAS AR AN SAOTHARPHÍOSA FAOINA MHEÁCHAN FÉIN

FÍOR 22 AN CAILIPÉAR SEACHTRACH Á ÚSÁID

Úsáidtear an cailipéar go minic nuair a bhíonn saotharphíosa á dheileadh ar mhaithle le trastomhas áirithe a chur ann. Sa chás sin is féidir an cailipéar a shocrú le rialóir nó le barra a bhfuil an trastomhas riachtanach ann. Bíonn an trastomhas ceart sa saotharphíosa nuair a bhíonn an cailipéar díreach in ann sleamhnú anuas air faoina mheáchan féin (Fíor 22.b).


### An Cailipéar Inmheánach

Ar an gcaoi chéanna leis an gcailipéar seachtrach, tá dhá chineál cailipéar inmheánach ann — an cailipéar inmheánach spriongach (Fíor 23.a) agus an cailipéar inmheánach ailt dhocht (Fíor 23.b). Úsáidtear na cailipéir inmheánacha chun faid inmheánacha a thomhas agus a sheiceáil, mar shampla, trastomhas poll.



FÍOR 23 AN CAILIPÉAR INMHEÁNACH


Chun toise a shocrú ar an gcailipéar inmheánach le rialóir ba chóir cos amháin dá chuid, agus an rialóir, a chur in aghaidh dromchla chothroim — ceap bacairt, mar shampla (Fíor 24.a). Is féidir toisí a shocrú air le micriméadar freisin. Chun trastomhas a sheiceáil ba chóir cos amháin de chuid an chailipéir a choinneáil socair agus an chos eile a luascadh (Fíor 24.b).




FÍOR 24 AN CAILIPÉAR Á ÚSAID

### An Beibheal

Úsáidtear an beibheal (Fíor 25) chun uillinneacha seachas dronuillinneacha a mharcáil amach nó a sheiceáil. Socraítear an lann ar an uillinn riachtanach le huillinntomhas socrúcháin (Fíor 26) agus daingnítear í le scriú clampála.




FÍOR 25 AN BEIBHEAL



FÍOR 26 AN TUILLINNTOMHAS SOCRÚCHÁIN  
Á ÚSAID LE LANN AN BHEIBHIL A SHOCRÚ

## An tUillinnntomhas Innealtóra


Uirlis eile chun uillinneacha a mharcáil amach agus a sheiceáil is ea an t-uillinnntomhas innealtóra (Fíor 27). Úsáidtear freisin é chun toisí a shocrú ar an mbeibheal.



FÍOR 27 AN tUIILLINNTOMHAS INNEALTÓRA

## An tIltomhsaire


Is éard atá san iltomhsaire ná rialóir a bhfuil trí chnoga inbhogtha air. Is iad na trí chnoga atá i gceist ná:



FÍOR 29 AN tILTOMHSAIRE

## An Bacart Láir

Úsáidtear an bacart láir (Fíor 28) chun lárphointe éadain bharra shorcóirigh nó diosca a fháil. Tarraingítear dhá líne leis an mbacart láir ar an éadan, agus an áit a dtrasnaíonn na línte sin a chéile, sin é lárphointe éadan an bharra.




FÍOR 28 AN BACART LÁIR

- (a) cnoga bacairt chun dronuillinneacha, agus uillinneacha  $45^{\circ}$  a mharcáil amach agus a sheiceáil,

agus le feidhmiú mar thomhsaire doimhneachta (Fíor 30.a);  
 (b) cnoga uillinnntomhais chun uillinn ar bith a mharcáil amach nó a sheiceáil (Fíor 30.b);

(c) cnoga bacairt láir chun lárphointe éadain barra shorcóirigh a fháil (Fíor 30.c).


Bíonn leachtleibhéal sa chnoga bacairt agus sa chnoga uillinnntomhais.



FÍOR 30 AN TILTOMHSAIRE Á ÚSÁID

#### An Rialóir Eochairchlaise

Úsáidtear an rialóir eochairchlaise chun línte comhthreomhara a tharraingt ar bharraí sorcóireacha, mar shampla, nuair a bhíonn eochairchlais á marcáil amach ar bharra.




FÍOR 31 AN RIALÓIR EOCHAIRCHLASE

#### An Pláta Dromchla

Úsáidtear an pláta dromchla (Fíor 32) mar dhromchla chun marcáil amach a dhéanamh air agus chun dromchlaí eile a sheiceáil féachaint an bhfuil siad cothrom. Bíonn dromchla an phláta cothrom agus bailchríoch mhín bheacht air. Bíonn bailchríoch mhín bheacht ar a chuid taobhanna freisin agus iad dronuilleach le chéile agus leis an dromchla. Trí chos a bhíonn faoi go hiondúil sa chaoi go seasann sé socair i gcónaí. Bíonn easnacha faoin dromchla chun é a choinneáil ó dhíchumadh.


Ní mór a bheith cúramach nach ndéantar damáiste do dhromchla an phláta dromchla. Ba chóir é a choinneáil glan agus nuair nach mbíonn sé á úsáid é a smearadh le hola, agus clúdach adhmaid a chur air.



FÍOR 32 AN PLÁTA DROMCHLA

### An Rianaire Dromchla


Úsáidtear an rianaire dromchla (nó an bloc scríobtha mar a thugtar air uaireanta) i dteannta an phláta dromchla chun línte a tharraingt ar shaotharphíosaí sa chaoi go mbeidh na línte sin comhthreomhar le dromchla an phláta. Nuair a bhíonn airde scríobaire an rianaire dromchla á shocrú leis an rialóir ní mór don rialóir a bheith ingearach leis an bpláta dromchla. Chuige sin is



FÍOR 33 AN RIANAIRE DROMCHLA  
(NÓ AN BLOC SCRÍOBTHA)


féidir an rialóir a choimeád in aghaidh bacairt ní in aghaidh rialóir an iltomhsaire agus é socraithe sa chnoga bacairt (Fíor 34.a).

Is féidir an rianaire dromchla a úsáid freisin agus an ceann lúbtha den scríobaire claonta anuas, chun seiceáil an bhfuil dhá dhromchla comhthreomhar lena chéile (Fíor 34.c). Bíonn deis inchoigeartaithe mhionchruiinnis ar chuid de na rianairí dromchla. Bíonn siad ar fáil freisin agus V-eitre ina mbonn sa chaoi gur féidir iad a úsáid ar shaotharphíosaí sorcóireacha.



(a) AN RIANAIRE Á SHOCRÚ


(b) LÍNE Á TARRAINGT  
COMHHTREOMHAR  
LE DROMCHLA TAGRA




FÍOR 34 AN RIANAIRE DROMCHLA Á ÚSÁID

### An V-bhloc

Úsáidtear an V-bhloc chun saotharphíosaí sorcóireacha a choinneáil nuair a bhíonn siad á marcáil amach ar an bpláta dromchla nó á ndruileáil. Déantar na V-bhloic ina bpéirí agus bíonn an uimhir chéanna stampáilte ar gach ceann den phéire. Ba chóir an péire a choinneáil le chéile agus a úsáid in éineacht nuair a bhíonn gá leis sin. Bíonn sliotáin i dtaobh cuid acu i gcomhair clampa



FÍOR 35 DHÁ V-BHLOC AGUS CLAMPA




FÍOR 36 MARCÁIL AMACH Á DÉANAMH LE V-BHLOC

(féach na cinn i bhFíor 35). As iarann teilgthe nó cruach bhog screamhchruaite a bíonn siad déanta. Ba chóir a bheith cúramach gan iad a mharcáil leis an gcasdruiirc le linn druileála, ná gan buille trom a thabhairt do shaotharphíosa a bheadh socraithe orthu.

### An Micriméadar


Is urlis mhiontomhais é an micriméadar. Go bunúsach, tá sé cosúil le C-chlampa beag (Fíor 37). De réir mar a chastar an scriú osclaíonn nó dúnann an clampa. Bíonn



FÍOR 37 AN C-CHLAMPA

páirteanna breise ar an micriméadar (Fíor 38) ionas gur féidir méid na hoscaithe a léamh air. Tomhaistear saotharphíosaí idir éadan na hinneonach agus éadan na fearsaide. Tá fearsaid an mhicriméadair cosúil le scriú an chlampa, mar go bhfuil snáithe ar thaobh amháin di chun gur féidir í a scriúáil isteach agus amach sa mhuinchille. Tá an méaracán ceangailte den cheann amuigh di agus is leis a chastar í. Athraítear oscailt an mhicriméadair fad nó achar a bhíonn cothrom le céim amháin de shnáithe na fearsaide le casadh iomlán amháin den mhéaracán. Bíonn ciuhais bheibhealta an mhéaracán roinnte ina comhchodanna chun codanna de chasadadh a thomas. Bíonn líne thagra agus scála tomhais ar an muinchille. Bíonn an fad idir gach grádúchán ar an scála sin cothrom le céim amháin de shnáithe na fearsaide. De réir mar a chastar an méaracán gluaiseann a ciuhais feadh scála na muinchille.


Bíonn raon 25 mm ag na micriméadair mhéadracha agus bíonn siad ar fáil ina méideanna difriúla: 0-25 mm, 25-50 mm, agus 50-75 mm etc.



FÍOR 38 PÁIRTEANNA AN MHICRIMÉADAIR

#### An Micriméadar a Léamh

Bíonn 0.5 mm i ngach céim den snáithe ar an ngnáthmhicriméadar méadrach (Fíor 39) agus bíonn béal an mhéaracáin roinnte ina 50 comhchuid. Dá bhrí sin má chastar an méaracán feadh comhchuid amháin dá 50 comhchuid athraítear oscailt an mhicriméadar 0.5/50 mm nó 0.01 mm. Bíonn scála na muinchille grádaithe ina mhilliméadar agus ina leathmhilliméadar. Bíonn na milliméadair marcálte faoin líne thagra agus na leathmhilliméadair marcálte os a cionn (féach Fíor 39).




FÍOR 39

Mar seo a leanas a léitear an tomhas atá léirithe i bhFíor 39:

An léamh ar scála na muinchille	= 8.00 mm
(ag an líne dheiridh roimh bhéal an mhéaracáin)	
An léamh ar scála an mhéaracáin	= 0.25 mm
An tomhas iomlán	= 8.25 mm

An tomhas i bhFíor 40:

An léamh ar scála na muinchille	= 10.50 mm
An léamh ar scála an mhéaracáin	= 0.21 mm
An tomhas iomlán	= 10.71 mm




FÍOR 40

#### Aire don Micriméadar

Uirlis mhiontomhais é an micriméadar agus ní mór é a láimhsiu go cúramach sa chaoi nach gcaillfidh sé a chruinneas. Seo a leanas roinnt pointí nach mór aird a thabhairt orthu:

1. Coinnigh éadan na hinneonach agus éadan na fearsaide glan i gcónaí.
2. Ná daingnigh an micriméadar rótheann ar an saotharphíosa atá á thomhas — úsáid an raicín. Nuair a úsáidtear an raicín bíonn an brú céanna idir éadaí an mhicriméadar agus an saotharphíosa i gcónaí, agus sciorann an raicín sula ndéantar aon damáiste má bhíonn an brú rómhór.
3. Ná fág an micriméadar caite go fánach áit ar bith agus bí cúramach nach dtíteann sé ar an urlár. Cuir ar ais ina chás é tar éis é a úsáid.
4. Seiceáil ionad an nialais ó am go ham. Chun é sin a dhéanamh ar an micriméadar 0-25 mm, glan éadan na hinneonach agus na fearsaide agus ansin dún le chéile iad leis an raicín. Ba chóir go mbeadh líne nialais an mhéaracáin in aon líne le líne thagra na muinchille, agus ar ndóigh, ciumhais an mhéaracáin ar an gcéad líne de scála na muinchille.

Úsáidtear tomhsairí socrúcháin chun micriméadair atá níos mó ná ceann 0-25 mm a sheiceáil.



FÍOR 41 CAILIPÉAR VERNIER

### Cailipéar Vernier

Is uirlis mhiontomhais eile é cailipéar Vernier. Úsáidtear é chun tomhas seachtrach (Fíor 42.a) agus tomhas inmhéanach (Fíor 42.b) a dhéanamh. I gcás cuid acu ní mór leithead na ngiall a chur leis an tomhas a bhíonn léirithe ar na scálaí nuair a bhítear ag déanamh tomhas inmhéanach. Bíonn raon tomhais níos mó ag cailipéar Vernier ná mar a bhíonn ag an micriméadar. I gcás tomhsairí Vernier baintear úsáid as an difríocht idir na comhchodanna ar an dá scála chun tomhas mionchruinn a dhéanamh.

Chun prionsabal chailipéar Vernier a shoiléiríú féachaimid ar scála a thomhaiseann chomh mion le 0.1 mm (Fíor 43). Tá an príomhscála grádaithe ina mhilliméadair (féach Fíor 43). Tá fad 9 mm ar an scála

Vernier roinnte ina 10 gcomhchuid sa chaoi go bhfuil 9/10 nó 0.9 mm i ngach comhchuid díobh:


Dá bhrí sin:	
Fad gach comhchoda ar an bpríomhscála	= 1.0 mm
Fad gach comhchoda ar an scála Vernier	= 0.9 mm
An difríocht eatarthu	= 0.1 mm

Nuair a bhíonn cailipéar Vernier dúnta (Fíor 43.a) bíonn líne nialais an scála Vernier in aon líne le líne nialais an phríomhscála.

I bhFíor 43.b tá an giall bogtha sa chaoi go bhfuil an chéad ghrádúchán i ndiaidh líne nialais an scála Vernier in aon líne leis an gcéad ghrádúchán i ndiaidh líne nialais an phríomhscála. Dá bhrí sin tá 0.1 mm d'oscailt ar an gcailipéar (bí cúramach gan an líne nialais a áireamh nuair a bhíonn tú ag áireamh na ngrádúchán ar an scála Vernier).

I bhFíor 43.c tá an dara grádúchán ar an scála Vernier in aon líne leis an dara grádúchán ar an bpríomhscála. Dá bhrí sin tá oscailt de  $0.1 \text{ mm} \times 2 = 0.2 \text{ mm}$  ar an gcailipéar. Má bhogtar an giall gluaiste go dtí go mbíonn an 6ú grádúchán ar an scála Vernier in aon líne leis an 6ú grádúchán ar an bpríomhscála beidh oscailt de  $0.1 \text{ mm} \times 6$ , is é sin, 0.6 mm, ar an gcailipéar.


Ar ndóigh má bhogtar an giall gluaiste go dtí go mbíonn an 10ú grádúchán (an grádúchán 10 mm) ar



(a) TOMHAS SEACHTRACH

(b) TOMHAS INMHÉANACH

FÍOR 42



FÍOR 43 SCÁLA VERNIER CHUN TOMHAS CHOMH MION LE 0.1 mm A DHÉANAMH

an scála Vernier in aon líne leis an 10ú grádúchán ar an bpríomhscála beidh oscailt de  $0.1 \text{ mm} \times 10$ , nó 1 mm, ar an gcailipéar.

I bhFíor 43.d tá líne nialais an scála Vernier suite beagán i ndiaidh an ghrádúcháin 12.0 mm ar an bpríomhscála, agus tá an 7ú grádúchán ar an scála Vernier in aon líne le grádúchán ar an bpríomhscála. Dá bhrí sin is mar seo a mheastar an tomhas atá


taispeánta i bhFíor 43.d:

$$\begin{aligned}
 & \text{An léamh ar an bpríomhscála} \\
 & (\text{ag an líne ar an bpríomhscála atá roimh líne nialais an scála Vernier}) & = 12.0 \text{ mm} \\
 & \text{An léamh ar an scála Vernier} - \\
 & 0.1 \text{ mm} \times 7 & = 0.7 \text{ mm} \\
 & \text{An tomhas iomlán} & = 12.7 \text{ mm}
 \end{aligned}$$

### Cailipéar Vernier a Léamh

Léigh an tomhas ag an ngrádúchán ar an bpríomhscála a bhíonn roimh líne nialais an scála Vernier. Ansin féach an grádúchán ar an scála Vernier a bhíonn díreach in aon líne le grádúchán ar an bpríomhscála. Cuir an dá léamh le chéile agus beidh an freagra agat.

Scála chun tomhas chomh mion le 0.02 mm is iondúil a bhíonn ar chailipéar méadrach Vernier. Tá a leithéid sin taispeánta i bhFíor 44. Tá an príomhscála grádaithe ina mhílliméadair. Tá an scála Vernier 49 mm ar fad



FÍOR 44 SCÁLA VERNIER CHUN TÓMHAS CHOMH MION LE 0.02 mm A DHÉANAMH

agus tá an fad sin roinnte ina 50 cuid sa chaoi go bhfuil gach comhchuid 49/50 mm ar fad, nó 0.98 mm. Dá bhrí sin tá 0.02 mm (1.00 — 0.98 mm) de dhifríocht idir comhchuid amháin ar an bpríomhscála agus comhchuid amháin ar an scála Vernier.


I bhFíor 45 tá líne nialais an scála Vernier beagán i ndiaidh an ghrádúcháin 27.00 mm. Tá grádúchán 31 ar an scála Vernier in aon líne le grádúchán ar an bpríomhscála, ag léiriú go bhfuil 0.02 mm x 31 le cur leis an 27.00 mm.

Dá bhrí sin is mar seo a mheastar an tomhas atá léirithe i bhFíor 45:

An léamh ar an bpríomhscála	= 27.00 mm
An léamh ar an scála Vernier —	
0.02 mm x 31	= 0.62 mm
An tomhas iomlán	= 27.62 mm

### Aire do Chailipéar Vernier


Ach oiread leis an micriméadar ní mór aire ar leith a thabhairt do chailipéar Vernier freisin sa chaoi nach n-imíonn sé ó chruinneas. Ba chóir é a chur ar ais ina chás tar éis é a úsáid agus gan é a fhágáil caite sa timpeall ná gan ligean dó titim. Níor cheart é a éigniú isteach ar an saotharphíosa a bhíonn á thomhas agus an gíall gluaiste glasálte. Ní mór na scálaí a choinneáil glan sa chaoi go mbeidh sé éasca iad a léamh.




FÍOR 45

### An Tomhsaire Doimhneachta

Úsáidtear an tomhsaire doimhneachta (Fíor 46) chun doimhneacht poll, sliotán agus céimeanna a thomhas.




FÍOR 46 AN TOMHSAIRE DOIMHNEACHTA



FÍOR 47 AN TOMHSAIRE DOIMHNEACHTA Á ÚSÁID

### An Sreangthomhsaire


Úsáidtear an sreangthomhsaire (Fíor 48) chun tiús sreang agus tíús leathán miotail a thomhas. I gcás na leathán miotail triáiltear sliotán an tomhsaire ar fhaobhar slán den leathán go dtí go n-aimsítear sliotán atá daingean ar an bhfaobhar.



FÍOR 48 AN SREANGTHOMHSAIRE

### An Tomhsaire Casdruilirí


Úsáidtear an tomhsaire casdruilirí (Fíor 49) chun an mhéid a bhíonn i gcasdruilirí a thomhas agus a sheiceáil.




FÍOR 49 AN TOMHSAIRE CASDRUILIRÍ

### An Tomhsaire Scriúchéime

Úsáidtear an tomhsaire scriúchéime (Fíor 50, 51) chun céim agus cruth an tsnáithe, i gcás boltaí, cnónna etc, a thomhas agus a sheiceáil.




FÍOR 50 AN TOMHSAIRE SCRÍUCHÉIME




FÍOR 51 AN TOMHSAIRE  
SCRIÚCHÉIME Á ÚSÁID

### An Ga-thomhsaire

Úsáidtear an ga-thomhsaire (Fíor 52) chun gathanna inmheánacha agus seachtracha a sheiceáil.




FÍOR 52 AN GATHOMHSAIRE



FÍOR 53 AN GATHOMHSAIRE Á ÚSÁID

### An Tomhsaire Braite


Is éard atá sa tomhsaire braite ná foireann lann a bhfuil tiúsanna éagsúla iontu (Fíor 54). Bíonn a tiús marcáilte ar gach lann. Úsáidtear iad chun bearnaí beaga a thomhas, e.g. an bhearna i spréachphlocóid.



FÍOR 54 AN TOMHSAIRE BRAITE

### An Tomhsaire Scriúghearrtha


Baintear úsáid as an tomhsaire scriúghearrtha nuair a bhíonn snáithe scriú á ghearradh ar an deil (Fíor 55). Úsáidtear é chun uillinn an ghearrthóra a sheiceáil agus chun an gearrthóir a shocrú ar an uillinn cheart leis an ábhar a bhfuiltear ag obair air.



FÍOR 55 AN TOMHSAIRE SCRÍUGHEARRTHA


### Ceisteanna faoi Chaibidil 5

1. Cén fheidhm atá le sreibhán marcála a chur ar mhiotal?
2. Cén uillinn a bhíonn ar bhior an scríobaire?
3. Luaigh dhá bhealach a bhféadfaí damáiste a dhéanamh don scríobaire de bharr mí-úsáide.
4. Céard iad na grádúcháin a bhíonn marcálte ar an rialóir innealtóra?
5. Cén fáth gur fearr an rialóir a úsáid ar a fhaobhar nuair is féidir é?
6. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach nach ndéanfaí damáiste do cheann an rialóra?
7. Déan léaráid den bhacart innealtóra agus ainmnigh na codanna atá ann.
8. Léirigh, le cabhair léaráide, conas a sheiceálfá cruinneas an bhacairt innealtóra.
9. Luaigh trí ghné nach móir aird a thabhairt orthu maidir le haire a thabhairt don bhacart innealtóra.
10. Céard as a mbíonn an lárphritil déanta?
11. Cén fáth go mbíonn an lárphritil chiorclach foirbthe?
12. Luaigh trí úsáid a bhaintear as an lárphritil.
13. Cén chaoi a ndéantar marc leis an lárphritil uathoibríoch?
14. Luaigh trí úsáid a bhaintear as an rannadóir.
15. Déan léaráid den chompás eiteach.
16. Luaigh trí úsáid a bhaintear as an gcailipéar corrchosach.
17. Luaigh dhá bhealach a bhfhéadfadh míchruinneas teacht i gceist agus tú ag úsáid an chailipéir chorrrchosaigh.
18. Luaigh dhá úsáid a bhaintear as an gcailipéar seachtrach.
19. Cén fáth nach cóir an cailipéar seachtrach a éigniú isteach ar an saotharphíosa?
20. Mínigh, le cabhair léaráidí, conas a thomhaisfeá trastomhas seachtrach leis an rialóir agus an cailipéar seachtrach.
21. Cén úsáid a bhaintear as an mbeibheal?
22. Déan léaráid den uillinntomhas innealtóra.
23. Cén úsáid a bhaintear as an mbacart láir?
24. Mínigh, le cabhair léaráide, conas a úsáidtear an bacart láir.
25. Scríobh síos ainmneacha pháirteanna an iltomhsaire (1-6) atá léirithe i bhFíor 56.




FÍOR 56

26. Cén úsáid a bhaintear as gach ceann de chnogaí an iltomhsaire?
27. Cén úsáid a bhaintear as an rialóir eochairchlaise?
28. Cén úsáid a bhaintear as an bpláta dromchla?
29. Cén fáth a mbíonn easnacha i mbonn an phláta dromchla?
30. Cén chaoi a dtugtar aire don phláta dromchla nuair nach mbíonn sé á úsáid?
31. Déan léaráid den rianaire dromchla agus ainmnigh na páirteanna atá ann.
32. Mínigh, le cabhair léaráide, conas a shocrófá an rianaire dromchla ar airde ar leith.
33. Luaigh dhá bhealach a bhféadfaí damáiste a dhéanamh don V-bhloc.
34. Mínigh, le cabhair léaráide, conas a mharcálfá amach agus a dhruileálfá an poll sa bharra atá taispeánta i bhFíor 57.




FÍOR 57

35. Scríobh síos ainmneacha pháirteanna an mhicriméadair (1-7) atá taispeánta i bhFíor 58.




FÍOR 58

36. Scríobh síos an léamh atá ar an micriméadar atá taispeánta i bhFíor 59.



FÍOR 59

37. Taispeáin, le léaráid, an dá scála atá ar chailipéar Vernier.  
 38. Cé acu de na toisí thíos an léamh atá ar an gcailipéar Vernier atá i bhFíor 60:  
 (a) 32.20 mm;  
 (b) 33.20 mm;  
 (c) 32.40 mm;  
 (d) 32.52 mm?



FÍOR 60


39. Cén fáth ar chóir aire ar leith a thabhairt d'uirlisi miontomhais?  
 40. Cén úsáid a bhaintear as gach ceann de na huirlís seo a leanas:  
 (a) an tomhsaire doimhneachta;  
 (b) an sreangthomhsaire;  
 (c) an tomhsaire casdruilirí;  
 (d) an tomhsaire scriúchéime;  
 (e) an ga-thomhsaire;  
 (f) an tomhsaire braite;  
 (g) an tomhsaire scriúghearrtha?

## 6. Obair Ghinearálta Bhinse

### Leagan Amach na nUirlisí ar an mBinse

Tá bealach maith chun na huirlisí a leagan amach ar an mbinse le feiceáil i bhFíor 1. Is féidir le duine ciotógach na líomháin a chur ar an taobh clé agus na huirlisí marcála amach a chur ar an taobh eile. Ba chóir

i gcónaí uirlis a leagan ar ais ina háit féin nuair a bhíonn tú críochnaithe léi ionas go mbeidh sí san áit chéanna i gcónaí. Sa chaoi sin beidh tú in ann uirlis a phiocadh suas gan breathnú cá bhfuil sí.



FÍOR 1 LEAGAN AMACH NA nUIRLISÍ AR AN mBINSE


## Bíseanna, Clampaí, agus Teanntáin

### An Bhís Bhinse

Ba chóir barr na bíse binse a bheith ar aon airde le huillinn an oibrí. Ba chóir í a bheith socraithe os cionn ceann de chosa an bhinse nuair is féidir é. Ní mór an giall socair a bheith ag gobadh amach thar chiumhais an bhinse sa chaoi gur féidir saotharphíosaí fada a ligean anuas le taobh an bhinse.

Cabhair d'iarann teigthe is mó a bhíonn sna bíseanna ach tá cinn chrúach ar fáil freisin. Bíonn na cinn chrúach níos costasaí ach bíonn siad níos láidre. Bíonn na gialládáin déanta as cruach theigthe chrúaite agus bíonn siad eangaithe sa chaoi go mbeidh greim maith acu.


Braitheann méid na bíse ar fhad na ngíall. Chomh maith leis an gcineál i bhFíor 2 tá bíseanna a bhfuil meicníocht luathoibrithe orthu ar fáil freisin.



FÍOR 2 AN BHÍS BHINSE

### Clampaí na Bíse

Úsáidtear clampaí na bíse chun saotharphíosaí a chosaint ar ghíalla eangaithe na bíse. Bíonn siad déanta as ábhair



FÍOR 3 CLAMPAÍ NA BÍSE


éagsúla, mar shampla, copar, alúmanam, prás, luaidhe agus snáithín.

Bíonn clampaí uillinne iarainn úsáideach nuair a bhíonn ábhar á lúbadh nó á ghearradh le siséal. Is cosaint iad do ghíalla na bíse chomh maith le bheith ina gcosaint don saotharphíosa.


### An Bhís Láimhe

Úsáidtear an bhís láimhe (Fíor 4) chun breith ar shaotharphíosaí beaga agus ar mhiotal leatháin tanaí. Tá sí an-úsáideach le haghaidh druileála, mar nach féidir breith go sásúil ar leatháin thanai sa bhís mheaisín agus go mbeadh sé contúirteach breith i do lámh orthu. D'fhéadfaidís casadh leis an gcasdruilire agus do lámh a ghearradh.

As cruach phlancghaibhnithe a bhíonn an bhís láimhe déanta agus bíonn sí ar fáil agus í ó 100 mm go 150 mm ar fad.



FÍOR 4 AN BHÍS LÁIMHE




FÍOR 5 AN BHÍS LÁIMHE Á hÚSÁID  
I dTEANNTÁIN AN DRUILIRE

Is minic a úsáidtear an bísgreamánanois don obair a mbíodh an bhís láimhe á húsáid lena haghaidh roimhe seo.

### An Bhís Phionna

Úsáidtear an bhís phionna (Fíor 6) chun breith ar ábhair thanaí. Bíonn poll trína cos chun gur féidir breith ar saotharphíosaí fada léi.



(a) AN BHÍS PHIONNA GHIALLOSCAILTE




(b) AN BHÍS PHIONNA CHRÁGÁNACH

FÍOR 6 AN BHÍS PHIONNA

### Teanntán an Uirliseora

Bíonn teanntán an uirliseora úsáideach chun saotharphíosaí a choinneáil le chéile nuair a bhíonn druileáil agus marcáil amach á ndéanamh orthu, go mór mór marcáil amach ó theimpléad.



FÍOR 7 TEANNTÁN AN UIRLISEORA

Ba chóir gialla an teanntán a choinneáil comh-threomhar lena chéile sa chaoi go bhfaighidh siad greim maith agus nach lúbfar na scriúnna atá iontu.

As cruach bhog screamhchruaite a bíonn teanntán an uirliseora déanta.

### Na Líomháin

As cruach ardcharbóin a bhíonn na líomháin déanta, agus iad cruaite agus faghartha, cé is moite den luiseag, a fhágta bog. Rangaítear na líomháin dá réir seo a leanas:

- (a) Fad;
- (b) Cruth;
- (c) Grád an ghearrtha.

#### (a) Fad


Ní bhíonn an luiseag san áireamh i bhfad líomhain. Tá líomhain d'fhaid éagsúla ar fáil. Bíonn líomhain 150 mm agus 250 mm coitianta i gceardlann na scoile.

#### (b) Cruth

Is de réir chruth a dtrasghearrtha a ainmnítear a lán líomhán, mar shampla, an líomhán ciocrach, an líomhán cearnógach agus an líomhán triantánach. Tá na cineálacha is coitianta taispeánta i bhFíor 10.1.


#### (c) Grád an Ghearrtha

Baineann grád an ghearrtha le gairbhe an líomhain. Tá cúig phríomhghrád ann; garbh, bastard, dara gearradh, mín agus fiormhín. Braitheann an ghairbhe, freisin, ar fhad an líomhain; dá fhad é an líomhán is amhlaidh is gairbhe é. Mar shampla, bheadh líomhán mín 250 mm níos gairbhe ná líomhán mín 150 mm.



FÍOR 8 AN LÍOMHÁIN

I gcás roinnt de na líomháin, is gearrtha i dtreo amháin a bhíonn a gcuid fiaca, agus tugtar líomhán aonghearrtha orthu sin; an chuid eile de na líomháin, is gearrtha in dhá threo a bhíonn a gcuid fiaca agus tugtar líomhán dhéghearrtha orthu sin (Fíor 9.a agus 9.b).



FÍOR 9 TREO AN GHEARRTHA AR AN LÍOMHÁN

#### *An Líomhán Láimhe*


Trasghearradh dronuilleogach a bhíonn ar an líomhán láimhe. Bíonn sé comhthreomhar ina leithead ach caolaíonn sé ina thiús i dtreo an ghoib, ar feadh timpeall  $\frac{1}{3}$  dá fhad. Bíonn ceann dá fhaobhair gan fiaca agus tugtar faobhar sábhláite air sin. Bíonn faobhar sábhláilte áisiúil agus tú ag líomhadh i gcúinne nuair nach dteastaíonn uait ceann de thaobhanna an chúinne a mharcáil. Fiaca déghearrtha a bhíonn ar a agaidheanna, agus fiaca aonghearrtha ar an bhfaobhar a mbíonn fiaca air.

#### *An Líomhán Cothrom*

Trasghearradh dronuilleogach a bhíonn ar an líomhán cothrom freisin. Caolaíonn sé ina leithead ar feadh timpeall  $\frac{1}{3}$  dá fhad, i dtreo an ghoib. Ní bhíonn aon fhaobhar sábhláilte air. Bíonn fiaca déghearrtha ar a agaidheanna agus fiaca aonghearrtha ar a fhaobhair.

#### *An Líomhán Leathchiorclach*

Ní fíor-leathchiorcal a bhíonn i dtrasghearradh an líomhán leathchiorclaigh, ach teascán de chiorcal. Caolaíonn sé i dtreo an ghoib ar feadh timpeall  $\frac{1}{3}$  dá fhad. Fiaca aonghearrtha a bhíonn ar dhromchla cuar an líomhán seo, cé is moite den líomhán bastaird, a mbíonn fiaca déghearrtha air. Fiaca déghearrtha a bhíonn ar an taobh cothrom den líomhán seo.



FÍOR 10.1 LÍOMHÁIN CHOITIANTA

#### *An Líomhán Ciorclach*

Úsáidtear an líomhán ciorclach chun poill a mhéadú agus chun dromchlaí beaga cuara a líomhadh. An líomhán earrluchóige ainm eile air.

#### *An Líomhán Cearnógach*


Úsáidtear an líomhán cearnógach chun poill chearnóga, cúinní, agus sliotáin a líomhadh.

#### *An Líomhán Triantánach*

Triantán comhshleasach atá i dtrasghearradh an líomhán triantánaigh. Úsáidtear é chun poill dhronuilleogacha, sliotáin, agus cúinní idir uillinn  $60^\circ$  agus  $90^\circ$  a líomhadh.

#### *An Líomhán Teannais*

Seo líomhán tanaí ciorclach a úsáidtear mar lann sáibh. Coinnítear faoi theannas é i bhfráma ar leith nó i bhfráma an tsáibh mhiotail. Ní mór naisc speisialta a chur air chun é a chur i bhfráma an tsáibh mhiotail. Tá an líomhán teannais áisiúil chun cuair agus sliotáin a ghearradh i leatháin mhiotail agus i leatháin aicrilih.



FÍOR 10.2 AN LÍOMHÁN TEANNAIS AGUS NA NASC SPEISIALTA CHUN É A CHOINNEÁIL I bhFRÁMA AN tSÁIBH MHIOTAIL


Cineálacha eile líomhán nach bhfuil chomh coitianta is ea an líomhán bárdála, an líomhán scine, an líomhán piléir, an líomhán saíbh mhuilinn, agus cineálacha éagsúla líomhán snáthaide agus líomhán riffler.

### Líomhadh


#### *Crosliomhadh*

Tóggann sé roinnt mhaith cleachtaidh le crosliomhadh cothrom díreach a dhéanamh. Seo a leanas roinnt pointí is fiú a chur i bhfeidhm agus tú ag crosliomhadh:

1. Bíodh an saotharphíosa a bhfuil tú ag obair air i ngreim go daingean sa bhís agus gan ach beagán de ag gobadh aníos.
2. Nuair a bhíonn tú ag líomhadh go dtí líne dhíreach coinnigh an líne sin comhthreomhar le barr na bíse.
3. Seas amach píosa ón mbínse agus do chosa achar beag ó chéile sa chaoi go mbeidh tú in ann an líomhán a bhogadh go cothrománach agus meáchan a chur air agus tú á bhrú ar aghaidh.
4. De réir mar a bhíonn tú ag brú an líomháin romhat trasna an tsaotharphíosa bí á bhogadh go leataobh feadh fhad an tsaotharphíosa freisin (Fíor 12).
5. Déan an líomhadh le buillí fada rialta agus ná téigh róthapa. Tá bealaí éagsúla chun breith ar an líomhán agus tú ag crosliomhadh taispeánta i bhFíor 11.




FÍOR 11 IONAD NA LÁMH SA CHROSLÍOMHADH




FÍOR 12 GLUAISEACHT AN LÍOMHÁIN

### Líomhadh Tarraingthe


Déantar líomhadh tarraingthe (Fíor 13) chun bailchríoch mhín a chur ar an saotharphíosa. Leagtar líomhán mín trasna an tsaotharphíosa agus bogtar ar aghaidh agus ar ais é feadh fhad an tsaotharphíosa go dtí go mbíonn an ghairbhe bainte de.




FÍOR 13 LÍOMHADH TARRAINGTHE



(B)



(C)




(D)

FÍOR 14 LÍOMHADH DRONNACH

### Cuar Dronnach a Líomhadh


- Gearr an t-ábhar gar don líne mharcáilte leis an sábh miotail ar dtús.
- Líomh na starrha go dtí nach mbíonn mórán fuilligh fágtha. Ansin is féidir an líomhadh a chríochnú mar atá taispeánta i bhFíor 14.c nó i bhFíor 14.d.
- De réir mar a bhogann tú an líomhán siar is aniar ar an saotharphíosa bog feadh an chuair é freisin chun cuar mín a dhéanamh. Cuir bailchríoch ar an dromchla le líomhadh tarraingthe (Fíor 14.c).
- Uaireanta úsáidtear an modh líofa atá taispeánta i bhFíor 14.d chun bailchríoch a chur ar chuar dronnach.



### Cuar Cuasach a Líomhadh

- Ar dtús gearr an chuid is mó den fhuílleach den saotharphíosa go dtí gar don líne mharcáilte, trí shraith de phoill bheaga a dhruileáil a mbeidh  $\frac{1}{2}$  mm, nó beagán níos mó, eatarthu. Ní mór lárphointí na bpoll a mharcáil amach go cruinn agus a mharcáil le lárphritil roimh ré. Gearr an t-ábhar idir na poill le fuarshiséal.
- Más cuar éadomhain a bhíonn i gceist is féidir go leor den fhuílleach a ghearradh le sábh miotail mar atá taispeánta i bhFíor 15.b.
- Déan croslíomhadh ar na starrha go híochtar na bpoll le líomhán leathchiorclach. Is féidir an líomhán ciorclach a úsáid ar chuair bheaga.

D. Líomh an chuid eile den fhuilleach agus tú ag bogadh an líomháin feadh an chuair de réir mar a bhíonn tú á bhogadh siar is aniar ar an saotharphíosa. Is féidir líomhadh tarraingthe a dhéanamh air chun dromchla mín a chur air.



FÍOR 15 LÍOMHADH CUASACH

#### Cúram na Líomhán


Ba chóir líomháin nua a ‘thosú’ ar phrás nó ar iarann teiligthe measínithe. Maolaíonn sé sin aon fhiacla arda a bheadh orthu agus déanann sé cothrom leis na fiacla eile iad. Mura ndéanfaí é sin bhrisfí na fiacla arda nuair a d’úsáidfí an líomhán ar chruach.

Ní mór líomháin a stóráil sa chaoi nach mbíonn siad ag bualaigh in aghaidh a chéile. Níor chóir iad a chaitheamh i mullach a chéile ar an mbinse, mar tá sé éasca damáiste a dhéanamh dá gcuid fiacla, a bhíonn crua agus briosc. Ní ceart, ach oiread, líomhán a úsáid ar chruach chruaite. Ba chóir cos mhaith dhaingean a bheith ar gach líomhán, agus ní maith an rud a bheith ag malartú na gcos orthu.

#### Pionnáil

Uaireanta éiríonn fiacla an líomháin tachta le mionrabh miotail, go mór mór agus miotail bhoga a líomhadh agat. Éiríonn na fiacla tachta freisin má bhíonn fiacla briste ar an líomhán. Tugtar pionnáil ar an tachtadh sin.

Úsáidtear carda líomháin (Fíor 16) chun líomhán pionnáilte a ghlanadh.




FÍOR 16 CARDÁ LÍOMHÁIN

#### An Sábh Miotal


Bíonn sábha miotail ar fáil a mbíonn fráma socair nó fráma inchoigearthaithe orthu. Is féidir lanna d’fhaid éagsúla a chur sna sábha inchoigearthaithe. Bíonn na sábha ar fáil agus cineálacha éagsúla lámh orthu freisin.

#### SCRIÚ INCHOIGEARTAITHE AN FHRÁMA




FÍOR 17 AN SÁBH MIOTAIL


Teanntar lann na sábh le cnó eiteach. Ní mór a bheith cúramach agus lann nua á cur suas, go mbíonn faobhair ghearrtha na bhfiacula chun tosaigh (Fíor 17). Is féidir an lann a chasadadh  $90^\circ$  chun gearradh fada a dhéanamh (Fíor 18).



FÍOR 18 GEARRADH FADA



MÍCHEART – CÉIM NA BHFIACLA RÓMHÓR  
(BHRISFEADH NA FIACLA)



CEART – 3 FHACAIL AR A LAGHAD I  
dTEAGMHÁIL LEIS AN ÁBHAR


FÍOR 19 AN LANN CHUÍ A ROGNÚ

Nuair a bhíonn lann á ceannach ní mór an t-eolas seo a leanas a thabhairt: fad na lainne, líon na bhfiacula in aghaidh gach 25 mm, an t-ábhár as a bhfuil sí déanta, agus an lann ‘uile-chrua’ nó lann sholúbtha í.

Lanna 250 mm nó 300 mm ar fad a úsáidtear de ghnáth. As cruach ísealtungstain nó cruach ardluais a bhíonn siad déanta. Na lanna ‘uile-chrua’, bíonn siad cruaite go hiomlán, ach ní bhíonn ach na fiacula cruaite ar na lanna solúbtha. Ní bhíonn na lanna solúbtha briosc agus ní bhriseann siad go héasca.

Déantar lanna a mbíonn 14, 18, 24 agus 32 fiacail orthu, in aghaidh gach 25 mm den lann. Ní mór tiús agus cruas an ábhair atá le gearradh a chur san áireamh agus lann á rognú le haghaidh obair ar leith. Ní mór lanna míne a úsáid ar ábhair thanaí (Fíor 19); úsáidtear lanna níos gairbhe ar ábhair bhoga ná mar a úsáidtear ar ábhair chrua.

Bíonn slí ar lann sáibh ionas go mbeidh scóip aici sa ghearradh agus nach rachaidh sí i ngreim ann (Fíor 20, 21).



FÍOR 20 SLÍ AR LANNA




FÍOR 21 AN UILLINN SCÓIPE AR  
FHACLA NA LAINNE

AN LÍON FIACLA IN AGHAIDH GACH 25 mm	ÁBHAIR
14	MIOTAIL BHOGA THIUBHA, m.sh. ALÚMANAM, PRÁS, COPAR AGUS CRUACH BHOG
18	OBAIR GHINEARÁLTA; MIOTAIL BHOGA THANAÍ AGUS MIOTAIL CHRUA THIUBHA
24	MIOTAIL CHRUA THANAÍ; FEADÁIN THIUBHA AGUS LEATHÁIN Ó 3 mm GO 6 mm AR TIÚS
32	ÁBHAIR FAOI BHUN 3 mm AR TIÚS; FEADÁIN THANAÍ AGUS LEATHÁIN THANAÍ

TÁBLA TREORACH CHUN LANNA A ROGNÚ LE hÁBHAIR ÉAGSÚLA A GHEARRADH

#### *Úsáid an tSáibh Mhiotail*


Ba chóir an saotharphíosa a shocrú sa bhís sa chaoi go mbeidh líne an ghearrtha ceartingearach agus gar do na gialla, nuair is féidir é, sa chaoi nach mbeidh an saotharphíosa ag creathadh le linn an ghearrtha (Fíor 22). Bain leas as fad iomlán na lainne nuair a bhíonn tú ag gearradh agus ná déan an gearradh róthapa. Ná húsáid lann nua i seanghearradh; má bhriseann lann i ngearradh cas an saotharphíosa bunoscionn agus tosaigh arís ón taobh eile, nó déan gearradh nua taobh leis an seanghearradh.



FÍOR 22 GEARR GO hINGEARACH NUAIR IS FÉIDIR É

#### *An Mion-chróshábh*


Bíonn an mion-chróshábh úsáideach in áiteanna nach bhféadfáí an sábh miotail a úsáid iontu mar gheall ar a fhráma. Is féidir lanna briste a chur ann.



FÍOR 23 AN MION-CHRÓSHÁBH

#### *An Mionsábh Miotaill*


Bíonn an mionsábh miotail úsáideach i gcomhair obair éadrom. An ceann atá taispeánta i bhFíor 24, coinníonn an fráma spriongach an lann teannta ann. Tá cineál eile mionsáibh ar fáil a dteanntar an lann ann le cnó foirbthe.



FÍOR 24 AN MIOMSÁBH MIOTAL

### Na Fuarhiséil

Tugtar fuarhiséil orthu seo mar go n-úsáidtear iad chun miotal fhuara a ghearradh. Is iondúil gur as cruach theilgthe a dhéantar iad. Bíonn a bhfaobhar gearrtha cruaite agus faghartha. De bharr go mbíonn ceann an fhuarhiséil bog leathnaíonn sé le buillí an chasúir, agus ní mór é a mheilt ó am go ham. Mura meiltear é scoilteann sé timpeall an imill agus bíonn contúirt ann go scinnfeadh píosa de, faoi mhéachan an chasúir. *Ceann muisiriúnach* (Fíor 25) a thugtar ar cheann uirlise a bhíonn spréite mar sin.



FÍOR 25 CEANN MUISIRIÚNACH

Nuair a bhíonn tú ag gearradh ní mór a bheith cúramach nach scinneann sliseanna den ábhar a bhíonn á ghearradh tríd an aer agus duine éigin a bhualadh.

Tá siséil ar fáil freisin a bhíonn déanta as cruach chóimhiotail agus is féidir iad sin a ghéarú le líomhán mín. Is iad na príomhchineálacha fuarhiséil ná an siséal cothrom, an siséal cros-sáfa, an siséal soc-chiordlach agus an siséal muileata.


### An Siséal Cothrom

Úsáidtear an siséal cothrom (Fíor 26) le hobair għinearálta a dhéanamh, mar shampla, le miotal leatháin a ghearradh, le fuillean sraithdhruileáilte a ghearradh amach agus le hobair ilchineaálach a dhéanamh, e.g. an ceann a bhaint de sheam nuair atáthar ag iaraidh an seam a bhaint.




FÍOR 26 AN SISÉAL COTHROM


Nuair a bhíonn miotal leatháin á ghearradh is féidir breith air idir chlampaí na bíse sa bhís, nó é a leagan ar an gceap binse. Ní mór iarracht a dhéanamh gan an miotal a lúbadh nuair a bhíonn sé á ghearradh, agus nuair a bhíonn bailchríoch mhín ag teastáil ní mór an obair a chróchnú le líomhán. Braitheann uillinn ghearrtha an tsiséil ar an ábhar a bhíonn le gearradh leis. Bíonn uillinneacha ó  $30^\circ$  (le haghaidh alúmanaim) go dtí  $60^\circ$  (le haghaidh cruach bhog) ar shiséil éagsúla.



FÍOR 27 AG GEARRADH AR AN mBÍS




FÍOR 28 AG GEARRADH AR AN gCEAP BINSE



FÍOR 29 UILLINNEACHA AN tSISÉIL AGUS GEARRADH Á DHÉANAMH

#### *An Siséal Cros-sáfa*


Úsáidtear an siséal cros-sáfa chun sliotáin chúnga agus claiseanna a ghearradh, agus in áiteanna a bheadh róchúng don siséal cothrom.



FÍOR 30 AN SISÉAL CROS-SÁFA

#### *An Siséal Soc-chiorclach*


Úsáidtear an siséal soc-chiorclach chun eitrí ciorclacha a ghearradh, eitrí ola in imthacaí mar shampla.



FÍOR 31 AN SISÉAL SOC-CHIORCLACH

#### *An Siséal Muileata*

Úsáidtear an siséal muileata chun cúinní géara a dhéanamh, eitrí beaga a ghearradh, agus chun poill druileála atá tosaithe go míchruinn a cheartú.




FÍOR 32 AN SISÉAL MUILEATA




FÍOR 33 POLL DRUILEÁLA A CHEARTÚ

#### *An Phritil Phionnaí*


Úsáidtear an phritil phionnaí chun pionnaí a thiomáint isteach nó amach as poill. Is féidir í a úsáid freisin chun seam a bhfuil an ceann bainte de a bhualadh amach as miotal.



FÍOR 34 AN PHRITIL PHIONNAÍ CHOMHTHREOMHAR



FÍOR 35 AN PHRITIL PHIONNAÍ Á hÚSÁID



(a) AN CASÚR PÉINE LIATHRÓIDE



(b) AN CASÚR PÉINDÍREACH



(c) AN CASÚR CROSPHÉINE


FÍOR 36 NA CASÚIR INNEALTÓRA

### Na Casúir Innealtóra

Tá na trí chineál choitianta casúr innealtóra taispeánta i bhFíor 36. Is é an casúr péine liathróide an cineál is coitianta. Úsáidtear an phéin liathróide i gcomhair seamú. Úsáidtear an casúr péindíreach agus an casúr crosphéine in áiteanna cúnga. Bíonn a gceann déanta as cruach theilgthe agus é cruaite agus faghartha. Ní bhíonn lár an chinn, áit a mbíonn an tsúil, cruaite. As fuinseog nó hicearaí a bhíonn an chos déanta.

Tá an casúr  $\frac{1}{2}$  kg feiliúnach le haghaidh obair ghinearálta i gceardlann na scoile, agus an casúr 1 kg feiliúnach le haghaidh na gaibhneachta. Is é meáchan cheann an chasúir a bhíonn i gceist le meáchan an chasúir.


Nuair a bhíonn casúr á úsáid agat is i mbun na coise ba chóir duit breith air agus ní thuas gar don cheann. Ní mór a bheith cúramach gan an saotharphíosa a bhualadh le faobhar aghaidh an chasúir mar go bhfágfadh sé sin marcanna ar an saotharphíosa.



FÍOR 37 CASÚR A bhFUIL AGHAIDH CHOPAIR AGUS AGHAIDH LEATHAIR AIR

## An Ceap Binse

Seo bloc soladach miotail a leagtar saotharphíosaí a bhíonn á ngearradh le siséal nó á marcáil le lárphritil air. Úsáidtear é freisin chun píosaí miotail leatháin a dhfriú amach air. Nuair a bhíonn saotharphíosaí á ngearradh air le siséal éiríonn sé marcálte agus dá bhrí sin ní bheadh sé feiliúnach don díriú mar go millfeadh sé dromchla an mhiotail leatháin. Dá bhrí sin ba chóir ceap binse ar leith a úsáid chun miotal leatháin a dhíriú. As iarann teilgthe nó as cruach bhog a bhíonn an ceap binse déanta.




FÍOR 38 AN CEAP BINSE

## Sliotán a Ghearradh Amach

An sliotán atá léirithe i bhFíor 39.a ghearradh amach:


1. Druileáil poll chun an chuid chuar den sliotán a dhéanamh.
2. Gearr amach taobhanna an tsliotáin leis an sábh miotail.
3. Líomh an fulleach go dtí na línte.



FÍOR 39.a

An sliotán atá léirithe i bhFíor 39.b a ghearradh amach:


1. Druileáil poill scóipe na gcoirnéal.
2. Druileáil sraith de phoill ag ceann an tsliotáin faoi mar atá sa léaráid.
3. Gearr an miotal go dtí na poill atá ag dhá cheann na sraithe.
4. Gearr an miotal idir poill na sraithe le siséal chun an phrómhchuid den fhuilleach a bhaint amach.
5. Líomh an fulleach go dtí na línte.



FÍOR 39.b

## Ceisteanna faoi Chaibidil 6

1. Céard iad na nithe nach mór a chur san áireamh nuair a bhíonn bíos á greamú de bhinse?
2. Cén úsáid a bhaintear as clampaí na bíse?
3. (a) Cén fáth go mbíonn gialléadaína na bíse eangaithe?  
(b) Céard as a mbíonn gialléadaína na bíse déanta?
4. Ainmnigh an uirlis atá léirithe i bhFíor 40.



FÍOR 40

5. Nuair a bhíonn píosaí miotail leatháin á ndruileáil cén fáth nach ceart breith orthu:
  - (a) i do lámh,
  - (b) sa bhís mheaisín?

6. (a) Cén úsáid a bhaintear as an mbís phionna?  
 (b) Cén fáth go mbíonn poll trí chos na bíse pionna?
7. Luaigh dhá úsáid a bhaintear as teanntán an irliseora.
8. Cén rangú a dhéantar ar na líomháin?
9. Déan sceitse den líomhán láimhe agus ainmnigh na codanna difriúla ann.
10. Déan sceitse de 5 chineál líomhain agus ainmnigh gach ceann acu.
11. (a) Cén sórt fiacla atá ar an líomhán i bhFíor 41?  
 (b) Cén sórt fiacla atá ar an líomhán i bhFíor 42?




FÍOR 41




FÍOR 42

12. Ainmnigh ceithre ní nach mór aird a thabhairt orthu nuair a bhíonn tú ag croslíomhadh.
13. Cén fáth go ndéantar líomhadh tarraingthe ar mhiotal?
14. Mínigh le cabhair léaráidí conas a bainfeá an fuílleach den saotharphíosa atá léirithe i bhFíor 43 agus conas a chuirfeá bailchríoch air. Glac leis gur cruach bhog, 3 mm ar tiús, atá san ábhar.




FÍOR 43

15. Mínigh le cabhair léaráidí conas a bainfeá an fuílleach den saotharphíosa i bhFíor 44 agus conas a chuirfeá bailchríoch air. Glac leis gur cruach bhog, 3 mm ar tiús, atá in ábhar an tsaotharphíosa.



FÍOR 44

16. Cén chaoi a ‘dtosaítear’ líomhán nua?
17. Céard tá i gceist le pionnáil chomh fada agus a bainneann le líomhain?
18. Céard le haghaidh an carda líomhain?
19. Déan léaráid den sábh miotail; ainmnigh na codanna atá ann agus léirigh cén treo a ngluaiseann sé ar an mbuille gearrtha.
20. Cén chaoi a dteanntar an lann sa sábh miotail?
21. Cén t-eolas nach mór a thabhairt agus lanna sáibh mhiotal á gceannach agat?
22. Céard iad na nithe is gá a chur san áireamh nuair a bhíonn lann sáibh mhiotal á roghnú i gcomhair obair ar leith, chomh fada agus a bainneann le gairbhe na lainne?
23. Céard tá i gceist le:
  - (a) lann uile-chrua,
  - (b) lann sholúbtha?
24. Ainmnigh dhá chineál cruach as a mbíonn lanna sáibh mhiotal déanta.
25. Céard tá i gceist le *slí* ar lann sáibh mhiotal?
26. Léirigh le cabhair sceitse an chaoi a gcuirtear *slí* ar:
  - (a) lann mhín;
  - (b) lann gharbh.
27. Mínigh le cabhair sceitse an chaoi a ngearrfá amach an sliotán sa phláta cruach bhog i bhFíor 45.



FÍOR 45


28. Cén úsáid a bhaintear as an mion-chróshábh?
29. Déan léaráid den mhion-chróshábh agus ainmnigh na codanna ann.
30. Cén uair a úsáidtear an mionsábh miotail?
31. Luaigh bealach amháin a dteanntar an lann sa mhionsábh miotail.
32. Ainmnigh ceithre chineál fuarhiséil agus luaigh úsáid amháin a bhaintear as gach ceann acu.
33. Ainmnigh ábhar amháin a mbíonn an fuarhiséal déanta as?
34. Déan sceitse den fhuarhiséal cothrom agus é á úsáid chun píosa miotail a ghearradh sa bhís, agus taispeáin a uillinn sciota agus a uillinn scóipe.
35. Cén uillinn ba chóir a bheith ar fhaobhar gearrtha an fhuarhiséil chun cruach bhog a ghearradh leis?

36. (a) Mínigh, le cabhair sceitse, céard tá i gceist le ceann muisiriúnach a bheith ar an bhfaurhiséal.  
 (b) Cén baol a d'fhéadfadh a bheith ag baint le ceann muisiriúnach?  
 (c) Cén chaoi a gcinnteofá nach dtiocfadh ceann muisiriúnach ar fhuarhiséal?
37. (a) Cén úsáid a bhaintear as an bprítil phionnaí?  
 (b) Déan sceitse den phrítil phionnaí.
38. (a) Déan léaráid de na 3 chineál choitianta casúir innealtóra agus ainmnigh gach ceann acu.  
 (b) Cén t-ábhar as a ndéantar na casúir innealtóra?
39. Luaigh úsáid amháin a bhaintear as péin an chasúir phéine liathróide.
40. Cé acu seo a leanas a bhíonn i gceist le meáchan na gcasúir innealtóra:
  - (a) meáchan an chinn agus na coise le chéile,
  - (b) meáchan na coise,
  - (c) meáchan an chinn?
41. Cén meáchan a bheadh sa chasúr innealtóra a bheadh feiliúnach le haghaidh:
  - (a) obair ghinearálta i gceardlann na scoile;
  - (b) gaibhneacht?
42. Cén fáth nach ceart an saotharphíosa a bhualadh le faobhar aghaidh na gcasúir innealtóra?
43. (a) Cén úsáid a bhaintear as na casúir bhoga innealtóra?  
 (b) Ainmnigh trí ábhar a mbíonn cinn na gcasúir bog déanta astu?
44. (a) Cén t-ábhar a mbíonn an ceap binse déanta as?  
 (b) Luaigh dhá úsáid a bhaintear as an gceap binse.  
 (c) Cén fáth ar chóir ceap binse ar leith a úsáid chun miotail leatháin a dhíriú?

## 7. Druileáil

### An Meaisín Druileála


Tá an meaisín druileála colúin taispeánta i bhFíor 1. Bíonn an saghas seo boltáilte den urlár. Bíonn tábla an mheaisín dronuilleach le fearsaid an chrágáin agus is féidir é a ardú nó a íslíú nó a chasadadh ar an gcolún, agus é a chlampáil san ionad atá oiriúnach don oibrí. Braitheann an airde ar a mbíonn an táble socraithé ar airde an tsaotharphíosa agus ar fhad an chasdruilire a bhíonn á úsáid.



FÍOR 1 AN MEAISÍN DRUILEÁLA COLÚIN

Ní mór breith ar an tábla nó taca a chur faoi nuair a bhíonn an clampa á scaoileadh, ar fhaitíos go dtitfeadh sé go tobann. Bíonn dromchla bhonn an mheaisín druileála meisínithe ionas gur féidir saotharphíosaí arda a shocrú air. Más ar an mbonn a bhíonn an saotharphíosa leagtha ní mór an tábla a chasadadh as an mbealach. Bíonn sliotáin sa bhonn agus sa tábla sa chaoi gur féidir clampaí nó bíos mheaisín a bholtáil díobh.

Is féidir luas an mheaisín druileála a athrú trí an V-chrios a athrú ar an hulóga céimníthe (Fíor 2). Bíonn an luas is airde ar fáil nuair a bhíonn an crios ar an gcéim is lú ar ulóg fhearsaid an chrágáin agus ar an gcéim is mó ar ulóg an mhótair ag an am céanna. Ní mór a bheith cúramach gan an meisín a chasadadh ar siúl go dtí go mbíonn an sciath chosanta curtha ar ais ar an grios.




FÍOR 2 AN V-CHRIOS AGUS NA HULÓGA

Tá meaisíní druileála ar fáil freisin a bhfuil giarbhosca iontu, agus faightear na luasanna éagsúla trí luamháin a bhogadh orthu.

Is féidir poill a bhfuil doimhneacht ar leith ag teastáil iontu a dhruileáil leis an meisín druileála ach an stoipéad doimhneachta a shocrú san áit a oireann.

Nuair a chastar an luamhán fothaithe íslítéar nó ardaítear an crágán le meicníocht raca agus pinniúin.

Nuair a scaoiltear an luamhán fothaithe tugann sprionga corna an crágán anfós ar ais ón saotharphíosa. Bíonn sciath chosanta ar an gcrágán.



FÍOR 3 SCIATH CHOSANTA AN CHRÁGÁIN

Tá meaisín druileála eile ar fáil atá cosúil leis an meaisín druileála colúin ach gur colún níos giorra a bhíonn air. An meaisín druileála binse a thugtar air sin agus is ar bhinse a bhíonn sé socraithe.


#### *Pointí faoi Úsáid an Mheaisín Druileála*

- Cinntigh go bhfuil sciath chosanta an chrágán socraithe i gceart sula dtosaíonn tú an meaisín druileála.
- Bí cúramach nach dtéann do chuid gruaige ná do chuid éadaí i bhfostú sa chasdruilire ná sa chrágán.
- Caith spléaclaí cosanta nuair a bhíonn tú ag druileáil ábhair a dtagann slisirníneach gránach uaidh, m.sh. prás agus iarann teilgthe.
- Má bhíonn tú ag athrú an chreasa ar ulóga an mheaisín druileála bí cinnte nach gcasann tú ar siúl an meaisín go dtí go mbíonn an sciath chosanta curtha ar ais air agat.
- Ná cuir do lámh trasna faoin meaisín druileála chun an slisirníneach a ghlanadh den saotharphíosa, go mór mór agus an casdruilire fós ag casadh, ar fhaitíos go ngearrfadh sé do lámh nó go rachadh do mhuinchille i bhfostú ann.
- Cinntigh go bhfuil an saotharphíosa i ngreim go daingean.
- Seiceáil go bhfuil an mhéid cheart sa chasdruilire atá á úsáid agat.

- Cinntigh go bhfuil luas an mheaisín druileála feiliúnach don chasdruilire atá á úsáid ann, agus don ábhar atá á dhruileáil.
- Socraigh marc lárphointe an phoill faoin gcasdruilire sula dtosaíonn tú an meaisín, agus tar éis duit tosú ar an druileáil seiceáil go bhfuil an poll san áit cheart sula dtéann tú ar aghaidh léi.
- Úsáid sreabhán gearrtha de réir mar is gá é.
- Laghdaigh an brú ar an gcasdruilire díreach sula mbriseann sé tríd an saotharphíosa ar fhaitíos go ngreamódh sé ann.
- Bí cúramach gan druileáil trí thábla an mheaisín druileála ná tríd an mbís, má bhíonn an bhís á húsáid agat.


#### An Bhís Mheaisín

Tá bíos mheaisín atá feiliúnach chun saotharphíosaí a ghreamú den mheaisín druileála léirithe i bhFíor 4. Tá sliotáin intí chun gur féidir í a bholtáil de thábla an mheaisín druileála. Ní mór a bheith cúramach gan í a mharcáil leis an gcasdruilire. Bealach amháin chun í a chosaint is ea píosa adhmaid a chur intí faoin saotharphíosa (Fíor 5). Ní mór aghaidh fóchтарach agus uachtarach an phíosa adhmaid a bheith comhthreomhar, sa chaoi go mbeidh an poll a dhruileáiltear ingearach le haghaidh an tsaotharphíosa. Úsáidtear clampaí freisin chun an saotharphíosa a ghreamú i gcomhair na druileála. Tá dhá mhodh clampála taispeánta i bhFíor 6.




SLIOTÁIN CHUN AN BHÍS A BHOLTÁIL DE THÁBLA AN MHEAISÍN DRUILEÁLA

FÍOR 4 AN BHÍS MHEAISÍN



FÍOR 5 PÍOSA ADHMAID Á ÚSÁID CHUN AN BHÍS A CHOSAINT




FÍOR 6 CLAMPAÍ DRUILEÁLA Á nÚSÁID

### An Druilire Láimhe

Úsáidtear an druilire láimhe (Fíor 7) nuair nach féidir an saotharphíosa a thabhairt go dtí an meisín druileála nó nuair nach mbíonn cumhacht leictreach ar fáil le haghaidh an druilire leictrigh. Níl sé feiliúnach ach d'obair éadrom. Is féidir casdruilarí suas go dtí timpeall is 8 mm a úsáid ann. Is trí chóras beilbhealghiaranna a chastar fearsaid an chrágáin.

### An tUchtdruilire

Tá an t-uchtdruilire cosúil leis an druilire láimhe ach gur pláta uchta a bhíonn air in áit na coise. Le cabhair an phláta uchta is féidir leis an obrí níos mó brú a chur ar an gcasdruilire lena cholainn. Is féidir casdruilarí suas go dtí tuairim is 13 mm a úsáid ann.




### An Druilire Láimhe Leictreach


Úsáidtear an druilire láimhe leictreach nuair nach féidir an saotharphíosa a thabhairt go dtí an meisín druileála, nuair nach féidir an saotharphíosa a shocrú ar an meisín druileála, agus nuair is gá cuid den saotharphíosa a dhruileáil ach nach n-oireann sé don obrí an saotharphíosa a bhaint ó chéile. Is féidir an druileáil a

dhéanamh ar bhealach níos tapa agus níos éasca leis an druilire láimhe leictreach ná leis an ngnáthdhruilire láimhe nó uchta. Is féidir freisin é a úsáid in áiteanna níos cúinge de bharr nach gá é a chasadh de láimh.

Is féidir casdruilarí suas go dtí tuairim is 13 mm a úsáid sna druilarí láimhe leictreacha is mó.




FÍOR 7 AN DRUILIRE LÁIMHE




FÍOR 9 AN DRUILIRE LÁIMHE LEICTREACH

### Casdruilirí


Bíonn na casdruilirí déanta as cruach ardluais nó as cruach ardcharbóin. Bíonn siad ar fáil agus lorga chomh-threomhar orthu (Fíor 10), nó lorga bharrchaolaithe (Fíor 11). Is iondúil gur lorga chomh-threomhar a bhíonn ar na casdruilirí suas go dtí timpeall is 13 mm, agus lorga bharrchaolaithe ar na cinn os a chionn sin. Is i gcrágán an druilire a ghreamaítear na casdruilirí lorga comh-threomhar agus is i bhfearsaid an mheaisín druileála a ghreamaítear na casdruilirí lorga barrchaolaithe.



FÍOR 8 AN tUCHT DRUILIRE





FÍOR 10 GREAMAÍTEAR NA CASDRUILIRÍ LORGÁ COMHTHREOMHAR I gCRÁGÁN AN DRUILIRE AGUS DÚNTAR AGUS OSCLAÍTEAR AN CRÁGÁN LE EOCHAIR




FÍOR 11 GREAMAÍTEAR NA CASDRUILIRÍ LORGA BARRCHAOLAITHE I bhFEARSAID AN MHEAISÍN DRUILEÁLA (BAINTEAR AN CRÁGÁN DEN MHEAISÍN DRUILEÁLA NUAIR A BHÍONN CASDRUILIRE LORGA BARRCHAOLAITHE LE CUR ANN).

Bíonn faobhair ghearrtha, a dtugtar *béil* orthu, ar na casdruilirí (féach Fíor 12). Bíonn cuislí ar na casdruilirí ar deis éalaithe iad don slisirnínéach a thagann as an bpoll a bhíonn á dhruileáil; is deis iad freisin chun an sreabhán gearrtha a thabhairt chomh fada leis na béil.




FÍOR 12 CODANNA AN CHASDRUILIRE

Is é an chaoi a mbíonn scóip ag ceap an chasdruilire le casadh go héasca san ábhar a bhíonn á dhruileáil ná nach mbíonn an trastomhas a bhíonn sa cheap chomh mór leis an trastomhas idir na droimí (féach Fíor 12). Ar an gcaoi sin is iad na droimí a bhíonn ag teaghmáil le taobhanna an phoill, rud a fhágann ceap an chasdruilire saor ó chuimilt. Uillinn  $118^\circ$  (Fíor 14) a bhíonn ar rinn na gcasdruilirí caighdeánacha; seo í an uillinn is feiliúnaí le haghaidh obair ghinearálta. Bíonn timpeall  $12^\circ$  in uillinn scóipe gach ceann de bhéil an chasdruilire.



FÍOR 13 NA HUILLINNEACHA AR RINN AN CHASDRUILIRE



FÍOR 14 AN UILLINN AR RINN CASDRUILIRE CHAIGHDEÁNAIGH

Má bhíonn sé deacair méid an chasdruilire a léamh ar a lorga is féidir é a sheiceáil leis an tomhsaire casdruilirí (Caib.5, Fíor 49).

Tá casdruilirí speisialta ar fáil a bhfuil héilics mall orthu (Fíor 15), le prás agus cré-umha a dhruileáil. Bíonn

uillinn sciota níos lú ar an gcasdruilire héilics mhall. Is féidir casdruiliú spicisialta a bhfuil héilics tapa orthu (Fíor 16) a fháil freisin, le halúmanam, copar, agus miotail bhoga cile a dhruileáil. Bónn uillinn sciota níos mó ar an gcasdruilire héilics thapa.




FÍOR 15 AN CASDRUILIRE HÉILICS MHALL




FÍOR 16 AN CASDRUILIRE HÉILICS THAPA

#### *Meilt Casdruiliúrí*

Ní mór casdruiliúrí a mheilt má éiríonn a mbéil maol nó smiota, nó má éiríonn an droimín gar do rinn an chasdruilire caite. Chun gearradh éifeachtach a dhéanamh, ní mór d'uillinn scóipe na rinne a bheith ceart, agus do na béis a bheith ar an uillinn cheart. Chomh maith leis sin ní mór don dá bhéal a bheith ar an uillinn chéanna le hais an chasdruilire, agus an fad céanna a bheith iontu (féach Fíor 18).



FÍOR 17 NÍ MÓR AN DÁ BHÉAL A BHEITH AR AN UILLINN CHÉANNA LE HAIS AN CHASDRUILIRE




(a) NA BÉIL AR UILLINNEACHA ÉAGSÚLA LE HAIS AN CHASDRUILIRE

(b) GAN AN LEITHEAD CÉANNA A BHEITH SA DÁ BHÉAL

FÍOR 18 POILL RÓMHÓR DE BHARR MEILT LOCHTACH A BHEITH DÉANTA AR AN gCASDRUILIRE

#### An Ruagaire Casdruiliúrí

Úsáidtear an ruagaire casdruiliúrí chun uirlisí gearrtha mar chasdruiliúrí agus réamairí agus crainn chrágáin a bhaint as fearsaid an mheaisín druileála nó as muinchille bharrchaolaithe, mar atá taispeánta i bhFíor 19 agus i bhFíor 20. Nuair a bhítear ag baint uirlise as an meaisín druileála ba chóir píosa adhmaid a chur ar thábla an mheaisín, faoin uirlis (Fíor 19.b) chun nach ndéanfar dochar don uirlis ná don tábla.




FÍOR 19 CASDRUILIRE Á BHAINTEAR LEIS AN RUAGAIRE

## Muinchillí Barrchaolaithe Mhorse

Úsáidtear muinchillí barrchaolaithe Mhorse nuair a bhíonn lorga bharrchaolaithe uirlise gearrtha róbheag lena cur isteach i soicéad an mheaisín a bhfuil sí le húsáid ann.

Cuirtear lorga na huirlide gearrtha isteach sa muinchille agus ansin cuirtear an muinchille isteach i soicéad barrchaolaithe an mheaisín. Uaireanta bíonn gá le breis is muinchille amháin. Úsáidtear na muinchillí go coitianta chun uirlisi gearrtha a bhfuil lorga bharrchaolaithe orthu, mar chasdruilirí agus réamairí, a ghreamú i meisíní druileála agus i gcúlstoic na deile.



FÍOR 20

## Luas Fearsaide Meaisíní Druileála

Braitheann luas fearsaide (imrothluithe sa nóiméad) an mheaisín druileála ar:

- Méid an chasdruilire;* de réir mar is mó an casdruilire is moille an luas rothlaithe ba chóir a bheith faoi.
- An t-ábhar atá á dhruileáil;* go hiondúil, dá bhoige an t-ábhar is airde an luas is féidir a bheith faoin gcasdruilire.
- An saghas casdruilire atá ann;* casdruilirí cruach ardluais, coinníonn siad a gcras ag teocht i bhfad níos airde ná casdruilirí cruach ardcharbóin, agus dá bhrí sin is féidir iad a oibriú ar luas níos airde.
- Sreabhán gearrtha;* má úsáidtear sreabhán gearrtha de réir mar a fheileann sé is féidir casdruilire a oibriú ar luas níos airde ná mar a d'fhéadfaí gan sreabhán.

## Luasanna Gearrtha

Ina méadair sa nóiméad a thugtar na luasanna gearrtha le haghaidh uirlisi — m/nóim nō  $m/min$  (féach an tábla, Caib. 13, lch 158), agus is ina n-imrothluite (castaí) sa nóiméad a thugtar luasanna fearsaide meisín (i.s.n. nō  $rev/min$ ). Dá bhrí sin, chun luasanna fearsaide (nō luasanna rothlaithe casdruilirí) a oibriú amach úsáidtear an fhoirmle seo a leanas:

$$\text{Luas Rothlaithe (rev/min)} = \frac{\text{luas gearrtha} \times 1000}{\text{imlíne an druilire}}$$

(Ní mór an luas gearrtha a mhéadú faoi 1000 chun milliméadair sa nóiméad a dhéanamh de).

*Sampla:* Oibrigh amach an luas nár mhór a bheith faoi mheaisín druileála sa chaoi gur ar luas gearrtha de 20 m/nóim ( $m/min$ ) a bheadh casdruilire 10 mm (ar trastomhas) ag gearradh.

$$\begin{aligned}\text{Luas Rothlaithe} &= \frac{20 \times 1000}{\pi \times 10} \text{ rev/min} \\ &= \frac{20 \times 1000 \times 7}{10 \times 22} \text{ rev/min} \\ &= 636 \text{ rev/min} \text{ chomh mion leis an imrothlú is gaire}\end{aligned}$$

## An Fotha

Is é is fotha ann ná an treá a dhéanann an casdruilire trí an saotharphíosa. Má chuirtear an iomarca brú ar an luamhán fotha beidh contúirt ann go n-éireoidh an casdruilire róthe, go ngreamóidh sé sa saotharphíosa, nō go mbrisfidh sé. Ag an am céanna ní mór a bheith cinnte go bhfuil dóthain brú air chun nach dtarlóidh sé gur ag cuimilt, gan a bheith ag gearradh, a bheidh sé; má tharlaíonn sé sin éireoidh sé maol.

Ba chóir an fotha a laghdú nuair a bhíonn an casdruilire ag briseadh trí íochtar an phoill, ar fhaitíos go ngreamódh sé sa saotharphíosa.


## Miotal Leatháin a Dhruileáil

Ní mór a bheith cúramach gan an iomarca brú a chur ar an luamhán fotha nuair a bhíonn tú ag druileáil miotal leatháin. Is deacair poll a dhéanamh cruinn ann, agus

bíonn contúirt ann go ngreamóidh an casdruilire ann. Rud eile, mura mbíonn an miotal leatháin i ngreim go daingean casfaidh sé timpeall leis an gcasdruilire. Bealach amháin leis na dcacrachtaí sin a réiteach is ea an miotal leatháin a chur idir dhá phíosa thiubha miotail agus druileáil trí na trí cinn acu.

### Suíomh Poill a shocrú


Aimsigh lárphointe an phoill le dhá líne atá ag trasnú a chéile (Fíor 21). Cuir marc éadrom leis an lárphritil ar phointe trasnaithe an dá líne. Má tharlaíonn nach mbíonn an marc san áit cheart go díreach is féidir é a cheartú leis an lárphritil. Nuair a bhíonn an marc san áit cheart cuir marc níos troime air. Socraigh an saotharphíosa sa tstí go luíonn barr rinn an chasdruilire anuas sa mharc gan an casdruilire féin a bhogadh.



FÍOR 21 LÁRPHOINTE POILL A FHÁIL

Má thosaíonn an druileáil as lár is féidir í a lárnú, mura mbíonn an poll ródhomhain, trí eitre bheag a ghearradh i dtaobh amháin den pholl leis an siséal muileata nó leis an siséal soc-chiorclach (Caib. 6, Fíor 31 agus 32).


Nuair is casdruilire mór a bhíonn á úsáid ní mó treoirpholl (Fíor 22) a dhruileáil ar dtús. Coinníonn an treoirpholl an casdruilire lárnach, agus ní bhíonn ar fhaobhar siséalach an chasdruilire aon ghearradh a dhéanamh.



FÍOR 22 TREOIRPHOLL

### Poll Tapála


Seo poll a dhruileáiltear nuair a bhíonn snáithe inmheánach le gearradh i bpíosa miotail. Bíonn trastomhas níos lú ann ná mar a bhíonn sa tapa sa chaoi go mbeidh dóthain miotail fágtha ar thaobhanna an phoill chun snáithe a ghearradh ann. (Tá tábla den mhéid a bhíonn i gcasdruilirí éagsúla tapála ar lch 257).



FÍOR 23 POLL TAPÁLA

### An Poll Scóipe

Bíonn an poll scóipe beagán níos leithne ná an bolta, an stoda nó an scriú a bhíonn ag dul tríd. Nuair a bhíonn dhá pháirt á ngreamú le chéile le boltaí (Fíor 24.a) ní mór poill scóipe a bheith sa dá pháirt. Nuair a bhíonn dhá pháirt á ngreamú le chéile le scriúnna (Fíor 24.b) ní mó r poill scóipe a bheith sa pháirt ar a bhfuil cinn na scriúnna ina luí. Nuair a bhíonn scóip ann is féidir na boltaí nó na scriúnna a chur trí na páirteanna go tapa.




FÍOR 24 POILL SCÓIPE

I gcás páirteanna a bhíonn le boltáil le chéile le roinnt mhaith boltaí, mura mbeadh scóip i gceann acu ní bheifí in ann na boltaí go léir a chur trí na poill dá mba rud é go raibh ceann amháin de na poill, go fiú, beagán as alt.

### Poll Caoch


Seo poll nach mbíonn ag dul an bealach ar fad tríd an bpáirt. Nuair nach mbeadh sé oiriúnach bolta a chur trí pháirt is féidir poll caoch a dhruileáil ann, é a thapáil, agus ansin stoda nó scriú a chur ann. Sin é a dhéantar ar bhloic innill, mar shampla.



FÍOR 25 POLL CAOCH

### Leacú


Déantar leacú ar bhéil poll sa chaoi go suífidh cinn scriúnna ceannleacaithe agus seamanna ceannleacaithe isteach iontu. Uillinn  $60^\circ$  nó  $90^\circ$  a bhíonn ar bhéil na ngearrthóirí leacaithe (Fíor 26). Is féidir an leacú a dhéanamh le casdruilire ach é a bheith meilte ar uillinn a oireann don ghnó.



FÍOR 26 LEACÚ

### Fritolladh


Is éard atá i gceist leis an bhfritolladh ná poll a leathnú ar feadh cuid dá dhoimhneacht le fritolladóir. Déantar é sin chun áit a dhéanamh do cheann scriú Allen nó do cheann scriú ceannmhulcháin, rud a fhágann nach mbíonn ceann an scriú ag gobadh anfós tar thar dhromchla an ábhair ina mbíonn sé suite.



FÍOR 27 FRITOLLADH

### Spotéadanú

An dromchla timpeall ar phoill, e.g. poill i múnluithe, bíonn sé míchothrom uaireanta, agus is gá é a mheaisíniú. Spotéadanú a thugtar ar an measíniú seo (Fíor 28). Cruthaíonn sé dromchla cothrom le haghaidh chinn na mboltaí agus na gcnónna.



FÍOR 28 SPOTÉADANÚ


### Réamairí

Cuirtear bailchríoch mhín chruinn ar phoill le réamairí. Déantar an poll beagán faoi bhun a mhéide agus cuirtear an mhéid cheart ann leis an réamaire.

Ní mór an réamaire a chasadh deiseal i gcónaí agus é á chasadh isteach *nó* amach as an bpoll. Ní mór sreabhán gearrtha a chur leis freisin. Is iondúil gur as cruch ardluais a bhíonn réamairí déanta.

Tá cineálacha éagsúla réamairí ann. Tá an réamaire láimhe ann (Fíor 29.a) a mbíonn cuislí díreacha nó cuislí héiliciúla ann. Ceann cearnógach a bhíonn ar bharr an réamaire seo chun an rinse tapa a chur anuas air chun é a chasadh.


Tá an réamaire meisín le feiceáil i bhFíor 29.b. Lorga bharrchaolaithe a bhíonn air sa chaoi gur féidir é a ghreamú i bhfearsaid an mheaisín druileála nó i gcúlstoic na deile. Tá an réamaire pionnaí barrchaolaithe le feiceáil i bhFíor 29.c. Poill a mbeidh pionnaí barrchaolaithe á



FÍOR 29 RÉAMAIRÍ

gcur iontu, cuirtear barrchaolú orthu leis (Fíor 30).

Mar atá léirithe, tá réamairí láimhc agus réamairí meisín araon ar fáil.



FÍOR 30 COILÉAR SOCRAITHE AR FHEARSÁID/SEFTA LE PIONNA BARRCHAOLAITHÉ

### Sreabhán Ghearrtha

Nuair a bhíonn miotal á mheaisíniú (mar shampla, á dhruileáil agus á dheileadh), is cuidiú é sreabhán gearrtha a úsáid (ach amháin i gcás na miotal nach bhfuil sé riachtanach lena n-aghaidh) ar na cúiseanna seo a leanas:

- (a) Is faide a mhaireann an uirlis ghearrtha;
- (b) Féadfar an obair a dhéanamh ar luas níos airde;
- (c) Bíonn bailchríoch níos fearr ar an saotharphíosa;
- (d) Tugann an sreabhán an slisirnínéach chun bealaigh.

Oibríonn an sreabhán gearrtha ar dhá bhealach: (1) mar fhuaraitheoir, i.e. an teas a ghintear, tugann sé chun bealaigh ón uirlis ghearrtha agus ón saotharphíosa é. (2) mar bhealaitheoir, i.e. laghdaíonn sé ar an gcuimilt idir an uirlis agus an saotharphíosa, rud a fhágann nach ngintear an méad céanna teasa. Tugtar ‘fuaraitheoir gearrtha’ nó ‘bealaitheoir gearrtha’ ar an sreabhán gearrtha uaireanta.

Braitheann an cineál sreabhán a úsáidtear ar (1) an miotal atá á ghearradh agus ar (2) an obair atá á déanamh. (Is féidir roinnt miotal, mar shampla iarann teilgthe agus prás, a mheaisíniú go sásúil agus iad tirim.) Sreabhán coitianta is ea meascán d’ola intuaslaghta agus uisce. Féadfaidh tú iad a mheascadh sa chóimheas 1:30 d’ola agus d’uisce faoi seach, tuairim is, (i.e. 1 tomhas amháin ola in aghaidh 30 tomhas uisce), ach is fearr cloí le treoracha na ndéantóirí. Is sreabhán maith fuaraithe é seo, is féidir é a úsáid ina lán cásanna agus tá sé saor.

Tá meascán d'ola mhianrúil agus d'ola bhlonage go maith mar bhealaitheoir agus tá sé feiliúnach le gearradh trom mall a dhéanamh.

Is é an bealach is éifeachtaí chun an sreabhán a sheoladh chomh fada leis an ngearrthóir agus an saotharphíosa ná caidéal a bheith ar an meisín. Sileann an sreabhán ar ais go dtí umar an chaidéil trí scagaire,

sa chaoi gur féidir é a úsáid arís. Nuair nach mbíonn caidéal ar an meisín féadfaidh tú an sreabhán a chur ar an ngearrthóir agus ar an saotharphíosa le scuaibín bheag nó le canna silte.

Is treoir atá sa tábla thíos maidir leis an sreabhán gearrtha a oireann le haghaidh meisíniú ginearálta le huirlisí cruach ardluais.

ÁBHAR	SREABHÁN GEARRTHA
CRUACH BHOG	OLA INTUASLAGTHA
CRUACH THEILGTHE	OLA INTUASLAGTHA NÓ PAIRIFÍN
PRÁS	OLA INTUASLAGTHA, ACH NÍ GÁ OLA GO HIONDÚIL
ALÚMANAM	PAIRIFÍN NÓ OLA INTUASLAGHTA
COPAR	OLA INTUASLAGTHA NÓ OLA BLONAIGE

#### Ceisteanna faoi Chaibidil 7


1. Cén fheidhm atá leis na hulóga céimnithe ar an meisín druileála colúin?
2. Cén fáth ar gá do thábla an mheaisín druileála a bheith dronuilleach le hais an chasdruilire?
3. Cén fheidhm atá leis na sliotáin i dtábla an mheaisín druileála?
4. Cén fáth a mbíonn deis ar thábla an mheaisín druileála chun gur féidir é a shocrú ar phointí éagsúla airde ar an gcolún?
5. Cén fheidhm atá leis an stoipéad doimhneachta ar an meisín druileála?
6. Is minic a chuirtear píosa adhmaid sa bhís mheaisín, faoin saotharphíosa a bhíonn á dhruileáil:
  - (a) cén chuíis a bhíonn leis sin?
  - (b) mura mbeadh aghaidh fóchtarach agus uachtarach an phíosa adhmaid comhthreomhar, cén toradh a d'fhágfadh sé sin ar an bpoll a dhruileálfai?

7. Ainmnigh dhá chás ina n-úsáidfí an druilire láimhe.
8. Cén difríocht atá idir an druilire láimhe agus an druilire uchta?
9. Cé na buntáistí atá ag an druilire láimhe leictreach nach bhfuil ag an druilire láimhe a chastar de láimh?
10. (a) Ainmnigh codanna an chasdruilire atá léirithe i bhFíor 31.
- (b) Cén fheidhm atá le gach cuid acu?



FÍOR 31

11. Maidir leis an sceitse de rinn casdruilire atá i bhFíor 32, ainmnigh na huillinneacha A, B agus C.



12. (a) Cén mhéid a bhíonn in uillinn rinn an chasdruilire chaighdeánaigh?  
 (b) Cén fheidhm atá leo seo a leanas i gcás an chasdruilire: (1) uillinn scóipe an bhéil, (2) an uillinn sciota?
13. Cén fáth a mbíonn an dá chineál casdruilirí ar fáil, i.e. casdruilirí héilics mhall agus casdruilirí héilics thapa?
14. Má fhaightear amach, nuair a mheiltar casdruilire, go ndéanann sé poill níos mó ná a thrastomhas, cén dá chuíis a d'fhéadfadh a bheith leis sin?
15. Léirigh, le sceitsí, an difríocht idir lorga chomhthreomhar agus lorga bharrchaolaithe i gcás an chasdruilire.
16. Léirigh, le sceitse, an chaoi a ngreamaítear casdruilire lorga barrchaolaithe i bhfearsaid an mheaisín druileála.
17. Céard le haghaidh an ruagaire casdruiliri?
18. Cén fáth ar chóir píosa adhmaid a chur ar thábla an mheaisín druileála nuair a bhíonn an casdruilire lorga barrchaolaithe á bhaint as an meaisín?
19. (a) Déan sceitse de mhuinchille bharrchaolaithe.  
 (b) Céard le haghaidh na muinchillí barrchaolaithe?
20. Céard iad na gnéithe ar a mbraitheann luas rothlaithe an chasdruilire?
21. Cén fáth ar féidir casdruilire cruach ardluais a oibriú ar luas níos airde ná casdruilire cruach ardcharbóin?

22. Áirigh an luas rothlaithe nár mhór a bheith faoin meaisín druileála chun go mbeadh luas gearrtha de 18 m/níim faoi chasdruilire 8 mm ar trastomhas.
23. Céard a chiallaíonn fotha i gcás an chasdruilire?
24. Cén fáth a laghdaítear an fotha nuair a bhíonn an casdruilire ag briseadh tríd an ábhar a bhíonn á dhruileáil?
25. Cén fáth a gcuirtear marc le lárphritil i lárphointe poill atá le druileáil?
26. Dá mbeadh casdruilire ag gearradh beagán as alt, cén chaoi a bhféadfaí é a cheartú?
27. Céard atá i gceist le:  
 (a) treoirpholl;  
 (b) poll tapála;  
 (c) poll scóipe;  
 (d) poll caoch?
28. (a) Céard é leacú?  
 (b) Luaigh dhá chuíis a ndéantar leacú ar pholl.
29. (a) Mínigh le cabhair sceitse céard é fritolladh;  
 (b) Cén fáth a ndéantar fritolladh?
30. Cé na buntáistí a bhaineann le bailchríoch a chur ar pholl leis an réamaire?
31. Cén fheidhm atá le:  
 (a) an ceann cearnógach ar bharr lorga chomhthreomhar réamaire;  
 (b) an barrchaolú ar lorga réamaire?
32. Cén úsáid a bhaintear as an réamaire barrchaolaithe?
33. Cén fheidhm atá le sreabhán gearrtha a úsáid?
34. Luaigh ceithre bhuntáiste a bhaineann le sreabhán gearrtha a úsáid agus miotal á mheaisíniú
35. Ainmnigh sreabhán gearrtha a bheadh oiriúnach leis na miotal seo a leanas a mheaisíniú:  
 (a) cruach bhog;  
 (b) cruach theilgthe;  
 (c) alúmanam;  
 (d) copar.
36. Ainmnigh dhá mhiotal nach gá sreabhán gearrtha a chur orthu agus iad á meaisíniú.

# 8. Feistiú agus Cóimeáil 1: Tapáil, Scriúáil agus Seamú

## TAPÁIL

Úsáidtear tapaí chun snáithe inmheánach a ghearradh i bpoill, mar shampla an snáithe i gcnó. *Tapáil* a thugtar ar an obair sin.

Tá trí chineál tapa ann: an tapa barrchaolaithe, an dara tapa nó an tapa meánach, agus an tapa dalláin nó an tapa tóinteála (Fíor 1).

### An Tapa Barrchaolaithe

Bíonn barrchaolú ar an tapa barrchaolaithe ar feadh tuairim is 8 nó 9 snáithe óna bhun. Mar gheall ar an mbarrchaolú fada sin bíonn sé éasca an gearradh a thosú sa pholl leis.


### An Dara Tapa

Bíonn barrchaolú ar an dara tapa ar feadh tuairim 3 nó 4 snáithe óna bhun. Úsáidtear é chun cur leis an snáithe atá tosaithe leis an tapa barrchaolaithe.


### An Tapa Dalláin

Ní bhíonn barrchaolú ar an tapa dalláin ach amháin ar an gcéad nó ar an dara snáithe. Úsáidtear é chun an snáithe a chríochnú ar phoill dhoimhne agus ar phoill chaocha.

As cruach ardluais a bhíonn na tapaí déanta. Bíonn siad crua agus briosc agus ní mór a bheith cúramach agus iad á n-úsáid ar fhaitíos go mbrisfidís, go mór mór na cinn bheaga. Is deis éalaithe don slisirníneach iad na cuiislí (Fíor 2) agus is deis iad freisin leis an sreabhán gearrtha a thabhairt fad le faobhair ghearrtha an tapa. Bíonn barr cearnógach ar lorga an tapa sa chaoi gur féidir rinse an tapa a chur anuas air chun é a chasad (féach Fíor 4). Ba chóir na tapaí a ghlanadh i gcónaí tar éis iad a úsáid.




FÍOR 1 NA TAPAÍ



FÍOR 2 TRASGHEARRADH TAPA

## An Rinse Tapa

Úsáidtear an rinse tapa chun an tapa a chasad. Tá dhá chineál rinse tapa léirithe i bhFíor 3.



FÍOR 3 RINSÍ TAPA


## Tapáil

Nuair a bhíonn snáithe inmhéánach le gearradh i bpoll, agus snáithe seachtrach le gearradh ar bharra atá le scriúail isteach sa pholl sin, is é an snáithe inmhéánach is túisce ba chóir a ghearradh. Is é an fáth atá leis sin go bhfuil méid an tapa socraithe ach gur féidir méid an dísle (an uirlis chun snáithe seachtrach a ghearradh) a athrú, rud a fhágann gur féidir leat leanúint ort ag doimhniú an tsnáithe ar an mbarra go dtí go n-oireann sé don pholl atá tapáilte.

Sula dtosaítear ar an tapáil ní mór poll a bhfuil ‘méid tapáil’ ann a dhruileáil. Bíonn trastomhas an phoill sin níos lú ná trastomhas an tapa ionas go mbeidh miotal fágtha leis an snáithe a ghearradh ann. Is féidir méid an chasdruilire a mheas ó thábla (féach lch 257). Mura mbíonn tábla ar fáil, seo bealach chun méid an chasdruilire a mheas: an casdruilire a théann go direach tríd an bpoll céanna sa tomhsaire casdruilarí a dtéann an tapa barrchaolaithe síos ann go dtí doimhneacht trí shnáithe, sin an casdruilire a oireann. Bealach eile chun

méid an chasdruilire a mheas ná an casdruilire a rachaidh go díreach trí chnó a bhfuil an snáithe céanna ann is a bheidh sa pholl nua, sin an casdruilire a oireann.

Nuair a bhíonn an poll druileáilte daingnigh an rinse tapa ar an tapa barrchaolaithe agus socraigh sa pholl é. Cuir beagán brú anuas air agus cas ar deiseal é go dtí go bhfaigheann sé greim. Bíodh sé dronuilleach leis an ábhar a bfuil an poll ann (Fíor 4). Nuair a bhíonn greim faighe aige cinnigh go bhfuil sé dronuilleach le dromchla an tsaotharphíosa le bacart. Nuair a bhíonn sé cruinn ceart cas ar deiseal é tuairim is leathchasadh, agus ar ais ar tuathal tuairim is ceathrú casaidh, sa chaoi go mbainfear na sliseanna miotail a chruthaítear de bharr an ghearrtha. Lean ar aghaidh ag gearradh an tsnáithe de réir a chéile, ar an mbealach sin. Ní mór sreabhán gearrtha a úsáid i gcás gach miotal cé is moite d’iarann teilgthe agus de phrás.



FÍOR 4 TAPÁIL


Nuair is trépholl atá á thapáil (is é sin poll atá ag dul an bealach ar fad tríd an ábhar) is féidir an snáithe iomlán a ghearradh leis an tapa barrchaolaithe má tá an t-ábhar tanaí. Ní mór leanúint ag casadh an tapa go dtí deireadh a shnáithe. Má tá an t-ábhar tiubh ní mór an dara tapa a úsáid i ndiaidh an tapa bharrchaolaithe, agus uaireanta an tapa dalláin freisin, ag brath ar thiús an ábhair. Is gá na tapaí sin freisin a chasad ar tuathal tar éis tuairim is gach leathchasadh ar deiseal.

### Poll Caoch a Thapáil

Ní féidir snáithe a chur ar íochtar poill chaoch leis an tapa barrchaolaithe. Dá bhrí sin is gá na tapaí eile a úsáid ina dhiaidh. Mura bhfuil an poll caoch sách domhain ní féidir an tapa barrchaolaithe a thosú ann mar go mbuailfeadh sé a íochtar sula bhfaigheadh sé greim. I gcás mar sin caithfear an poll a dhoimhniú, más féidir é, nó an snáithe a thosú leis an dara tapa agus an casadh a dheánamh go cúramach. Úsáidtear an dara tapa tar éis an tapa bharrchaolaithe agus críochnaítear an snáithe leis an tapa dalláin.

Ó am go ham ní mór an tapa a bhaint amach agus an slisirníneach a ghlanadh amach as an bpoll agus as

cuislí an tapa. Ní mór a bheith an-chúramach gan an tapa a éigniú nó a fhórsáil in aghaidh íochtar an phoill mar gur baolach go mbrisí an tapa.



FÍOR 5 TAPÁIL AR PHOLL CAOCH

Seo thíos tábla de na lochtanna coitianta a bhíonn ar obair thapála agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis na lochtanna sin.


LOCHT	CÚISEANNA
TAPA BRISTE	AN POLL TAPÁLA RÓCHÚNG AN TAPA AG DUL I bhFOSTÚ DE BHARR NACH RABHTHAS Á CHASADH AR AIS CHUN NA SLISEANNA A BHANT GAN AN TAPA A THOSÚ DRONUILLEACH LE DROMCHLA AN tSAOTHARPHÍOSA AN TAPA Á SCRÍÚÁIL IN AGHAIDH ÍOCHTAR POILL CHAOCH NÓ IN AGHAIDH AN tSLISIRNÍIGH IN ÍOCHTAR POILL CHAOCH GAN TOSÚ LEIS AN TAPA BARRCHAOLAITHE AN RINSE Á DHAINGNIÚ AR AN TAPA NUAIR ATÁ AN TAPA SA PHOLL
SNÁITHE ÉADOMHAIN	AN POLL TAPÁLA RÓLEATHAN
SNÁITHE STRÓICTHE	GAN AN TAPA A BHEITH Á CHASADH AR AIS CHUN NA SLISEANNA A BHANT CUISLÍ AN TAPA CALCTHA EASPA SREABHÁIN GHEARRTHA
BAILCHRÍOCH GHARBH AR AN SNÁITHE	EASPA SREABHÁIN GHEARRTHA, CUISLÍ AN TAPA CALCTHA
AN BOLTA A CHUIRTEAR SA PHOLL TAPÁILTE GAN A BHEITH DRONUILLEACH LEIS AN SAOTHARPHÍOSA	AN POLL GAN A BHEITH DRUILEÁILTE DRONUILLEACH LE DROMCHLA AN tSAOTHARPHÍOSA

## SCRIÚÁIL

### An Dísle

Úsáidtear an dísle chun snáithe seachtrach a ghearradh ar bharraí ciorclacha agus ar phíopaí. *Scriúáil* a thugtar ar an obair sin. Greamaítear an dísle i gceap chun é a chasadach. Tá cineálacha éagsúla díslí ar fáil. Tá dísle scoilte ciorclach léirithe i bhFíor 6. Is féidir an cineál sin dísle a oscailt nó a dhúnadh beagán. Chun an dísle a oscailt scaoiltear na taobhscriúnna agus daingnítear an scriú láir. Daingnítear isteach na taobhscriúnna arís chun an dísle a choinneáil socair sa cheap. Chun an dísle a laghdú nó a dhúnadh scaoiltear an scriú láir agus daingnítear na taobhscriúnna. Bíonn seaimfear gearr ar bhéal amhaín den dísle sa chaoi go mbeidh sé éasca é a thosú ar an obair. Ba chóir an seaimfear a bheith in íochtar agus gualainn an chip in uachtar nuair a bhíonn an dísle socraite sa cheap. Ní mór a bheith cinnte go bhfuil an ceap glan sula gcuirtear an dísle isteach ann sa chaoi go luífidh an dísle i gceart ann.


Bíonn na díslí déanta as cruach ardcharbóin nó as cruach ardluais.



FÍOR 6 DÍSLE SCOILTE CIORCLACH

### Scriúáil (Snáithe Seachtrach a Ghearradh)

Cuirtear seaimfear gearr ar cheann an bharra nó an phíopa a bhfuil an scriúáil le déanamh air ionas go mbeidh sé níos éasca an dísle a thosú air. Más dísle scoilte ciorclach atá á úsáid agat oscail go hiomlán é. Socraigh an dísle ar cheann an bharra (bíodh barr an bharra chugat) agus cinntigh go bhfuil béal seaimféaraithe an dísle in íochtar. Coinnigh an dísle dronuilleach leis an




FÍOR 7 CEAP LE HAGHAIDH DÍSLÍ SCOILTE CIORCLACHA

mbarra, cuir brú anuas air agus agus cas é go dtí go bhfaigheann sé greim. Nuair atá sé tosaithe ag gearradh bí á chasadach ar ais go rialta chun na sliseanna a bhaint. Úsáid sreabhán gearrtha mar a dhéantar sa tapáil. Nuair atá snáithe curtha go dtí an fad riachtanach agat, cas an dísle ar ais agus tóg den bharra é. Glan an snáithe agus triail an cnó air nó triail é sa pholl atá tapáilte lena aghaidh. Má tá sé ródhaingean dún an dísle beagán agus déan gearradh éadrom eile ar an gcaoi chéanna. Lean ort mar sin go dtí gur féidir an cnó a chur ar an mbarra de láimh agus nach mbíonn aon scaoilteacht ann.

### An Cnó Dísle

Úsáidtear an cnó dísle chun snáitheanna lochtacha a chóiriú agus chun snáitheanna meirgeacha a ghlanadh. Ní úsáidtear é chun snáitheanna nua a ghearradh. Le castaire a chastar é.



FÍOR 8 AN CNÓ DÍSLE

*Téarmaí a bhaineann le Snáithe Scriú (féach Fíor 9)*

AN CHÍOR: Barr fhaobhar an tsnáithe.

thosach nó snáithe dúbailte bíonn dhá oiread na céime sa rith.

AN FHRÉAMH: Íochtar an tsnáithe.

AN MÓR-

AN CLIATHÁN: An chuid dhíreach den snáithe idir an chíor agus an fhréamh.

THRASTOMHAS: An trastomhas is mó ar shnáithe an scriú, i.e. trastomhas na círe.

AN CHÉIM: An fad, comhthreomhar le hais an scriú, idir phointí comhfhreagracha ar shnáitheanna cóngaracha.


AN MION-

TRASTOMHAS: An trastomhas is lú ar an scriú, i.e. cabhail an scriú. Is é sin, an mórrastomhas lúide dhoimhneacht an tsnáithe faoi dhó. Ainm eile ar an mion-trastomhas ná an *croí-thrastomhas*.

AN RITH: An fad a ghluaiseann an scriú feadh a aise in aon chasadadh amháin. Ar scriúshnáithe aon tosaigh is ionann an chéim agus an rith. Ar scriúshnáithe dhá

Tábla de na lochtanna coitianta a bhaineann leis an scriúáil.

LOCHT	CÚIS
FIACLA BRISTE AR AN DÍSLE	SRACADH TOBANN A BHANT AS AN DÍSLE AN BARRA RÓTHIUBH GAN TOSÚ LEIS AN TAOBH SEAIMFÉARAITHE DEN DÍSLE GAN AN DÍSLE A THOSÚ DRONUILLEACH LEIS AN SAOTHARPHÍOSA GAN AN DÍSLE A CHASADH AR AIS CHUN NA SLISEANNA A BHANT
SNÁITHE STRÓICTHE	GEARRADH RÓTHROM AN GEARRADH A DHOIMHNÍU TAR ÉIS É A THOSÚ EASPA SREABHÁIN GHEARRTHA GAN AN DÍSLE A CHASADH AR AIS CHUN NA SLISEANNA A BHANT CUISLÍ CALCTHA
SNÁITHE 'MEISCIÚIL' (AN BARRA SCRÍÚÁILTE AG DUL Ó THAOBH GO TAOBH DE RéIR MAR A CHASTAR ISTEACH SA PHOLL TAPÁILTE É)	GAN AN DÍSLE A THOSÚ DRONUILLEACH
DEACRACHT AN DÍSLE A THOSÚ DRONUILLEACH	AN SEAIMFÉAR AR AN mBARRA CAM NA FIACLA TOSAIGH BRISTE AR AN DÍSLE
SNÁITHE GARBH	EASPA SREABHÁIN GHEARRTHA GEARRADH RÓTHROM CUISLÍ CALCTHA
AN BARR SRACHTA DEN BHARRA	AN BARRA RÓTHIUBH AN GEARRADH RÓTHROM



FÍOR 9 TÉARMAÍ A BHAINNEANN LE SNÁITHE SCRÍU

#### Saghsanna Scriúshnáitheanna

#### Scriúshnáitheanna Méadracha ISO

Seo córas scriúshnáitheanna idirnáisiúnta, córas a bhfuil glactha leis sa thír seo in áit na seanchóras B.S.W., B.S.F. agus B.A. Tóigfaidh sé tamall sula mbeidh na seanchórais sin imithe i léig go hiomlán áfach.


Tá cruth an tsnáithe mhéadraigh 1S0 taispeánta i bhFíor 10. Tá sraith de shnáitheanna míne agus sraith de shnáitheanna garbha sa chóras seo. Úsáidtear an tsraith gharbh le haghaidh obair ghníearálta agus an tsraith mhín le haghaidh obair speisialta. Léirítear gur snáithe méadrach ISO atá i snáithe leis an litir M; bionn méid ainmniúil an tsnáithe i ndiaidh an M, agus céim an tsnáithe ina dhiaidh sin. Is ina milliméadair a bhíonn an dá thomhas sin.

#### Samplaí:

M10 x 1.25: Is é sin trastomhas ainmniúil de 10 mm agus céim de 1.25 mm. (Seo sa tsraith mhín.)

M10 x 1.5: Is é sin trastomhas ainmniúil de 10 mm agus céim de 1.5 mm. (Seo sa tsraith gharbh.)

Nuair is snáithe as an tsraith gharbh atá i gceist ní gá an chéim a thabhairt. Ciallaíonn M10 gur M10 x 1.5 atá i gceist.




FÍOR 10 SNÁITHE MÉADRACH ISO

#### Comparáid idir Snáithe Garbh agus Snáithe Mín

- Bíonn an snáithe garbh níos láidre ná an snáithe mín.
- Bíonn croileacán an scriú nó an bholta snáithe ghabhrá níos lú agus níos laige.
- Bíonn baol níos mó ann go n-éireoidh cnó nó scriú snáithe ghabhrá scaiolte le creathadh.
- Bíonn gluaiseacht aiseach níos mó faoi chnó nó scriú snáithe ghabhrá, in aghaidh gach casaidh.

#### Snáithe Taca


Úsáidtear an snáithe taca sa chás go mbíonn brú le cur i dtreo amháin. Is é a bhíonn ar scriúnna na bíse luathoscailte mar shampla.



FÍOR 11 SNÁITHE TACA

#### Snáithe Cearnógach


Úsáidtear an snáithe cearnógach sa chás go mbíonn brú le cur in dhá threo. Cruth cearnógach a bhíonn ar an snáithe. Seo é an snáithe a bhíonn ar sheacanna ardaithe gluaiseáin, ar bhíseanna, ar chlampaí agus ar fhearsaidí comhlaí uisce.




FÍOR 12 SNÁITHE CEARNÓGACH

### *Snáithe Acme*

Tá sé éasca leathchnónna a ghreamú de shnáithe acme de bharr a chliathán a bheith claonta. Is é a bhíonn ar ríscriú na deile.



FÍOR 13 SNÁITHE ACME




FÍOR 15 AN CRUIMHSCRIÚ

### **Scriúnna, Boltaí, Stodaí, Cnónna, etc.**

Úsáidtear scriúnna, boltaí, stodaí agus cnónna chun ailt inscaiolte a dhéanamh, chun gluaiseacht idir pháirteanna a chosc, agus chun uirlisí a choigearcú.

#### *Scriúnna Suite*

Bíonn snáithe an bealach ar fad ar na scriúnna suite. Bíonn cinn éagsúla ar na cineálacha éagsúla (Fíor 14). Scriúáiltear na scriúnna suite isteach i bpoill thapálite agus ní gá cnó a chur orthu.




FÍOR 14 SCRÍUNNA SUITE

#### *Cruimhscriúnna*


Úsáidtear cruimhscriúnna chun páirteanna a ghlásáil ina chéile, mar shampla chun coiléar a chur ar fhearsaid (Fíor 15.b). Tá de bhuntáiste acu gur féidir iad a scriúáil faoi dhromchla an ábhair ina bhfuil siad á scriúáil, sa chaoi nach mbíonn a gceann ag gobadh amach agus ag bualadh in aghaidh aon rud. Bíonn sé sin tábhachtach ar fhearsaid a bhíonn ag casadh.

### *Scriúnna Ordóige*

Daingnítear agus scaoiltear na scriúnna ordóige de láimh. Úsáidtear go minic iad chun uirlisí mar an compás eiteach a ghlásáil ar thoise ar leith.



FÍOR 16 AN SCRÍU ORDÓIGE



FÍOR 17 AN COMPÁS EITEACH

#### *Scriúnna Féintapála*


Úsáidtear na scriúnna féintapála ar mhiotal leatháin. Tá cineálacha éagsúla díobh ar fáil.



FÍOR 18 AN SCRÍU FÉINTAPÁLA

## Boltaí

Ní bhíonn snáithe ach ar chuid de chos an bholta. Bíonn siad ar fáil agus cinn de chineálacha éagsúla orthu, mar shampla ceann heicseagánach, ceann cearnógaigh agus ceann cruinn. Déantar idirdhealú eatharthu dá réir seo a leanas: an cineál snáithe atá orthu, a bhfad, a gceann, an t-ábhar atá iontu agus an bhailechríoch atá orthu; m.sh., bolta cruach bhog ghalbhánaithe, M10 x 50 mm ar fad, ceann heicseagánach.




FÍOR 19 AN BOLTA

## Stodaí

Bíonn snáithe ar dhá cheann an stoda (Fíor 20.a). Nuair a bhíonn dhá pháirt le greamú le chéile, scriúáiltear taobh amháin den stoda isteach i bpoll tapálte sa phríomhpháirt (Fíor 20.b) agus cuirtear cnó ar an taobh eile de.

Ní gá gurb é an cineál céanna snáithe a bheadh ar dhá cheann an stoda. Dá mbeadh ceann amháin den stoda le scriúáil isteach in ábhar bog mar alúmanam d'fhéadfai snáithe garbh a chur air sin agus snáithe míni ar cheann eile an stoda, sa chaoi nach scaoilfí an cnó faoi chreathadh.




FÍOR 20 AN STODA

## Cnónna

Ní mór don snáithe ar chnó a bheith ag feiliúint don bholta nó don stoda ar a bhfuil sé le cur. Cruth heics-eagánach nó cearnógaigh a bhíonn ar chnónna go hiondúil.

Úsáidtear glaschnónna speisialta uaireanta chun nach scaoilfear iad faoi chreathadh (Fíor 21). Ar na glaschnónna sin tá cnó tanaí a úsáidtear in éineacht le gnáth-chnó, cnó caisealta, agus cnó sliotánach, a gcuirtear pionna scoilte tríothu, agus cnónna a mbíonn ionsáiteán níolín nó ionsáiteán snáithín orthu.


Úsáidtear cnó eiteach nuair nach bíonn gá le daingniú mór, mar shampla, chun lann saíbh mhiotail a dhaingniú. Daingnítear agus scaoiltear de láimh é. Tá sé tapa agus éasca le daingniú agus le scaoileadh.



FÍOR 21 CNÓNNA

## Leicneáin


Cosnaíonn leicneáin dromchlaí páirteanna nuair a bhíonn scriúnnna agus cnónna á ndaingniú ar na páirt-eanna sin. Deiseanna glasála, chun cnónna agus scriúnnna a choinneáil ó scaoileadh, iad na leicneáin spriongacha, na leicneáin fhiacacha agus na leicneáin chluasacha (Fíor 22).



FÍOR 22 LEICNEÁIN

### An Pláta Glasála


Is deis għallasála eile ē an pláta glasála (Fíor 23). Luuonn sé anuas timpeall an chnó a bhíonn le glasáil agus daingníttear leis an bpáirt féin ē le scriú suite beag.



FÍOR 23 AN PLÁTA GLASÁLA

### Pionnaí Scoilte

Baintear leas as pionnaí scoilte i dteannta cnónna caisealta (Fíor 21) agus cnónna sliotánacha chun na cnónna a choinneáil ó scaoileadh. Úsáidtear i dteannta leicneán iad freisin chun páirteanna a choinneáil ar feharsaidí (Fíor 24).




FÍOR 24 AN PIONNA SCOILTE

### Castairí

Úsáidtear castairí chun cnónna, boltaí agus scriúnna heicseagánacha agus cearnógacha a chasad. Bíonn siad déanta as cruach ardcharbón nó as cruach chóimhiotail. Bíonn siad ar fáil ina méideanna éagsúla. Ní mór an castaire a oireann go dlúth don rud a bhíonn á chasad a úsáid i gcónaí ar fhaítios go sciorrfadh sé agus go ngortófaí lámh an oibrí nó go mbainfí na coirnéil den rud a bhíonn á chasad.

### An Castaire Béaloascailte

Seo é an cineál castaire is coitianta. Bíonn dhá cheann air go hiondúil. Bíonn na béis ar uillinn tuairim is  $15^{\circ}$  leis an gcos. Nuair a ionpaítear an castaire bunoscionn is féidir teacht ar an gcnó nó ar an mbolta ó aird eile. Bíonn sé sin áisiúil in áiteanna cúngá.



FÍOR 25 AN CASTAIRE BÉALOSCAILTE DÉCHEANNACH

### An Castaire Fáinneach


Luuonn an castaire fáinneach (Fíor 26) anuas timpeall ar cheann an chnó nó an bholta go hiomlán, agus má bhíonn an mhéid cheart ann ní bhíonn aon bhaol sciorrtha air. Ní féidir é a úsáid ach ar chnónna nó ar scriúnna atá in áit ar féidir é a chur anuas orthu gan bhac.



FÍOR 26 AN CASTAIRE FÁINNEACH

#### *An Castaire Inchoigeartaithe*


Is féidir an castaire inchoigeartaithe a shocrú chun go n-oírfidh sé do chnónna agus do bholtaí ina bhfuil méideanna difriúla. Ní bhíonn greim chomh maith aige leis an gcastaire béaloscaithe mar go mbíonn plé nō ligean sa ghiall ingluaiste.



FÍOR 27 AN CASTAIRE INCHOIGEARTAITHE

#### *An Rinse Inchoigeartaithe*

Tá rinsí inchoigeartaithe éagsúla ar fáil. Tá cineál amháin taispeánta i bhFíor 28.




FÍOR 28 AN RINSE INCHOIGEARTAITHE

#### *Rinse Stilson*

Úsáidtear rinse Stilson chun píopaí agus ábhair chiorclacha a chasadadh. Is féidir a bhéal a mhéadú nō a laghdú. Ba chóir é a shocrú sa chaoi go ndaingníonn a chuid fiacla san ábhar nuair a chastar é. Tá na gialla eangaithe chun


go bhfaighidh siad greim maith. Níor cheart rinse Stilson a úsáid ar chnó nō ar bholta mar go millfeadh sé sin na coirnéis orthu.



FÍOR 29 RINSE STILSON

#### *An Castaire Bosca*


Is féidir an castaire bosca a úsáid i gcuasa doimhne nach bhféadfaí gnáthchastaire a chasadadh iontu, mar shampla ar spréachphhlocóidí gluaisteáin (Fíor 30). Le luamhán a chastar é.



FÍOR 30 AN CASTAIRE BOSCA


### *An Castaire Soicéad*

Luíonn soicéad an chastaire soicéad anuas timpeall cheann an chnó nó an bholta ar an gcaoi chéanna leis an gcastaire fáinneach agus leis an gcastaire bosca. Greamaítear cos le cún an tsoicéid chun é a chasad.



FÍOR 31 AN CASTAIRE SOICÉAD


Bíonn foirne soicéad ar fáil ina mbíonn sraith soicéad ina méideanna éagsúla, cosa difriúla (agus raicín ar chuid acu), deiseanna sínte ina bhfaid éagsúla, agus alt uilíoch. Tá an castaire soicéad tapa le húsáid agus is féidir é a úsáid in áiteanna nár bhféidir gnáthchastaire a chur.



FÍOR 32 FOIREANN SOICÉAD

### *Eochair Allen*


Úsáidtear eochair Allen (Fíor 33) chun scriúnna a bhfuil soicéad ina gceann a chasad. Tá siad ar fáil ina méideanna éagsúla.



FÍOR 33 EOCHAIR ALLEN

### *An Comhghreamaire*

Úsáidtear an comhghreamaire chun breith ar ábhar comh-reidh nó cruinn, agus chun sreang mhiotal a ghearradh. Tá a ghialla cruaite agus faghartha agus dá bhrí sin níor cheart breith ar mhiotal te leis ná ar mhiotal a bhíonn á théamh, mar go gcaillfeadh sé a chruas dá dheasca sin.



FÍOR 34 AN COMHGHEAMAIRE

### *An Greamaire Gáis*


Úsáidtear an greamaire gáis chun breith ar ábhair chiorclacha, leithéidí píopaí agus barraí. Úsáidtear é freisin le breith ar ábhair eile nuair a bhíonn siad te.



FÍOR 35 AN GREAMAIRES GÁIS

## An Bisghreamán


Is féidir greim an-daingean a fháil leis an mbísghreamán agus is féidir é a ghlásáil ar an saotharphíosa. Scaoiltear le luamhán scaolte é. Is féidir é a choigeartú leis an scriú inchoigearthaite atá air sa chaoi gur féidir breith ar shaotharphíosaí a bhfuil tiúsanna éagsúla iontu.



FÍOR 36 AN BÍSGHREAMÁN

## Scriúirí

Tá dhá phríomhchineál scriúire ar fáil, an gnáthchineál a bhfuil lann chothrom air (Fíor 37), agus scriúire Phillips (Fíor 38). Úsáidtear an gnáthscriúire chun scriúnna sliotánacha a chasadh agus scriúire Phillips chun scriúnna a bhfuil cros ina gceann a chasadh. Is féidir scriúirí a fháil a bhfuil raicín orthu ionas gur féidir an scriú a chasadh gan an lann a bhaint as an sliotán ar chor ar bith.



FÍOR 37 AN GNÁTHSCRIÚIRE




FÍOR 38 SCRÚIRE PHILLIPS

Ní mór do bharr lann an scriúire a bheith ag oiriúint go cruinn do shliotán an scriú. Bíonn lanna na scriúirí déanta as cruach chóimhiotail nó as cruach ardcharbóin agus a mbarr cruaite agus faghartha. Ní mór a bheith cúramach agus an lann á géarú nach n-éiríonn a barr róthe, ar fhaitíos go gcaillfeadh sé a chruas.

## SEAMÚ

Úsáidtear seamanna chun ailt buana a dhéanamh. Seamú a thugtar ar an gcaoi a gcuirtear na seamanna sa saotharphíosa. Is féidir alt scaolte a dhéanamh le seam amháin, mar shampla an t-alt i dtlú. Tá na seamanna is coitianta le feiceáil i bhFíor 39. Bíonn seamanna déanta as ábhair éagsúla, mar shampla cruach bhog, alúmaman, copar agus prás. De ghnáth is fearr go mbeadh an seam déanta as an ábhar céanna leis na páirteanna a bhíonn á gcur le chéile leis.




FÍOR 39 CINEÁLACHA SEAMANNA

Rangaítear seamanna dá réir seo a leanas: a bhfad, a dtrastomhas, an t-ábhar atá iontu, agus an ceann atá orthu.

Is féidir seamanna a oibriú te nó fuar. Bíonn sé de bhuntáiste ag seamanna teo go grapann siad de réir mar a fhuardaíonn siad agus dá bharr sin gur fearr a tharraingíonn siad na páirteanna le chéile.


Bhíodh seamanna á n-úsáid go forleathan uair amháin in obair mar dhéanamh geataí, longthógáil agus cruach-obair thógála, ach is táthú leictreach is mó a dhéantar sna ceirdeanna sin anois.

Tá preabsheamanna (Fíor 41) an-úsáideach i gcornhair obair éadrom. Déantar an preabsheamú ó thaobh amháin den ábhar, rud a bhíonn an-áisiúil nuair nach féidir oibriú ón dá thaobh. Is é an chaoi a gcuirtear an ceann spréite ar bhun (béal) an phreabsheama ná pionna a bhfuil ceann cruinn air a tharraingt anfós trí bhéal an phreabsheama le huirlis speisialta mar an preabsheamaire tlú-shínteach (féach Fíor 40). Leathann



FÍOR 40 AN PREABSHEAMAIRE TLÚ-SHÍNT EACH

ceann an phionna béal an phreabsheama agus fanann sé greamaithe ann; scarann cos an phionna leis an gceann de bharr na tarraingthe (féach Fíor 41).



FÍOR 41 AN PREABSHEAM


### Uirlisí Seamaithe

*An Smeachán:* Úsáidtear an smeachán seamanna chun bailchróch a chur ar cheann an smeachsheama tar éis é a dheilbhiú go garbh ar dtús leis an gcasúr péine liathróide.

*An Adhaint:* Tá an adhaint mar a chéile leis an smeachán. Úsáidtear í mar thaca do cheann an smeachsheama nuair a bhíonn bun an tseama á dheilbhiú.

*An Socróir:* Úsáidtear an socróir seamanna chun páirteanna a bhíonn le seamú le chéile a theannadh le chéile sula ndéantar seamú orthu.

Is féidir an socróir agus an smeachán a fháil le chéile ina n-aon uirlis amháin (Fíor 42.c).



(a) AN SMEACHÁN      (b) AN SOCROÍR SEAMANNA      (c) SMEACHÁN AGUS SOCROÍR LE CHÉILE

FÍOR 42 UIRLISÍ SEAMAITHE


Ní mór a bheith cúramach go mbíonn na huirlisí seamaithe ag oiriúint, ó thaobh méide de, do na seamanna a bhíonn á ndeilbhiú leo. Bíonn na huirlisí seamaithe déanta as cruach ardcharbóin agus bíonn a mbarr cruaite agus faghartha.

### Seamú

Nuair a bhíonn níos mó ná seam amháin le húsáid le dhá pháirt a ghreamú dá chéile, druileáiltear na poill go léir i bpáirt amháin agus poll amháin sa pháirt eile, ar dtús. Cuirtear seam amháin tríd an dá pháirt, clamp-áiltear le chéile iad agus druileáiltear an chuid eile de

na poill sa dara páirt agus na poill sa chéad pháirt á n-úsáid mar threoir. Fágann sé sin go mbíonn na poill sa dá pháirt díreach ar aghaidh a chéile. Ní mór aon bhurra nó salachar a bhaint de na páirteanna chun go luífidh siad go dlúth ar a chéile. Ní ceart poill scóipe a dhruileáil nuair is seamú fuar a bhíonn ar bun ach ní mór iad a dhruileáil nuair is seamú te a bhíonn á dhéanamh. Nuair a bhíonn giota le baint de sheam ba chóir breith ar an bhfuilleach sa bhís ionas nach ndéanfar damáiste do cheann an tseama.


Ní gá go mbeadh ceann den chineál céanna ar an dá thaobh den seam (Fíor 43). D'fhéadfadh ceann smeacha a bheith ar thaobh amháin den seam agus ceann leacaithe a bheith ar an taobh eile.



FÍOR 43 SAMPLAÍ DE SHEAMÚ

#### Ceann Smeacha a Dheilbhíú


Ní mór giota den seam a mbeidh oiread go leith thrastomhas an tseama ann a fhágáil ag gobadh amach as an saotharphíosa nuair a bhíonn ceann smeacha le cur ar sheam (Fíor 44). Mar shampla más seam 5 mm atá á úsáid is é an fad a chaithfidh a bheith sa ghiota ná:  $5 \text{ mm} \times 1\frac{1}{2} = 7\frac{1}{2} \text{ mm}$ .






FÍOR 44

Ní mór taca a chur faoin taobh eile den seam sula dtosaítear ar an deilbhíú. Más ceann smeacha a bhíonn ar an taobh sin den seam cuirtear adhairt faoi agus an adhairt greamaithe sa bhís. Más ceann leacaithe a bhíonn air caitear é a chur anuas ar dhromchla cothrom, bloc binse, mar shampla (Fíor 45.b). Teanntar na páirteanna le chéile le buille nó dhó den chasúr ar an socróir seamanna (Fíor 45.a).


#### SOCRÓIR SEAMANNA




(a) NA PÁIRTEANNA Á dTEANNADH LE CHÉILE LEIS AN SOCROIR SEAMANNA




FÍOR 45 CÉIMEANNA I nDEILBHIÚ SMEACHCHEANN




(a)



(b) NA PÁIRTEANNA Á  
dTEANNADH LE CHÉILE



(c) AN LEACÚ Á LÍONADH



(d) LÍOMHADH TARRAINGTHE

FÍOR 46 CÉIMEANNA I nDEILBHIÚ  
CEANN LEACAITHE

Deilbhítear ceann an tseama go garbh le péin liathróide an chasúir, agus an casúr á oibriú timpeall imeall an tseama agus ar lár an tseama (Fíor 45.c). Ní mór a bheith cúramach go mbíonn an ceann eile den seam san adhairt an t-am go léir agus go bhfuil an saotharphíosa cothrománach.

Cuirtear bailchríoch ar an gceann smeacha tríd an smeachán a shocrú air agus cúpla buille den chasúr a bhualadh ar an smeachán (Fíor 45.d).

#### *Ceann Leacaithe a Dheilbhiú*


Nuar a bhíonn seam ceannleacaithe le cur i bpoll ní mór an poll a leacú chun áit a dhéanamh do cheann leacaithe an tseama. Má bhíonn ceann leacaithe ar an taobh eile den seam cheana is féidir é sin a úsáid mar threoir chun doimhneacht agus uillinn an leacaithe a mheas.

Fágtaí giota den seam atá ar aon fhad le trastomhas an tseama ag gobadh amach as an saotharphíosa sa chaoi go mbeidh dóthain miotail fágtha leis an gceann leacaithe a chur air (Fíor 46.a).

Arís ní mór tacá a chur faoi cheann an tseama agus na páirteanna a theannadh le chéile leis an socróir seamanna (Fíor 46.b). Leatar an taobh den seam a bhíonn ag gobadh amach le péin liathróide an chasúir go dtí go líonann sé an leacú atá sa pholl (Fíor 46.c). Déantar cothromú ar an gceann le cúpla buille d'aghaidh chothrom an chasúir. Is féidir an ceann a líomhadh síos cothrom le dromchla an tsaotharphíosa ansin. Ina dhiaidh sin déantar líomhadh tarraingthe ar an saotharphíosa (Fíor 46.d) sa chaoi gur ar éigin a bhíonn an seam le tabhairt faoi deara.

#### *Ceisteanna faoi Chaibidil 8*

1. Céard tá i gceist le *tapáil*?
2. (a) Ainmnigh na trí thapa a bhíonn i bhfoireann tapanna.  
(b) Cén difríocht atá idir na trí thapa sin?  
(c) Cén úsáid a bhaintear as gach ceann acu?
3. Céard a dhéantar leis an rinse tapa?
4. Cén fáth gurb é snáithe an chnó ba chóir a ghearradh ar dtús nuair a bhíonn cnó agus bolta á ndéanamh?




FÍOR 47 LOCHTANNA AR SHEAMANNA

5. (a) An mbíonn poll tapála níos cúinge nó níos leithne ná an tapa a bhíonn le cur ann?
- (b) Cén fáth an difríocht eatarthu?
6. Mura mbeadh táblaí tomhais ar fáil luaigh bealach eile a bhféadfá méid casdruilire tapála a mheas.
7. Cén fáth go gcastar an tapa ar ais ar tuathal nuair a bhítear ag gearradh snáithe leis?
8. (a) Cén fáth nach bhféadfá snáithe iomlán a ghearradh ar pholl caoch le tapa barrchaolaithe?

- (b) Cén fáth go gcaitear poll caoch a ghlanadh amach go minic nuair a bhíonn sé á thapáil?
- 9.Luaigh ceithre chaoi a bhféadfadh tapa briseadh le linn tapáil.
10. Cén chúis a d'fhéadfadh a bheith leis na lochtanna seo a leanas ar shnáithe inmheánach:
  - (a) snáithe éadomhain;
  - (b) snáithe garbh;
  - (c) snáithe stróicthe;

- (d) bolta a scriúaladh isteach sa saotharphíosa a bhfuil an snáithe inmheánach ann, gan a bheith ingearach leis an saotharphíosa?
11. Mínigh cén tsí a n-oscláitear agus a ndúntar an dísle scoilte ciorclach.
12. Ainmnigh dhá rud nach mór a bheith cúramach fúthu nuair a bhíonn an dísle á chur sa cheap.
13. Cén fáth go gcuirtear barrchaolú ar bharra a bhfuil scriúail le déanamh air?
14. Céard a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn leis na lochtanna seo a leanas nuair a bhíonn snáithe seacht-rach á chur ar bharra:
- (a) fiacula briste ar an dísle;
  - (b) snáithe stróicthe;
  - (c) snáithe 'meisciúil';
  - (d) deacracht an dísle a thosú ag gearradh go dronuilleach;
  - (e) bailchríoch gharbh ar an snáithe;
  - (f) an barr sractha den bharra?
15. Cén úsáid a bhaintear as an gcónó dísle?
16. Ainmnigh na codanna (a) go dtí (e) den snáithe i bhFíor 48.



FÍOR 48


17. Ainmnigh na trastomhais A agus B i bhFíor 49.



FÍOR 49


18. (a) Déan sceitse de chruth an tsnáithe mhéadraigh 1S0.  
 (b) Céard é méid na huillinne sa snáithe méadrach 1S0?
19. Céard tá i gceist le  $M6 \times 0.75$  chomh fada agus a bhaineann le scriúshnáitheanna?
20. Má luaitear M6 le scriú, cé acu sa tsraith mhín nó sa tsraith gharbh den chóras méadrach 1S0 atá sé?

21. Luaign dhá bhuntáiste a bheadh ag snáithe garbh ar shnáithe mí.
22. Luaign cás amháin ina n-úsáidí snáithe mí.
23. Maidir leis na snáitheanna i bhFíor 50:
- (a) ainmnigh iad agus luaign cás ina n-úsáidí gach ceann díobh;
  - (b) tabhair méid uillinn an tsnáithe i gcás (a) agus (c).




FÍOR 50

24. Ainmnigh dhá chineál alt inscaoilte.
25. Ainmnigh trí chineál alt buan.
26. Ainmnigh cúig chineál scriúnna suite.
27. Luaign úsáid amháin a bhaintear as gach ceann díobh seo a leanas i gceardlann na scoile:
- (a) an cruimhscríú,
  - (b) an scriú ordóige,
  - (c) an cnó eiteach.
28. Céard é an phríomhdhifríocht idir scriú suite agus bolta?
29. Dá mbeadh 100 bolta cruach bhog den chineál atá i bhFíor 51 le ceannach céard é an t-eolas nár mhór a thabhairt don díoltóir?




FÍOR 51

30. Déan sceitse de stoda.  
 31. Tabhair cuntas, le cabhair léaráidí, ar cheithre mhodh le cnónna a ghlásáil.  
 32. (a) Déan sceitse de phionna scoilte.  
     (b) Luaign úsáid amháin a bhaintear as an bpionna scoilte.  
 33. Ainmnigh na castairí atá i bhFíor 52.



(A)


34. Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach go n-oirfeadh castaire go cruinn do chnó?  
 35. Cén buntáiste atá ag an gcastaire fáinneach ar an gcastaire béaloscailte?  
 36. Luaign mÍbhuntáiste amháin a bhaineann leis an gcastaire inchoigearaithe.



(B)




(C)



(D)


FÍOR 52

37. Maidir leis na rinsí i bhFíor 53:  
     (a) ainmnigh iad;  
     (b) luaign an úsáid a bhaintear as rinse (a).  
 38. Cén úsáid a bhaintear as eochair Allen?  
 39. (a) Luaign dhá úsáid a bhaintear as an gcomhghreamaire.  
     (b) Cén fáth nach ceart breith ar ábhair theo leis an gcomhghreamaire?



(A)

40. Luaign úsáid amháin a bhaintear as an ngreamaire gáis.  
 41. Cén buntáiste atá ag an mbísghreamán ar an gcomhghreamaire?  
 42. Déan sceitse de bharr lann scriúire agus taispeáin an chaoi ar cheart é a bheith géaraithe.  
 43. Céard le haghaidh scriúire Phillips?  
 44. Ainmnigh ceithre chineál seamanna.



(B)

FÍOR 53

45. Cén rangú a dhéantar ar seamanna?
46. Cén buntáiste atá ag an seamú te ar an seamú fuar?
47. Luaigh buntáiste amháin atá ag an bpreabsheam ar an smeachsheam.
48. Déan sceitsí de na huirlisí seo a leanas:
- (a) an smeachán seamanna;
  - (b) an adhairt;
  - (c) an socróir seamanna.
- Luaigh an úsáid a bhaintear as gach ceann díobh.
49. I gcás ailt a mbeadh breis is seam amháin le cur ann, cén chaoi a gcinnteofá go mbeadh na poill sa dá pháirt ar aghaidh a chéile?

50. Luaigh cúis amháin gurbh fhearr go mbeadh seam déanta as an ábhar céanna leis na páirteanna atá á gcur le chéile leis.
51. Cén chaoi a ndéanfá amach cé mhéad den seam nár mhór a fhágáil ag gobadh amach as an saotharphíosa i gcomhair:
- (a) seam ceannsmeacha;
  - (b) seam ceannleacaithe.
52. Tabhair cuntas, le cabhair léaráidí, ar chuíg locht seamaithe, agus luaigh cúis a d'fhéadfadh a bheith le gach ceann de na lochtanna sin.

# 9. Feistiú agus Cóimeáil 2: Sádráil, Prásáil agus Greamacháin

## SÁDRÁIL

Is é is sádráil ann ná bealach chun ailt bhuaná a dhéanamh idir mhiotail le sádar. Modh amháin sádrála í an bhogshádráil; tá modh eile ann — cruashádráil (sádráil airgid agus prásáil).

### Bogshádráil

Déantar bogshádráil nuair nach mbíonn gá le neart mór san alt agus nuair nach mbíonn ar an alt teocht ard a fhulaingt. Bíonn an sádar bog déanta as cóimhialt de luaidhe agus de stán agus an dá mhiotal sin ina méideanna nó ina gcéatadáin éagsúla lena chéile, ag brath ar an gcineál sádair atá ann. Tosaíonn sádar bog ag leá ag 183°C (féach Caib.2, lch 18). Ní bhíonn gá le teas mór i gcomhair na bogshádrála, agus má thugtar fúithi i gceart tá sí éasca go leor le déanamh.

Ní gá go mbeadh an dá phíosa miotail a bheadh le greamú le chéile déanta as an ábhar céanna. Is féidir, mar shampla, dhá phíosa copair, práis, stánphláta, cruach, cré-umha, agus since a shádráil le chéile agus is féidir freisin copar agus prás, copar agus stánphláta, cruach agus prás, etc. a shádráil le chéile.

### Floscanna

Úsáidtear flosc sa tsádráil chun ocsáidí a bhaint de dhromchlaí na miotal a bhíonn á sádráil agus chun

ocsáidiú a chosc nuair a théitear na miotail. Tá sé seo riachtanach chun go mbeidh an sádar in ann cóimhialtú a dhéanamh leis na dromchlaí agus ceangal maith a dhéanamh eatarthu. Tá cineálacha éagsúla floscanna ann i gcomhair na miotal éagsúil agus i gcomhair cineálacha éagsúla oibre. Tá siad ar fáil faoi ainmneacha trádála éagsúla. Bíonn siad ar fáil i bhfoirm leachta nó i bhfoirm taois go hiondúil.

Tá dhá ghrúpa floscanna ann — *floscanna cosanta* agus *floscanna gníomhacha*. Coisceann na floscanna cosanta ocsáidiú ar dhromchlaí atá glanta. Baineann na floscanna gníomhacha ocsáidí de na dromchlaí chomh maith le hocsáidiú a chosc le linn na sádrála. Tá na floscanna gníomhacha creimneach agus dá bhrí sin ní mór an t-alt a ní go maith má úsáidtear iad.

Flosc gníomhach coitianta is ea *clóiríd since*. Tugtar ‘biotáille mharbh’ uirthi uaireanta. Is féidir í a dhéanamh trí phíosaí since a chur isteach in aigéad hidreaclórach go dtí go dtagann deireadh leis an ngníomhú ceimiceach. Deirtear go mbíonn sí ‘marbh’ ansin.

Floscanna cosanta a úsáidtear go minic ná floscanna roisínbhunacha. Níl siad seo creimneach agus dá bhrí sin tá siad an-oiriúnach le haghaidh obair ar ghléasanna raidió agus ar ghléasanna leictreacha, agus in áiteanna nach féidir a ní.

Tá roinnt floscanna bogshádrála agus na hábhair ar a gcuirtear iad tugtha thíos:

FLOSC	ÚSAID
CLÓIRÍD SINCE	PRÁS, COPAR, STÁNPHLÁTA, CRUACH
AIGÉAD HIDREACLÓRACH CAOLAITHE	SINC AGUS IARANN GALBHÁNAITHE
FLOSC ROISÍNBHUNACH	OBAIR LEICTREACH
GEIR	LUAIDHE

## Iarainn Sádrála


Úsáidtear iarann sádrála chun an sádar a chur ar dhromchlaí na miotal a bhíonn á sádráil, agus chun na dromchlaí a théamh.

As copar a bhíonn bior an iarainn sádrála déanta. Seolaí maith teasa é an copar agus seolann sé an teas ar aghaidh go dtí an saotharphíosa to tapa. Chomh maith leis sin glacann sé an sádar go héasca agus tá sé éasca é a stánú, is é sin, é a bhratú le sádar. Bíonn cos an iarainn sádrála déanta as admhad mar gur inslitheoir maith teasa é an t-adhmaid agus nach éiríonn sé te.


Tá iarainn sádrála a bhfuil bioranna de chineálacha éagsúla orthu ar fáil. Is iad an t-iarann sádrála bior díreach (Fíor 1.a) agus an t-iarann sádrála bior tua (Fíor 1.b) na cineálacha is coitianta. Úsáidtear an bior díreach le haghaidh obair ghinearálta agus úsáidtear an bior tua in áiteanna nach mbeadh sé éasca an bior díreach a chur. Tá siad ar fáil ina meáchain éagsúla.



(a) AN TIARANN SÁDRÁLA BIOR DÍREACH



(b) AN TIARANN SÁDRÁLA BIOR TUA



(c) AN TIARANN SÁDRÁLA LEICTREACH

FÍOR 1 IARAINN SÁDRÁLA


Coinníonn na bioranna móra níos mó teasa agus fanann siad te níos faide ná na bioranna beaga, ach ní ceart iarann sádrála a úsáid atá róthrom agus místuama don

obair. Bíonn an teocht cheart chun oibre san iarann sádrála nuair a thagann dath uaine ar an lasair a bhíonn á théamh. Tá iarann sádrála leictreach le feiceáil i bhFíor 1.c. Úsáidtear an t-iarann sádrála leictreach go minic i gcomhair obair éadrom, go mór mór obair leictreach agus obair ar ghléasanna raidió.


Ní mór iarann sádrála nua, agus iarann a mbíonn an sádar dóite de mar gheall gur téadh rómhór é, a stánú sula n-úsáidtear é. Chun an stánú a dhéanamh téitear an bior go dtí an teocht is gá i gcomhair na hoibre, líomhtar an gob go tapa, agus tumtar san fhlosc é. Ansin cuimlítear an gob sa sádar go dtí go mbíonn sé brataithe ar gach taobh. Ba cheart a laghad agus is féidir a líomhadh den bhior nuair a bhíonn sé á ghlanadh agus níor cheart líomhán maith a úsáid air mar go n-éireodh fiacula an líomháin calctha le sádar agus go millfí é.

## Fearas Téite

Téitear an t-iarann sádrála ar bhealaí éagsúla; le séidlampa, le tóirse gáis (Fíor 2) agus le sorn sádrála (Fíor 3), agus i gcás an iarainn sádrála leictrich, le heilimint leictreach a bhíonn istigh ann. Ba chóir an lasair ón séidlampa nó ón tóirse gáis a dhíriú ar lár bhior an iarainn sádrála agus ní ar a ghob. Sa chaoi sin téifidh sé níos scioptha agus beidh an gob níos glaine. Rachaidh an teas go dtí an gob go tapa mar gur seolaí maith teasa é an copar. Is féidir dhá iarann sádrála san am a théamh sa sorn sádrála.



FÍOR 2 AN TÓIRSE GÁIS



FÍOR 3 AN SORN SÁDRÁLA


### Glanadh na nDromchlaí

Is cuma an fosc gníomhach nó fosc cosanta a úsáidtear, ní mór dromchla an mhiotail, cé is moite de stánphláta, a għlanadha go meicniúl sula ndéantar sádráil air. Is féidir miotail neamhfheiriūla agus cruach bhog għeal a għlanadha le héadach ēimir. Ní mór cruach bhog dhubb a líomhadha chun an screamha a bhaint di.

### Modhanna Sádrála

*Sampla 1: Sádráil an Bhunailt atá taispeánta i bhFíor 4.*

1. Féach chuige go bhfuil faobhar pháirt A ina luí anuas go dlúth ar pháirt B sa tsłi go dtarraingeofar an sádar isteach idir an dá pháirt trí għniomhū ribeath.
2. Marcáil ionad pháirt A ar pháirt B.
3. Glan an dá pháirt san áit a mbeidh an sádar le cur.
4. Cuir fosc ar an gcuid għlanta den dá pháirt.
5. Téigh an t-iarann sádrála go dti go dtagann dath uaine ar an lasair timpeall air, tum san fhosc ē agus cuir sádar ar a ghob.



FÍOR 4 ALT Á SHÁDRÁIL


6. Socraigh páirt A ina ionad ceart ar pháirt B. Beir le píosa éadaigh air nō leis an ngreemaire gáis, chun ē a choinneáil le linn na sádrála.
7. Tarraing an t-iarann sádrála téite go mall feadh an ailt ag tabhارت deis do na párteanna téamh de réir mar a théann sé ar aghaidh. Tarraingítetar an sádar leáite atá ar an iarann isteach idir na párteanna agus ba chóir go mbeadh sé le feiceáil ag teacht amach ar an taobh eile.
8. Glan an fosc den saotharphiosa agus más fosc gníomhach a úsáideadh ní mór an t-alt a ní go maith.

### Púscadh

Nuair is dromchlaí móra a bhíonn le sádráil le chéile is féidir modh ar a dtugtar *púscadh* a úsáid. Leis an modh seo stánaítetar na dromclai, cuirtear le chéile iad, agus téitear iad go dti go n-athleánn an sádar agus go ritheann sé ina chéile chun an ceangal a dhéanamh.


*Sampla 2: Sádráil an Ailt Rádail atá taispeánta i bhFíor 5.*

1. Féach chuige go bhfuil na párteanna ina luí anuas go dlúth ar a chéile (Fíor 5).
2. Marcáil ionad na bpárteanna ar a chéile.
3. Glan an chuid den dá dhromchla a bheidh á ngreamú le chéile.




FÍOR 5

4. Cuir fosc ar an gcuid għlanta den dá pháirt. Is fearr gan fosc a chur ach ar an gcuid den dá pháirt atá le sádráil, sa chaoi nach rachaídha an sádar ar fud na háite.
5. Stánaigh an chuid den dá dhromchla atá le sádráil (Fíor 6). Is féidir é sin a dhéanamh le hijar sádrála. Is leor brat tanaí sádair a chur orthu.
6. Cuir fosc ar an gcuid den dá dhromcla stánaithe arís.



FÍOR 6 STÁNU NA nDROMCHLAÍ

- Socraigh na páirteanna san ionad ceart ar a chéile. Is féidir iad a choinneáil le chéile le barra cruach.
- Téigh na páirteanna go dtí go n-athleánn an sádar ar an dá dhromchla agus go ritheann sé ina chéile. Is féidir an téamh a dheánamh le hiarrann sádrála nó le lasair lag. Téann na páirteanna le chéile sa chaoi go mbeidh sádar leáite le feiceáil ag teacht amach ar imeall an ailt. Coinnígh na páirteanna teannta le chéile go dtí go dtéachtann an sádar, ag cinntiú nach gcorrafonn siad.



FÍOR 7 NA PÁIRTEANNA Á DTÉAMH AGUS AN SÁDAR Á ATHLEÁ ORTHU SA CHAOI GO RITHFIDH SÉ INA CHÉILE

- Más fosc gníomhach a úsáideadh nígh an saotharphíosa go maith.

#### *Pointí Tábhachtacha faoin tSádráil*

- Chun alt maith a dhéanamh ní mór na páirteanna a bheith ina luí go dlúth ar a chéile, iad a bheith glan, fosc a bheith orthu, agus teocht os cionn phointe leáite an tsádair a bheith iontu.
- Ba chóir an saotharphíosa a leagan ar ábhar inslitheach nuair atá sé á shádráil ionas nach n-imeoidh an teas as go tapa, agus ionas go mbeidh sé níos éasca é a théamh.
- Ní mór an t-iarann sádrála a atéamh nuair a thosaíonn sé ag fágáil dromchla garbh ar an sádar. Ní mór freisin tuilleadh sádair a chur air de réir mar is gá.
- Ní ceart an t-alt a líomhadh tar éis é a shádraíl. Bíonn bailchríoch mhín ar an sádar nuair a chalcann sé agus mura mbíonn iomarca sádair ar an alt beidh sé deas néata mar atá sé. Ar ndóigh mhillfeadh an sádar an líomhán freisin.



- Dá thanaí an tsraith sádair idir na páirteanna is amhlaidh is láidre an t-alt.

#### Sádráil Airgid

Tugtar cruashádráil mar ainm eile ar shádráil airgid agus uaireanta ar phrásáil freisin. Bíonn na sádair airgid déanta as cóimhiotail d'airgead, de chopar agus de shinc go hiondúil. Leánn siad idir  $600^{\circ}$  agus  $830^{\circ}$ , ag brath ar a gcomhdhéanamh. Bíonn ailt sádair airgid níos láidre, agus in ann teocht níos airde a fhulaingt, ná ailt bhogshádair. Is féidir sádráil airgid a dhéanamh ar a lán miotal.

Ach oiread leis an mbogshádráil bíonn gá le fosc le haghaidh na sádrála airgid. Tá foscanna ar leith ar fáil le haghaidh na ngrád éagsúil sádair airgid. Déantar an tsádráil airgid ar an dóigh chéanna leis an bprásáil.

Tá sádair airgid ar leith ann le haghaidh obair airgid a mbíonn uirthi a bheith ag teacht le coinníollacha sainmharcála. Bíonn céatadán ard airgid sna sádair airgid sin.



FÍOR 8 SAMPLAÍ DE DHEARAÍ ALT I gCOMHAIR SÁDRÁIL AIRGID AGUS PRÁSAIL

## PRÁSÁIL

Is le prás a dhéantar an t-alt sa phrásáil. Bíonn alt prásálte níos láidre arís ná alt sádair airgid. Bíonn gá le teocht níos airde chun an t-alt prásálte a dhéanamh. Ní mór na páirteanna a bhíonn le ceangal a théamh go dtí teocht níos airde ná pointe leáite an spealtair (an prás a úsáidtear leis an bprásáil a dhéanamh). Mar gheall air sin níl sé chomh héasca copar agus prás a phrásáil agus atá sé cruach bhog, mar go bhfuil a bpointe leáite gar do phointe leáite an spealtair. Déanann an spealtar cóimhiotalú leis na páirteanna a bhíonn á bprásáil, ar a ndromcla.

### Spealtar

Spealtar a thugtar ar an bprás a úsáidtear sa phrásáil. Cóimhiotal de chopar agus de shinc, is é sin prás, é. Tá gráid éagsúla spealtair ar fáil ina bhfuil méideanna nő céatadáin éagsúla de chopar agus de shinc. Leánn siad idir  $850^{\circ}$  agus  $900^{\circ}$ , ag brath ar a gcomhdhéanamh. Sampla amháin is ea spealtar a bhfuil 60% copair agus 40% since ann agus leánn sé sin ag timpeall  $900^{\circ}\text{C}$ . Tá spealtar ar fáil ina shlat, ina stíall agus ina ghrán.

### Fosc Prásála

Úsáidtear cineálacha éagsúla foscanna sa phrásáil. I bhfoirm púdair is mó a bhíonn siad agus is minic a chuirtear beagán uisce tríothu chun taos a dhéanamh astu sa chaoi nach séidfear den saotharphíosa iad nuair a chuirtear an lasair orthu. Coisceann an fosc ocsaídiú le linn don phrásáil a bheith á déanamh.


### An Teallach Prásála

Téitear an saotharphíosa sa teallach prásála (Fíor 9). Bíonn líneáil fhriteasa ar an teallach. Tóirse a dhónn meascán de ghás agus d'aer a úsáidtear chun an saotharphíosa a théamh. Cuirtear bríci tine agus sceallóga teaschoimeádacha timpeall ar an saotharphíosa chun an teas a choinneáil ann.

### Ullmhú na bPáirteanna

Mar an gcéanna leis an tsádráil ní mór an chuid den dá pháirt atá le prásáil a bheith dlúite le chéile agus a bheith glanta go cúramach. Ní mór féachaint chuige go

bhfanann na páirteanna ina n-ionad ceart le linn na prásála; uaireanta pionnáiltear le chéile iad.



FÍOR 9 AN TEALLACH PRÁSÁLA

### Prásáil an Ailt

1. Cuir fosc ar an gcuid den dá dhromchla ar a bhfuil an phrásáil le déanamh agus socraigh le chéile sa teallach prásála iad. Is fearr an saotharphíosa a shocrú sa chaoi go mbíonn deis ag an lasair dul faoi.
2. Cuir bríci tine timpeall ar an saotharphíosa.
3. Téigh an saotharphíosa go mall ar dtús ionas nach séidfear an fosc de. Nuair a ghreamaíonn an fosc de is féidir é a théamh níos tapúla go dtí go mbíonn sé dearg. Ba chóir an lasair a dhíriú níos mó ar an bpáirt is toirtiúla den dá pháirt ionas go dtéifear an saotharphíosa go cothrom.
4. Téigh barr na slaitéar prásála agus tum san fhosc é sa chaoi go ngreamaíonn roinnt den fhosc de.
5. Ní mór an saotharphíosa a bheith chomh te agus go leánn an tslat phrásála air nuair a theagmháíonn sí leis. Leáigh an tslat trína cuimilt ar an saotharphíosa téite agus ní leis an lasair. Rithfidh an spealtar leáite

- isteach idir na páirteanna téite. Beidh dóthain orthu nuair a bheidh filléad néata práis feadh an ailt.
6. Lig don saotharphíosa fuarú go nádúrtha. Má fhuardaítear go tapa é beidh contúirt ann go scoiltfidh an t-alt de bharr crapadh tobann.
  7. Glan an flosc den saotharphíosa nuair a bhíonn an phrásáil críochnaithe.
- Nuair a bhíonn spealtar gránach á úsáid measctar leis an bhfosc é agus croitear an meascán ar an alt.

## GREAMACHÁIN

Tá réimse leathan greamachán ar fáil. Is féidir iad a úsáid chun ábhair chomhchosúla nó neamhchosúla a ghreamú le chéile, m.sh. miotal de mhiotal nó miotal de phlaisteach. Is féidir ailt a dhéanamh leo a bheidh aerobach agus uisce-obach agus a bheidh tapa agus saor le déanamh. Tá greamacháin áisiúil freisin chun miotail atá deacair a shádráil a ghreamú le chéile. Bíonn greamacháin ar fáil ina leacht, ina dtaos, ina solad agus ina bpúdar.

Ar na modhanna a úsáidtear chun greamacháin a théachtadh tá teas, brú, agus galú tuaslagóra. Leáitear cuid de na greamhacháin ar dtús trína dtéamh; ansin cuirtear ar na dromchlaí atá le greamú le chéile iad agus téachtann siad nuair a fhuardaíonn siad.

Braitheann an cineál greamacháin ba chóir a úsáid ar na hábhair a bhíonn á ngreamú agus ar na coinníollacha faoina n-úsáidtear é. Mar shampla, ní bheadh greamacháin teirmeaplaistigh in ann teochtanna arda a sheasamh. Má bhíonn gá le teas chun an greamachán a théachtadh ní mór do na hábhair a bheith in ann an teocht sin a sheasamh. Ní mór don ghreamachán a bheith in ann na fórsaí a bheidh ar an alt a sheasamh. Chun páirteanna a ghreamú ní mór don ghreamachán a bheith in ann na páirteanna sin a fhliuchadh.

### Cineálacha Greamachán


Tá go leor cineálacha greamachán eapacsach ar fáil agus úsáidtear iad ar réimse mór ábhar. Úsáidtear greamacháin fheanólacha ar mhiotail, ar adhmad agus ar ghloine. Téachtann greamacháin chianaicríleáite go tapa. Úsáidtear iad ar mhiotail, ar rubar agus ar phlaistigh.

Tá greamacháin aicrilih feiliúnach do mhiotail, d'earraí criadóireachta agus do roinnt plaisteach. Tá greamacháin anaeróbacha feiliúnach do mhiotail agus d'earraí criadóireachta. Tá greamacháin pholáireatáin feiliúnach do mhiotail, d'earraí criadóireachta agus do phlaistigh. Úsáidtear greamacháin aicéatáite polaivinile, greamacháin chásáine agus greamacháin úiré ar adhmad.

### Greamacháin á nÚsáid

Nuair a bhítear ag úsáid greamachán ba chóir treoracha na ndéantóirí a leanúint go cúramach. Ní mór do na dromchlaí atá le greamú a bheith glan, tirim agus saor ó bhealadh agus a bheith ag oiriúint go dlúth dá chéile.

Ailt a bhíonn déanta le greamacháin, bíonn siad níos láidre faoi fhórsa fiartha, faoi fhórsa comhbhrúite nó faoi fhórsa teannais ná mar a bhíonn siad faoi fhórsa scafa. Ba chóir, dá bhrí sin, ailt a dhearadh sa chaoi nach mbeidh siad faoi fhórsa scafa, más féidir é (fíor 10).



FÍOR 10 DEARADH ALT ATÁ NASCÁILTE LE GREAMACHÁIN

## Rabhadh

Is féidir le cuid de na greamacháin an craiceann nō na súile a ghreamú lena chéile go tapa. Má tharlaíonn go dtagann siad ar do chraiceann nō ar do shúil ná déan iarracht an craiceann a bhaint ó chéile — faigh cabhair dochtúra. Is feidir le greamacháin greannú nō greadfach a chur sa chraiceann freisin. Dá bhrí sin, ná lig i dteagmháil le do chraiceann ná le do shúile iad. Ná hanálaigh an mhúch ó ghreamacháin, agus déan an greamú in áit a bhfuil aeráil mhaith ann.

## Ceisteanna faoi Chaibidil 9

1. Céard tá i gceist le (a) alt buan; (b) alt inscaoilte?
2. Cén fáth go mbíonn gá le fosc nuair a bhítear ag sádráil?
3. Déan comparáid idir fosc gníomhach agus fosc cosanta.
4. Cén cineál flosca a úsáidtear in obair leictreach; cén fáth gurb é an cineál sin a úsáidtear?
5. Cén fáth gur as copar a bhíonn bior an iarainn sádrála déanta.
6. Déan sceitse de dhá bhior dhifriúla a bheadh ar iarann sádrála.
7. Cén buntáiste atá ag bior mór ar bhior beag i gcás an iarainn sádrála?
8. Cén fáth go mbíonn lámh phlaistigh ar an iarann sádrála leictreach?
9. Cén uair a bhíonn sé riachtanach an t-iarann sádrála a stánú?
10. Mínigh an chaoi a stánaítear an t-iarann sádrála.
11. Cén fáth gur ar lár bhior an iarainn sádrála a dhírítear an lasair, agus nach ar a ghob, nuair a bhíonn an bior á théamh?
12. Cén chaoi a mbíonn a fhios agat go mbíonn iarann sádrála sách te nuair a bhítear á théamh le lasair?
13. Cén chaoi a mbeadh a fhios agat go mbeadh iarann sádrála éirithe rófhuar?
14. Céard iad na nithe nach mór a bheith aireach fúthu chun alt maith sádráilte a dhéanamh?
15. Ainmnigh dhá bhealach a gcuirtear teas ar fáil i gcomhair sádráil.
16. Cén chaoi a nglantar cruach bhog dhuhb i gcomhair sádráil?
17. Mínigh céard tá i gceist le (a) stánú; (b) púscadh?
18. Cén fáth gur cheart an saotharphíosa a leagan ar ábhar inslitheach nuair a bhíonn sé á shádráil?
19. Cén difríocht atá idir cruashádráil agus bogshádráil?
20. Cé na buntáistí atá ag an bprásáil ar an mbogshádráil?
21. (a) Céard é spealtar;  
(b) Céard as a mbíonn sé déanta;  
(c) Cén raon teochta ar a leánn sé?
22. Cén fáth go mbíonn líneáil fhriteasa ar an teallach prásála?
23. Cén fáth a gcuirtear bríci tine timpeall an tsaotharphíosa nuair a bhítear á phrásáil?
24. Ainmnigh bealach amháin a bhféadfaí páirteanna atá á bprásáil le chéile a choinneáil le chéile le linn na prásála.
25. Déan liosta de na nithe nach mór a bheith aireach fúthu chun alt maith prásáilte a dhéanamh.
26. Cén fáth nach ceart alt prásáilte a fhuarú go tapa?
27. Cén chaoi a mbeadh a fhios agat go bhfuil saotharphíosa sách te chun é a phrásáil.
- 28.Luaigh trí bhuntáiste atá ag greamacháin ar mhodhanna eile chun páirteanna a nascáil.
29. Luaigh dhá ghné thábhachtacha nach mór a chur san áireamh nuair a bhíonn greamachán á roghnú le haghaidh obair ar leith.
30. Liostaigh trí chineál greamacháin.

# 10. Fuardheilbhiú Miotal

## MIOTALÓIREACHT LEATHÁIN

Sa mhiotalóireacht leatháin baintear úsáid as leatháin mhiotal éagsúla déanta as stánphláta, copar, prás, cruach, alúmanam agus iarann galbhánaithe. Bíonn forbairt línochta, gearradh, lúbadh, agus greamú píosaí miotal le chéile ar mhodhanna éagsúla i gceist san obair seo. Tomhaistear tiús an mhiotal leatháin le sreang-thomhsaire (féach Caib.5, Fíor 48).

Le deimheas a ghearrtar an miotal leatháin. Ní ceart píosaí beaga a ghearradh amach as leathán miotal. Is é an rud ba chóir a dhéanamh ná stíall a ghearradh dá leithead nó dá fhad agus na píosaí beaga a ghearradh as sin. Cuirtear miotal amú mura ndéantar ar an mbealach sin é. Sa tionsclaíocht is iondúil go n-úsáidtear meaisíní sa mhiotalóireacht leatháin ach is féidir obair mhaith a dhéanamh le huirlisí láimhe freisin.


Is fearr marcáil amach a dhéanamh ar leatháin mhiotal neamhfheiriúla agus ar leatháin stánphláta le peann lúaidhe 2H sa chaoi nach bhfágfar marcanna ar a ndromchla, agus chun nach scríobfar an stán den stánphláta. Is féidir línte a bhfuil gearradh le déanamh orthu a tharraingt le scríobaire. Is féidir forbairtí simplí a tharraingt ar an leathán féin ach is minic go dtarraingítear forbairtí casta ar pháipéar ar dtús. Ansin gearrtar amach as an bpáipéar iad agus úsáidtear mar theimpléid iad. Cuirtear na teimpléid anuas ar an leathán agus tarraingítear líne timpeall orthu nó greamaítear den leathán iad agus déantar an gearradh timpeall orthu. Ní mór allúntas le haghaidh alt agus ciumhaiseanna a chur san áireamh nuair a bhíonn forbairtí á dtarraingt.

Má bhíonn leathán miotal á ghreamú sa bhís ní mór teanntáin bhíse a úsáid. Ní mór a bheith fíorchúramach nuair a bhítear ag druileáil leathán miotal (féach Caib.7, lch 85).

## URLISÍ A ÚSÁIDTEAR SA MHIOTALÓIREACHT LEATHÁIN


### An Deimheas Láimhe

Úsáidtear an deimheas láimhe chun miotal leatháin tanaí a ghearradh. Nuair a bhíonn cruth á ghearradh amach leis an deimheas láimhe ba chóir gearradh go cruinn feadh na líne agus gan fuíoll a fhágáil le líomhadh. Is deacair miotal tanaí a líomhadh. Nuair a bhíonn a lán fuill le baint is fearr an cruth a ghearradh amach go garbh ar dtús agus ansin beidh sé níos éasca gearradh feadh na líne (Fíor 1). Nuair a bhíonn an gearradh á dhéanamh ní ceart an deimheas a dhúnadh go hiomlán mar fágfaidh sé sin roc sa mhiotal. Uaireanta éascaítear an obair má ghreamaítear cos amháin den deimheas idir theanntáin sa bhís agus an chos eile a oibriú le do lámh.




FÍOR 1

Ní ceart sreanga miotal a ghearradh leis an deimheas láimhe mar d'fhágfaidh sin mantanna sna lanna. Tá cineálacha éagsúla deimheas láimhe ar fáil. Úsáidtear an deimheas díreach (Fíor 2) chun gearradh díreach a dhéanamh agus chun cuair sheachtracha a ghearradh.




FÍOR 2 AN DEIMHEAS DÍREACH

Úsáidtear an deimheas cuartha (Fíor 3) cun cuair a ghearradh, go mór mór cuair inmheánacha.



FÍOR 3 AN DEIMHEAS CUARTHA


Is féidir gearradh díreach, chomh maith le gearradh cuar inmheánach agus gearradh cuar seachtrach, a dhéanamh leis an deimheas uilíoch (Fíor 4).



FÍOR 4 AN DEIMHEAS UILÍOCH

#### An Deimheas Binse

Úsáidtear an deimheas binse (Fíor 5) chun miotal leatháin, plátaí agus barraí a ghearradh. Bíonn na lanna



FÍOR 5 AN DEIMHEAS BINSE

déanta as cruach ardcharbóin. Socraítear an saotharphíosa idir na lanna agus oibrítear an lann glhuaiste le luamhán fada chun an gearradh a dhéanamh.


Ní mór na lanna a bheith socraithe go dlúth lena chéile gan aon bhearna eatarthu; tá scriúunna coigearaithe ar an lann shocair chun é sin a dhéanamh.

Tá poll speisialta sa deimheas binse chun ábhair chiorclacha agus ábhair chearnógacha a ghearradh. Ar mhaite le séabháilteacht ba chóir bolta a chur sa pholl sin nuair nach mbíonn an meisín á úsáid, sin nó an luamhán a bhaint den deimheas, más féidir é. Ní ceart cruach theilge a ghearradh leis an deimheas mar go millfeadh sé sin na lanna.

Tá deimhis bhinse ar fáil ina méideanna éagsúla. Is féidir plátaí cruach bhog suas go dtí 3 mm ar tiús a ghearradh le ceann mór acu agus barraí ciorclacha suas go dtí 12 mm.

#### An Máilléad


Úsáidtear an máilléad chun miotal a lúbadh agus a dheilbhiú gan damáiste a dhéanamh dá dhromchla. Bíonn ceann an mháilléid déanta as crann bosca nó as plaisteach agus a chos déanta as cána nó fuinseog.



FÍOR 6 AN MÁILLÉAD

#### An Casúr Péineála


Tá an casúr péineála úsáideach chun ciumhaiseanna miotail a fhilleadh isteach in áiteanna cúnga, mar shampla nuair a bhíonn an chiumhais shreangaithe á críochnú (Fíor 7.b).




FÍOR 7 AN CASÚR PÉINEÁLA

### An Barra Fillte

Úsáidtear an barra fillte (Fíor 8) chun leatháin mhiotail a lúbadh. Greamaítear sa bhís é agus nuair a dhaingnítéar an bhís fáisceann an barra fillte isteach ar an saotharphíosa. Socraítear an saotharphíosa sa chaoi go mbíonn an líne ar a bhfuil sé le lúbadh i gcomh-ard le faobhair uachtaracha an bharra fhillte. Úsáidtear máilléad, nó



AN BARRA FILLTE




FÍOR 8 MIOTAL LEATHÁIN Á LÚBADH LEIS AN mBARRA FILLTE AGUS LEIS AN MÁILLÉAD

píosa crua adhmaid agus casúr, leis an lúbadh a dhéanamh. Is féidir lúba i miotal lag a thosú leis na hordóga.

Ba cheart oibriú ar feadh fhad ionlán an leatháin agus gan cuid amháin de a lúbadh go hiomlán roimh an gcuid eile.

### An Phritil Eitre

Úsáidtear an phritil eitre chun ciumhaiseanna sreangaithe a dhúnadh isteach (Fíor 19.6) agus chun séamaí eitreacha a nascadh (Fíor 16.6).



FÍOR 9 AN PHRITIL EITRE

### Na Ceapa



Tá réimse ceap ar fáil chun miotal leatháin a dheilbhiú. Socraítear i soicéid iad nó is féidir iad a ghreamú sa bhís. Más sa bhís a chuirtear iad ba chóir teanntáin a chur uirthi mar go n-éireodh cos na gceap garbh agus go mbeidís míchompordach le láimhsiu.

### An Ceap Tua

Úsáidtear an ceap tua (Fíor 10) chun lúba géara (níos lú ná uillinn  $90^\circ$ ) a dhéanamh.



### An Ceap Leathghealaí

Úsáidtear an ceap leathghealaí chun ciumhaiseanna a iompú aníos ar earraí cuara (Fíor 11).



LÚB GHÉAR Á DEILBHIÚ  
AR AN gCEAP TUA

FÍOR 10 AN CEAP TUA




FÍOR 11 AN CEAP LEATHGHEALAÍ

#### *An Ceap Goib*


Úsáidtear an ceap goib (Fíor 12) chun saotharphíosaí cónlá agus saotharphíosaí sorcóireacha a dheilbhiú agus chun fáinní a dhéanamh. Úsáidtear an chuid chothrom de chun coirnéil a chur i saotharphíosaí agus chun saotharphíosaí a chothromú.

#### *An Ceap Tonnadóra*

Úsáidtear an ceap tonnadóra chun saotharphíosaí cónlá agus saotharphíosaí sorcóireacha a dheilbhiú freisin, ach is féidir ábhar níos mó a dheilbhiú air ná mar is féidir ar an gceap goib (Fíor 13).



FÍOR 12 AN CEAP GOIB




AN CEAP TONNADÓRA  
Á ÚSAID CHUN ÁBHAR  
CÓNUL A DHEILBHIÚ

FÍOR 13 AN CEAP TONNADÓRA

#### *An tIarann Rocála*

Tá craith eitri ar mhéideanna éagsúla san iarann rocála (Fíor 14). Úsáidtear é chun roic a chur i miotal agus chun ciumhaiseanna sreangaithe a dheilbhiú agus a dhúnadh.




AN tIARANN ROCÁLA Á  
ÚSAID CHUN CIUMHAIS  
SHREANGAITHE A DHEILBHIÚ

FÍOR 14 AN tIARANN ROCÁLA

## AILT

Tá ailt choitianta a dhéantar sa mhiotalóireacht leatháin le feiceáil i bhFíor 15.




FÍOR 15 AILT CHOITIANTA MHIOTAIL LEATHÁIN

### Séama Eitreach a Dheilbhiú

- Is gá allúntas a bheidh cothrom le trí oiread leithead an tséama chun séama eitreach a dhéanamh:  
Fág dhá oiread leithead an tséama ar thaobh amháin den alt agus fad cothrom le leithead an tséama ar an taobh eile (féach Fíor 16).


- Lúb an dá chiumhais leis an mbarra fillte. Ní mór do leithead an phíosa a lúbtar a bheith beagán níos lú ná leithead an tséama atá beartaithe. Ní mór freisin an dá chiumhais a lúbadh sa tslí go rachaidh siad i ngreim ina chéile níos déanaí (féach Fíor 16.2).
- Lean ort ag lúbadh na gciumhaiseanna ar an geap tua.
- Fill na ciumhaiseanna anuas ar stíall mhiotail atá beagán níos tibhe ná an leathán.
- Cuir na ciumhaiseanna fillte ina chéile.
- Úsáid prítil eitre chun na dromchlaí a ailíniú agus an séama a nascadh.
- Chun an obair a chríochnú buail síos an séama le máilléad.




FÍOR 16 SÉAMA EITREACH A DHEILBHIÚ: NA CÉIMEANNA

## Ciumhaiseanna

Cuirtear ciumhaiseanna feirbthe agus ciumhaiseanna sreangaithe ar leatháin mhiotail go minic chun iad a neartú agus chun iad a dhéanamh sábháilte.




CIUMHAIS  
FHEIRBTHE




CIUMHAIS  
SHREANGAITHE


FÍOR 17 CIUMHAISEANNA




- (1) FÁG 2½ OIREAD  
THRASTOMHAS  
NA SREINGE LE  
hAGHAIDH NA  
CIUMHAISE




- (2) GREAMAIGH AN  
tÁBHAR SA  
BHARRA FILTE  
AGUS CUIR LÚB  
CHRUINN ANN




- (3) LEAN AR AGHAIDH  
A LÚBADH AR AN  
gCEAP TUA




- (4) CUIR STIALL CHOTHROM  
A bhFUIL FAOBHAR CUAR  
UIRTHI ISTEACH SA LÚB  
AGUS FIL AN LÚB ANUAS  
UIRTHI




- (5) CUIR AN tSREANG ISTEACH  
SA LÚB AGUS LÚB AN  
tÁBHAR ANUAS TIMPEALL  
UIRTHI



- (6) DÚN AN LÚB LEIS AN  
bPRITIL EITRE




- (1) CIUMHAIS Ó 3 GO  
dTí 6 mm, DE  
GHNÁTH, A BHÍONN  
AG TEASTÁIL LE  
CIUMHAIS FHEIRBTHE  
A DHÉANAMH




- (2) CUIR AN PÍOSA  
MIOTAIL SA  
BHARRA FILTE  
AGUS CUIR LÚB  
ANN AG AN LÍNE.  
NÁ FÁG AN  
COIRNÉAL  
RÓGHÉAR


- (3) LEAN ORT A  
LÚBADH AR  
AN gCEAP  
TUA



- (4) FIL AN LÚB TIMPEALL  
AR PHÍOSA TANAÍ  
MIOTAIL



- (5) DÚN AN LÚB LE MÁILLÉAD  
ACH NÁ DÉAN LEACÚ  
UIRTHI



- (7) BUAIL ISTEACH IMEALL  
NA LÚIBE TIMPEALL NA  
SREINGE LEIS AN  
gCASÚR PÉINEÁLA

FÍOR 18 CIUMHAIS FHEIRBTHE A DHEILBIÚ: NA CÉIMEANNA

FÍOR 19 CIUMHAIS SHREANGAITHE A DHEILBIÚ: NA CÉIMEANNA

## MIOTALÓIREACHT BHUAILTE

Sa mhiotalóireacht bhualte deilbhítear miotal leatháin le casúr nó le máilléad. Ní mór do na miotail a úsáidtear san obair seo a bheith intuargainte agus insínte. Trí phróiseas choitianta san obair seo iad *cuasú*, *logú* agus *ardú*. Copar, alúmanam agus prás is mó a úsáidtear sa mhiotalóireacht bhualte sna scoileanna. Ní mór do na miotail sin a bheith ainéalta sula dtosaítear ar an obair bhualte (féach Caib.11, Ich 140).

Ní mór copar agus prás a ghlacadh tar éis iad a théamh chun ocsaídí a bhaint díobh. Chun é sin a dhéanamh tumtar i dtuaslagán d'aigéad sulfarach iad. *Picil* a thugtar ar an tuaslagán sin agus bíonn sé déanta as tomhas amháin d'aigéad sulfarach in aghaidh tuairim is deich dtomhas uisce. Is é an t-aigéad a chuirtear san uisce, ní a mhalaírt, nuair a bhíonn picil á déanamh. Ní mór an miotal a ní go maith faoi uisce reatha nuair a thógtar as an bpicil é. Ba chóir teanchair chopair nó phráis a úsáid chun breith ar an miotal nuair a bhíonn sé á thumadh. Ba chóir é a thumadh go réidh agus gan an t-uisce a stealladh.



Ní mór a bheith cúramach ag úsáid na picile (féach Caib.4). Má bhíonn tú féin ag déanamh na picile aon uair ná déan dearmad gurb é an t-aigéad a chuirtear isteach san uisce agus ní a mhalaírt. Ní mór an phicil a stóráil go sábháilte agus lipéad a chur ar an soitheach ag léiriú gur picil atá ann.

### Cuasú

Is é is cuasú ann ná próiseas chun cruth mar a bheadh babhla nó mias ann a chur ar mhiotal. Buailtear an miotal le máilléad basála nó le casúr blocála agus é ina luí ar bhloc adhmaid cuasaithe nó ar mhála leathair atá lán le gaineamh. Diosca miotal a bhíonn mar bhunábhar sa chuausú.

Ní laghdaíonn trastomhas an mhiotal mórán le linn na hoibre seo agus dá bhrí sin ní gá do thrastomhas an diosca a bheith ach beagán níos faide ná an trastomhas atá ag teastáil san earra críochnaithe.

Cuirtear ciorcail chomhláracha le peann luaidhe ar an diosca mar theoir le haghaidh bhuillí an chasúir nó an mháilléid. Tosaítear ag imeall an diosca agus oibrítear isteach i dtreo a láir. Ba chóir roic a sheachaint chomh



FÍOR 20 CUASÚ



fada agus is féidir é, agus tar éis gach timpeallú ba chóir aon roic a bhíonn ann a chothromú amach.

Éiríonn an miotal saotharchruaite mar thoradh ar an mbualadh agus dá brí sin ní mór é a ainéaladh ó am go ham.

### Logú

Tá an logú cosúil leis an gcuasú ach go gcuirtear bile chothrom ar an saotharphíosa mar a bhíonn ar thráidire beag. Ach oiread leis an gcuasú ní athraíonn trastomhas an diosca mórán nuair a dhéantar logú air.

Úsáidtear bloc deilbhithe adhmaid agus pionnaí treorach sa logú. Coinnítear an diosca in aghaidh na bpionnaí agus bítear á chasadach de réir mar a bhítear á bhualadh. Is cuidiú iad na pionnaí leis an mbile a choinneáil ar comhleithead an bealach ar fad timpeall an diosca. Tar éis gach píosa ar leith den bhole a dheilbhiú ní mór é a iompú bunoscionn ar cheap binse mín agus é a chothromú le blocán adhmaid agus le casúr. Ní mór fochtar (tóin) an tsoithigh a chothromú freisin (Fíor 21).



FÍOR 21 LOGÚ

### Ardú

Is féidir cruthanna doimhne a dhéanamh leis an bpróiseas a dtugtar ardú air, agus ní dhéantar an miotal a shíneadh ná a thanú mar a dhéantar sa chuaúsú agus sa logú. Bónn an saotharphíosa leagtha anuas ar cheap oiriúnach agus buailtear é ar an taobh amuigh le casúr ardaithe nó le máilléad ardaithe (Fíor 22.a agus 22.c).


Is féidir gar-thrastomhas an diosca a bheadh riachtanach chun an saotharphíosa a dhéanamh a mheas faoi mar atá taispeánta i bhFíor 22.b. Tarraingítear ciorcal an bhoinn agus ciorcail chomhláracha eile ar an diosca mar threoir le haghaidh bhuillí an chasúir nó an mháilléid. Déantar an saotharphíosa a chuaúsú beagán ar dtús sa chaoi go mbeidh sé níos éasca an t-ardú a thosú.

Déantar an bualadh ina shraitheanna ciorclacha ag oibriú ó chiorcal an bhoinn go dtí imeall an diosca. Ní

mór an diosca a bhualadh beagán chun tosaigh ar an áit a bhfuil sé i dteaghmháil leis an gceap.

Tar éis gach cúrsa ardaithe ní mór aon roic a thagann chun cinn a chothromú amach leis an máilléad. Ansin ní mór é a ainéaladh agus ciorcail chomhláracha a tharraingt arís air don chéad chúrsa eile.


Tógann sé roinnt mhaith cursaí sula mbíonn an cruth ceart ar an saotharphíosa. Is féidir an cruth a sheiceáil le teimpléad (Fíor 22.d).



FÍOR 22 ARDÚ

## Mínleacú

Saotharphíosaí nō earraí a dheilbhítear trí chuausú, logú nō ardú déantar mínleacú orthu chun aon mhíchothroime a bhaint astu agus chun iad a shaotharchruachan. Le casúr agus ceap a dhéantar an mínleacú. Ní mór don cheap agus don chasúr a bheith ag oiriúint don chruth atá á dhéanamh, faoi mar atá taispeánta sna samplaí i bhFíor 23.a, b agus c. Ní mór don saotharphíosa a bheith i dteagmháil leis an gceap san áit a mbuailtear é. Caithfidh an ceap agus an casúr a bheith mí agus snasta chun dromchla maith a chur. Ní mór an saotharphíosa féin a għlanadh agus a ainéaladh roimh ré. Ba chóir ciorcail chomhlárñacha a tharraingt le peann luaidhe ar saotharphíosaí den chineál atá i bhFíor 23.d, agus an bualadh a dhéanamh ón lár amach.




FÍOR 23 MÍNLEACÚ

Ba cheart na buillí a dhéanamh go héadrom agus na marcanna mínleacaithe a bheith i dteagmháil lena chéile, nō a bheith ag trasnú a chéile beagán.

Uaireanta snasaítar an saotharphíosa tar éis é a mhínleacú.

## Lúbadh

Is féidir miotal thanaí a lúbadh timpeall ar an bhfoirm-eán sa bhís agus gan iad a bheith téite (Fíor 24). Ní mór don fhoirmeán a bheith cothrománach sa bhís agus an saotharphíosa a bheith ingearach leis. Chomh maith leis sin ní mór don saotharphíosa a bheith i ngreim ag an bpointe a bhfuil an lúb le tosú.




FÍOR 24 MIOTAL TANAÍ Á LÚBADH AR AN BHFOIRMEÁN SA BHÍS

## Casadh

Cuirtear casadh i mbarraí go minic nuair a bhíonn earraí ornáideacha á ndéanamh. Tá sé éasca go leor casadh a chur i mbarraí cearnógacha suas go dtí tuairim is 10 mm gan iad a théamh.


Marcáiltear fad an chasaidh ar an mbarra, nō curtear feadán den fhad sin anuas air. Cuirtear an feadán air ionas go mbeidh an fad ceart sa chasad. Greamaítear an barra go hingearach sa bhís agus castar é le luamhán a bhfuil poll cearnógach ann (Fíor 25). D'fhéadfá ceann de thaobhanna an bharra a mharcáil le cailc sula dtosaíonn tú, sa chaoi go mbeidh a fhios agat cé mhéad de chasadh atá curtha ann. Is féidir an casadh a dhéanamh ar deiseal nō ar tuathal.

Nuair is i mbarra téite a bhíonn an casadh á chur ní mór dó a bheith ar aon teocht ar feadh an fhaid a bhfuil an casadh le cur ann. Mura mbeadh, bheadh casadh níos mó sna háiteanna ba theo, agus ní bheadh an casadh rialta dá dheasca sin.



FÍOR 25 CASADH Á CHUR I  
mBARRA LE LUAMHÁN


Is féidir casadh a chur i mbarraí leathana tanaí leis an gcastaire inchoigearaithe (Fíor 26). Tarraingítear dhá líne ar an mbarra chun fad an chasaidh a léiriú. Ansin greamairtear sa bhís é sa chaoi go mbíonn ceann de na línte sin i gcomh-ard le barr na dteanntán bíse. Socraítear an castaire ar an taobh uachtarach de agus ciumhais fóchтарach ghialla an chastaire i gcomh-ard leis an dara líne ar an mbarra. Ní mór a bheith cúramach gan an barra a lúbadh le linn an chasta.




FÍOR 26 CASADH Á CHUR I bPÍOSA TANAÍ  
MIOTAIL LEATHÁIN LE CASTAIRE  
INCHOIGEARTAITHE

### Scrollaí


Is gá roinnt cleachtaidh ar dhéanamh scrollaí sula mbeidh an cheird agat go paiteanta, ach cuireann scrollaí go mór leis an dreach a bhíonn ar earraí ornáideacha. Má bhíonn scrolla le cur ar dhá cheann an tsaotharphíosa ní mór an fad atá riachtanach lena n-aghaidh a mheas ar dtús. Bealach chun é sin a dhéanamh is ea línlíocht den scrolla a tharraingt ar dhromchla cothrom le caile, nó í a tharraingt ar pháipéar le peann luaidhe. Ansin is féidir corda a leagan anuas feadh an scrolla sa línlíocht agus an fad den chorda a thógann sé a thomhas. Cuireann sé go mór le hornáideachas an scrolla a cheann a leathadh faoi mar atá taispeánta i bhFíor 27.a. Bheadh sé an-deacair an lúbadh a thosú ar dhíreog agus mar sin is



(a) AN CEANN Á  
LEATHADH



(b) AN LÚBADH  
Á THOSÚ



(c) LÚBADH IDIR  
PHIONNAÍ



(d) IARANN  
SCROLLA



(e) SCROLLAÍ COITIANTA



FÍOR 27 SCROLLAÍ A DHÉANAMH

fearr é a dhéanamh ar fhaobhar maolaithe na hinneonach agus an miotal a bheith deargthe. Lúb an ceann ar dtús ar fhaobhar maolaithe na hinneonach agus lean leis an lúbadh faoi mar atá taispeánta i bhFíor 27.b. Lean leis an gcuid eile den lúbadh idir dhá phionna i mbloc miotal (Fíor 27.c), nó timpeall ar iarann scrolla (Fíor 27.d). Ar deireadh, cothromaigh an scrolla ar aghaidh na hinneonach. Cruth ‘S’ nó ‘C’ a bhíonn ar scrollaí go hiondúil.

### Sainmharcanna

Seo marcanna a chuirtear ar earraí óir, airgid agus platanaim chun a dheimhniú go bhfuil méid nó céatadán ar leith óir, airgid nó platanaim sa mhiotal as a bhfuil



DÉANANN AN MARC  
SEO IDIRDHEALÚ IDRÍ  
NA DÉANTÓIRÍ



MARC CHOMHLACHT  
ÓRCHEARDAITHE  
BHAILE ÁTHA CLIATH



MARC  
MÍNEADÁIS



DÁTLITIR.  
(ATHRAÍONN SÍ  
GACH BLIAIN)

### SAINMHARCANNA A CHUIRTEAR AR EARRAÍ A DHÉANTAR IN ÉIRINN

#### PLATANAM



#### ÓR

22 CARAT

\_\_\_\_\_



20 CARAT

\_\_\_\_\_



18 gCARAT

\_\_\_\_\_



14 CHARAT

\_\_\_\_\_



#### PLATANAM



F

#### ÓR

22 CARAT

\_\_\_\_\_



18 gCARAT

\_\_\_\_\_



14 CHARAT

\_\_\_\_\_



9 gCARAT

\_\_\_\_\_



#### AIRGEAD

STERLING



925 F

#### AIRGEAD

STERLING

925 F

BRITANNIA

9584 F

siad déanta. Déantar na hearraí a thástáil agus a stampáil in Oifig Mheasúnachta. Ní mór, de réir dlí, gach earra óir, airgid nó platanaim a dhéantar sa Stát seo, nó a fompórtáiltear, a chur chuig an Oifig Mheasúnachta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, sa chaoi go ndéanfar measúnacht agus sainmharcáil air, sular féidir é a dhíol sa thír seo. Is iad comhlacht Óircheardaíthe Bhaile Átha Cliath atá i bhfeighil na hOifige Measúnachta.

Tá cúig chaighdeán óir ceadaithe d'earraí óir a dhéantar in Éirinn; is iad sin 9 gcarat, 14 charat, 18 gcarat, 20 carat agus 22 carat. Seasann *carat* don fhiche ceathrú cuid nó 1/24. Mar sin, i gcás earra 14 charat, bheadh 14 thomhas d'ór agus 10 dtomhas d'eilmintí eile

ina chomhdhéanamh. Uaireanta tugtar méid an óir san earrá mar chodanna de mhíle, mar shampla, 375 (375/1000) is é sin, 3/8 nó 9/24 nó 9 gcarat.

Níl ach caighdeán amháin ann i gcomhair earráí airgid a dhéantar in Éirinn, is é sin caighdeán *Sterling*. Airgead is ea 92.5% den ábhar in airgead *Sterling*. Chomh maith le caighdeán *Sterling* tá caighdeán eile ceadaithe d'earráí airgid a iompórtáiltear, is é sin caighdeán *Britannia*. Airgead is ea 95.84% den ábhar in airgead *Britannia*.

Ó 1983 tá an platanam i measc na miotal luachmhar a bhfuil caighdeán náisiúnta ann dóibh. Caighdeán amháin atá ann, is é sin, 950 tomhas platanaim in aghaidh an 1,000 tomhas.


#### Ceisteanna faoi Chaibidil 10

1. Cén chaoi a dtomhaistear tiús leatháin mhiotail?
2. Cén fáth gur le peann luaidhe a dhéantar an mharcáil amach ar leatháin mhiotail neamhfheiriúla agus ar stánphláta?
3. Céard é teimpléad?
4. Déan sceitse de cheithre chineál alt a dhéantar ar mhiotal leatháin. Bíodh ceann amháin acu, ar a laghad, feiliúnach le tóin a chur i gcanna sorcóireach.
5. Déan sceitse de (a) ciumhais fheirbthe, (b) ciumhais shreangaithe.
6. Mínigh, le cabhair sceitsí, na céimeanna éagsúla a bhaineann le ciumhais fheirbthe a dhéanamh.
7. Mínigh, le cabhair sceitsí, na céimeanna éagsúla a bhaineann le cuimhais shreangaithe a dhéanamh.
8. Cén fáth nach ceart an deimheas a dhúnadh go hiomlán nuair a bhíonn gearradh fada á dhéanamh i leathán miotail?
9. Cén fáth nach ceart sreanga miotail a ghéarradh leis an deimheas?
10. Ainmnigh trí chineál deimheas láimhe agus luaigh an úsáid a bhaintear as péire acu.
11. Cén úsáid a bhaintear as an deimheas binse?
12. Cén chaoi a gcoinnítear an deimheas binse ó dhúnadh nuair nach mbíonn sé á úsáid?
13. Cén cineál adhmaid a mbíonn ceann an mháilléid déanta as?
14. Ainmnigh an cineál casúir atá i bhFíor 29.




FÍOR 29

15. Ainmnigh an uirlis atá i bhFíor 30 agus abair cén úsáid a bhaintear aisti.



FÍOR 30

16. Cén t-ainm atá ar an uirlis i bhFíor 31 agus cén úsáid a bhaintear aisti?



FÍOR 31

17. Déan sceitse de cheithre chineál ceap a úsáidtear sa mhiotalóireacht leatháin agus luaigh úsáid amháin a bhaintear as gach ceann acu.
18. Cé na hairónna nár mhór a bheith ag miotal sa chaoi go bhféadfáí miotalóireacht bhualte a dhéanamh air?
19. Mínigh, le cabhair sceitsí, conas a dhéanfá babhla as diosca copair. Tabhair ainm an phróisis agus liostaigh na rudaí a bheadh ag teastáil le haghaidh na hoibre.
20. Céard tá i gceist le *logú*?

21. Mínígh, le cabhair sceitsí, conas a dhéanfá luaithreadán cosúil leis an gceann atá taispeánta i bhFíor 32 as diosca copair. Ainmnigh na rudaí a bheadh riachtanach le haghaidh na hoibre.




FÍOR 32

22. Cén fheidhm a bhíonn le *mínleacú*?
23. (a) Cén fáth a gcuirtear feadán anuas ar bharra, uaireanta, nuair a bhíonn casadh ornáideach á chur ann?
- (b) Cén chaoi a mbeadh a fhios agat nuair a bheadh  $\frac{3}{4}$  de chasadadh curtha agat i mbarra cearnógaich?
24. Cad é an tsuí is fearr leis an lúbadh a thosú i scrolla?

# 11. Teodheilbhiú Miotal agus Teaschóireálacha

## GAIBHNIÚ

Is é atá i gceist le gaibhniú ná miotal a théamh go dtí go mbíonn sé plaiseach agus ansin é a dheilbhiú ina chruthanna éagsúla. Le casúr a dhéantar an deilbhiú go hiondúil. Tá sé de bhuntáiste ag earraí gaibhnithe go leanann an snáithe cruth an earra (Fíor 1), rud a fhágann go mbíonn níos mó nirt san earra ná mar a bheadh in earra neamhghaibhnithe.




FÍOR 1

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an ngaibhniú i gceardlann na scoile. Cuireann sé le cumas an dalta toisí agus cruthanna a mheas leis an tsúil, ó tharla gur minic nach féidir uirlísí tomhais a úsáid ar mhiotal te. Cuireann sé leis an gcomhordú idir an lámh agus an tsúil freisin.

### An Teallach Ceárta

Sa teallach ceárta (Fíor 2) a théitear an miotal. Tá dhá chineál teallach ceárta ann, ceann a ndóitear cóc nó guail ann, agus ceann a ndóitear gás ann.

Maidir leis an teallach ceárta cóic nó guail, séidtear aer isteach ann le gaothrán. Bíonn rialtán ar an teallach chun an méid aeir a bhíonn ag dul isteach ann a rialú. Dá mbeadh an iomarca aeir ag dul isteach ann bheadh contúirt ann go ndóifí an miotal a bheadh á théamh.




FÍOR 2 AN TEALLACH CEÁRTA GUAIL NÓ CÓIC

Séidtear an t-aer isteach ann trí fheadán teallaigh. Is féidir é a shéideadh isteach ón taobh, nó anfós ón fochtar. Nuair is ón taobh a bhíonn sé á chur isteach fúaraítear an feadán le huisce go hiondúil.

Ní mór na cnámhóga a thógáil as an tine ó am go ham. Dá bhfágfaí inti iad d'fhéadfaidís greamú den rud a bheadh á ghaibhniú, nó d'fhéadfaidís carnadh timpeall bhéal an fheadáin teallaigh agus an méid aeir a bheadh ag dul isteach a laghdú.


Oireann an teallach céarta gáis do scoileanna mar gur obair éadrom a dhéantar iontu. Ní bhíonn mórán torainn uaidh agus tá sé glan le húsáid.



FÍOR 3 AN TEALLACH CEÁRTA GÁIS

#### Uirlisí na Tine

Úsáidtear an ladar tine, an priocaire agus an ráca tine chun an tine ghuail nó chóic a choinneáil in ord agus chun na cnámhóga a thógáil amach aisti.




AN LADAR TINE      AN PRIOCaire      AN RÁCA TINE

FÍOR 4 UIRLISÍ TINE

#### An Inneoin

As cruach ardcharbóin a bhíonn an inneoin déanta agus bíonn a haghaidh (barr) cruite. Bíonn an tábla gearrtha fágtha bog agus úsáidtear é le saotharphíosaí a ghearradh air le siséil. Ní ceart aon ghearradh le siséal a dhéanamh ar aghaidh na hinneonach ar fhaitíos go marcálfái í nó go maolófaí an siséal. Bíonn cuid d'haobhar na haghaidhe, gar don tábla gearrtha, maolaithe sa chaoi gur féidir saotharphíosaí a lúbadh uirthi. Is áit é poll an chrúain chun urlísí a ghreamú ann, mar shampla, an cruán, an cruthmhúnlóir fochtarach agus an t-iarannd rásála íochtarach. Bíonn poll na pritile ann ionas gur féidir an phritil a chur an bealach ar fad trí mhiotal te nuair a bhíonn poll á chur ann. Deilbhítear súile (cróite), cuair agus lúba éagsúla ar ghob na hinneonach. Bíonn an inneoin suite ar sheastán d'iarann teilgthe nó ar bhloc adhmaid.




FÍOR 5 AN INNEOIN AGUS A SEASTÁN

#### An Bhís Choise


Tá an bhís choise in ann ag buillí tromá agus ag lúbadh, agus dá bhrí sin tá sí an-oiriúnach le haghaidh na gaibhneachta. Bíonn sí boltáilte den bhinse agus a cos síáite san urlár mar thaca breise aice.

Bíonn giall inghluaiste na bíse coise ar mhaighdeog agus fágann sin de mhíbhuntáiste aice nach mbíonn aghaidh na ngíall comhthreomhar lena chéile ach nuair

a bhíonn siad socraithe i suíomh faoi leith amháin lena chéile. Dá bhrí sin ní bhíonn greim chomh maith sin ag na gialla agus iad socraithe i suímh eile (féach Fíor 7).



FÍOR 6 AN BHÍS CHOISE



FÍOR 7 GIALLA NA BÍSE COISE

### Na Teanchairí Ceárta

Úsáidtear na teanchairí ceárta chun breith ar mhiotal te nuair a bhíonn sé á ghaibhniú (má bhíonn saotharphíosa sách fada is fearr breith de láimh air áfach). Ba chóir an teanchair is fearr a fhraigheann greim maith ar an saotharphíosa, agus a oireann dó, a úsáid. Cuirtear fáinne clampála (Fíor 8) ar an teanchair uaireanta chun scíth a thabhairt do lámh an oibrí.


Tá roinnt cineálacha coitianta teanchairí le feiceáil i bhFíor 8 agus seo cur síos orthu:

*An Teanchair Dhlúthbhéil:* úsáidtear an teanchair dhlúthbhéil le breith ar shaotharphíosaí tanaí.

*An Teanchair Bhéaloscaithe:* úsáidtear an teanchair bhéaloscaithe le breith ar shaotharphíosaí tiubha.

*An Teanchair Chuasbhéil:* úsáidtear an teanchair chuasbhéil le breith ar shaotharphíosaí sorcóireacha, cearnógacha, heicseagánacha agus ochtagánacha.


*An Teanchair Bholta:* tá an teanchair bholta deilbhithe sa chaoi gur féidir breith ar shaotharphíosaí a bhfuil ceann orthu léi, mar shampla, boltaí.



FÍOR 8 NA TEANCHAIRÍ CEÁRTA

### An tOrd


Úsáidtear ord go minic sa ghaibhniú. Ord a mbíonn dhá aghaidh chothroma air (Fíor 9) agus é timpeall 4 kg ar meáchan, is coitianta a úsáidtear. Tá oird a bhfuil péin dhíreach, crosphéin agus péin liathróide orthu ar fáil freisin.



FÍOR 9 AN tORD

### An Cruán

Úsáidtear an cruán chun miotal a ghearradh. Bíonn cos chearnógach air a sháitear síos i bpoll an chruáin san inneoin (Fíor 10).




FÍOR 10 AN CRUÁN

### An Séata Te agus an Séata Fuar


Siséal tiubh láidir a bhfuil cos air is ea an séata agus buailtear le hord é. Úsáidtear an séata te chun miotal te a ghearradh. As cruach theilgthe a bhíonn sé déanta ach ní bhíonn sé cruaite agus faghartha mar go mbogfadh an teas a thagann ón miotal te é. Bíonn faobhar gearrtha air a bhíonn ar uillinn tuairim is  $30^\circ$ . Bíonn cos adhmaid nó cos iarainn slaité air.

Úsáidtear an séata fuer chun miotal fuer a ghearradh. As cruach theilgthe a bhíonn sé déanta agus é cruaite agus faghartha. Bíonn sé géaraithe ar uillinn  $60^\circ$ .



FÍOR 11 AN SÉATA


Úsáidtear an séata te agus an séata fuer i dteannta an chruáin, nó is féidir an saotharphíosa a mbítear á n-oibriú air a shocrú ar thábla gearrtha na hinneonach (Fíor 12).



FÍOR 12 NA SÉATAÍ Á nÚSÁID

### An Phritil Cheárta


Úsáidtear an phritil cheárta chun poill a chur i miotal te. Leis an ord a bhualtear í. Bíonn na pritilí ceárta ciorclach nó cearnógach, nó ar aon chruth a bhíonn riachtanach.



FÍOR 13 AN PHRITIL CHEÁRTA

### An Leathadóir


Úsáidtear an leathadóir chun bailchríoch a chur ar dhromchlaí míne tar éis iad a dheilbhiú go garbh ar dtús. Le hord a bhualtear é.



FÍOR 14 AN LEATHADÓIR Á ÚSÁID

#### An tIarann Rásála Uachtarach agus an tIarann Rásála Íochtarach


Úsáidtear an t-iarann rásála uachtarach agus an t-iarann rásála fochtarach nuair a bhíonn ábhair thiubha á leabhrú. Déantar an leabhrú go garbh ar dtús leis na hiarainn rásála agus críochnaítear an obair leis an leathadóir. Úsáidtear freisin iad chun guaillí agus eitrí a dhéanamh. Bíonn cos ar an iarann rásála uachtarach. Is le hord a bhualtear é. Sáitear an t-iarann rásála íochtarach i bpoll an chruáin san inneoin.



FÍOR 15 AN TIARRANN RÁSÁLA UACHTARACH AGUS AN TIARRANN RÁSÁLA ÍOCHTARACH

#### An Cruthmhúnlóir Uachtarach agus an Cruthmhúnlóir Íochtarach

Úsáidtear an cruthmhúnlóir chun trasghearradh miotal a laghdú agus chun bailchríoch mhín a chur ar mhiotal. Eitri leathchiorclacha is coitianta a bhíonn sna cruthmhúnlóirí ar mhaithe le cruthanna sorcóireacha a dheilbhiú ach bíonn cruthanna eile orthu freisin.



FÍOR 16 AN CRUTHMHÚNLÓIR UACHTARACH AGUS AN CRUTHMHÚNLÓIR ÍOCHTARACH


#### Roinnt Pointí faoin nGaibhniú

- Nuair a bhíonn miotal le gaibhniú ní mór é a bheith ar an teocht cheart. Má ghaibhnítear é agus gan é sách te scoiltfidh sé. Má thítear miotal an iomarca dóifidh sé. Ba chóir cruach bhog a ghaibhniú nuair a bhíonn sí glédhearg, agus cruach theilgte a ghaibhniú nuair a bhíonn dath dearg idirmheánach go dtí dath dearg neamhlonrach, uirthi.
- Glan an screamh den mhiotal téite sula ngaibhníonn tú í agus coinnigh an screamh glanta d'aghaidh na hinneonach.
- Beir ar an gcasúr i mbun a choise agus ní thuas ag a cheann.
- Coinnígh ceann an chasúir ar an uillinn cheart nuair a bhíonn tú ag bualadh an tsaotharphíosa ionas nach bhfágfaidh sé marcanna air.
- Ná bíodh ach beirt ag úsáid an teallaigh cheárta ag an aon am agus ná bíodh ach duine amháin san am ag obair ar an inneoin.


6. Ná fág rudaí caite timpeall na ceárta, go mór mór uirlisí teo agus piosaí teo miotail. Fuaraigh na huirlisí sula gcuireann tú ar ais ina n-áit féin iad.

### Leabhrú

Is é is ciall le leabhrú ná trasghearradh saotharphíosa a laghdú, agus a fhad a mhéadú dá réir. Sampla coitianta den leabhrú is ea gob a ghaibhniú ar bharra. Go hiondúil marcáltear an fad atá le bheith sa ghob ar an inneoin le cailc agus úsáidtear é sin mar threoir. Ní mór tosú



FÍOR 17 SAMPLAÍ DE LEABHRÚ




FÍOR 18

le barra maol (Fíor 18.a) agus oibriú siar óna bharr de réir a chéile, go dtí go mbíonn an fad riachtanach leabhraithe. Má dhéantar mar sin é ní thagann píobáil ar an mbarra (Fíor 19), agus freisin is lú an baol go mbeidh an gob leabhraithe an iomarca in aon áit idir barr an ghoib agus an áit ar an mbarra a gcríochnaíonn an gob. Ní mór an gob a chríochnú agus an barra claonta, ar an uillinn a oireann, le haghaidh na hinneonach sa chaoi go mbeidh an claoindh céanna ar gach taobh de. I gcás gob cearnógach ní mór an barra a chasadh trí uillinn  $90^\circ$  ó am go ham chun an trasghearradh a choinneáil cearnógach.



FÍOR 19


Nuair is gob ciorclach a bhíonn le déanamh is amhlaidh a dhéantar gob cearnógach ar dtús, ansin gob ochtagánach agus uaich sin gob ciorclach. Má bhíonn gualainn á cur ar an mbarra leabhraithe is féidir í a ghaibhniú ar fhaobhar na hinneonach (Fíor 20).



FÍOR 20 GUALAINN Á GAIBHNIÚ

### Ramhrú


Is é an ramhrú malairt an leabhraithe. Sa ramhrú méadaítear tiús an tsaotharphíosa (a thrastomhas) agus laghdáítear a fhad. Is féidir an ramhrú a dhéanamh ar cheann barra nó in aon áit ar feadh an bharra. Ní mór an barra a théamh san áit a bhfuil an tiúchan le déanamh agus má thítear aon chuid bhreise de ní mór é a fhuarú. Tá dhá mhodh ramhraithe léirithe i bhFíor 21.



FÍOR 21 RAMHRÚ

### Súil (Cró) a Dheilbhiú

An fad de bharra a bheidh ag teastáil leis an tsúil (cró) a dhéanamh, ní mór é a oibriú amach ar dtús (féach lch 137). Marcáil an fad sin ar an mbarra, ag tomhas ó cheann an bharra. Cuir lúb dhronuilleach sa bharra ag an marc sin (Fíor 22.a).




FÍOR 22 CÉIMEANNA I nDEILBHIÚ SÚILE

Téigh an chuid a ndéanfar an tsúil aisti agus deilbhígh í timpeall ar ghob na hinneonach nó ar fhoirmeán a oireann don ghnó. Ní mór an foirmeán a bheith i ngreim sa bhís choise. Tosaigh an lúbadh ar cheann an bharra (Fíor 22.b).

Nuair atá an lúbadh críochnaithe téigh an tsúil arís, ansin leag anuas ar an inneoin í agus cothromáigh í faoi mar atá léirithe i bhFíor 22.f.

Ní mór an barra a bhualadh beagán amach ón áit a bhfuil sé ag teagmháil leis an inneoin nó leis an bhfoirmeán (Fíor 22.a,b,c,d). Má bhuailear é san áit a bhfuil sé i dteagmháil leis an inneoin nó leis an bhfoirmeán, is amhlaidh a leatar amach é in ionad é a lúbadh.




FÍOR 23


### U-lúb a Dheilbhiú

Déantar an U-lúb a dheilbhiú ar ghob na hinneonach nó ar an bhfoirmeán, freisin. Cuir marc ar bharra san áit a bhfuil an lúb le tosú agus téigh an chuid atá le lúbadh. Tosaigh ag lúbadh an bharra le casúr agus an marc sin i dteagmháil leis an bhfoirmeán. Éirigh as an mbualadh nuair a bhíonn an dá chos comhthreomhar lena chéile. Déan cothromú ar an lúb ar aghaidh na hinneonach (Fíor 24.c).


Is minic nuair a chuirtear lúb i mbarra ar an bhfoirmeán go mbíonn an lúb beagán níos mó ná an foirmeán. Bealach thar an deacraithe sin is ea an lúb a dhúnadh beagán ar an inneoin agus ansin í a bhualadh isteach ar an bhfoirmeán sa tslí go n-osclóidh sí amach go dtí go mbeidh méid an fhoirmeáin inti.



(A)



(B)



(C)

FÍOR 24 CÉIMEANNA I nDEILBHIÚ U-LÚB

*Sampla 1*

Fad an bharra a bheadh riachtanach chun an tsúil chiorclach atá léirithe i bhFíor 25 a ghaibhniú:  
(t/t = trastomhas)


$$\text{Meántrastomhas} = \frac{t/t \text{ inmheánach} + t/t \text{ seachtrach}}{2}$$

$$= \frac{40 + 60}{2} = 50 \text{ mm}$$


An fad riachtanach =  $\pi \times$  meántrastomhas

$$= \frac{22}{7} \times 50 \text{ mm} = 157 \text{ mm},$$

chomh mion  
leis an mm  
is gaire



FÍOR 25



MEÁN –  
TRASTOMHAS = 50 mm

FÍOR 26

**Fad ábhair a áireamh chun Súile (Cróite) agus Lúba a Dhéanamh**

Nuair a bhítear ag áireamh fad ábhair chun súile (cróite) agus lúba ciorclacha a dhéanamh, ní mór tiús an ábhair a chur san áireamh. Is é an chaoi a ndéantar é sin ná tríid an áireamh a bhunú ar mheántrastomhas na súile nó na lúibe.

Más cuid nó mír de chiorcal a bhíonn sa lúb, áirigh an fad a bheadh de dhíth le ciorcal ionmlán a dhéanamh; ansin, bunaithe ar an áireamh sin, beidh tú in ann an fad a bheidh ag teastáil le haghaidh na coda nó na míre atá i geist a fháil. M.sh. i gcás lúb leathchiorclach, áirigh an fad a bheadh riachtanach chun ciorcal ionmlán a dhéanamh; ansin roinn an fad sin ar a dó. I gcás ceathrú ciorcail, roinn ar a ceathair é.

*Sampla 2*

Áirigh fad an ábhair a bheadh riachtanach chun an U-phíosa atá léirithe i bhFíor 27 a dhéanamh as píosa comhréidh de chruach bhog 6 x 20 mm.


Don chuid chuar:

Meántrastomhas ciorcail ionmlán (bunaithe ar an gcuid chuar):

$$= \frac{50 + 62}{2} \text{ mm} = 56 \text{ mm}$$

Fad an ábhair a bheadh riachtanach i gcomhair ciorcail ionmlán:

$$= \frac{22 \times 56}{7} \text{ mm}$$



FÍOR 27

Fad an ábhair a bheadh riachtanach i gcomhair leathchiorcail:

$$= \frac{22 \times 56}{7 \times 2} \text{ mm} = 88 \text{ mm}$$

Fad an ábhair a bheadh riachtanach i gcomhair na gcodanna díreacha:

$$= 30 \times 2 = 60 \text{ mm}$$

Fad iomlán an ábhair a bheadh riachtanach:


$$= 88 + 60 = 148 \text{ mm}$$

### Leabhrú

Sa leabhrú laghdaítear trasghearradh an ábhair nó an tsaotharphíosa agus cuirtear lena fhad dá réir. Ní thagann athrú ar thoirt an ábhair nuair a ghaibhnítear é. Is é an chaoi a n-oibrítear amach fad an ábhair a bheadh riachtanach leis an leabhrú a dhéanamh ná trína thoirt roimh ghaibniú a ionnanú lena thoirt tar éis ghaibniú.

### Sampla 1

Airigh an fad de bharra cearnógach 8 mm a bheadh riachtanach chun an leabhrú atá léirithe i bhFíor 28 a ghaibniú.



FÍOR 28

Toirt tar éis gaibhniú =  $12 \times 4 \times 80 \text{ mm}^3$

Bíodh  $f$  = an fad atá riachtanach, ina mm

Toirt roimh ghaibniú =  $8 \times 8 \times f \text{ mm}^3$

Toirt roimh ghaibniú = Toirt tar éis gaibhniú


Dá bhrí sin:

$$\text{tá } 8 \times 8 \times f \text{ mm}^3 = 12 \times 4 \times 80 \text{ mm}^3$$

$$f = \frac{12 \times 4 \times 80}{8 \times 8} = 60 \text{ mm}$$

### Sampla 2

Airigh an fad de bharra ciordlach 12 mm a bheadh riachtanach chun an leabhrú atá léirithe i bhFíor 29 a ghaibniú.



FÍOR 29

Toirt tar éis gaibhniú =  $15 \times 5 \times 110 \text{ mm}^3$

Toirt roimh ghaibniú =  $\pi r^2 f$  (bíodh  $f$  = an fad riachtanach)

$$= \frac{22 \times 6 \times 6 \times f}{7} \text{ mm}^3$$

$$\frac{22 \times 6 \times 6 \times f}{7} \text{ mm}^3 = 15 \times 5 \times 110 \text{ mm}^3$$


$$\text{dá bhrí sin tá } f = \frac{15 \times 5 \times 110 \times 7}{22 \times 6 \times 6} \text{ mm}$$

$$= 73 \text{ mm, chomh mion leis an mm is gaire}$$


### Sampla 3

Áirigh an fad de bharra cearnógach 10 mm a bheadh riachtanach chun an bior atá léirithe i bhFíor 30 a ghaibhniú.

Sa chás seo is cruth pirimide atá ar an mbior (priosma atá sa bharra as a ngaibhnítear é).



Bíodh  $a_1$  = airde an phriosma (fad an ábhair a bheadh riachtanach leis an mbior a dhéanamh) agus bíodh  $a_2$  = airde na pirimide (an fad atá sa bhior; féach Fíor 31).



FÍOR 31

Dá bhrí sin:

$$\text{Toirt roimh ghaibhniú} = \text{achar an bhoinn} \times a_1$$

$$\text{Toirt tar éis gaibhniú} = \frac{1}{3} \text{ d'achar an bhoinn} \times a_2$$

$$\begin{aligned} \text{Tá achar an bhoinn} \times a_1 &= \frac{1}{3} \text{ d'achar an bhoinn} \times a_2 \\ \text{tá } a_1 &= \frac{1}{3} a_2 \text{ (tá achar an bhoinn mar a chéile i gcás an phéire acu)} \end{aligned}$$

Dá bhrí sin, chun fad an ábhair a bheadh riachtanach chun bior cearnógach a ghaibhniú ar bharra cearnógach, nó chun bior ciorclach a ghaibhniú ar bharra ciorclach, roinn an fad a bheidh sa bhior ar a trí.

Mar sin, an fad de bharra atá riachtanach chun an bior atá léirithe i bhFíor 30 a dhéanamh:

$$= \frac{45}{3} \text{ mm} = 15 \text{ mm}$$

### Nóta

Is iondúil nach ngaibhnítear bior chomh géar leis an mbior atá léirithe i bhFíor 30; dá bhrí sin, is iondúil gur gá fad níos mó ná aon trian san áireamh seo.

## TEASCHÓIREÁIL

### Cruachan

Má thítear píosa cruach ardcharbóin go dtí go mbíonn sé caordhearg agus ansin é a fhuarú go tapa, éireoidh sé an-chrua agus briosc. Nuair a bheidh an chruach caordhearg beidh athruithe struchtúracha tar éis teacht uirthi, agus leis an bhfuarú tobann ní bheidh deis aici fileadh ar a riocht nádúrtha. An teocht ag a gcuáinn cruach, braitheann sí ar an gcéatadán carbóin a bhíonn inti —  $750^{\circ}\text{C}$  go hiondúil.

Le huisce, le cineálacha éagsúla ola, agus le sáile a dhéantar an fuarú. Ní bhíonn an luas céanna faoin bhfuarú, ná an chruachan chomh mór, nuair is le hola a dhéantar an fuarú, agus ní bhíonn an chruach chomh briosc, ná a oiread contúirte ann go scoiltfidh sí agus í á fuarú.

Is beag leas is féidir a bhaint as cruach ardcharbóin sa riocht lánchruaite a fhágann fuarú uisce uirthi, mar go mbrisfeadh sí go héasca; dá bhrí sin déantar teaschóireáil eile uirthi, ar a dtugtar *faghairt*, chun a righneas a fheabhsú.

### Faghairt

Baineann an fhaghairt cuid den chruas as an gcuáach chruaite, ach feabhsaíonn sí a righneas go mór. Is é an chaoi a ndéantar faghairt ná an chruach a théamh go dtí teocht ar leith — teocht níos ísle ná an teocht ag a dtosaíonn cruach ag deargadh — agus ansin í a fhuarú in uisce nó in ola. Dá airde an teocht fhaghártha is mó de laghdú a thagann ar chruas agus ar bhrisce na cruach; dá bhrí sin braitheann an teocht fhaghártha ar an úsáid atá le baint as an saotharphíosa atá á fhagairt.

I gceardlann na scoile is é an chaoi a meastar teochtanna faghartha ná de réir na ndathanna a thagann ar an gcrúach ghlanta le linn di a bheith á téamh. Má thítear píosa cruach gheal tiocfaidh dathanna éagsúla ar a dhromchla, ag teochtanna éagsúla. Tá tábla de na dathanna éagsúla faghartha le haghaidh rudaí éagsúla thíos.

### Ainéaladh

Déantar ainéaladh ar mhiotail chun iad a dhéanamh bog agus chun strusanna inmhéánacha a scaoileadh astu. Is é an chaoi a ndéantar ainéaladh ar chruach í a théamh go dtí go mbíonn sí caordhearg, agus ansin ligean di fuarú go han-mhall. Is féidir an fuarú mall a dhéanamh ach an chruach a chur i dtine atá ag dul as, nó in aol.

Déantar ainéaladh ar chopar trína théamh go dtí go dtosaíonn sé ag deargadh agus ansin é a fhuarú go mall nó go tapa. Déantar ainéaladh ar phrás trína théamh go dtí go dtosaíonn sé ag deargadh. Is iondúil gur fearr é a fhuarú go mall mar go n-éiríonn cuid de na práis briosc má fhuraítear go tapa iad.

Ní mór a bheith cúramach ag téamh alúmanaim mar go bhféadann sé leá go tobann gan athrú teacht ar a dhath. Is féidir a theocht ainéalta a mheas trí ghallúnach a smearadh ar a dhromchla, agus é a théamh go dtí go n-éiríonn an ghallúnach donn. Fuaraítear ansin é.

### Normalú

Déantar normalú ar chruach chun strusanna inmhéánacha a bhaint aisti. Bfónn strusanna sa chruach de bharr fuaroibriú, is é sin casúireacht, rolladh agus lúbadh. Tá an normalú cosúil leis an ainéaladh a dhéantar ar chruach ach gur tapúla a dhéantar an fuarú sa normalú, rud a fhágann nach mbíonn an chruach chomh bog.

Téitear an chruach go dtí go mbíonn sí caordhearg agus ansin fuaraítear go nádúrtha faoin aer í.

### Screamhchruachan

Ní bhíonn a dóthain carbóin i gcrúach bhog chun go bhféadfaí í a chruachan mar a dhéantar leis an gcrúach ardcharbóin. Is amhlaidh a ardaítear an céadán carbóin ina dromchla sa chaoi gur féidir a screamh a chruachan. Screamhchruachan a thugtar air sin. Agus an dromchla crua sin air, bíonn acmhainn ar chaitheamh ag saotharphíosa, agus de bharr an taobh istigh a bheith bog, righin ní bhrisfidh sé go héasca. Samplaí de rudaí a ndéantar screamhchruachan orthu is ea V-bhloic, ceapa dronbhacair agus fearsaidí.


Ina dhá céim a dhéantar an screamhchruachan:

- (1) Carbrú, is é sin, an céadán carbóin sa screamh a ardú;
- (2) Teaschóireáil.

DATH FAGHARTHA	TEOCHT °C	EARRAÍ
FIONNBHUÍ* ÉADROM	230	SCRÍOBAIRÍ, RANNADÓIRÍ, SCRÁBAIRÍ
FIONNBHUÍ* DORCHA	240	FUARSHISÉIL
DONN	250	LANNA DEIMHIS, LÁRPHRITILÍ
DONNCHORCRA	260	SMEACHÁN SEAMANNA, SISÉIL ADHMADÓIREACHTA
CORCRA	270	TUANNA
DÚCHORCRA	280	SÉATAÍ FUARA
GORM	300	SPRIONGAÍ, SCRÍÚIRÍ

\* Dath mar a bheadh ar thuí.

Bealach coitianta chun carbrú a dhéanamh is ea na saotharphíosaí cruach bhog a chur i mbosca déanta as iarann teilgthe, agus ábhar ina bhfuil a lán carbóin (gualach, mar shampla) a phacáil timpcall orthu. Ansin séalaítear an bosca le cré thine agus téitear i bhfoirnéis é go dtí tuairim is 900°C. Coinnítear ag an teocht sin é ar feadh tamaill áirithe. Le linn an ama sin b'fonn an carbón ag insileadh isteach i ndromchlaí na saotharphíosaí. Braitheann doimhneacht an charbraithe ar an achar ama a bhíonn na saotharphíosaí ag an teocht ard; ní mór timpeall ceithre huaire an chloig go hiondúil.




FÍOR 32 EARRA SCREAMHCHRUAITE

De bharr na saotharphíosaí a bheith ag teocht ard ar feadh tamaill fhada éiríonn siad bog agus lag. Dá bhrí sin, chun a dtaobh istigh a righniú téitear arís iad go dtí timpeall is 900°C, agus fuaraítear in ola iad. Cruaitear a screamh ansin trína dtéamh go dtí timpeall is 760°C agus a bhfuarú in uisce. Is féidir cuid den bhrisce a bhaint as an screamh trína faghairt ag teocht tuairim is 200°C.

Cuirtear screamh chrúa, thanaí ar earraí beaga cruach bhog in achar gairid le cumasc dílsithe screamhchruchana. Téitear an t-earra go dtí go mbíonn sé caordhearg, clúdaítear leis an gcumasc screamhchruchana é, agus coinnítear ag an teocht sin é go ceann cúpla nóiméad. Féadfar é sin a dhéanamh roinnt uaireanta i ndiaidh a chéile. Ar deireadh atéitear é agus ansin fuaraítear in uisce é.

#### Fuarhiséal a Dheilbhiú agus a Theaschóireáil

1. Gearr píosa feiliúnach de bharra de chruach ardcharbóin. Is fearr píosa a bheidh sách fada le breith de láimh air agus é á oibriú.




FÍOR 33 FUARHSÍSÉAL Á DHÉANAMH

2. Téigh ceann an phíosa go dtí go mbíonn sé meán-dearg agus leabhabraigh go dtí an cruth riachtanach é. Bí cúramach gan é a théamh rómhór.
3. Téigh arís é go dtí go mbíonn sé caordhearg agus lig dó fuarú go mall le hais thine na ceárta chun é a ainéaladh.
4. Gearr an méid a bheidh ag teastáil le haghaidh an tsiséil as.
5. Líomh na haghaidheanna gaibhnithe chun iad a dhéanamh cothrom agus chun aon mharcanna casúir a bhaint díobh.
6. Líomh seaimféar ar an gceann eile den saotharphíosa.
7. Déan líomhadh tarraingthe ar na taobhanna go léir.
8. Snasaigh an siséil le héadach éimir go dtí go mbíonn marcanna uile an líomháin bainte.
9. Cruaigh lann an tsiséil ar feadh timpeall 25 mm dá fad trína téamh go dtí go mbíonn sí caordhearg; ansin tum go tapa in uisce glan í. Éireoidh an lann neamh-mhaighnéadach nuair a bheidh an teocht cheart inti, agus dá bhrí sin is féidir í a thriail le maighnéad. Ní foláir an siséil a choinneáil ceart-ingearach nuair a bhíonn an lann á tumadh san uisce, agus é a chasadh timpeall san uisce ionas go bhfuarófar an lann i gceart.
10. Snasaigh an lann arís le héadach éimir sa chaoi go mbeidh dathanna na faghartha le feiceáil uirthi.
11. Chun an lann a fhaghairt, téigh an chuid sin den siséil taobh thiar den lann (féach Fíor 33) ag ligean don teas gluaiseacht i dtreo a béis. Beidh na dathanna éagsúla le tabhairt faoi deara ar a dromchla de réir mar a ardóidh an teocht. Nuair a shroicheann dath fionnbhuí dorcha béal na lainne fuaraigh in uisce nó in ola í.
12. Cuir uillinn tuairim is  $60^\circ$  ar fhaobhar gearrtha an tsiséil agus triail ar phíosa de chruach bhog é.

#### Ceisteanna faoi Chaibidil 11


1. Cén buntáiste a bheadh ag earra gaibhnithe ar earra nach ndéanfaí ach é a ghearradh amach as píosa miotail?
2. Céard é *feadán teallaigh*?

3. Cén fáth nach mór na cnámhóga a għlanadh as an teallach ccárta ó am go ham?
4. Ainmnigh na codanna den inncoin atá l'éirithe i bhFíor 34.



FÍOR 34


5. Cén fáth nach grċruaitear tábla gearrtha na hinneonach?
6. Cén úsáid a bhaintear as:
  - (a) poll an chruáin;
  - (b) poll na pritile ar an inneoin?
7. Cén t-ábhar a mbíonn an inneoin déanta as?
8. Ainmnigh na huirlisí atá taispeánta i bhFíor 35.



FÍOR 35


9. Cén fáth a n-úsáidtear an bhís choise sa għaibhneach?
10. Luaiġ mībhuntáiste atá ag baint leis an mbís choise i gcomparáid le bíseannna eile.

11. Déan sceitse de cheithre chineál teanchairí ceárta agus abair cén úsáid a bhaintear as gach ceann acu.
12. Cén úsáid a bhaintear as an gcrúán?
13. Cén úsáid a bhaintear as:
  - (a) an séata te;
  - (b) an séata fuar?
14. Céard iad na príomhdhifríochtaí atá idir an séata te agus an séata fuar?
15. Cén úsáid a bhaintear as an bprítil cheárta?
16. Ainmnigh an uirlis atá léirithe i bhFíor 36 agus abair cén úsáid a bhaintear aisti.




FÍOR 36

17. Ainmnigh na huirlisí atá léirithe i bhFíor 37 agus abair cén úsáid a bhaintear astu.




FÍOR 37

18. Ainmnigh na huirlisí atá léirithe i bhFíor 38 agus abair cén úsáid a bhaintear astu.



FÍOR 38

19. Céard a tharlódh do bharra cruach dá bhfágfaí rófhada sa tine cheárta é?
20. Mínigh, le cabhair sceitsí, céard atá i gceist le (a) *leabhrú*, (b) *ramhrú*.
21. Mínigh, le cabhair sceitsí, conas a ghaibhneofá gob ciorclach ar bharra cearnógach.
22. (a) Céard é *píobáil*?
  - (b) Cén chaoi a ndéantar píobáil a sheachaint nuair a bhíonn gob á ghaibhniú?
23. Nuair a bhíonn ramhrú á dheánamh, cén fáth nach mbíonn téite ach an chuid den saotharphíosa a bhíonn le ramhrú?
24. Mínigh, le cabhair sceitsí, na céimeanna éagsúla a bhaineann le súil (cró) a ghaibhniú.
25. Nuair a bhíonn súil (cró) á gaibhniú, cén fáth nár chóir an barra a bhualadh san áit a bhfuil sé ag teagmháil leis an inneoin nó leis an bhfoirméán?
26. Airigh fad an ábhair a bheadh riachtanach chun an crúca i bhFíor 39 a ghaibhniú.



FÍOR 39


27. Má thítear píosa cruach ardcharbóin go dtí go mbíonn sé caordhearg agus é a fhuarú go tapa in uisce, cén tionchar a bheadh aige sin ar airfonna meicniúla an mhiotail?
28. (a) Cén fáth a ndéantar cruach chruaite a fhaghairt?  
(b) Cén tábhacht atá leis na ‘dathanna faghartha’?
29. Tabhair cuntas ar na céimeanna éagsúla i ndeilbhíú agus i dteaschóireáil fuarshiséil.
30. (a) Céard atá i gceist le *hainéaladh*?  
(b) Cén chaoi a ndéanfá ainéaladh ar (1) cruach; (2) copar?
31. (a) Céard atá i gceist le *normalú*?  
(b) Cén difríocht atá idir ainéaladh cruach agus normalú cruach?
32. Céard é *screamhchrúachan*?
33. Tabhair cuntas ar mhodh amháin chun screamhchrúachan a dhéanamh ar chrúach bhog.
34. Nuair a baineadh úsáid as lárphritilí a rinncadh i gceardlann na scoile, ba iad seo a leanas na torthaí:  
(a) d’éirigh ceann amháin acu maol;  
(b) bhris an gob de cheann eile;  
(c) d’oibrigh an chuid eile acu go sásúil.  
Luaigh na cúiseanna a d’fheádfadh a bheith leis na torthaí lochtacha (a) agus (b).

# 12. Bailchríocha Maisiúla ar Ábhair

## Snasú

Tá cineálacha difriúla snasán miotail ar fáil a oireann do mhiotail éagsúla. Cuireann siad cuma mhaith ar an miotal agus tá siad éasca le húsáid. Mar sin féin, ní mór a bheith an-aireach ag úsáid cuid acu agus ba chóir treoracha na ndéantóirí a leanúint go cúramach.

Le mapáí a bhíonn i bhfoirm rotháí a dhéantar snasú ar shaotharphíosaí nó ar earraí miotail go hiondúil. Bíonn na mapáí greamaithe de mheaisín snasaithe (Fíor 1.a) chun iad a rothlú; uaireanta cuirtear ar mheaisíní meilte iad in áit na rotháí meilte. Ní mór cumasc snasaithe a chur ar na mapáí. Bíonn an cumasc seo ar fáil i bhfoirm barraí go hiondúil, agus cuirtear ar an mapa é nuair a bhíonn sé ag rothlú. Tá cineálacha éagsúla mapáí agus cumasc snasaithe ar fáil.



FÍOR 1 SNASÚ

Ní cóir do dhaltaí meaisíní snasaithe ná meaisíní meilte a bhfuil mapáí curtha orthu a úsáid muna mbíonn an múinteoir sássta go bhfuil siad in ann é sin a dhéanamh gan chontúirt. Ní mór dóibh teagasc sásúil a bheith faigthe acu agus cleachtadh a bheith acu ar mheaisíní a oibriú.


Sula dtosáítear ar an snasú ní mór don saotharphíosa a bheith saor ó mharcanna agus ó scríoba. Ba chóir breith go daingean ar an saotharphíosa agus é a choinneáil beagán faoi bhun lárlíne chothrománach an rotha mar atá taispeánta i bhFíor 1.b. Ní cóir ciumhais an tsaotharphíosa a chur isteach go díreach in aghaidh an rotha mar go bhféadfaí go sracfaí an saotharphíosa go fiochmar as lámha an oibrí dá ndéanfaí é sin.

Má éiríonn an saotharphíosa róthe le greim a choinneáil air ba chóir ligean dó fuarú. Níor chóir breith le ceirt ná le naprún air. D'fhéadfaidís sin a dhul i bhfostú sa roth go héasca.

Éiríonn na mapáí calchta le cumasc ó am go ham agus ní mór iad a għlanadh. Is féidir é sin a dhéanamh trí shreangscuab a choinneáil ina n-agħaidh agus iad ag rothlú.

## Breacadh

Déantar breacadh le dual adhmaid agus le taos. Timpeall 8 mm a bhíonn i dtrastomhas an duail. Cuirtear an taos ar bharr an duail agus castar sa mheaisín druileála é. Brúitear an dual, agus é ag rothlú, in aghaidh an tsaotharphíosa agus cuireann sé ciorcail lonracha ar a dhromchla. Má choinnítear na ciorcail ina sraitheanna agus iad a chur ina bhforluí ar a chéile is féidir patrún deas a dhéanamh.




FÍOR 2 BREACADH

### Casúireacht

Is leis an gcasúr péine liathróide a dhéantar an maisiú seo, a dtugtar casúireacht air. Ní mór d'aghaidh an chasúir a bheith míín agus saor ó mharcanna. Socraítear an saotharphíosa ar thaca feiliúnach agus buailtear é. Ní leanatar aon phatrúin rialta. Fágann an bualadh loig ar dhromchla an tsaotharphíosa. Ba chóir na loig a bheith gar dá chéile sa chaoi nach mbeidh mórán den dromchla fágtha cothrom eatarthu. Ní mór an saotharphíosa a chothromú amach tar éis na casúireachta.

Is minic go gcuirtear péint dhubbh neamhlonrach ar shaotharphíosa cruach bhog tar éis na casúireachta. Is féidir na loig a dhéanamh níos suntasaí ach líomhadh tarraingthe a dhéanamh ar an dromchla nuair a bhíonn




FÍOR 3 CASÚIREACHT

an phéint tirim. Fanfaidh an phéint sna loig. Ní mór vearnais a chur ar an saotharphíosa ina dhiaidh sin sa chaoi nach meirgfidh sé. Bealach eile chun na loig a dhubhú is ea líomhadh tarraingthe a dhéanamh ar an dromchla agus é a shnasú le héadach éimir sula ndéantar an chasúireacht air. Ansín i ndiaidh na casúireachta é a théamh go dtí go dtagann dath dorcha air, agus nuair a thagann, é a fhuarú in ola. Ina dhiaidh sin is féidir an saotharphíosa a shnasú le héadach éimir casta timpeall ar líomhán, ag fágáil dath dubh ar na loig.


### Puinseáil

Is féidir éagsúlacht mhór maisiúchán a chur ar dhromchlaí miotal leis an bpuinseáil.

Le pritilí múnlaithe a dhéantar an phuinseáil (Fíor 4). Ba chóir saotharphíosaí tanaí a leagan ar luaidhe nó ar phic nuair a bhítear á bpuinseáil.



SAMPLAÍ DE PHRITILÍ PUINSEÁLA




FÍOR 4 PUINSEÁIL

### Riopúise


Is é is riopúise ann ná próiseas ornáidithe ina ndéantar dearadh nó deilbhiú ardaithe ar dhromchlaí saotharphíosaí. Déantar an deilbhiú go léir, beagnach, ó chúl na saotharphíosaí le pritilí éagsúla agus le casúr riopúise.



AN CASÚR RIOPÚISE



ROINNT PRITILÍ RIOPÚISE



FÍOR 5 OBAIR RIOPÚISE

Socraítear an saotharphíosa i leaba phice a ullmhaítear don deilbhíú seo. Téitear dromchla na pice agus brúitear an saotharphíosa ainéalta síos ann go dtí go dtagann an phic aníos thar a chuid ciumhaiseanna. Ligtear don phic fuarú sula ndéantar aon obair ar an miotal. Cuirtear beagán bealaidh ar an saotharphíosa sula gcuirtear sa phic é sa chaoi go mbeidh sé éasca é a bhaint arís.

Cuirtear an saotharphíosa sa phic agus a aghaidh in uachtar ar dtús chun an dearadh a rianú air. Is féidir páipéar carbón a úsáid chuige sin agus dul siar ar na línte ina dhiaidh sin le scríobaire. Déantar bualadh éadrom ar na línte sin le pritil rianaithe. Claontar an phritil sa chaoi go ngluaisfidh sí i dtreo an oibrí de reirmar a bhualiltear í, ag fágáil línte míne, leanúnacha ar an miotal. Téitear an saotharphíosa ansin chun é a bhaint as an bpic, agus glantar é. Bíonn línte na pritile le feiceáil ina seasamh amach ar chál an tsaotharphíosa.


Cuirtear an saotharphíosa ar ais sa phic agus a aghaidh in fohtar. Buailtear síos na codanna riachtanacha le pritilí oriúnacha. Is féidir an saotharphíosa a chur sa phic arís agus a aghaidh in uachtar chun an dearadh a dhéanamh níos géire trí bheagán puinseála a dhéanamh ar a aghaidh.

#### Greanadóireacht

Sa ghreanadóireacht gearrtaí dearaí i ndromchlaí miotail le huirlisí géara. Bíonn na huirlisí ar fáil ina gcruthanna éagsúla ach is é an greanadóir cearnógach an cineál is coitianta a úsáidtear. Ba chóir gob na ngreanadóirí a ghéarú le holachloch mhín.



AN GREANADÓIR CEARNÓGACH



FÍOR 6 GREANADÓIREACHT


Ní mór an dearadh a tharraingt ar dhromchla an miotail ar dtús. Ansin brúitear an greanadóir go cúramach feadh na línte, ag déanamh gearradh éadrom

ar dtús. Go hiondúil is fearr an saotharphíosa a chasadh in áit na huirlise nuair a bhíonn cuairt á ngearradh. Is féidir na línte a dhoimhniú de réir mar is gá trína thuilleadh gearrthacha a dhéanamh.

Is minic a úsáidtear uirlisí cumhachta chun litreacha agus figiúirí a ghreanadh ar earraí ornáideacha.

### Eitseáil


Is éard atá san eitseáil ná modh ornáidithe ina gcuirtear aigéad ar shaotharphíosa sa chaoi go n-itheann sé isteach i gcodanna de dhromchla an miotail. Ní mór na codanna den dromchla atá le heitseáil a bheith nocth, agus na codanna nach bhfuil le heitseáil a bheith clúdaithe le hábhar aigéadfriotaíoch. Tá modhanna éagsúla ann chun é sin a dhéanamh. Bealach coitianta is ea an dromchla go léir, an t-fóchtar agus na faobhair san áireamh, a bhratú le substaint aigéadfriotaíoch agus ansin an bratú sin a bhaint de na codanna atá le heitseáil. Úsáidtear scríobaire nó uirlis fheiliúnach eile chun an bratú aigéadfriotaíoch a scríobadh de na codanna atá le heitseáil.



BRATÚ LE HÁBHAR  
AIGÉADFHRIOTAÍOCH



AN TÁBHAR AIGÉADFHRIOTAÍOCH  
Á BHAIANT LE SCRÍOBAIRE



AN SAOTHARPHÍOSA SAN AIGÉAD

FÍOR 7 EITSEÁIL

Is féidir an dearadh atá le cur ar an saotharphíosa a tharraingt ar pháipéar ar dtús agus ansin é a aistriú go dtí dromchla an tsaotharphíosa le páipéar carbóin.

Tá tuaslagán de thomhas amháin d'aigéad níotrách agus tomhas amháin d'uisce feiliúnach le copar agus prás a eitseáil. Cuirtear an saotharphíosa ionlán isteach san aigéad, nó más i bhfoirm babbha atá sé, is féidir an t-aigéad a dhoirteadh isteach ann. Oibríonn an t-aigéad ar na codanna den dromchla atá nocth. Ba chóir aon bholgeoga a chruthaíonn an t-imibriú a għlanadh den saotharphíosa ó am go ham le cleite.

Nuair atá an eitseáil sách domhain tógtar an saotharphíosa as an aigéad agus nitear faoi uisce reatha é. Ansin baintear an bratú aigéadfriotaíoch de. Le tuirpintín a dhéantar é sin go hiondúil.


### Cruanadh

Sa chruanadh comhleáitear cruan, ar gloine é go bunúsach, le dromchlaí earraí miotail. Bíonn an cruan ar fáil ina phúdar nó ina chnapanna. Bíonn sé ar fáil ina réimse dathanna nó gan aon dath air agus é tréadhearach, tréshoileach nó teimhneach. Is féidir an dromchla go léir, nó codanna de, a chlúdach. Seo a leanas roinnt de na miotail ar féidir cruanadh a dhéanamh orthu: copar, airgead, ór agus cruach. Is dócha gurb é an copar an miotal is mó a ndéantar cruanadh air i gceardlann na scoile.


Tá modhanna éagsúla ann chun cruanadh a dhéanamh. Seo a leanas modh simplí go leor chun dearadh ina bhfuil dhá dhath a dhéanamh:

1. Glan dromchla an tsaotharphíosa sa chaoi go mbeidh sé saor ó bhealadh agus ó screamh.
2. Leag an saotharphíosa ar bhileog pháipéir agus croith cruan púdraithe air le criathar beag go dtí go mbíonn brat cothrom, tuairim is 1 mm ar doimhneacht, air (Fíor 8.a). Cuir roinnt sa bħreis ar an imeall. Aon phúdar a thiteann taobh amuigh den dromchla, bailigh é agus cuir ar ais ar an saotharphíosa é.
3. Leag an saotharphíosa ar líontán sreinge agus cuir an líontán isteach san áith théite le gabhlóġ bháċċala (Fíor 8.b). Ná dearmad aghaidhs ciath ná spéaclaí cosanta a chaitheamh agus tú i mbun na háithe. Ag teocht 850°C ba cheart an bháċċil a dhéanamh, agus tógsaidh sí idir nóiméad agus trí nóiméad.


- Nuair a bhíonn an cruan leáite agus go mbíonn cuma mhín lonrach air tóg an saotharphíosa as an áith agus lig dó fuarú.
- Gearr patrún (Fíor 8.c) i mbileog pháipéir.
- Cuir an bhileog sin ar an saotharphíosa agus croith cruan púdraithe atá ar dhath eile ar an gcuid den saotharphíosa atá nocth (Fíor 8.d).
- Ardaigh an bhileog den dromchla go cúramach le pionsúirín.
- Déan bácaíl ar an saotharphíosa mar a rinneadh cheana.




(a) CRUAN PÚDRAITHE Á CHUR AR AN SAOTHARPHÍOSA



(b) BÁCÁIL



(c) AN PATRÚN Á SHOCRÚ



(d) CRUAN ATÁ AR DHATH EILE Á CHROITHEADH AR AN gCUID NOCHT DEN PHATRÚN

FÍOR 8 CRUANADH

**Nóta:** Bí cinnte nach gcuirtear aon rud tais ná fliuch isteach san áith the mar go bhféadfadh pléascadh a bheith ann dá ndéanfaí sin.

### Laicearáil

Cuirtear laicir nó vearnaisí tréadhearcacha ar earraí miotail chun dreach a ndromchla a chosaint. Is féidir iad a chur ar mhiotail fheiriúla nó ar mhiotail neamhfheiriúla, agus tá cinn ar fáil gan dath agus cinn eile ar fáil ina mbíonn imir. Cuirtear ar an miotal iad le scuab nó trí spraeáil, nó tríd an miotal a thumadh iontu. Ní mór do dhromchla an mhiotail a bheith fíorghlan roimh ré.

### Péinteáil

Is féidir an dreach a bhíonn ar earraí miotail fheiriúil a fheabhsú go mór le péint, agus is cosaint ar mheirg

í an phéint freisin. Ar ndóigh, i gcás earraí atá déanta as cruach dhosmálta, ní gá cosaint ar mheirg. Ní mór do na dromhclaí a bhíonn le péinteáil a bheith saor ó mheirg, ó ola agus ó bhealach. Chun an toradh is fearr a fháil ba chóir roinnt cótaí péinte a chur ar an miotal. Bíonn feidhm ar leith le gach cóta; cóta séalaithe chun bonn maith a chruthú do na cótaí eile agus chun cosaint a thabhairt ar an gcreimeadh; bunchóta os a chionn sin, agus cóta bailchríche mar mhaisiú agus ar mhaithle le buaine. Más le canna aerasóil a dhéantar an phéinteáil ní mór a bheith cúramach gan é a chaitheamh sa tine nuair a bhíonn sé caite mar go bpléascfadh sé leis an teas.


### **Bratú Plaisteach — Modh na Leapa Sreabhánaithe**

Seo próiseas ina gcuirtear brat plaisteach ar earraí miotail. Is bailchríoch ornáideach é an bratú plaisteach, is cosaint réasúnta maith ar an gcreimeadh é, agus tá sé simplí go leor le déanamh. Earraí coitianta a mbíonn brat plaisteach orthu is ea sileáin soithí, seilfeanna cuisneora, ciseáin sreinge agus crochadáin cótaí. Úsáidtear púdar éagsúla phlaisteacha sa bhratú, mar shampla, poileitiléin, PVC agus níolón. Bíonn na púdar sin ar fáil ina ndathanna éagsúla.


Is gá aonad sreabhánaithe (Fíor 9.b), aonad soláthar aeir, deis chun brú an aeir sin a rialú, agus deis téite, le haghaidh an phróisis seo.

Bíonn an t-aonad sreabhánaithe ina dhá chuid agus an dá chuid sin deighilte óna chéile le hábhar scagach. Cuirtear an púdar plaisteach isteach sa chuid uachtarach den aonad, agus séidtear an t-aer isteach sa chuid íochtarach. Gníomhaíonn an púdar plaisteach mar leacht nuair a chuirtear an t-aer tríd, sa chaoi go bhfágann sé brat cothrom plaisteach ar gach cuid d'earra téite nuair a thumtar an t-earra ann.

Ní mór don saotharphíosa a bheith saor ó screamh scaoilte, ó ola agus ó bhealach. Greamaítear sreangán tanaí den earra chun greim a fháil air nuair a bhíonn sé á théamh, á thumadh agus á fhuarú. Ní mór an saotharphíosa a théamh sa chaoi go gcomhleáfaidh an púdar plaisteach de. Téitear go dtí timpeall is  $180^{\circ}\text{C}$  é nuair is poileitiléin ísealdlúis a bhíonn le cur air. In oigheann is fearr é a théamh. Níl sé éasca é a théamh go cothrom le tóirise. Nuair a bhíonn an teocht cheart ann tumtar sa phúdar é ar feadh cúpla soicind, tógtar amach é ansin agus croitear aon phúdar fuilligh de.



(a) AN TEARRA Á THÉAMH



(b) AN TUMADH



(c) AN FUARÚ

FÍOR 9 BRATÚ PLAISTEACH

Murar ábhar an-tanaí é beidh a dhóthain teasa fanta ann chun an púdar go léir atá greamaithe de a chomhleá. Más ábhar tanaí atá ann ní mór é a atéamh in oigheann. Ina dhiaidh sin crohtar suas é chun é a fhuarú. Baintear an sreangán de ansin.

*Geisteanna faoi Chaibidil 12*

1. Luigh dhá bhealach chun earraf a shnasú.
2. Céard atá i gceist le *breacadh*?
3. Mínigh conas a dhéantar maisiú casúireachta.
4. Cén chaoi a ndéantar maisiú puinseála?
5. Mínigh, le cabhair sceitsí, conas a dhéantar obair riopúise, agus tabhair ainmneacha na n-uirilisí agus na ndeiseanna a úsáidtear inti.
6. Céard atá i gceist le *greanadóireacht*?
7. Mínigh, le cabhair sceitsí, conas a dhéantar eitseáil.
8. Mínigh, le cabhair sceitsí, conas a dhéantar cruanadh.
9. Cén fáth a ndéantar laicearáil ar mhiotal?
10. Cén fáth a bpéinteáiltear miotal?
11. Mínigh, le cabhair sceitsí, conas a dhéantar bratú plaisteach le leaba shreabhánaithe, agus ainmnigh an fearas atá riachtanach lena aghaidh.

# 13. An Deileadóireacht

Meaisín uirlise an-tábhachtach í an deil. Sa deileadóireacht rothlaítear an saotharphíosa sa deil agus cuirtear uirlisí gearrtha ina aghaidh chun é a dheilbhiú. Tá príomhpháirteanna na deile láir le feiceáil i bhFíor 1.


## An Leaba

Is í an leaba cabhail na deile. As iarann teilgthe a bhíonn sí déanta. Ar dhromchla uachtarach na leapa a bhíonn na sleamhainbhealaí. Treoraithe iad na sleamhainbhealaí


don charráiste (féach Fíor 2) agus don chúlstoic agus bíonn siad meaisínithe go cruinn. Go minic bíonn bearna sa leaba, díreach os comhair an cheannstoic, le glacadh le saotharphíosaí a bhfuil trastomhas móir iontu.

## An Ceannstoc

Is sa cheannstoc a bhíonn fearsaid an cheannstoic agus bíonn giaranna ann freisin sa chaoi gur féidir an fhearsaid a rothlú ar luasanna éagsúla. Is féidir crágán, éadan-



FÍOR 1 AN DEIL LÁIR




FÍOR 2 TRASGHEARRADH DEN LEABA  
DHEILE, AG LÉIRIÚ NA  
SLEAMHAINBHEALAÍ

phláta nó pláta tiomána a shocrú ar shoc na fearsaide chun an saotharphíosa a rothlú. Bíonn an fhearsaid folamh ina lár sa chaoi gur féidir barraí fada a ligean isteach inti, agus bíonn barrchaolú Mhorse ar an taobh istigh dá soc sa chaoi gur féidir lár deile a ghreamú inti.

### An Cúlstoic

Bíonn an cúlstoic ar aghaidh an cheannstoic sa deil. Is féidir é a bhogadh siar is aniar ar shleamhainbhealaí na leapa agus é a chlampáil in aon ionad orthu. Bíonn barrchaolú Mhorse ar bhéal bhairille an chúlstoic. Dá bhrí sin is féidir lár deile a chur ann mar thaca le saotharphíosaí fada. Is féidir freisin crágán druiliire, casdruiilír agus réamairí lorga barrchaolaithe a chur ann. Is féidir an cúlstoic a shocrú as lár, rud a fhágann gur féidir barrchaolúcháin fhada a dheileadh air.



FÍOR 3 AN CRÁGÁN FÉINLÁRATHEACH 3 GHİALL

### An Carráiste

Bíonn an carráiste suite idir an cúlstoic agus an ceannstoc agus is féidir é seo freisin a bhogadh ar shleamhainbhealaí na leapa. Tugtar an *diallaite* ar an gcuid den charráiste a bhíonn trasna na leapa agus an *naprún* ar an gcuid de a bhíonn ag crochadh anuas ar thosach na deile. Is féidir an carráiste a bhogadh de láimh nó go huathoibríoch.

### An Cros-sleamhnán

Bíonn an cros-sleamhnán suite ar bharr na diallaite. Bogann sé an uirlis ghearrtha go dronuilleach le leaba na deile. Úsáidtear é i gcomhair fásáil nó dromchlú.

### An Sleadhnán Uachtarach nó an Comhshleadhnán

Bíonn an sleadhnán uachtarach ceangailte de bharr an chros-sleamhnáin agus is air a bhíonn an post urlise agus na huirlisi gearrtha socraithe. Is féidir é a chasadadh ar aon uillinn a bhíonn riachtanach agus úsáidtear é chun barrchaolúcháin a dheileadh.

### An Searta Fothaithe

Úsáidtear an searta fothaithe chun an carráiste agus an cros-sleamhnán a bhogadh anonn is anall go huathoibríoch.

### An Ríscriú

Úsáidtear an ríscriú chun an carráiste a bhogadh nuair a bhíonn scriúghearradh á dhéanamh ar an deil.

### An Crágán Féinláraitheach 3 Ghíall

Úsáidtear an crágán féinláraitheach 3 ghíall chun saotharphíosaí ciorclacha nó heicseagánacha a ghreamú ar an deil. Gluaiseann na trí ghíall le chéile nuair a

dhúntar nó a osclaítear an crágán, agus lárnaíonn sé sin an saotharphíosa go huathoibríoch. Dúntar agus osclaítear an crágán le heochair chrágáin (Fíor 3.b).


Bíonn dhá fhoireann giall ag dul leis an gcrágán féin-láraitheach 3 ghiall. Úsáidtear foireann amháin acu chun breith ar shaotharphíosaí nach mbíonn trastomhas an-mhór iontu (Fíor 3.c), agus ar shaotharphíosaí atá folamh ina lár (Fíor 3.d). Saotharphíosaí a bhfuil trastomhas móir iontu, greamaítear leis an bhfoireann giall eile iad (Fíor 3.e).

Bíonn na huimhreacha 1, 2 agus a 3 ar ghialla an dá fhoireann agus ar an gcrágán féin ionas go gcuirfear na gialla sa chrágán san ord ceart.

#### An Crágán 4 Ghiall Neamhspléacha

Gluaiseann gach giall sa chrágán 4 ghiall neamhspleácha go neamhspleách ar na gialla eile agus is féidir na gialla a iompú thart i sliotáin an chrágáin (an taobh istigh a chur taobh amuigh), rud a fhágann gur féidir leo breith ar shaotharphíosaí ón taobh amuigh nó ón taobh istigh.

Úsáidtear an crágán 4 ghiall neamhspleácha chun deileadóireacht éalárnach a dhéanamh agus chun breith ar shaotharphíosaí cearnógacha agus dronuilleogacha agus ar shaotharphíosaí a mbíonn cruth neamhrialta orthu. Is féidir lárnu níos cruinne a dhéanamh ar an saotharphíosa leis an gcrágán 4 ghiall neamhspleácha ná mar is féidir a dhéanamh leis an gcrágán féinláraitheach ach go dtóigann sé níos mó ama.




FÍOR 4 AN CRÁGÁN 4 GHIALL NEAMHSPLÉACHA

#### An Post Uirlise


Bíonn an post urlise suite ar bharr an tsleamhnáin uachtaraigh. Greamaítear urlísí gearrtha de. Tá cineálacha éagsúla post urlise ar fáil.

#### An Post Uirlise Meiriceánach

Is féidir urlísí a shocrú ar an bpost urlise Meiriceánach go tapa. Níl ach scriú amáin air agus is féidir airde na huirlise a shocrú tríd an luascaire a bhogadh (féach Fíor 5). Níl an post urlise Meiriceánach feiliúnach ach le haghaidh obair éadrom.




FÍOR 5 AN POST URLISE MEIRICEÁNACH



### An Post Uirlise 4 Bhealach

Is féidir ceithre uirlis san iarraidh a chur ar an bpost uirlise 4 bhealach. Is mór an áis é sin nuair a bhíonn gá le breis is cineál amháin uirlise le haghaidh na hoibre agus nuair a bhíonn roinnt saotharphíosaí den chineál céanna le deileadh.


Chun an uirlis riachtanach a thabhairt go dtí an áit a mbíonn gá léi, scaoiltear an luamhán glasála agus castar an post uirlise. Cuirtear píosaí pacála faoin uirlis chun í a thabhairt go dtí an airde riachtanach.




FÍOR 6 AN POST UIRLISE 4 BHEALACH

### An Coinneálaí Uirlise


Úsáidtear an coinneálaí uirlise chun uirlisí gearrtha a ghreamú ann. Bíonn an coinneálaí féin greamaithe den phost uirlise. Tá coinneálaithe díreacha, coinneálaithe deisil, agus coinneálaithe tuathail ar fáil.



AN COINNEÁLAÍ UIRLISE DEISIL



AN COINNEÁLAÍ UIRLISE TUATHAIL




AN COINNEÁLAÍ UIRLISE DÍREACH

FÍOR 7 AN COINNEÁLAÍ UIRLISE

### Uirlisí Gearrtha na Deile

Tá uirlisí gearrtha na deile ar fáil i bhfoirm béal-mhíreanna cruach ardluais a ghreamaítear i gcoinneálaithe uirlise, nó mar uirlisí gearrtha soladacha a ghreamaítear go díreach den phost uirlise. Bíonn barradh ar na huirlisí gearrtha uaireanta. Dhá chuid a bhíonn sna huirlisí barrtha soladacha — lorga agus soc — agus an soc déanta as ábhar an-chrua mar chairbíd tungstain, agus é prásáilte nó clampáilte leis an lorga. Tá roinnt d'uirlisí gearrtha coitianta na deile léirithe i bhFíor 9.



UIRLIS BHARRTHA

FÍOR 8 UIRLISÍ GEARRTHA NA DEILE


Úsáidtear barra tollta (Fíor 10.a) nó uirlis tollta (Fíor 10.b) chun tolladh a dhéanamh. Tugtar tolladh ar mhéadú poill le huirlis aonrinneach. Ní mór poll a dhruileáil tríd an saotharphíosa ar dtús sa tsúi go bhféadfarr an uirlis tollta a chur isteach ann.




UIRLIS  
DEILEADÓIREACHTA  
DEISIL




UIRLIS  
DEILEADÓIREACHTA  
TUATHAIL




UIRLIS  
FÁSÁLA DEISIL



UIRLIS  
FÁSÁLA TUATHAIL




UIRLIS  
SHOC-CHIORCLACH




UIRLIS  
SCRIÚGHEARRTHA

LÉIRÍONN NA SAIGHEADA TREO GLUAISTE NA hUIRLISE  
GEARRTHA NÓ AN FHOTHA

FÍOR 9 UIRLISÍ DEILEADÓIREACHTA COITIANTA



(a) BARRA TOLLTA AGUS BÉALMHÍR ANN



(b) UIRLIS TOLLTA

(c) TOLLADH


FÍOR 10 TOLLADH AGUS UIRLISÍ TOLLTA

### Uillinneacha ar Uirlisi Gearrtha na Deile *Scóip*

Bíonn gá le scóip (Fíor 11.a) sa chaoi go mbeidh an chuid den uirlis ghearrtha a bhíonn faoin bhfaobhar gearrtha, glan ar an saotharphíosa atá á dheileadh. Gan scóip bheadh an uirlis ag cuimilt in aghaidh an tsaotharphíosa agus gan í ag gearradh. Ní mór scóip thosaigh chun nach mbeidh éadan na huirlise ag cuimilt in aghaidh an tsaotharphíosa, agus scóip thaoibh chun nach mbeidh taobh na huirlise ag cuimilt. Má bhíonn an uillinn scóipe rómhór lagaíonn sé sin faobhar gearrtha na huirlise agus is féidir go mbeadh gliogarnaíl uaithi freisin.

### Sciotaadh


Bíonn sciotaadh ar uirlis ghearrtha sa chaoi go mbeidh sé éasca ag an slisirníneach a bhíonn á ghearradh imeacht chun siúil. Má mhéadaítear an sciotaadh laghdaítear ar an gcumhacht a ídítear leis an ngearradh, agus ar an méid teasa a ghíntear. Má bhíonn an sciotaadh rómhór áfach, bíonn contúirt ann go mbrisfidh an barr den uirlis nó go mbainfidh sí an iomarca den saotharphíosa, nó go mbeidh gliogarnaíl ann. Bíonn gá le huillinn sciota



FÍOR 11 UILLINNEACHA AR UIRLISÍ  
DEILEADÓIREACHTA

mhór d'ábhair bhoga, insínte, agus uillinn sciota bheag d'ábhair atá crua agus briosc.

Nuair a bhíonn béalmhír á húsáid bíonn sí i ngreim i gcoinneáláí uirlise ar uillinn timpeall  $15^\circ$  (Fíor 12).




FÍOR 12

Bíonn sciotadh ann dá bharr sin ach bíonn laghdú ar an scóip. Ní mór é sin a chur san áireamh nuair a bhíonn an bhéalmhír á meilt.

Tugann an tábla thíos treoir maidir le méid na n-uillinneacha scóipe agus na n-uillinneacha sciota a bhíonn riachtanach chun roinnt ábhar coitianta a dheileadh.


#### Airde na hUirlise

Má shocraítear faobhar gearrtha na huirlise os cionn nó faoi bhun lár-airde na deile athrófar na huillinneacha




AN UIRLIS AR AN LÁR-AIRDE:  
AN UILLINN SCIOTA AGUS  
AN UILLINN SCÓIPE I gCEART

sciota agus scóipe faoi mar atá léirithe i bhFíor 13. Chomh maith leis sin, mura mbíonn an uirlis ar an lár-airde ní bheidh sí in ann gearradh isteach go dtí croflár an tsaotharphíosa (Fíor 14).




AN UIRLIS OS CIONN NA LÁR-AIRDE:  
AN SCIOTADH MÉADAITHE AGUS  
AN SCÓIP LAGHDAITHE



AN UIRLIS FAOI BHUN NA LÁR-AIRDE:  
AN SCIOTADH LAGHDAITHE AGUS  
AN SCÓIP MÉADAITHE

FÍOR 13 TIONCHAR AIRDE NA hUIRLISE  
GEARRTHA AR AN UILLINN SCIOTA  
AGUS AR AN UILLINN SCÓIPE

MIOTAL	SCIOTADH AGHAIDHE	SCIOTADH TAOIBH	SCÓIP THOSAIGH AGUS SCÓIP THAOIBH
CRUACH BHOG	$20^\circ$	$15^\circ$	6°-10°
CRUACH THEILGTHE	$10^\circ$	$5^\circ$	
IARANN TEILGTHE	$10^\circ$	$10^\circ$	
ALÚMANAM	$30^\circ$	$15^\circ$	
PRÁS	$0^\circ$	$5^\circ$	



FÍOR 14 MUNA MBÍONN AN UIRLIS  
GHEARRTHA AR AN LÁR AIRDE NÍ  
BHEIDH SÍ IN ANN GEARRADH  
ISTEACH GO DTÍ LÁR AN  
TSAOTHARPHÍOSA

### **Luasanna Fhearsaid na Deile agus Luasanna Gearrtha**

Tugtar luasanna fhearsaid na deile ina n-imrothluithe (castaí) sa nóiméad (*rev/min* an comhartha idirnáisiúnta SI air sin). Ar ndóigh is é an luas rothlaithe céanna a bhíonn faoin saotharphíosa agus faoi fhearsaid na deile. Nuair a bhíonn luas fhearsaid na deile á mheas le haghaidh obair ar leith ba chóir na nithe seo a chur san áireamh:

- (a) *Trastomhas an tsaotharphíosa.* Ní mór luas rothlaithe níos airde a bheith faoi shaotharphíosa a bhfuil trastomhas beag aige chun go mbeidh an luas gearrtha céanna aige is a bheadh ag saotharphíosa a mbeadh trastomhas mór aige.
- (b) *An cineál ábhair a bheidh á dheileadh.* Is gá luas níos íse i gcás ábhar crua righin ná mar is gá i gcás ábhar bog insínte.
- (c) *An cineál uirlise a bheidh á úsáid — uirlis chruch ardluais nó uirlis barrtha?* Is féidir luas níos airde a úsáid i gcás uirlisí barrtha cairbíde ná mar is féidir a úsáid i gcás uirlisí cruch ardluais.
- (d) *An cineál deileadóireachta, m.sh. criochnú, garbhgearradh nó scriúghearradh.* Is féidir luas níos airde a úsáid i gcás gearradh éadrom bailchríche ná mar is féidir a úsáid i gcás gearradh trom garbhaithe.
- (e) *An riocht ina bhfuil an deil.* Deil a bheadh i ndrochriocht ní fhéadfaí luas ró-ard a chur faoi.
- (f) *An mbeidh fuaraitheoir á úsáid.* Is féidir an luas a ardú má bhíonn fuaraitheoir á úsáid.
- (g) *An chaoi a mbeidh an saotharphíosa greamaithe den deil.* Is fearr is féidir saotharphíosaí áirithe a ghreadamh ar an deil ná a chéile, agus is féidir an luas a bheith ard dá réir. Níor cheart aon obair a dhéanamh gan an saotharphíosa a bheith greamaithe i gceart.

### **Luasanna Gearrtha Uirlísí**

Na luasanna ar a ngearrann uirlísí, is ina méadair sa nóiméad a thugtar iad. Sa deileadóireacht, is é an luas gearrtha ná an luas a bhíonn faoi dhromchla an tsaotharphíosa.

Chun luas na deile (luas rothlaithe) a shocrú i gcomhair obair ar bith úsáidtear an fhoirmle seo a leanas:

$$\text{Luas Rothlaithe} = \frac{\text{luas gearrtha} \times 1000}{(\text{rev}/\text{min}) \text{ imlhé an tsaotharphíosa ina mm}}$$

(Ní mór an luas gearrtha a mhéadú faoi 1000 chun milliméadair sa nóiméad a dhéanamh de.)

*Sampla:* Oibrigh amach an luas nár mhór a bheith faoin deil sa chaoi go ngearrfadh sí barra de chruach bhog, 25 mm ar trastomhas, ar luas gearrtha de 30 m/nóim (*m/min*).

$$\begin{aligned}\text{Luas Rothlaithe} &= \frac{30 \times 1000}{\pi \times 25} \text{ rev}/\text{min} \\ &= \frac{30 \times 1000 \times 7}{25 \times 22} \text{ rev}/\text{min} \\ &= 382 \text{ rev}/\text{min} \text{ chomh mion leis an imrothlú is gaire}\end{aligned}$$

Tá tábla thíos de na luasanna gearrtha le haghaidh uirlísí cruach ardluais chun roinnt ábhar a ghearradh.

Níl sa tábla ach treoir mar go mbíonn an méid sin nithe éagsúla i gceist leis an luas gearrtha.

ÁBHAR	LUAS GEARRTHA (m/nóim nó m/min)
CRUACH ARDCHARBÓIN	12-18
IARANN TEILGTHE	18-24
CRUACH BHOG	24-30
PRÁS	45-120
ALÚMANAM	120-300


## Oibriú na Deile

Ní mór aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas nuair a bhíonn tú ag úsáid na deile:

- Sula dtosafonn tú bí cinnte go dtuigeann tú conas na codanna éagsúla den deil a oibrú.
- Ná caith aon éadach scaolite.
- Cinntigh go bhfuil an saotharphíosa agus an uirlis ghearrtha i ngreim go docht. Nuair a bhíonn an saotharphíosa i ngreim sa chrágán níor chóir ach an méid is gá de a fhágáil ag gobadh amach.
- Ná fág an eochair sa chrágán.
- Caith spéaclaí cosanta.
- Coinnigh an deil glan agus néata agus ná fág aon uirlisí caite uirthi.
- Cas fearsaid na deile de láimh ar dtús le cinntíú go mbeidh an saotharphíosa in ann casadh gan aon rud a bhualadh.
- Coinnigh an uirlis ghearrtha siar ón saotharphíosa nuair a bhíonn tú ag tosú na deile.
- Ná láimhsigh an slisirníneach.
- Cuir as an deil nuair a bhíonn an saotharphíosa á sheiceáil agat.

## Dromchlú nó Fásáil


Tugtar dromchlú nó fásáil ar an deileadóireacht nuair a bhogtar an uirlis ghearrtha go dronuilleach le hais rothlainne an tsaotharphíosa chun éadan agus guaillí a dheileadh air (Fíor 15). Is leis an gcros-sleamhnán a bhogtar an uirlis ghearrtha sa chás seo.



FÍOR 15 DROMCHLÚ NÓ FÁSÁIL

## Sleamhnú


Sa sleamhnú nó sa deileadh comhthreomhar bogtar an uirlis comhthreomhar le hais rothlainne an tsaotharphíosa (Fíor 16) chun dromchla sorcóireach a chur ar an saotharphíosa.



FÍOR 16 SLEAMHNÚ NÓ DEILEADH COMHTREOMHAR

## CEACHT DEILEADÓIREACHTA INA BHFUIL FÁSÁIL AGUS SLEAMHNÚ I gCEIST.

An combhall atá léirithe i bhFíor 17 a dheileadh as barra cruach bhog gheal a bhfuil trastomhas 25 mm agus fad 80 mm ann.




FÍOR 17


## Céimeanna

- Greamaigh an barra sa chrágán ag fágáil timpeall 30 mm de ag gobadh amach.
- Déan fásáil ar cheann an bharra.
- Socraigh oscailt de 18 mm ar an gcailipéar *corrchosach* agus cuir líne timpeall an bharra an fad sin isteach ó cheann fásáilte an bharra.
- Socraigh oscailt de 21 mm ar an gcailipéar *seachtrach* leis an rialóir.

- Caolaigh pfosa timpeall 3 mm ar fad den bharra go dtí go mbeidh an trastomhas sin (21 mm) ann (Fíor 18.a).
- Ag úsáid an phfosa 3 mm sin mar threoir lean ort ag laghdú thrastomhas an barra go dtí gar don líne 18 mm a tarraingfodh in 3 thusas (féach Fíor 18.b).




(A)



(B)

- Socraigh oscailt de 20 mm ar an gcailipéar seachtrach 6 bharra atá cruinn ina thomhas — barra cruach airgid mheilte, mar shampla.


8. Déan gearradh éadrom ar an saotharphíosa sa deil ar feadh timpeall 3 mm ó cheann an bharra agus seiceáil an trastomhas leis an gcailipéar socrainthe (Fíor 18.c). Má tá 20 mm nó os a chionn sin i dtrastomhas an bharra fós, lean leat ag gearradh go dtí an ghualainn. Déan an oiread gearrthacha agus is gá ar an gcaoi sin go dtí go mbeidh an cailipéar díreach in ann sleamhnú anuas ar an saotharphíosa faoina mheáchan féin. Má thítear faoin tomhas (i.e. faoi 20 mm) ar an gcuid tosaigh den bharra is féidir an chuid sin a fhásáil de agus an ghualainn a thabhairt isteach an fad sin, ach dóthain fuilligh a bheith fágtha ar an mbarra chuige sin.



(C)


- Déan an gearradh deireanach le fothú mall rialta, sa chaoi go mbeidh bailchríoch mhaith ar an saotharphíosa.
- Fasáil an ghualainn go dtí an líne 18 mm ag seiceáil an fhaid ó cheann an bharra arís agus arís eile leis an rialóir.
- Bog an barra amach as crágán na deile sa chaoi go mbeidh an ghualainn chríochnaithe timpeall 40 mm

6 bhéal an chrágáin. Socraigh oscailt de 35 mm ar an gcailipéar corrchosach, cuir a chorrrchos ar an ngualainn chríochnaithe agus tarraing líne ar an mbarra 35 mm uaithi (Fíor 18.d). Sin an líne i gcomhair an dara gualainn.




(D)

- Iompaigh thart an barra sa chrágán ag coinneáil líne an dara gualainn timpeall 10 mm amach ón gcrágán.
- Fásáil an ceann seo den bharra.
- Caolaigh trastomhas an taoibh seo den bharra go dtí 12 mm agus críochnaigh an ghualainn go dtí a líne mar a rinneadh ar an taobh eile.
- Cuir sreabhán marcála ar bharr an tsaotharphíosa chun gur féidir aon líne a tharraingtítear ar an dromchla deilte a fheiceáil.
- Cuir marc le scríobaire 15 mm ón dara gualainn, i dtreo cheann an bharra. Socraigh bior an chailipéir chorrrcosaigh ar an marc sin agus tarraing an líne faoi mar atá taispeánta i bhFíor 18.e. Mura mbíonn dóthain fuilligh ann tarraing an líne faoi mar atá taispeánta i bhFíor 18.f.
- Déan fásáil ar an bhfuílleach go dtí an líne sin atá 15 mm amach ón ngualainn.



(E)




(F)


FÍOR 18 CÉIMEANNA I nDEILEADH AN CHOMHBHAILL ATÁ TAIPEÁNTA  
I bhFíor 17

## Deileadh Barrchaolaithe

Tá roinnt bealaí ann chun deileadh barrchaolaithe a dhéanamh. Is é an sleamhnán uachtarach is mó a úsáidtear i gcomhair barrchaolú gearr. Ní mór é a shocrú ar leathmhéid na huillinne cuimsithe a bheidh sa bharrchaolú (féach Fíor 20). Bfónn ullinntomhas ar bhonn an tsleamhnáin uachtaraigh chun é a shocrú ar an uillinn riachtanach, agus daingnítear ar an uillinn é le cnónna clampála.



FÍOR 19 DEILEADH BARRCHAOLAITHE AG ÚSÁID AN tSLEAMHNÁIN UACHTARAIGH



AN UILLINN CHUIMSITHE = 60°  
SOCRAIGH AN SLEAMHNÁN  
UACHTARACH AR UILLINN 30°

SOCRAIGH AN  
SLEAMHNÁN  
UACHTARACH AR  
UILLINN 40°

FÍOR 20 AN UILLINN AR A SOCRAÍTEAR AN SLEAMHNÁN UACHTARACH


Déantar an fothú de láimh le roth fothaithe an tsleamhnáin uachtaraigh. Ní bhíonn deis fothaithe uathoibríoch ar an sleamhnán uachtarach.

## An Casdruilire Láir


Úsáidtear an casdruilire láir nó casdruilire Shlocomb, mar a thugtar air uaireanta, chun poill leacaithe a dhruileáil i saotharphíosaí sa chaoi gur féidir iad a shocrú

ar na láir dheile (féach Fíor 29) agus freisin chun poill a thosú in ábhair a bhíonn le druileáil ar an deil. Cuireann an casdruilire láir leacú 60° ar phoill ionas go n-oirfidh siad don lár deile. Tá dhá fheidhm leis an gcuid chomhthreomhar den pholl taobh istigh den leacú: (1) fágann sé scóip do rinn an láir deile agus (2) is áit don bhealadh é (féach Fíor 22).

Greamaítear an casdruilire láir i gcrágán agus bíonn an crágán sin greamaithe i gcúlstoic na deile. Bíonn dhá cheann an chasdruilire láir mar a chéile (féach Fíor 21).



FÍOR 21 AN CASDRUILIRE LÁIR NÓ CASDRUILIRE SHLOCOMB



FÍOR 22 SAOTHARPHÍOSA LÁRDHRUILEÁILTE


## Druileáil ar an Deil

Nuair a bhítear ag druileáil ar an deil is é an saotharphíosa a bhíonn ag rothlú nó ag casadh. Greamaítear casdruilirí lorga comhthreomhar i gcrágán. Bíonn an crágán sin greamaithe de chrann iompair a mbíonn barrchaolú Mhorse air, agus a luíonn isteach i mbairille an chúlstoic. Greamaítear casdruilirí lorga barrchaolaithe i mbairille an chúlstoic. Uaireanta bíonn muinchille orthu, uaireanta eile ní bhíonn. Fothaítear an casdruilire isteach sa saotharphíosa le rothlálmh an chúlstoic (hanla fothaithe an chúlstoic).

Úsáidtear an casdruilire láir ar dtús chun an poll a thosú go díreach i lár an tsaotharphíosa. Ní mór an casdruilire a thabhairt amach as an bpoll ó am go ham

chun an slisirníneach a għlanadha as a chuislī agus chun sreabhán gearrtha a chur air de réir mar is gá. Ba chóir an sreabhán gearrtha a chur isteach sa pholl freisin. Is


féidir doimhneacht an chasdruilire sa saotharphíosa a dhéanamh amach ó na grádúcháin ar bhairille an chúlstoic (fóeah Fíor 23).




FÍOR 23 DRUILEÁIL AR AN DEIL

### Foirbeadh

Cuirtear foirbeadh ar chosa uirlisi láimhe sa chaoi gur féidir greim maith a fháil orthu. Is féidir an foirbeadh a dhéanamh go díreach nó ina phatrún muileata. Uirlis fhoirbiúcháin (Fíor 25) a úsáidtear le foirbeadh a dhéanamh ar uirlisi. Tá trí phéire rothaí ar an gceann atá léirithe i bhFíor 25 agus is féidir trí ghrád den fhoirbeadh muileata a dhéanamh léi — míni, meánach agus garbh.



FÍOR 24 FOIRBEADH




FÍOR 25 UIRLIS FHOIRBIÚCHÁIN

Castar an saotharphíosa a mbíonn foirbeadh le cur uirthi go mall, agus brúitear péire de na rothaí ina aghaidh. Casann na rothaí leis an saotharphíosa. Más saotharphíosa cruach atá á fhoirbeadh ní mór neart ola a choinneáil air le linn na hoibre.


### Dípháirtiú

Is é is dípháirtiú ann ná earra nó ball críochnaithe a ghearradh den phíosa miotail as ar deileadh é le huirlis deileadóireachta speisialta. Uirlis dípháirtiúcháin a thugtar ar an uirlis sin. Is féidir an uirlis dípháirtiúcháin a úsáid freisin chun píosa fada fuilligh a ghearradh de shaotharphíosa, agus chun cuasa a ghearradh.



FÍOR 26 DÍPHÁIRTIÚ


Tá dhá chineál uirlise dípháirtiúcháin ar fáil; ceann nach bhfuil inti ach lann thanaí a bhíonn greamaithe i gcoinneálaí (Fíor 27), agus ceann soladach atá deilbhithe go speisialta don dípháirtiú.



FÍOR 27 UIRLIS DÍPHÁIRTIÚCHÁIN

### Foghearradh


Déantar foghearradh ar shaotharphíosa sa chaoi go mbeidh spás ag an uirlis scriúghearrtha le dul isteach ann le críoch cheart a chur le scriúshnáithe nuair a bhíonn scriúghearradh á dhéanamh ar an deil (féach Fíor 28). Déantar foghearradh ar shaotharphíosaí freisin ionas go mbeifear in ann comhpháirteanna nó comhbhaill a nascadh go dlúth le chéile ag gualainn. Úsáidtear uirlis a mheiltear go speisialta don ghnó, nó uirlis dípháirtiúcháin, le haghaidh na hoibre seo.



FÍOR 28 FOGHEARRADH

### An Lár Deile

Úsáidtear an lár deile chun saotharphíosaí fada a ghreamú sa deil. Uaireanta bíonn foirceann amháin nó ceann amháin den saotharphíosa i ngreim i gcrágán sa cheannstoc, agus an foirceann eile socraithe ar lár deile a bhíonn greamaithe i gcúlstoic na deile. Uaireanta eile bíonn an saotharphíosa socraithe idir lár deile a bhíonn greamaithe i gceannstoc na deile agus lár deile a bhíonn greamaithe i gcúlstoic na deile (Fíor 33). Bíonn barrchaolú Mhorse ar lorga an láir deile agus greamaítear é i mbairille an chúlstoic nó i bhfearsaid an cheannstoic. Uillinn  $60^{\circ}$  a bhíonn ar rinn an láir deile go hiondúil. As cruach ardcharbóin nó as cruach ardluais a bhíonn an lár deile déanta.



FÍOR 29 AN LÁR DEILE


An lár deile a bhíonn sa cheannstoc, rothlaíonn nó casann sé leis an saotharphíosa agus tugtar lár deile *beo* air dá bhrí sin. Ní gá go mbeadh an lár deile beo cruaite mar nach mbíonn aon chuimilt idir é agus an saotharphíosa agus dá bhrí sin ní chaitheann sé. Tugtar lár deile *marbh* ar an lár deile a bhíonn sa chúlstoic mar nach gcasann sé. Is amhlaidh a chasann an saotharphíosa air, agus dá bhrí sin ní mór é a bheith cruaite agus a rinn a choinneáil bealaithe.



FÍOR 30 AN LÁR DEILE SA CHÚLSTOC

### An Pláta Tiomána agus an tIompróir Deile

Úsáidtear an pláta tiomána agus an t-iompróir deile i dteannta a chéile chun saotharphíosa a bhíonn greamaithe idir dhá lár deile a thiomáint. Bíonn an pláta tiomána, nó an greimphláta mar a thugtar air uaireanta, ceangailte d'fhearsaid an cheannstoic. Clampáiltear an




FÍOR 31 AN PLÁTA TIOMÁNA  
NÓ AN GREIMPHLÁTA

t-ionpróir deile (Fíor 32 agus Fíor 33), ar cheann an tsaotharphíosa. Tá dhá chineál ionpróra deile ann; tá eireaball díreach ar chineál amháin den dá chineál (féach Fíor 32) agus eireaball cam ar an gceann eile. Seo mar a thiomáintear iad:

- (a) *an t-ionpróir deile eireabaill dhírigh*: Buaileann pionna a bhíonn ag gobadh amach as an bpláta tiomána (féach Fíor 31) in aghaidh eireaball an ionpróra eireabaill dhírigh agus brúnn sé an t-ionpróir roimhe.
- (b) *an t-ionpróir deile eireabaill chaim*: téann eireaball an ionpróra eireabaill chaim isteach i sliotán sa phláta tiomána agus tarraigíonn an pláta leis an t-ionpróir.



FÍOR 32 AN TIOMPRÓIR  
DEILE EIREABAILL  
DHÍRIGH



FÍOR 33 SAOTHARPHÍOSA GREAMÁITHE  
IDIR NA LÁIR DHEILE

### Deileadóireacht RUR (CNC)


Is giorrúchán é **RUR** ar **Rialú Uimhriúil Ríomhaire** (*CNC* i mbÉarla ar *Computer Numerically Controlled*). Le foireann treoracha a bhíonn bunaithe ar uimhreacha, a rialaitear meaisíní RUR (*CNC*). Ar ghnáthdheileanna is go meicniúil a bhogtar na sleamhnáin, ach ar dheileanna RUR (*CNC*) is le mótair speisialta leictreacha ar a dtugtar mótair chéimnitheacha (féach Ich 165) a bhogtar iad.

Nuair a bhíonn comhbhball á dhéanamh agat ar an ghnáthdheil, is de réir a chéile a bhíonn tú ag déanamh cinní agus oibríochtaí éagsúla go dtí go mbíonn an comhbhall déanta. Ar an deil RUR (*CNC*) is amhlaidh a scríobhann tú ríomhchlár agus rialaíonn sé sin an deil chun an comhbhall a dhéanamh. Nuair a bhíonn an ríomhchlár scríofa is féidir é a úsáid chun lón ar bith de na comhbhaill cheannann chéanna a dhéanamh.


Dhá chineál leapa a bhíonn ar dheileanna RUR (*CNC*) — leaba chothrománach (Fíor 35) faoi mar a bhíonn ar ghnáthdheileanna, nó leaba chlaonta (Fíor 36). Is í an *Boxford TCL* an deil RUR (*CNC*) a bheidh faoi chaibidil againn anseo agus is leaba chlaonta atá uirthi sin. Ar chúl an chrágáin atá an post uirlise uirthi agus, i gcás gnáthdheileadóireachta, is ar tuathal a chasann an fhearsaid, ag féachaint uirthi ó thaobh an cheannstoic.

Bíonn siad seo a leanas i ríomhchlár RUR (*CNC*): comhordanáidí a léiríonn na háiteanna nach mór don uirlis ghearrtha bogadh chucu i rith na n-oibríochtaí éagsúla, orduithe chun gluaiseacht na huirlide a rialú, agus orduithe chun an fhearsaid (crágán) a rialú. Cuirtear pointí in iúl le comhordanáidí *X* agus *Z*. Faid atá ingearach le líne láir na deile, mar chomhordanáidí *X* a thugtar iad, agus faid atá comhthreomhar leis an líne láir, mar chomhordanáidí *Z* a thugtar iad sin.


Sa chóras ríomhchláraithe atá againn anseo is í comhordanáid *X* trastomhas an chomhbhaill ag an bpointe atá i gceist (féach Fíor 38).




FÍOR 34 AN DEIL RUR (CNC)




FÍOR 35 AIS X AGUS AIS Z AR DHEIL LEAPA COTHROMÁNAÍ



FÍOR 36 AIS X AGUS AIS Z AR DHEIL LEAPA CLAONTA




FÍOR 37 AIS X AGUS AIS Z AR AN SAOTHARPHÍOSA




A(X0, Z0); B(X20, Z0); C(X20, Z30);  
D(X40, Z30); E(X40, Z50)

IS Í AN CHOMHORDANÁID X TRASTOMHAS AN  
tSAOTHARPHÍOSA AG AN bPOINTE ATÁ I gCEIST

FÍOR 38 COMHORDANÁID POINTI



(a) TOISIÚ INCRIMINTEACH



(b) DEARBHHTHOISIÚ

FÍOR 39 TOISIÚ

### G-chóid agus M-chóid

**G-chóid:** Le G-chóid a rialaítear gluaiseacht na huirlise. Mar shampla, bogann an cód G00 an uirlis go tapa go dtí pointe roghnaithe agus bogann an cód G01 an uirlis i líne dhíreach ag an ráta fotha atá roghnaithe.

**Timthriall cannaithe:** Nuair a bhíonn sraith de gluaiseachtaí den uirlis ag teastáil chun meisíniú áirithe a dhéanamh, is le timthriall cannaithe a dhéantar é sin, e.g. is é G81 an cód i gcomhair timthriall cannaithe de dheileadóireacht chomhthreomhar.

**M-chóid:** Le M-chóid a thugtar orduite ilghnéitheacha, e.g. chun an fhearsaid a chur ar siúl, chun an fhearsaid a chur as, chun an fhearsaid a stopadh le huirlis a athrú.

### G-chóid agus M-chóid Chaighdeánacha: Cuntas

**G00** Gluaiseacht thapa trasnála

**G01** Idirshuíomh líneach

**G02** Idirshuíomh ciorclach Deiseal

**G03** Idirshuíomh ciorclach Tuathal

### Toisiú

Tá dhá mhodh ann chun na toisí nó na comhordanáid a thabhairt sa ríomhchlárú:

- (i) Toisiú incriminteach — bíonn a toise féin ar gach cuid (Fíor 39.a).
- (ii) Dearbhthoisiú — ó phointe tagartha nó líne thagartha a thógtar na toisí go léir (Fíor 39.b).

- G04** Cónaí  
**G70** Toisiú impiriúil (orlaí) in-ríomhchláraithe  
**G71** Toisiú méadrach in-ríomhchláraithe  
**G90** Ionchur dearbhshonraí  
**G91** Ionchur sonraí incriminteacha  
**G94** Fotha/nóim. (*feed/min.*)  
**G95** Fotha/rothlú (*feed/rev.*)  
**G96** Luas dromchla buan  
**G97** Luas rothlaithe buan

#### Samplaí de Thimthrialta Cannaithe

- G80** Cealú ar thimthriall cannaithe  
**G81** Timthriall cannaithe — deileadh comhthreomhar  
**G82** Timthriall cannaithe — fásáil nó eitriú  
**G83** Timthriall cannaithe — priocdhruileáil  
**G84** Timthriall cannaithe — snáithireacht

#### M-chóid


- M02** Cuireann sé críoch an ríomhchláir in iúl.  
**M03** Cuireann sé an fhearsaid ag casadh deiseal. Iontráil luas na fearsaide S.  
**M04** Cuireann sé an fhearsaid ag casadh tuathal. Iontráil luas na fearsaide S.  
**M05** Stopann sé an fhearsaid.  
**M06** Athrú urlise. Iontráil:  
 I = uimhir na huirlise;  
 K = uimhir thíríín na huirlise (nuair is ann dó);  
 S = raon luais (1R - 4R).  
**M30** Críoch an ríomhchláir le haghaidh athmhonarú.  
**M39** Dúnann sé an crágán uathoibríoch (más ann dó).  
**M40** Osclaíonn sé an crágán uathoibríoch (más ann dó).  
**M99** Cód leanúna. Má ionchuirtear M99 ag deireadh ríomhchláir nach bhfuil scríofa go hiomlán, sábháiltear an méid de atá scríofa ar dhiosca agus is féidir é a chríochnú níos déanaí.

#### Uirlísí Deile RUR (CNC)

Tá uirlísí coitianta deile RUR (CNC) léirithe i bhFíor 40.

#### Ríomhchlárú RUR (CNC)


As bailiúchán nó blocán de línte a chruthaítear ríomhchlár RUR (CNC). I ngach blocán bíonn uimhir an bhlocáin agus an t-eolas a bhíonn ag teastáil ón



1 UIRLIS TUATHAIL



7 AN CASDRUILIRE 7 mm




2 UIRLIS DEISIL



8 AN CASDRUILIRE 10 mm



3 UIRLIS NEODRACH



9 AN BARRA TOLLTA



4 GEARRTHÓIR SNÁITHE SHEACHTRAIGH



10 GEARRTHÓIR SNÁITHE INMHEÁNAIGH



5 AN CASDRUILIRE LÁIR



11 UIRLIS DÍPHÁRTIÚCHÁIN



6 AN CASDRUILIRE 5 mm

FÍOR 40

ríomhaire chun oibríocht ar leith a chur i gcrích. Tá na cineálacha eolais a bhíonn i mblocán taispeánta thíos:

N	G	M	X	Z	I	K	F	S
---	---	---	---	---	---	---	---	---

- N** Uimhir an bhlocáin  
**G** An G-chód  
**M** An M-chód  
**X** Comhardanáid X (mm)  
**Z** Comhardanáid Z (mm)  
**I** Eolas breise de réir mar is gá  
**K** Eolas breise de réir mar is gá  
**F** Ráta fotha (mm/min)  
**S** Luas na fearsaide (rev/min)

Nuair a bhíonn ríomhchlár á scríobh ba mhór an chabhair é na hoibríochtaí a bheidh ann a liostú ar dtús. Ba mhór an áis bileog oibríochtaí chuige sin.

\* \* \*

### Ceacht 1


Scríobh ríomhchlár RUR (CNC) chun cuid de bharra alúmanaim  $\phi 25$  a mheaisíniú faoi mar atá sé i bhFíor 41.

### Nóta

T.Lm = Trastomhas Lasmuigh, i.e. trastomhas an ábhair.

T.Lt. = Trastomhas Laistigh; ní bheidh sé ann mura mbíonn cró san ábhar.

An Gobadh Amach = Fad an ábhair a bheadh ag gobadh amach as gialla an chrágáin.



FÍOR 41

### Bileog Oibríochtaí Cheacht 1

Uimh.	Oibríocht	Luas na Fearsaide	Fotha na hUirlise	Uirlis
1	Fásáil	2500	75	1
2	Deil $\phi 23 \times 30$	2500	75	1
3	Deil $\phi 21 \times 30$	2500	75	1
4	Deil $\phi 20 \times 30$	2500	75	1
5	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
6	Deireadh leis an ríomhchlár			

### Bileog Ríomhchláraithe Cheacht 1

Teideal: RUR 1

Ábhar: Alúmanam

T.Lm: 25

T.Lt: 0

An Gobadh Amach: 35

NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Ríomhchlárú Dearbhthoisithe	10	90							
Toisí Méadracha	20	71							
Ionad fosaithe na huirlise/Roghnaigh uirlis 1	30			30	10	1			
Tosaigh an fhearsaid ar Tuathal	40	97	04						2500
Go mear go dtí an pointe tosaithe	50	00		26	0				

NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Fásáil an ceann	60	01		- 1				75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	70	00			1				
Socraigh go mear le haghaidh an chéad ghearradh	80	00		23					
Deil $\phi 23 \times 30$	90	01			- 30			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa go mear	100	00		24	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	110	00		21					
Deil $\phi 21 \times 30$	120	01			- 30			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa go mear	130	00		22	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	140	00		20					
Deil $\phi 20 \times 30$	150	01			- 30			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	160	00		26					
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	170	00	05	30	10				
Deireadh leis an ríomhchlár	180		02						


Tosaigh gach ríomhchlár leis na trí bhlocán seo a leanas:

10 — An cineál tomhais (G90 nó G91)

20 — An cineál aonaid (G70 nó G71)

30 — Ionad fosaithe na huirlise agus uimhir na huirlise.

\* \* \*




## Ceacht 2

Scríobh ríomhchlár RUR (CNC) chun an cruth i bhFíor 42 a mheaisíniú as barra alúmanaim  $\phi 25$ .

Nuair a bhíonn seaimféar le meisíniú, chuirfeadh línlíocht de réir scála den chuid sheaimféarálta ar pháipéar greille cearnógach (Fíor 43) ar ár gcumas fad na ngearrthacha éagsúla a fháil.

FÍOR 42

## Bileog Oibríochtaí Cheacht 2



FÍOR 43 FAD NA nGEARRTHACHA Á bhFÁIL I gCOMHAIR SEAIMFÉIR

Uimh.	Oibríocht	Luas na Fearsaide	Fotha na hUirlise	Uirlis
1	Fásáil	2500	75	1
2	Deil $\phi 23 \times 24$	2500	75	
3	Deil $\phi 21 \times 23$	2500	75	
4	Deil $\phi 19 \times 22$	2500	75	
5	Deil $\phi 17 \times 21$	2500	75	
6	Deil $\phi 15 \times 20$	2500	75	
7	Deil seaimfear $5 \times 45^\circ$	2500	75	
8	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
9	Deireadh leis an ríomhchlár			

## Bileog Ríomhchláraithe Cheacht 2

Teideal: RUR 2

Ábhar: Alúmanam

T.Lm: 25

T.Lt: 0

An Gobadh Amach: 30


NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Ríomhchlárú Dearbhthoisithe	10	90							
Toisí Méadracha	20	71							
Ionad fosaithe na huirlise	30			30	10	1			
Tosaigh an fhearsaid ar Tuathal	40	97	04						2500
Go mear go dtí an pointe tosaithe	50	00		26	0				
Fásáil an ceann	60	.01		- 1				75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	70	00			1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh	80	00		23					
Deil $\phi 23 \times 24$	90	01			- 24			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	100	00		24	1				

NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	110	00		21					
Deil $\phi 21 \times 23$	120	01			-23			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	130	00		22	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	140	00		19					
Deil $\phi 19 \times 22$	150	01			-22			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	160	00		20	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	170	00		17					
Deil $\phi 17 \times 21$	180	01			-21			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	190	00		18	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	200	00		15					
Deil $\phi 15 \times 20$	210	01			-20			75	
Deil seaimféar $5 \times 45^\circ$	220	01		25	-25			75	
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	230	00	05	30	10				
Deireadh leis an ríomhchlár	240		02						


\* \* \*

### Ceacht 3

Scríobh ríomhchlár RUR (CNC) chun an cruth i bhFíor 44 a mheaisíniú as barra alúmanaim  $\phi 30$ .



FÍOR 44



LUACH I = 0      LUACH K = 5

FÍOR 45 FAD NA nGEARRTHACHA GO DTÍ POINTÍ GAR DON CHUAR Á nOIBRIÚ AMACH, AGUS LUACH I AGUS LUACH K FREISIN

Nuair a bhíonn comhbhall ina mbeidh cuar le meas-íniú ní mórlíníocht de réir scála a dhéanamh den chuid chuartha chun na rudaí seo a leanas a fháil amach:

- (a) an fad a bheidh sna gearrthacha *deileadóireachta comhthreomhaire*, gearrthacha a rachaidh sách gar don chuar sa chaoi nach mbeidh an fuilleach (a beidh le baint chun an cuar a dhéanamh) níos doimhne ná mar atá ceadaithe.
- (b) an luach a bheidh in ‘I’ agus ‘K’ chun cuar a mheaisíniú.

Is é luach I ná an fad ó lárphointe an chuair go dtí ionad an ghearrthóra ag túis an ghearrtha, **ar feadh ais X.**

Is é luach K ná an fad ó lárphointe an chuair go dtí ionad an ghearrthóra ag túis an ghearrtha, **ar feadh ais Z.** Luachanna incriminteacha iad beirt.

### Bileog Oibríochtaí Cheacht 3

Uimh.	Oibríocht	Luas na Fearsaide	Fotha na hUirlise	Uirlis
1	Fásáil	2500	75	1
2	Deil $\phi 28 \times 16.5$	2500	75	
3	Deil $\phi 26 \times 15.5$	2500	75	
4	Deil $\phi 24 \times 15$	2500	75	
5	Deil $\phi 22 \times 15$	2500	75	
6	Deil $\phi 20 \times 15$	2500	75	
7	Deil cuar Tuathal go dtí $\phi 30$	2500	75	
8	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
9	Deireadh leis an ríomhchlár			

### Bileog Ríomhchláraithe Cheacht 3

Teideal: RUR 3

Ábhar: Alúmanam

T.Lm: 30

T.Lt: 0

An Gobadh Amach: 25

NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Ríomhchlárú Dearbhthoisithe	10	90							
Toisí Méadracha	20	71							
Ionad fosaithe na huirlise	30			35	10	1			
Tosaigh an fhearsaid ar Tuathal	40	97	04						2500
Go mear go dtí an pointe tosaithe	50	00		31	0				
Fásáil	60	01		- 1				75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	70	00			1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh	80	00		28					
Deil $\phi 28 \times 16.5$	90	01			- 16.5			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	100	00		29	1				


NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	110	00		26					
Deil $\phi 26 \times 15.5$	120	01			- 15.5			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	130	00		27	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	140	00		24					
Deil $\phi 24 \times 15$	150	01			- 15			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	160	00		25	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	170	00		22					
Deil $\phi 22 \times 15$	180	01			- 15			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	190	00		23	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	200	00		20					
Deil $\phi 20 \times 15$	210	01			- 15			75	
Deil cuar Tuathal go dtí $\phi 30$	220	03		30	- 20	0	5	75	
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	230	00	05	35	10				
Deireadh leis an ríomhchlár	240		02						

\* \* \*

#### Ceacht 4

Scríobh ríomhchlár RUR (CNC) chun an comhbhall atá léirithe i bhFíor 46 a dhéanamh as barra alúmanaim  $\phi 30$ .


**Nóta:** Tá dípháirtiú i gceist sa cheacht seo. Is gá, uaireanta, tiús na huirlise (1.6 mm sa chás seo) a chur san áireamh sa ríomhchlár. Sa chás seo, chun an ball a dhípháirtiú ag 35 mm, beidh comhordanáid Z cothrom le:  $-(35 + 1.6)$  mm = - 36.6 mm. Sna ríomhchláir is déanaí bionn tiús na huirlise san áireamh, i.e. bheadh comhordanáid Z cothrom le - 35 mm.



FÍOR 46

### Bileog Oibríochtaí Cheacht 4

Uimh.	Oibríocht	Luas na Fearsaide	Fotha na hUirlise	Uirlis
1	Fásáil	2500	75	1
2	Deil $\phi 28 \times 14.5$	2500	75	
3	Deil $\phi 26 \times 14$	2500	75	
4	Deil $\phi 24 \times 13$	2500	75	
5	Deil $\phi 22 \times 12$	2500	75	
6	Deil $\phi 20 \times 10$	2500	75	
7	Deil cuar, ga 5, go dtí $\phi 30$	2500	75	
8	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
9	Athraigh uirlis			11
10	Dípháirtigh	2500	50	
11	Deireadh leis an ríomhchlár			



FÍOR 47

### Bileog Ríomhchláraithe Cheacht 4

Teideal: RUR 4

Ábhar: Alúmanam

T.Lm: 30

T.Lt: 0

An Gobadh Amach: 40


NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Ríomhchlárú Dearbhthoisithe	10	90							
Toisí Méadracha	20	71							
Ionad fosaithe na huirlise	30			35	10	1			
Tosaigh an fhearsaid ar Tuathal	40	97	04						2500
Socraigh i gcomhair fásáil	50			31	0				
Fásáil	60	01		-1				75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	70	00			1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh	80	00		0					

NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Deil $\phi 28 \times 14.5$	90	01			- 14.5			75	
Bain uirlis ón saotharphfosa	100	00		29	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	110	00		26					
Deil $\phi 26 \times 14$	120	01			- 14			75	
Bain uirlis ón saotharphfosa	130	00		27	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	140	00		24					
Deil $\phi 24 \times 13$	150	01			- 13			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	160	00		25	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	170	00		22					
Deil $\phi 22 \times 12$	180	01			- 12			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	190	00		23	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	200	00		20					
Deil $\phi 20 \times 10$	210	01			- 10			75	
Deil stua Deiseal go dtí $\phi 30$	220	02		30	- 15	5	0	75	
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	230	00	05	35	10				
Athraigh uirlis	240		06			11			
Tosaigh fearsaid/socraigh i gcomhair dípháirtíú	250	97	04	31	- 36.6*				2500
Dípháirtigh go 35	260	01		- 1				50	
Bain uirlis ón saotharphíosa	270	00		31					
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	280	00	05	35	10				
Deireadh leis an ríomhchlár	290		02						


\*comhardanáid Z = fad an chomhbhaill + tiús na huirlise =  $-(35 + 1.6) = -36.6$

## Ceacht 5

Scríobh ríomhchlár RUR (CNC) chun an comhbhall atá léirithe i bhFíor 48 a dhéanamh as barra alúmanaim  $\phi 30$ .



FÍOR 48



FÍOR 49 LUACH I AGUS LUACH K, AGUS COMHARDANÁIDÍ Z Á nAIMSIÚ

**Nóta:** Sa chóras seo, mura mbíonn aon iontráil sa ‘G’ cholún glactar leis gur ‘G00’ atá i gccist, agus dá bhrí sin ní gá an t-ordú seo a chur isteach. Ní mór, áfach, a bheith cúramach gan aon G-chód eile a fhágáil ar lár mar go mbeadh sé sin dainséarach.

## Bileog Oibríochtaí Cheacht 5

Uimh.	Oibríocht	Luas na Fearsaide	Fotha na hUirlise	Uirlis
1	Fásáil	2500	75	1
2	Deil $\phi 28 \times 34.5$	2500	75	
3	Deil $\phi 26 \times 34$	2500	75	
4	Deil $\phi 24 \times 34$	2500	75	
5	Deil $\phi 22 \times 33$	2500	75	
6	Deil $\phi 20 \times 30$	2500	75	
7	Deil cuar Deiseal go dtí $\phi 30$	2500	75	
8	Deil $\phi 18 \times 19$	2500	75	
9	Deil $\phi 16 \times 18$	2500	75	
10	Deil $\phi 14 \times 17$	2500	75	
11	Deil $\phi 12 \times 16$	2500	75	
12	Deil seaimféar $4 \times 45^\circ$	2500	75	
13	Deil $\phi 10 \times 1$	2500	75	
14	Deil cuar Tuathal go dtí $\phi 12$	2500	75	
15	Athraigh uirlis			11
16	Dípháirtigh	2500	50	
17	Deireadh leis an ríomhchlár			

**Bileog Ríomhchláraithe Cheacht 5**

**Teideal: RUR 5**

**Ábhar: Alúmanam**

**T.Lm: 30**

**T.Lt: 0**

**An Gobadh Amach: 50**

<b>NÓTAÍ</b>	<b>N</b>	<b>G</b>	<b>M</b>	<b>X</b>	<b>Z</b>	<b>I</b>	<b>K</b>	<b>F</b>	<b>S</b>
Ríomhchlárú Dearbhthoisithe	10	90							
Toisí Méadracha	20	71							
Ionad fosaithe na huirlise	30			35	10	1			
Tosaigh an fhearsaid ar Tuathal	40	97	04						2500
Socraigh i gcomhair fásáil	50			31	0				
Fásáil	60	01		- 1				75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	70				1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh	80			28					
Deil $\phi 28 \times 34.5$	90	01			- 34.5				
Bain uirlis ón saotharphíosa	100			29	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	110			26					
Deil $\phi 26 \times 34$	120	01			- 34			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	130			27	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	140			24					
Deil $\phi 24 \times 34$	150	01			- 34			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	160			25	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	170			22					
Deil $\phi 22 \times 33$	180	01			- 33			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	190			23	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	200			20					
Deil $\phi 20 \times 30$	210	01			- 30			75	
Deil stua Deiseal go dtí $\phi 30$	220	02		30	- 35	5	0	75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	230			31	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	240			18					

NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Deil $\phi 18 \times 19$	250	01			- 19			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	260			19	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	270			16					
Deil $\phi 16 \times 18$	280	01			- 18			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	290			17	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	300			14'					
Deil $\phi 14 \times 17$	310	01			- 17			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	320			15	1			75	
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	330			12					
Deil $\phi 12 \times 16$	340	01			- 16			75	
Deil seaimfear 4 x 45° go dtí $\phi 20$	350	01		20	- 20			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	360			21	1				
Socraigh le haghaidh an chéad ghearradh eile	370			10					
Deil $\phi 10 \times 1$	380	01			- 1			75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	390				1				
Socraigh chun cuar Tuathal a ghearradh	400			4	0				
Deil cuar Tuathal go dtí $\phi 12$	410	03		12	- 4	0	4	75	
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	420		05	35	10				
Athraigh uirlis	430		06				11		
Tosaigh fearsaid/socraigh i gcomhair dípháirtíú	440	97	04	31	- 46.6				2500
Dípháirtígh go 45	450	01		- 1				50	
Bain uirlis ón saotharphíosa	460			31					
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	470		05	35	10				
Deireadh leis an ríomhchlár	480		02						


## Ceacht 6

Scríobh ríomhchlár RUR (CNC) chun barra alúmanaim  $\phi 25 \times 35$  mm a ghiorrú 10 mm le 15 ghearradh, le timthriall cannaithe.

### Timthriallta Cannaithe

Is é an aidhm atá leis an gceacht seo an timthriall cannaithe, G82, a scrúdú.

Le timthriall cannaithe is féidir roinnt oibríochtaí a chur á ndéanamh arís is arís eile le blocán amháin de ríomhchlár. Mar shampla, chun trastomhas a laghdú is féidir an timthriall cannaithe G81 a úsáid in áit sraith de bhlocáin de chóid G00 agus G01, a fhad is a fhanann comhordanáidí Z mar a chéile. Fágann seo go mbíonn an ríomhchlár níos simplí agus níos giorra.



FÍOR 50 CLEACHTADH AR THIMTHRIALL CANNAITHE FÁSALA, G82

Nuair a bhítear ag úsáid timthriallta cannaithe ní mór don bhlocán roimhe sin sa ríomhchlár an uirlis a shocrú ag pointe tosaithe an timthrialla. Ní mór don phointe sin, a dtugtar an **pointe scoite** air, a bheith glan ar an saotharphíosa.

Sa deileadh comhthreomhar (G81), san fhásáil (G82) agus sa tsnáithireacht (G84), 2 mm glan ar an saotharphíosa ar chomhordanáidí X agus Z a bhíonn an pointe scoite. Sa phriocdhruileáil (G83), 2 mm glan ar an saotharphíosa ar ais Z amháin ( $X = 0$ ) a bhíonn an pointe scoite. Incriminteach a bhíonn na luachanna go léir i dtimthriall cannaithe.

I gCeacht 6 is mar seo a leanas a bheidh comhordanáidí an phointe scoite:

$$X = 25 + 2 = 27 \text{ (trastomhas an tsaotharphíosa + 2 mm)}$$

$$Z = 2.$$

An t-eolas seo a leanas a bheidh i mblocán an timthrialla channaithe:

G82 = an timthriall cannaithe le haghaidh fásáil  
Luach X = 28 (doimhneacht ionlán an ghearrtha + an fad scoite + 1 mm sa chaoi go scoitfidh an gearrthóir lárphointe an tsaotharphíosa).

Luach Z = -10 (leithead ionlán an ghearrtha; fágtar an fad scoite ar lár).

I = 15 (líon na ngearrthacha)

F = 75 (an ráta fotha)

### Bileog Oibríochtaí Cheacht 6

Uimh.	Oibríocht	Luas na Fearsaide	Fotha na hUirlise	Uirlis
1	Ionad fosaithe na huirlise	2500	Mear	1
2	Pointe Scoite	2500	Mear	
3	Fásáil go dtí 25 mm, le 15 ghearradh, le timthriall cannaithe	2500	75	
4	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
5	Deireadh leis an ríomhchlár			

## Bileog Ríomhchláraithe Cheacht 6

Teideal: RUR 6

Ábhar: Alúmanam

T.Lm: 25

T.Lt: 0

An Gobadh Amach: 24

NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Ríomhchlárú Dearbhthoisithe	10	90							
Toisí Méadracha	20	71							
Ionad fosaithe na huirlise	30			30	10	1			
Tosaigh an fhearsaid ar Tuathal	40	97	04						2500
Pointe Scoite	50			27	2				
Fásáil channaithe	60	82		28	-10	15		75	
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	70		05	30	10				
Deireadh leis an ríomhchlár	80		02						

\* \* \*

### Ceacht 7

Laghdaigh cuid de bharra alúmanaim  $\phi 25$ , faoi mar atá taispeánta i bhFíor 51, le 5 ghearradh, le timthriall cannaithe. Sa cheacht seo bainimid úsáid as an timthriall cannaithe G81.

Ionad an phointe scoite:  $X = 27$        $Z = 2$

An t-eolas atá i mblocán an timthrialla channaithe:



G81      = an timthriall cannaithe le haghaidh deileadh comhthreomhar

Luach X = 10 (doimhneacht an ghearrtha iomlán, i.e. an difríocht idir an chéad trastomhas agus an trastomhas deiridh; fág an fad scoite as)

Luach Z = -17 (an ghluaiseacht iomlán ar ais Z, i.e. fad an ghearrtha + an fad scoite)

I = 5 (líon na ngearrthacha)

F = 75 (an ráta fotha)



FÍOR 51 CLEACHTADH AR THIMTHRIALL CANNAITHE DEILEADÓIREACHTA COMHTREOMHAIRE, G81

### Bileog Oibríochtaí Cheacht 7

Uimh.	Oibríocht	Luas na Fearsaide	Fotha na hUirlise	Uirlis
1	Ionad fosaithe na huirlise	2500	Mear	1
2	Pointe Scoite	2500	Mear	
3	Deil $\phi 15 \times 15$ le 5 ghearradh, le timthriall cannaithe	2500	75	
4	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
5	Deireadh leis an ríomhchlár			

### Bileog Ríomhchláraithe Cheacht 7

Teideal: RUR 7

Ábhar: Alúmanam

T.Lm: 25


T.Lt: 0

An Gobadh Amach: 24

NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Ríomhchlárú Dearbhthoisithe	10	90							
Toisí Méadracha	20	71							
Ionad fosaithe na huirlise	30			30	10	1			
Tosaigh an fhearsaid ar Tuathal	40	97	04						2500
Pointe Scoite	50			27	2				
Deil $\phi 15 \times 15$ le timthriall cannaithe	60	81		10	-17	5		75	
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	70		05	30	10				
Deireadh leis an ríomhchlár	80		02						

## Ceacht 8

Druileáil poll  $\phi 6$  i mbarra alúmanaim  $\phi 25$  faoi mar atá taispeánta i bhFíor 52. Úsáidtear an timthriall cannaithe G83 i gcomhair priocdhruileáil. Priocdhruileáil a dhéantar nuair a bhíonn poill le druileáil a mbíonn breis is dhá oiread thrastomhas an chasdruilire ina ndoimhneacht. Sa phriocdhruileáil tagann an casdruilire amach as an bpoll 6 am go ham chun fáil réidh leis an slisirnseach.



FÍOR 52

Ar dtús ní mór an barra a fhásáil agus ansin an poll a thosú le casdruilire láir. Ní mór an fhearsaid a chur ag rothlú deiseal (M03) ag tuairim is  $2,000 \text{ rev/min}$  i gcás an chasdruilire láir, agus ag tuairim is  $1,750 \text{ rev/min}$  i gcás an chasdruilire 6 mm. Bheadh ráta fotaithe de  $50 \text{ mm/min}$  oiriúnach don phéire acu.

Ionad an phointe scoite X = 0, Z = 2.

An t-colas i mblocán an timthrialla channaithe:

G83 = an timthriall cannaithe le haghaidh priocdhruileáil

Luach Z = -15 (doimhneacht ionlán an phoill; fág an fad scoite as)

Luach I = 6 (trastomhas an chasdruilire)

Luach K = 0.9 (seo é an fachtóir lena laghdaítear na priocanna de réir mar a dhoimhnítear an poll)

F = 50 (ráta fotha)

## Bileog Oibríochtaí Cheacht 8

Uimh.	Oibríocht	Luas na Fearsaide	Fotha na hUirlise	Uirlis
1	Fásáil	2500	75	1
2	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
3	Athraigh uirlis			5
4	Lárdhruileáil go dtí doimhneacht 5 mm	2000	50	
5	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
6	Athraigh uirlis			7
7	Pointe Scoite	1750	Mear	
8	Druileáil poll $\phi 6$ , 15 mm ar doimhneacht, le timthriall cannaithe	1750	50	
9	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
10	Deireadh leis an ríomhchlár			

**Bileog Ríomhchláraithe Cheacht 8**

**Teideal: RUR 8**

**Ábhar: Alúmanam**

**T.Lm: 25**


**T.Lt: 0**

**An Gobadh Amach: 24**

NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Ríomhchlárú Dearbhthoisithe	10	90							
Toisí Méadracha	20	71							
Ionad fosaithe na huirlise	30			30	10	1			
Tosaigh an fhearsaid ar Tuathal	40	97	04						2500
Socraigh i gcomhair fásáil	50			26	0				
Fásáil	60	01		- 1				75	
Bain uirlis ó cheann an tsaotharphíosa	70				1				
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	80		05	30	10				
Athraigh uirlis	90		06			5			
Tosaigh an fhearsaid ag rothlú Deiseal	100	97	03						2000
Socraigh le haghaidh lárdhruileáil	110			0	2				
Déan lárdhruileáil go dtí doimhneacht 5 mm	120	01			- 5			50	
Bain uirlis ón saotharphíosa	130				2				
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	140		05	30	10				
Athraigh uirlis	150		06			7			
Tosaigh an fhearsaid ag rothlú Deiseal	160	97	03						1750
Pointe Scoite	170			0	2				
Druileáil poll $\phi 6 \times 15$ mm ar doimhneacht	180	83			- 15	6	0.9	50	
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	190		05	30	10				
Deireadh leis an ríomhchlár	200		02						

### Ceacht 9

Scréibh ríomhchlár RUR (CNC) chun an comhbhall atá léirithe i bhFíor 53 a mhaisíniú as barra alúmanaim φ30.



Bileog Oibríochtaí Cheacht 9

Uimh.	Oibríocht	Luas na Fearsaide	Fotha na hUirlise	Uirlis
1	Fásáil	2500	75	1
2	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
3	Pointe Scoite 1		Mear	

Uimh.	Oibríocht	Luas na Fearsaide	Fotha na hUirlise	Uirlis
4	Deil $\phi 20 \times 35$	2500	75	
5	Point Scoite 2		Mear	
6	Deil $\phi 14 \times 15$	2500	75	
7	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
8	Athraigh uirlis			5
9	Déan lárdhruileáil go dtí doimhneacht 5 mm	2000	50	
10	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
11	Athraigh uirlis			7
12	Point Scoite 3		Mear	
13	Druileáil poll $\phi 7 \times 20$ mm ar doimhneacht	1750	50	
14	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
15	Athraigh uirlis			11
16	Dípháirtigh ag 43 mm	2500	50	
17	Ionad fosaithe na huirlise		Mear	
18	Deireadh leis an ríomhchlár			

Bileog Ríomhchláraithe Cheacht 9

Teideal: RUR 9

Ábhar: Alúmanam

T.Lm: 30

T.Lt: 0

An Gobadh Amach: 50

NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Ríomhchlárú Dearbhthoisithe	10	90							
Toisí Méadracha	20	71							
Ionad fosaithe na huirlise	30			35	10	1			
Tosaigh an fhearsaid ar Tuathal	40	97	04						2500

NÓTAÍ	N	G	M	X	Z	I	K	F	S
Socraigh i gcomhair fásáil	50			31	0				
Fásáil	60	01		1				75	
Bain uirlis ón saotharphíosa	70				1				
Pointe Scoite 1	80			32	2				
Deil $\phi 20 \times 35$ le timthriall cannaithe	90	81		10	-37	5		75	
Pointe Scoite 2	100			22	2				
Deil $\phi 14 \times 15$ le timthriall cannaithe	110	81		6	-17	5		75	
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	120		05	35	10				
Athraigh uirlis	130		06			5			
Socraigh le haghaidh lárdhruileáil	140	97	03	0	2				2000
Déan lárdhruileáil go dtí doimhneacht 5 mm	150	01			-5			50	
Bain uirlis ón saotharphíosa	160				2				
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	170		05	35	10				
Athraigh uirlis	180		06			7			
Tosaigh an fhearsaid ag rothlú Deiseal	190	97	03						1750
Pointe Scoite	200			0	2				
Druileáil poll $\phi 7 \times 20$ mm ar doimhneacht	210	83			-20	7	0.9	50	
Ionad fosaithe na huirlise/stop fearsaid	220		05	35	10				
Athraigh uirlis	230		06			11			
Tosaigh fearsaid/socraigh le haghaidh dípháirtíú	240	97	04	31	-44.6				2500
Dípháirtigh ag 43 mm	250	01		-1				50	
Bain uirlis ón saotharphíosa	260			31					
Ionad fosaithe na huirlise	270		05	35	10				
Deireadh leis an ríomhchlár	280		02						

## Ríomhchláir a Thástail

Seo deis chun an ríomhchlár RUR (CNC) a thástail sula ndéantar an measáiniú. Déantar insamhladh ar mheaisíniú an chomhbhaill ar an aonad amharctha ispeána; téitear tríd an ríomhchlár go léir agus aimsítear aon earráidí sa ríomhchlár. Is féidir na hearráidí a cheartú leis an deis eagarthóireachta sa bhogábhar, agus sa tsf sin ní dhéantar damáiste don mheaisín ná ní chuirtear ábhar amú. Ní aimseoidh an tástail seo earráidí meicniúla, áfach, e.g. an uirlis mhícheart a bheith ar an measín ná an uirlis a bheith socraite aslár.

### Seach-choir Uirlisí

Bíonn gá le scata uirlisí uaireanta chun comhbhall a mheaisíniú. Ní hionann suíomh shoic na n-uirlisí difriúla agus ní mór é sin a chur san áireamh in oibriú an mheaisín RUR (CNC).

An chéad uirlis a úsáidtear sa ríomhchlár, is é a suíomh sin a bhíonn ina phointe tagartha le haghaidh na n-uirlisí go léir, agus tugtar na luachanna  $X = 0$ ,  $Z = 0$  dó sin. Na huirlisí eile atá le húsáid, tugtar suímh a soc mar athrú + nó athrú — ar an suíomh sin.

### DRC (CAD)/MRC (CAM)

Is giorrúchán é DRC ar: Dearadh Ríomhchuidithe (CAD i mbÉarla, i.e. *Computer Aided Design*) agus is giorrúchán é MRC ar: Monarú Ríomhchuidithe (CAM i mbÉarla, i.e. *Computer Aided Manufacture*). In ionad comhbhall a dhearadh ar pháipéar agus ansin an ríomhchlár a scríobh chun é a mhonarú, is féidir an dá chéim den obair a dhéanamh ar an ríomhaire le bogábhar DRC/MRC. Is amhlaidh a dhéantar an dearadh ar dtús ar an scáileán agus ansin aistrítear sonraí a phróifíle go dtí ríomhchlár. Roghnaíonn an bogábhar na G-chóid, na M-chóid, na huirlisí, na luasanna, na rátaí fotha etc. atá riachtanach. Dá bhrí sin bheadh duine in ann ríomhchlár a chur le chéile gan mórán eolais aige/aici ar an ríomhchlárú. Mar sin féin, moltar do dhuine eolás a chur ar an ríomhchlárú ar dtús chun an leas is fearr a bhaint as an DRC/MRC.


Ó tharla gur cruth siméadrach a bhíonn ar chomhbhaill dheilte ní gá ach leath na próifíle a tharraingt chun an ríomhchlár a chur ar fáil.

Tá bogábhar MRC ar fáil sa chóras atá faoi chaibidil anseo. Leis seo is féidir próifíl an chomhbhaill a tharraingt ar an scáileán, ag úsáid na n-orduithe, Líne, Stua


agus Scriúshnáithe. Ansin cruthóidh an bogábhar an ríomhchlár le haghaidh an mheaisíniú ón eolas sin. Ní mór líníocht den chomhbhall a tharraingt ar dtús mar go gcaithfidh comhordanáidí na bpointí ar an bpróifíl a bheith ar fáil don chóras.

### Ceacht 10

Úsáid bogábhar MRC chun ríomhchlár a chruthú chun an comhbhall atá léirithe i bhFíor 54 a mheaisíniú as barra alúmanaim  $\phi 25$ .



FÍOR 54



FÍOR 55 AN PHRÓIFÍL A IONCHUIRTEAR CHUN AN RÍOMHCHLÁR A CHRUTHÚ

**Nóta:** I gcás poill gníomhaíonn an bogábhar amhail is dá mba chomhréidh a bhí fochtar an phoill.

POINTE	COMHORDANÁIDÍ	
	X	Z
P <sub>0</sub>	0	-18
P <sub>1</sub>	5	-18
P <sub>2</sub>	5	0
P <sub>3</sub>	10	0
P <sub>4</sub>	20	-5
P <sub>5</sub>	20	-20
P <sub>6</sub>	25	-25
P <sub>7</sub>	25	-40
P <sub>8</sub>	0	-40

### COMHARDANÁIDÍ NA bPOINTÍ

Roghnaigh ‘Sonraí Próifíle’ ón bpríomh-roghchlár. Lorgóidh an bogábhar an t-eolas seo a leanas:

Teideal	— RUR (CNC) 10
Aonaid Tomhais	— M (toisí méadracha)
Trastomhas Lasmuigh	— 25
Trastomhas Laistigh	— 0
Fad Críochnaithe	— 40

Roghnaigh an t-ábhar:


- 1 — Cruach Bhog
- 2 — Prás/Alúmanam
- 3 — Plaistigh

Iontráil 2 le haghaidh alúmanaim.

Anois taispeánfar ar an scáileán an billéad sa chrágán agus sonraí eile faoi mar atá léirithe i bhFíor 56.

Lorgann an bogábhar doimhneacht an phoill. Iontráil 18. (Nuair nach mbíonn poll le druileáil iontráil 0.)

Rachaidh táscaire go dtí an pointe X = 0, Z = -18 ar an mbilléad ar an scáileán, is é sin an pointe P<sub>0</sub>. Anois is féidir an phróifíl a tharraingt ach an táscaire a bhogadh ó phointe go pointe leis na horduithe atá ag barr an scáileáin. Iontráil L le haghaidh líne, A le



FÍOR 56

haghaidh stua agus T le haghaidh scriúshnáithe. Ní mór eolas breise a thabhairt faoi na horduithe seo:

- |             |   |
|-------------|---|
| I gcás líne | — líne ingearach: V;<br>líne chothrománach: H;<br>líne chlaonta: D. |
| I gcás stua | — stua deiseal: C;<br>stual tuathal agus ga an stua: A.             |

Mar shampla chun dul go dtí an pointe P<sub>1</sub> iontráil L, V, agus X = 5, i.e. L le haghaidh líne, V le cur in iúl gur ingearach atá sí, agus is é 5 an chomhordanáid le haghaidh X. (Ná déan dearmad gurb iad na trastomhais a thugtar mar chomhordanáidí X.)

Na céimeanna chun an phróifíl le haghaidh Cheacht 10 a tharraingt, tá siad tugtha thíos.

P <sub>1</sub>	=	L, V, X = 5
P <sub>2</sub>	=	L, H, Z = 0
P <sub>3</sub>	=	L, V, X = 10
P <sub>4</sub>	=	A, R = -5, A, X = 20, Z = -5
P <sub>5</sub>	=	L, H, Z = -20
P <sub>6</sub>	=	L, D, X = 25, Z = -25
P <sub>7</sub>	=	L, H, Z = -40
P <sub>8</sub>	=	L, V, X = 0

Nuair a shroichtear P<sub>8</sub> aithníonn an bogábhar go bhfuil an phróifíl críochnaithe. Nuair a bhrúitear an eochair IONTRÁIL (ENTER), aistreoidh an bogábhar sonraí na próifíle go dtí ríomhchlár le haghaidh an

mheaisíniú agus sábhálfaidh sé ar an diosca é.

An ríomhchlár a chuir an bogábhar ar fáil le haghaidh Cheacht 10, tá sé tugtha thíos.

Teldeal: RUR 10

T.Lm.: 25

T.Lt.: 0

Fad: 44

LÍNE	G	M	X	Z	I	K	F	S
N10	90							
N20	71							
N30			45	10	1			
N40	95							
N50	96	04		1				
N60			27					
N70	81		4	-20.50	2		0.08	150
N80				0.75				
N90			16.25					
N100	03		21	-2.37		4.34	0.08	
N110				0.75				
N120			11.50					
N130	03	04	21	-4.50	0.23	4.98	0.08	200
N140	96			0				
N150	01		-1				0.04	
N160				0.50				
N170			05	45				
N180				10				
N190			06		5			
N200	97	03	0	2				2500
N210				-5			0.04	
N220	01			2				
N230			05	45				
N240				10				
N250			06		6			
N260			03	2				2500
N270	97		0					
N280			05	-18	5	0.70	0.04	
N290	83		45	10				
N300			06		1			
N310			04	0.50				200
N320			5	0				
N330	96		10					
N340			20	-5			0.04	
N350	01		25	-20			0.04	
N360	01		25	-25			0.04	
N370	03		45	-42			0.04	
N380	01						0.04	
N390	01						0.04	
N400	01						0.04	
N410			05	45				
N420				10				
N430			06		11			
N440	96	04	27	-41.60				
N450			-1					
N460	01		45				0.05	
N470				10				
N480			05					
N490			30					
N500								

#### AN RÍOMHCHLÁR LE hAGHAIDH CHEACHT 10

Tabhair faoi dcara na pointí seo a leanas:

- (i) Fotha/rothlú (*feed/rev*), G95, a roghnaigh an bogábhar le haghaidh an mheaisfniú.
- (ii) 'Luas dromchla buan', G96, a roghnaigh sé le haghaidh na deileadóireachta, agus luas rothlaithe (*rev/min*) buan le haghaidh na druileála.
- (iii) Timthriall cannaithe a roghnaigh sé chun an trastomhas a laghdú ag an túis.
- (iv) Gearrthacha cuara go léir a roghnaigh sé chun an cuar a dheileadh.
- (v) Chuir sé isteach gearradh bailchríche (N350-N400) le haghaidh na próifíle.

### Ríomhairí sa Teicneolaíocht

Baintear leas go forleathan as ríomhairí sa teicneolaíocht, e.g. an deileadh RUR (*CNC*). Seo a leanas roinnt rudáin a dhéantar leo:

Meaisní a rialú,  
Róbait a rialú,  
Earraí a dhearadh,  
Líníochtaí a dhéanamh  
Tuarascálacha clósríofa a chur ar fáil,  
Teagasc le cabhair ríomhchláir theicneolaíochta.

Bogábhar a thugtar ar ríomhchlár a rialáinn ríomhaire, agus crua-ábhar a thugtar ar chodanna an mheaisín féin. Braitheann an cineál bogábhair agus crua-ábhair ar an gcineál úsáide atáthar a bhaint as an ríomhaire. Fearacht aon chóras leictreonaice tá trí chineál aonaid sa chrua-ábhar — ionchur, próiseas agus aschur.



FÍOR 57 BUNAONAI D CÓRAS RÍOMHAIREACHTA

Tá léaráid de roinnt aonaid ionchuir agus aschuir, agus an láraonad próiseála, i bhFíor 58.

### Roinnt Aonaid Ionchuir

#### An Méarchlár

Seo é an t-aonad ionchuir is coitianta a úsáidtear. Is cosúil é le méarchlár clósríobhán ach nach é an leagan amach céanna a bhíonn ar na heochracha air.

#### An Luch

Nuair a bhogtar an luch ar dhromchla cothrom bogann sí táscaire ar an scáileán go dtí ordú ar leith nó go dtí sonraí ar an scáileán. Trí chnaipe ar an luch a bhrú is féidir ordú a chur i gcrích nó sonraí a roghnú le húsáid in áit eile. Tarraigtear línte ar an scáileán léi freisin.

#### Táibléad Grafaice

Úsáidtear é seo i gcomhar le feiste sprice nó peann solais chun líníochtaí a dhéanamh. Tá teimpléid speisialta ar fáil le haghaidh an táibléid, ar a mbíonn sonraí agus orduithe. Is amhlaidh a bhogtar an fheiste sprice timpeall an táibléid chun sonraí agus orduithe a roghnú.

#### Peann Solais

Úsáidtear iad seo ar tháibléad grafaice faoi mar atá ráite thuas, ach tá córais ar fáil freisin inar féidir pinn solais a úsáid go díreach ar an scáileán.

#### Dioscthiomáint

Ionsuite sa ríomhaire a bhíonn sí seo. Tig leat a lán eolais a ionchur go tapa tríd an dioscthiomáint. Is aonad aschuir í freisin — chun eolas a shábháil ar an diosca.

#### An Láraonad Próiseála (LAP)

Seo é an chuid den ríomhaire a dhéanann próiseáil ar an eolas a chuirtear isteach ann. Déanta as micrishlseanna a bhíonn sé.


### Roinnt Aonaid Aschuir

#### An tAonad Amharctaispeána (AAT)

Scáileán é seo agus is é an t-aonad aschuir is coitianta a úsáidtear é. Is amhlaidh a thaispeántar an t-eolas a bhíonn sa ríomhaire air.

#### An Printéir

Cuireann sé seo cointí d'ábhar as an ríomhare ar fáil ar pháipéar. Tá a lán cineálacha printéirí ar fáil. Agus printéir á roghnú bíonn na pointí seo a leanas le cur san



FÍOR 58 AONAD IONCHUIR, AONAD ASCHUIR AGUS LÁRAONAD PRÓISEÁLA I RÍOMHAIRE PEARSANTA. AR CLÉ ATÁ NA HAONAD IONCHUIR AGUS AR DEIS ATÁ NA HAONAD ASCHUIR. (AONAD IONCHUIR É AN MÉARCHLÁR, AONAD ASCHUIR É AN SCÁILEÁN).

áireamh: caighdeán an chló, costas, luas, fothram, agus an cincál úsáide a bainfcar as.

### Breacaire

Tig leat léaráidí a chur ar fáil ar pháipéar, ón ríomhaire, le breacaire. Táirgeann siad léaráidí an-chruinn agus iad ar ardchaighdeán. Is iondúil go mbíonn pinn iontu chun léaráidí daite a chur ar fáil.

### Meaisíní

Rialaítear a lán meaisíní le ríomhairí, e.g. deileanna, meaisíní muilleála. Oibríonn siad go cruinn agus go tapa.

### Róbait

Seo feistí meicniúla ina mbíonn mótaír, agus a rialaítear le ríomhairí. Is féidir iad a ríomhchlárú chun monarú a dhéanamh go huathoibríoch, e.g. cóimeáil, táthú, péinteáil. Tá siad an-oiriúnach le haghaidh obair aon-ghnéitheach leadránach, obair i dtimpeallacht chontúirteach agus chun ábhair chontúirteacha a láimhsíú (e.g. ábhar te, ábhar radaighníomhach).

### Comhéadain

Cuireann siad seo ar ár gcumas aonaid ionchuir nó aonaid aschuir éagsúla a cheangal go sábháilte den láraonad próiseála.

Dhá chineál comhéadain atá ann:

- Comhéadan a chosnaíonn an ríomhaire ar voltais arda agus ar shruthanna arda leictreachais. Is minic a dhéanann athsheachadáin an obair chéanna.
- Comhéadan a athraíonn comhartha analógach ina chomhartha digiteach nó a mhalairt.



FÍOR 59 COMHÉADAN Á ÚSÁID

Is minic gur ionsuite sa chóras féin a bhíonn an comhéadan.

### Roinnt Téarmaí eile a bhaineann le Ríomhairí An tAonad Cuimhne

Anseo a bhíonn eolas agus ríomhchlár stóráilte. Dhá chuid a bhíonn ann — *ROM* agus *RAM*.

***ROM* (Read Only Memory):** **Cuimhne Léimh amháin** a bhíonn anseo. Bíonn ríomhchlár réamhshocraithe ann agus ní féidir aon eolas a chur leis ná a athrú ann.

***RAM* (Random Access Memory):** **Cuimhne Randam-rochtana** a bhíonn anseo. Tig leis an oibrí eolas a ionchur sa ríomhaire ach cailleart an t-eolas sin nuair a chastar as an ríomhaire. Ríomhchlár mhóra, bíonn a lán *RAM* ag teastáil lena n-aghaidh.

### Giotán

De réir an chórais dhénártha a oibríonn ríomhairí, i.e. ar an dá uimhir 0 agus 1. Giotán a thugtar ar dhigit amháin acu seo, i.e. ar 0 nó ar 1. Mar shampla, trí ghiotán atá san uimhir dhénártha 101.

### Beart

Tá ocht ngiotán cothrom le *beart* amháin. Cilibheart a thugtar ar 1024 beart, agus meigibheart a thugtar ar 1024 cilibheart. Ina bhearta a thomhaistear toilleadh cuimhne ríomhaire, e.g. *RAM* ceithre mheigibheart (nó *RAM* 4 MB)

### DOS (Disk Operating System)


Seo córas chun an ríomhaire a oibriú.

### Roghchlár

Seo liosta de ghníomhaíochtaí is féidir a dhéanamh le ríomhchlár. Roghnaíonn an t-oibrí an ceann a bhíonn uайд as.


### Ceisteanna faoi Chaibidil 13

- Ainmnigh na codanna den deil, 1 go dtí 10, atá léirithe i bhFíor 60.
- Cén fheidhm a bhíonn leis na sleamhainbhealaí ar leaba na deile?
- Cén fáth a mbíonn bearna i leaba na deile, díreach os comhair an cheannstoic, uaireanta?
- Cén fáth a mbíonn fearsaid an cheannstoic folamh ina lár?




FÍOR 60

5. Luaih trí úsáid a bhaintear as an gcúlstoc.
6. Cén úsáid a bhaintear as an gcros-sleamhnán?
7. Cén úsáid a bhaintear as an sleamhnán uachtarach?
8. Cén úsáid a bhaintear as an searta fotha?
9. Cén úsáid a bhaintear as an ríscriú?
10. Cé na cruthanna a bheadh ar shaotharphíosaí a ghreadófaí sa chrágán féinláraitheach 3 ghiall?
11. Céard atá i gceist le *féinláraitheach*?
12. Luaih dhá úsáid a bhaintear as an gcrágán 4 ghiall neamhspleácha?
13. (a) Ainmnigh na poist uirlise atá léirithe i bhFíor 61.  
(b) Cén chaoi a socraítear uirlis ar an airde cheart ar gach ceann de na poist uirlise?
14. Déan sceitse den choinneálaí uirlise díreach.
15. Cén chaoi a ngreamaítear béalmhír dheileadóireachta sa choinneálaí uirlise?
16. Cén difríocht atá idir béalmhír dheileadóireachta agus uirlis ghearrtha sholadach?
17. Céard é uirlis bharrtha?
18. Ainmnigh na huilinneacha A, B, C, D i bhFíor 62.




FÍOR 61



FÍOR 62


19. Cén fheidhm atá le (a) scóip, agus (b) sciotadh, ar uirlis ghearrtha?
20. Cén difríocht a dhéanfadh sé do na huilinneacha scóipe agus sciota dá socrófaí an uirlis ghearrtha deileadóireachta:  
(a) os cionn lár-airde na deile;  
(b) faoi bhun lár-airde na deile?  
Glac leis gur cothrománach atá lorga na huirlise sa dá chás.
21. Cén fáth nach foláir an uirlis ghearrtha a bheith ar lár-airde na deile nuair a bhíonn fásáil á déanamh?

22. Áirigh an luas rothlainne nár mhór a bheith faoin deil chun barra de chruach bhog, 20 mm ar trastomhas, a dheileadh ar luas gearrtha de 33 m/nóim.
23. Liostaigh cúig rud nach móir a chur san áireamh agus luas fhearsaid na deile á shocrú.
24. Liostaigh sé rud nach móir aird a thabhairt orthu, ó thaobh na sábháilteachta de, nuair a bhítear ag úsáid na deile.
25. Mínigh, le cabhair sceitsí, céard a bhíonn i gceist leo seo a leanas sa deileadóireacht:
- (a) dromchlú nó fásáil;
  - (b) sleamhnú.
26. Más 1 mm ar doimhneacht a bhíonn an gearradh sa sleamhnú nó sa deileadh comhthreomhar, cé mhéad de laghdú a dhéantar ar thrastomhas an tsaotharphíosa?
27. Mínigh, le cabhair sceitsí, na céimeanna éagsúla chun an saotharphíosa i bhFíor 63 a dheileadh as barra 25 mm.




FÍOR 63

28. Cén uillinn a socráfá an sleamhnán uachtarach uirthi chun:
- (a) an barrchaolú i bhFíor 64.A a dheileadh;
  - (b) an barrchaolú i bhFíor 64.B a dheileadh?




FÍOR 64


29. Déan sceitse den chasdruilire láir.
30. Luaign dhá úsáid a bhaintear as an gcasdruilire láir.
31. Cén chaoi a ngreamaítear iad seo a leanas sa deil:
- (a) casdruilirí lorga comhthreomhar;
  - (b) casdruilirí lorga barrchaolaithe?
32. Cén chaoi a ndéanfá amach cé chomh domhain is a bheadh an casdruilire sa saotharphíosa nuair a bheadh druileáil á déanamh agat ar an deil?
33. Céard é *foirbeadh*? Mínigh conas a chuirtear ar saotharphíosa é.
34. Cén úsáid a bhaintear as an uirlis dípháirtiúcháin?
35. Déan sceitse den lár deile.
36. Céard é:
- (a) lár deile *marbh*;
  - (b) lár deile *beo*?
37. Cén fáth nach móir don lár deile marbh a bheith cruaité?
38. Déan sceitse den phláta tiomána agus luaign an úsáid a bhaintear as.
39. Déan sceitse den ionpróir deile agus luaign an úsáid a bhaintear as.
40. Luaign dhá bhuntáiste atá ag an deil RUR (*CNC*) ar an gnáthdheil.
41. Mínigh, le cabhair léaráide, an difríocht idir toisiú incriminteach agus dearbhthoisiú.
42. Mínigh, le cabhair léaráide, an chaoi a gcuirtear in iúl na pointí ag a mbeidh uirlisí i ríomhchlár RUR (*CNC*).
43. Cén fheidhm atá leis na G-chóid G00, G01, G71 agus G91?
44. Cén fheidhm atá leis na M-chóid M02, M03, M04, M05 agus M06?
45. Scríobh ríomhchlár RUR (*CNC*) chun an cruth i bhFíor 65 a mheaisíniú ar cheann barra alúmanaim φ25.
46. Scríobh ríomhchlár chun an ball atá léirithe i bhFíor 66 a mheaisíniú as barra alúmanaim.
47. Céard tá i gceist le ríomhchlár a thástáil i gcás meaisíniú RUR (*CNC*)?
48. Céard is brí le seach-chor uirlisí i gcás meaisíniú RUR (*CNC*)?
49. Céard tá i gceist le:
- (a) DRC (*CAD*);
  - (b) MRC (*CAM*)?



FÍOR 65



FÍOR 67



FÍOR 66

50. Déan liosta de na céimeanna a thabharfaí chun próifil a tharraingt agus ríomhchlár a chruthú chun an ball atá léirithe i bhFíor 67 a mheaisíniú as barra práis  $\phi 25$ .
51. Luaigh ceithre úsáid a bhaintear as ríomhairí sa teicneolaíocht.
52. I gcás ríomhairí, céard tá i gceist le:
  - (a) bogábhar;
  - (b) crua-ábhar?
53. Ainmnigh ceithre aonad ionchuir a úsáidtear sa ríomhaireacht.
54. Ainmnigh ceithre aonad aschuir a úsáidtear sa ríomhaireacht.

55. Cén fheidhm a bhíonn le comhéadan sa ríomhaireacht?
56. Mínigh céard tá i gceist leis na téarmaí ríomhaireachta seo a leanas:
  - (a) aonad cuimhne;
  - (b) giotán;
  - (c) beart;
  - (d) roghchlár.
57. Cad is brí leis na noda seo a leanas:
  - (a) ROM;
  - (b) RAM;
  - (c) DOS?


# 14. An Leictreachas agus an Leictreonaic

## AN LEICTREACHAS


### Sruth Leictreach

Faoi mar a chonaiceamar i gCaibidil 1, is as adaimh a bhíonn ábhair déanta. Bíonn adamh déanta as núicléas de phrótóin agus de neodróin a mbíonn leictreoin ag fithisiú ina thimpeall. Bíonn lucht diúltach i ngach leictreón, agus lucht deimhneach, ina mbíonn an mhéid chéanna, i ngach próton. Cruthaítear sruth leictreach nuair a ghluaiseann leictreoin i dtreo cinnte.

I miotail bíonn roinnt leictreón saor chun gluaiseacht timpeall na n-ian fosaitheach deimhneach miotail (féach Naisc Mhiotalacha, Caibidil 1). Neamhrialta a bhíonn gluaiseacht na leictreón seo (Fíor 1.a). Ach má chuirtear an píosa miotail i gciорcad, agus an ciорcad a chur faoi ‘bhrú’ leictreach, e.g. trína cheangal de theirminéal



(a) GLUAISEACHT NEAMHRIALTA LEICTREON:  
NÍ BHÍONN AON SRUTH ANN



(b) GLUAISEACHT CHINNTE LEICTREON:  
BÍONN SRUTH ANN

FÍOR 1

bataire, gluaisfidh na saorleictreoin i dtreo cinnte (Fíor 1.b). Is sruth leictreach an ghluaiseacht leictreón seo. Ó theirminéal diúltach ( - ) an bataire, tríd an bpíosa miotail, go dtí an teirminéal deimhneach ( + ) a théann an sruth leictreón. Slánaíonn an bataire fén an ciорcad.

Dar ndóigh, níor cheart píosa miotail a cheangal go díreach idir theirminél bataire mar go bhféadfadh an sruth ard leictreachais go leor damáiste a dhéanamh.

Sula bhfuarthas amach faoin leictreón ceapadh gurb éard a bhí i sruth leictreach ná luchtanna deimhneacha ag gluaiseacht ó theirminéal + bataire go dtí a theirminéal - . Cloíodh leis sin. Dá bhrí sin, ó + go - a ghluaiseann **sruth comhghnásach** i.e. ina mhalaírt de threo le treo gluaiste na leictreón.

Ábhair a dtéann sruth leictreach tríothu go héasca, seoltóirí a thugtar orthu. Ábhair a mbíonn a gcuid leictreón nastha go láidir dá gcuid adamh sa chaoi go mbíonn sé an-deacair ag sruth leictreach dul tríothu, inslitheoirí a thugtar orthu sin. Is seoltóirí an-mhaith iad miotail. Is inslitheoirí iad PVC, aicríleach, formáildéad feanóil, adhmad, míoca agus rubar.

### Foinsí Cumhachta



Bíonn foinse cumhachta ag teastáil chun an ‘brú’ leictreach a sholáthar a sheolfaidh na leictreoin timpeall ciорcaid. Fórsa leictreaghluaisneach (FLG) a thugtar ar an mbrú leictreach seo agus is ina voltaí (V) a thomhaistear é.

As cealla a bhíonn ceangailte le chéile a bhíonn bataire déanta. Tá cineálacha éagsúla ceall ann. Cineál coitianta is ea an chill carbón/sinc agus is FLG de 1.5 V a bhíonn inti sin. Bheadh bataire 4.5 V déanta as 3 chill ceangailte le chéile. Sruth díreach (S.D.) a thugtar ar an gcineál srutha a sholáthraíonn bataire. Ciallaíonn sé seo gur i dtreo amháin a théann an sruth i gcónaí.

Sruth ailtéarnach (S.A.) a thugtar ar an sruth a sholáthraíonn Bord Soláthair an Leictreachais (BSL). An treo a dtéann an sruth, bíonn sé ag athrú de shíor. Ó thús an tsreafa i dtreo amháin go dtí deireadh an tsreafa ina mhalaírt de threo, ciogal a thugtar air sin. An sruth a sholáthraíonn BSL, 50 ciogal sa soicind agus 220 V a bhíonn ann.

Voltas físeal a bhíonn sa sruth a úsáidtear in obair scoile, e.g. batairí, nó aonaid speisialta a athraíonn an soláthar ón bpriomhliónra ina raon ó 0-25 V. Bíonn coigeartóirí sna haonaid seo freisin chun sruth díreach (S.D.) a sholáthar. Soláthraíonn siad sruth ailtéarnach (S.A.) ísealvoltais freisin.

Ní cóir riamh tarraingt go díreach ar an bpriomhliónra 220 V le haghaidh obair scoile mar go bhféadfadh timpistí marfacha a bheith ann, agus chomh maith leis sin seans go ndéanfaí damáiste don trealamh.



FÍOR 2 FOINSÍ CUMHACHTA

### Volotas, Sruth agus Friotaíocht



Airí eile de chuid an leictreachais is ea friotaíocht (R). Seo é an cumas atá i seoltóir cur in aghaidh sreabhadh srutha leictrich. Seoltóirí atá déanta go speisialta chun

go mbeidh friotaíocht ar leith iontu, friotóirí a thugtar orthu sin. Úsáidtear iad chun sreabhadh an tsrutha i gciорcad i rialú. Chomh maith leis na friotóirí seo a mbíonn friotaíocht ar leith iontu, tá friotóirí inathraithe, nó réastait, ar fáil freisin.

Is é an t-6m ( $\Omega$ ) an t-aonad friotaíochta agus is é an t-aimpéal (A) an t-aonad srutha. Leis an litir 'I' a chuirtear sruth leictreach in iúl.

Bíonn gaol cinnte idir voltas, sruth agus friotaíocht i gciорcad, agus **Dlí Ohm** a thugtar ar an ngaol sin. De réir an dlí seo, an sruth a bhíonn ag sreabhadh trí sheoltóir, bíonn sé i gcomhréir leis an 'difríocht poitéinsil' trasna air ach nach mór don teocht a bheith tairiseach. Mar  $V/I =$  tairiseach a scríobhtar é sin. Is é an tairiseach an fhriotaíochta. Dá bhrí sin scríobhtar an chothromóid mar  $V/I = R$ ,  $V = IR$  nó  $V/R = I$  (sa chás go mbíonn  $V$  ina voltaí,  $I$  ina aimpéir agus  $R$  ina óim).

Bealach simplí chun cuimhníú ar an gcothromóid seo is ea le triantán faoi mar atá i bhFíor 3. Clúdaigh an t-aonad atá uait agus beidh sé cothrom leis an méid atá le feiceáil.



FÍOR 3 DLÍ OHM

**Eiseamláir:** Más 6 V an voltas trasna seoltóra, agus 3 aimpéar an sruth atá ag sreabhadh tríd, cad é an fhriotaíochta?

$$R = \frac{V}{I} = \frac{6}{3} = 2\Omega$$



## Sruth, Voltas agus Friotaíocht a Thomhas

### Sruth

**Aimpmhéadar** an ionstraim lena dtomhaistear sruth. Is iad na haonaid a úsáidtear le haghaidh obair scoile ná an t-aimpéar (A), an miollaimpéar (mA), is é sin an 1/1000 cuid d'aimpéar, agus an miocraimpéar ( $\mu$ A), is é sin an 1/1000,000 cuid d'aimpéar.

Ní mór an t-aimpmhéadar a cheangal go díreach isteach i gciорcad, i.e. é a bheith sraithcheangailte (Fíor 4). Ní mór a theoriminéal deimhneach a cheangal de thaobh deimhneach an chiorcaid agus a theorminéal diúltach den taobh diúltach.


Dhéanfadh rólódáil damáiste d'aimpmhéadar, agus dá bhrí sin ní mór a chinntí i gcónaí gur aimpmhéadar ina bhfuil an acmhainn (raon) cheart a bhíonn á úsáid.



FÍOR 4 NÍ MÓR AN tAIMPMHÉADAR A BHEITH Sraithcheangailte i gCIORCAD

### Voltas

**Voltmhéadar** an ionstraim lena dtomhaistear voltas. Tomhaiseann sé an difríocht poitéinsil idir dhá phointe i gciорcad, e.g. idir theorminéal lampa nó bhataire nó idir dhá cheann friotóra. Bheadh titim voltais trasna lampa nó friotóra agus ardú voltais trasna bataire.



FÍOR 5 NÍ MÓR AN VOLTMHÉADAR A BHEITH CEANGAILTE GO COMHTHREOMHAR LE COMHBHALL

**Nóta:** Voltais a thugtar ar dhifríochtaí poitéinsil agus ar fhórsaí leictreaghluaisneacha mar gur ina voltaí a thomhaistear gach ceann acu.

Ní mór an voltmhéadar a bheith ceangailte go comhthreomhar leis an gcomhbhall nó leis an gcuid de chiorcad ina bhfuil an difríocht poitéinsil le tomhas. Ní mór freisin voltmhéadar a úsáid a bheidh in ann an voltais is airde a mbeadh súil leis, a tomhas.

### Friotaíocht


Is féidir friotaíocht comhbhaill a áireamh ó  $R = V/I$  ach méid an tsrutha atá ag sreabhadh tríd agus an t-íslíú voltais trasna air a bheith ar eolas.

Dhá mhodh chun an sruth agus an t-íslíú voltais a obriú amach, tá siad léirithe i bhFíor 6.


I bhFíor 6.a is féidir glacadh leis an léamh ar an aimpmhéadar mar an sruth tríd an gcomhbhall R, má tá friotaíocht R íseal i gcomparáid le friotaíocht an voltmhéadair. Mura bhfuil, ní mór an voltmhéadar a cheangal faoi mar atá taispeánta i bhFíor 6.b. Sa chás seo tugann an t-aimpmhéadar an sruth cruijn trí R agus tá an léamh ar an voltmhéadar beagnach cothrom leis an íslíú voltais trasna R, má tá friotaíocht R i bhfad níos mó ná friotaíocht an aimpmhéadair.

Úsáidtear ciorcaid eile freisin chun friotaíocht comhbhall a fháil.


Tomhaistear friotafocht go díreach le hilmhéadar (Fíor 6.c). Úsáidtear ilmhéadar freisin chun sruth agus voltas a thomhas. Chun é a úsáid mar **óm-mhéadar** (méadar chun friotafocht a thomhas), roghnaítear an



(a) TÁ FRIOTAÍOCHT R ÍSEAL I gCOMPARÁID LE FRIOTAÍOCHT AN VOLTMHÉADAIR



(b) TÁ FRIOTAÍOCHT R ARD




(c) FRIOTAÍOCHT Á TOMHAS LE HILMHÉADAR

FÍOR 6 FRIOTAÍOCHT A THOMHAS

raon friotafochta agus léitear an scála óm. Téann an scála seo ón taobh deas go dtí an taobh clé, agus bíonn an marc nialais ar deis agus marc na friotaíochta infinidí ar clé. Sula n-úsáideann tú an méadar sciccaíl an marc a léiríonn nialas óm agus déan coigeartú air más gá. Le tóireadóirí nó le fáiscíní crogaill a cheanglaítear an méadar leis an gcomhbhall. Nuair a chuirtear na tóireadóirí i dteagmháil le chéile ba chóir go ngluaisefheadh an tsnáthaid trasna an scála go dtí marc an nialais. Ar mhaith le héascafocht is féidir luachanna friotaíochta iolraitheora a shocrú ar ilmhéadar, mar shampla  $R \times 1$ ,  $R \times 100$  agus  $R \times 1000$ .

### Tástáil Leanúnachta

Ceann de na príomhrudaí a dhéantar leis an óm-mhéadar ná tástáil a dhéanamh ar chomhbhall nó ar chiorcad i gcomhair leanúnachta. Chun é sin a dhéanamh ceanglaítear seoláin an mhéadair de chinn an chomhbhaill, nó isteach sa chiorcad, agus léitear an méadar. Más léamh chomh hard is atá ar chumas an mhéadair atá ann (léamh éigríochta), is léir go bhfuil bearna nó briseadh sa chomhbhall nó sa chiorcad. Mar




(b) CIORCAD Á THÁSTÁIL I gCOMHAIR LEANÚNACHTA. IS ÉARD A CHUIREANN LÉAMH ÉIGRÍOCHTA IN IÚL GO BHFUIL BRISEADH SA CIORCAD

FÍOR 7 ILMHÉADAR Á ÚSÁID CHUN LEANÚNACHT A SHEICEÁIL


shampla, chun seiceáil an bhfuil fiús séidte (Fíor 7.a), ceangail an t-6m-mhéadar dá chinn. Cuireann friotaíocht an-íseal in iúl nach bhfuil an fiús séidte. Tá sampla de tháistíl eile léirithe i bhFíor 7.b.

### Ciorcaid Shrathacha agus Ciorcaid Chomh-threomhara

I bhFíor 8.a tá bolgáin solais sraithcheangailte, is é sin, ceann le ceann. Is ionann an sruth ( $I$ ) atá ag dul trí gach bolgán agus is é an sruth iomlán atá ag sreabhadh tríd an gciorcad é. Tá titim iomlán an voltais ( $V$ ) trasna an dá bholgán cothrom le suim thitim na voltas trasna gach ceann acu, i.e. tá  $V = V_1 + V_2$ . Má bhíonn friotaíocht  $L_1$  níos mó ná friotaíocht  $L_2$  beidh  $V_1$  níos mó ná  $V_2$  agus *vice versa*.



(a) BOLGÁIN SHRAITHCHEANGAILTE



(b) BOLGÁIN CEANGAILTE GO COMHREOMHAR

FÍOR 8


I bhFíor 8.b tá na bolgáin ceangailte go comh-threomhar, taobh le taobh. Roinntear an sruth iomlán

idir an dá ghéag, dá bhrí sin, beidh  $I = I_1 + I_2$ . Má bhíonn friotaíocht  $L_1$  níos mó ná friotaíocht  $L_2$  beidh  $I_1$  níos lú ná  $I_2$ , agus *vice versa*. Tá titim an voltais trasna gach bolgán cothrom le titim an voltais trasna an phéire acu, is é sin tá  $V = V_1 = V_2$ .


### Roinnt Ciorcad Simplí

Le léaráidí ciorcad a thaispeántar an chaoi a mbíonn comhbhaill leictreacha ceangailte le chéile. Le siombailí idirnáisiúnta a léirftear na comhbhaill (féach Ich 204).


Tá bataire, lasc agus bolgán léirithe i bhFíor 9.a, agus iad ceangailte le chéile ina gciorcad. Tá an léaráid ciorcad díobh i bhFíor 9.b.



(a) NA COMHBHAILL CEANGAILTE INA gCIORCAD



(b) LÉÁRÁID CIORCAID



(c) TÓIRSE LEICTREACH


FÍOR 9

Nuair a bhíonn an ciorcad slánaithe sreabhan an sruth tríd agus lasann an bolgán. Má bhíonn briseadh aon áit sa chiorcad ní lasfaidh an bolgán. Leis an lasc a shlánaítear nó a scoirtear an ciorcad. Nuair a chastar ann an lasc slánaítear an ciorcad agus nuair a chastar as é scoirtear an ciorcad.


Léiriú praiticiúil ar an gciорcad seo is ea an tóirse, Fíor 9.c.

### Cluiche Deaslámhaí


Is é an dúshlán sa chluiche seo an tsúil a thabhairt timpeall an tseoltóra chaim gan teagmháil leis. Má theagmháíonn an tsúil leis an seoltóir slánaítear an ciorcad agus déanann an dordánaí fuaim.



(a) CLUICHE DEASLÁMHAÍ



(b) COMHBHAILL




(c) LÉARÁID CIORCAID INA BHFIUL AN TSÚIL AGUS AN SEOLTÓIR Á LÉIRÍU INA LASC


FÍOR 10

### Mionsamhail de Chraein


An ciorcad chun an mótar i mionsamhail de chraein a chur ag obair i dtreo amháin, tá léaráid de i bhFíor 11.b. Is féidir treo rothlaithe an mhótair a mhalartú trí pholaraíocht an tsoláthair chuige a athrú. Ar an gcaoi sin is féidir crúca na craenach a ardú nó a ísliú. Chun treo an rothlaithe a athrú de réir mar is gá ní mór lasc ar leith a úsáid, is é sin, lasc dhá phol dhébhealaigh (DPDT). Tá an ciorcad seo léirithe i bhFíor 11.c.



(a) MIONSAMHAIL DE CHRAEIN



(b) CIORCAD CHUN AN MÓTAR A CHUR AG ROTHLÚ I DTREO AMHÁIN




(c) CIORCAD INAR FÉIDIR TREO ROTHLAITHE AN MHÓTAIR A ATHRÚ

FÍOR 11

### Dineamó Rothair

Ceanglaíonn cábla inslithe ceann de theorminéil chorna an dineamó den bholgán. Tá teirminéal eile an chorna, chomh maith leis an dara teirminéal sa lampá (an teirminéal a theagmháíonn le ceann an bholgáin), ceangailte de fhráma an rothair. Ar an gcaoi sin slánaíonn fráma an rothair an ciordad.


Oibrítear an dineamó trína roth a chur i dteaghmáil le roth an rothair. De réir mar a chasann roth an rothair casann sé roth an dineamó agus an maighnéad atá ceangailte de. Cruthaíonn sé sin sruth leictreach sa chorna agus lasann an sruth an bolgán.



FÍOR 12 DINEAMÓ ROTHAIR

## Lasc Solais Tí (Lasc Luascaire)


Tá an cábla ionchuir clampálte i soicéad práis atá ceangailte de theirminéal A den lasc (Fíor 13.a). Tá an cábla aschuir clampálte i soicéad práis eile atá ceangailte de theirminéal B. Is é a dhéanann an lasc ceangal nó díscheangal a dhéanamh idir teirminéal A agus teirminéal B ar bhealach sábháilte, chun an ciocard a shlánú nó a scor de réir mar is gá.



LASC SOLAIS TÍ

Tá ceann theirminéal B lúbtha anós agus gníomháíonn sé mar mhaighdeog don droichead C. An brú ón dá sprionga faoin luascaire oibrithe pláisteach, coinníonn sé sin an droichead i dteagmháil le ceann theirminéal B i gcónaí.


As formaildéad úiré a bhíonn cás an chineáil seo laisce déanta.



FÍOR 13 LASC SOLAIS TÍ

## An Phlocóid trí Phionna

Tá sreangú plocóid trí phionna léirithe i bhFíor 14. Tá an pionna beo agus an pionna neodrach riachtanach chun an ciocard i gcomhair an fhearaísh a shlánú. Bíonn an pionna **talmhaithe** ceangailte de chás miotail an fhearaísh. Bíonn soicéad talmhaithe pointe cumhachta ceangailte de shlat mhiotail a bhíonn sáite sa talamh. Dá bhrí sin, nuair a phlogáltear isteach an fearas bíonn a chás miotail talmhaithe — is é sin, bíonn sé ceangailte den talamh trí chonair nach bhfuil ach an fhriotaíocht is lú ann. Má thagann locht ar an bhfearas agus go n-éiríonn an cás miotail ‘beo’, sreabhfaidh sruth mó� go talamh, séidfear an fiús agus gearrfar an soláthar leictreachais. Gan talmhú, gheobhadh duine a dhéanfadh teagmháil leis an gcás turraing leictreach a d’fhéadfadh é a mharú.



E = TALMHÚ → BUÍ AGUS UAINÉ


L = BEO → DONN

N = NEODRACH → GORM

FÍOR 14 PLOCÓID TRÍ PHIONNA

## Bolgán Filiméid

Is é an chaoi a gcruthaítear an solas ná corna (filiméad) tungstain sa bholgán a théamh go mbíonn sé bánte trí shruth leictreach a sheoladh tríd. Leáphointe ard atá ag tungstan agus tá sé in ann an teocht ard a sheasamh. Bíonn gáis thámha (nítrigin agus argón) sa bholgán gloine freisin. Dá mbeadh aer sa bholgán dhéanfaí ocsaídiú ar an bhfiliméad. Laghdaíonn na gáis ar ghalú an fhiliméid freisin.



FÍOR 15 BOLGÁN FILIMÉID


## Fiúsanna

Is é is fiús ann ná nasc lag a chuirtear i gciорcad d'aon ghnó. Píosa de shreang mhiotail, a mbíonn cás ceirmeach timpeall air go hiondúil, a bhíonn ann. Má ardaíonn an sruth os cionn luach rátaithe an fhiús leánn an tsreang san fhiús agus scoirtear an ciорcad. Is iondúil gur de bharr fabht a bhíonn ardú srutha ann, fabht a d'fhéadfadh tine a thosú nó damáiste a dhéanamh d'fhearsas. Bíonn rátálacha difriúla ar fhiúsanna difriúla, e.g. 6 A, 10 A, 16 A.


Ní choscann fiús duine ar thurraing leictreach a fháil — an gnáthshruth i gciорcad tí, d'fhéadfadh sé duine a mharú. Ní mór fiús den rátáil cheart a úsáid i gcónaí

agus níor cheart píosa de ghnáthshreang mhiotail ná scragall miotail a chur ina áit riamh.


Sa taobh 'beo' de chiorcad a chuirtear fiúsanna agus lasca. Dá mba sa taobh neodrach a chuirfí iad bheadh bolgán agus soicéid 'beo' go fiú agus an lasc casta as nó fiúsanna 'séidte'.



(a) AN CINEÁL A BHÍONN AR CHLÁR FIÚSANNA



(b) FIÚSANNA CARTÚIS CHEIRMIGH — AN CINEÁL A BHÍONN I bpLOCÓIDÍ




(c) FIÚSANNA CARTÚIS GHLOINE; BÍONN AN tSREANG LE FEICEÁIL, SA CHAOI GUR FÉIDIR AN FIÚS A SHEICEÁIL GO HÉASCA


FÍOR 16 FIÚSANNA

## Scoradáin Chiorcaid

Scoradáin chiorcaid a bhíonn i gciорcad tí anois in ionad fiúsanna. Casann siad as nuair a bhíonn fabht sa chiorcad, agus is féidir iad a chasadadh ann arís nuair a bhíonn an fabht réitithe.



FÍOR 17 SCORADÁIN CIORCAID




## AN LEICTREONAIC

Ar an gcuid is mó de, is í an Leictreonaic is cúis leis an dul chun cinn ollmhór teicneolaíochta le déanaí. Go deimhin, is minic a thugtar ‘Ré na Leictreonaice’ ar an am i láthair.

Ar na feistí leictreonaice a úsáidtear sa bhaile tá raidiónná, teilifíséain, seinnteoirí caiséad agus teileafóin. Feistí leictreonaice a stiúrann meaisíní níocháin agus córais téimh lárnaigh. Ní chuirtear aon suimanois in uaireadóirí ná in áireamháin dhigiteacha.

Is í an leictreonaic a chuir ar ár gcumas dul ag taistéal sa spás, agus is í is cúis leis an taistéal ar eitleáin a bheith níos sábhalte. Cuireann sí ar ár gcumas pictiúir teilifísé a ghlacadh, ní hamháin ón taobh eile den domhan, ach ón gciantspás. Déanann ríomhairí an t-ufáis jabanna, i.e. 6 eolas a stóráil go dtí meaisíní a stiúradh. I measc




FÍOR 19 FEIDHMEANNA DE CHUID NA LEICTREONAICE

an fhearaí leictreonaice a úsáidtear i gcúrsaí leighis tá meaisíní cothaithe beatha, séadairí rialaithe bualach croí agus áiseanna éisteachta.

## Comhbhaill Bhunúsacha

### Lasca


Úsáidtear iad seo chun ciorcaid a shlánú nó a scor. Tá a lán cineálacha ar fáil. Tá roinnt lasc léirithe i bhFíor 20.



FÍOR 20 ROIINT LASC COITIANTA

### Friotóirí

Laghdaíonn siad seo an sruth i gciordad. Dá airde a bhfriotaíocht is lí é an sruth a bhíonn ag sreabhadh. Cuirtear a gcuid luachanna friotaíochta in iúl le cód dathanna nó le cód prioritáilte. I gcás an chóid phriontáilte, litreacha agus uimhreacha a léiríonn an luach. I gcás an chóid dathanna, bandaí daite a léiríonn na luachanna. An chéad dá banda ar an bhfriótóir, bíonn an chéad dá dhigit den luach orthu agus bíonn an líon nialas a bhíonn le cur ina ndiaidh sin ar an tríú banda. Bíonn an lamháltas ar an gceathrú banda agus dath óir nó dath airgid a bhíonn air sin. Is é an chaoi a n-aimsítear an chéad banda ná go socraítear an friotóir sa chaoi gur ar thaobh na láimhe deise a bhíonn an banda óir nó airgid.




DATH	FIGIÚR
DUBH	0
DONN	1
DEARG	2
FLANNBHUI	3
BUÍ	4
UAINÉ	5
GORM	6
VIALAIT	7
LIATH	8
BÁN	9

FÍOR 21 FRIOTÓIRÍ


**Sampla 2** An chéad trí bhanda dhaite: dearg, dearg agus flannbhui. Dearch = 2, flannbhui = 3. Luach =  $22,000 \Omega$ . Is féidir é seo a scríobh mar  $22 \text{ k}\Omega$  ( $1000\Omega = 1 \text{ k}\Omega$ ).

### Friotóirí Inathraithe

An fhriotafocht idir an teirminéal láir agus na teirminéil cinn, ar fhriotóir inathraithe, is féidir í a athrú ach an shearsaid a chasad. Is féidir an fhriotafocht a shocrú ar aon phointe idir nialas agus an luach a bhíonn marcálte ar a chás. An friotóir réamhshocraithe (Fíor 22.b), tá sé beag agus athraítear an fhriotafocht air le scriúire beag. Ní úsáidtear ach péire de na trí theirminéal. Is féidir friotóir inathraithe a úsáid mar phoitéinsiméadar (féach Ich 211). Úsáidtear na trí theirminéal sa chás sin.




(a) CINEÁL NA FEARSAIDE



(b) AN CINEÁL RÉAMHSHOCRAITHE


FÍOR 22 FRIOTÓIRÍ INATHRAITHE (NÓ POITÉINSIMÉADAIR)

### Sampla 1




### Toilleoirí

Stórálann toilleoirí lucht leictreach. Ina micreafaraid ( $\mu\text{F}$ ) a thomhaistear an ‘toilleas’ nó an cumas stórála luchta a bhíonn iontu. Uaireanta bíonn sé sin marcálte ar thoilleoirí mar ‘mfd’. Luach tábhachtach eile a bhíonn marcálte orthu go minic is ea a ‘voltas oibriúcháin’. Sin é an voltas is airde atá siad in ann a sheasamh.





AN tSIOMBAIL DON  
TOILLEOIR NEAMHPHOLARAITHE

(a) TOILLEOIR CEIRMEACH (CINEÁL NEAMHPHOLARAITHE)



AN tSIOMBAIL DON  
TOILLEOIR POLARAITHÉ

(b) TOILLEOIR LEICTREALAÍOCH (CINEÁL POLARAITHÉ)



SIOMBAIL


(c) TOILLEOIR INATHRAITHE

FÍOR 23 TOILLEOIRÍ

Is féidir na toilleoirí neamhpolaraithe a cheangal ar cheachtar den dá bhealach i gciorgad. Ní mór na toilleoirí polaraithe a cheangal ar an mbealach ceart, i.e. ní mór a dteirminéal deimhneach a cheangal den taobh deimhneach den chiorcad. Le toilleoirí inathraithe (Fíor 23.c) a thiúntar raidíonnna.

### Dé-óideanna


Ní ligean dé-óid do shruth dul ach i dtreo amháin i gciorgad. Is minic gur chun comhbhaill eile i gciorgaid a chosaint a bhíonn siad ann. An banda daite nó an ceann barrchaolaithe a bhíonn ar an dé-óid, agus an tsraighead a bhíonn i siombail na dé-óide, léiríonn siad an treo a sreabhann an sruth.



FÍOR 24 DÉ-ÓID

### Córais Leictreonaice

Trí phríomhchuid a bhíonn i gcórais leictreonaice — ionchur, próiseas agus aschur. Mar sin, is féidir córas a léiriú le bloclearáid mar atá i bhFíor 25.



FÍOR 25 BLOCLEARÁID DE CHÓRAS LEICTREONAICE

Braitheann *Braiteoirí Ionchuir* athruithe ina dtimpeallacht, e.g. athruithe ar an teocht nó ar an solas. Tá braiteoirí teochta, braiteoirí solais, agus braiteoirí taise ann.

Téann na hathruithe sna braiteoirí ionchuir i bhfeidhm ar na hAonaid Phróisis agus cuireann siad feistí aschuir ag obair dá réir.

*Feistí Aschuir* iad bolgáin, cloigíní, dordánaithe agus mótaír leictreacha.


### Braiteoirí Ionchuir

#### Teirmeastair


Seo braiteoirí ar friotóirí iad i ndáiríre, agus a n-athraíonn a bhfriotaíocht go mór le hathruithe teochta. Na cinn a n-íslíonn a bhfriotaíocht de réir mar a ardaíonn a dteocht is coitianta.

#### Friotóirí Solas-spleácha [FSS (LDR)]

Seo braiteoirí solais. Íslíonn a bhfriotaíocht de réir mar a neartaíonn an solas a bhíonn ag soilsiú orthu. Friotaíocht ard a bhíonn acu sa dorchadas agus friotaíocht íseal faoi sholas aon chineál solais — lampa nó solas na gréine.



FÍOR 26 TEIRMEASTAIR



FÍOR 27 FRIOTÓIR SOLAS-SPLEÁCH [FSS (LDR)]


### Braiteoirí Taise

Tá siad seo éasca le déanamh. Is seolaí leictreach é uisce, dá bhrí sin is féidir ciorcad a shlánú leis. Is féidir cáblaí nochta nó losaid bheag ciorcad phriontálte a úsáid (féach Fíor 28).

### Feistí Próisis

#### Trasraitheoirí

Ba iad na feistí beaga seo ba chuíos le dul chun cinn ollmhór sa leictreonaic. Úsáidtear iad mar lasca ardluais, agus mar aimplitheoirí srutha, voltais agus cumhachta. Tá dhá chineál, *npn* agus *pnp* léirithe i bhFíor 29. Trí theirminéal a bhíonn orthu: an **tiomsaitheoir (c)**, an **bonn (b)** agus an **t-astaíre (e)**. Ní mór na teirminéil sin




FÍOR 28 BRAITEOIRÍ TAISE

a cheangal ar an mbealach ceart sa chiorcad. Ar an trasraitheoir *npn* (Fíor 29.a) is é teirminéal an astaíre an ceann is gaire don chlib, agus tá teirminéal an tiomsaitheora ceangailte den chás miotal.


I gcás na gcineálacha *npn*, ní mór don tiomsaitheoir agus don bhonn a bheith deimhneach i dtaca leis an astaíre. I gcás na gcineálacha *pnp*, ní mór dóibh a bheith diúltach.

Ní mór a bheith cúramach gan trasraitheoir a théamh rómhór nuair a bhíonn cónaisc á sádráil dá theirminél. Is iondúil go mbíonn friotóir ceangailte de bhonn an trasraitheora sa chaoi nach ndéanfaidh sruth ró-ard damáiste dó.

Nuar a bhíonn trasraitheoir á úsáid mar lasc, casann sé ‘ann’ agus casann sé ‘as’ an sruth sa chiorcad atá ceangailte de theirminél an tiomsaitheora agus an astaíre (Fíor 30). Mura sreabhann aon sruth tríd an mbonn bíonn an fhriotaíocht trasna an tiomsaitheoir/astaíre an-ard agus is ar éigean a shreabhann aon sruth tríd — bíonn an trasraitheoir ‘as’, Fíor 30.a. Má chuirtear voltas de 0.6 V (i gcás trasraitheoir sileacain) leis an mbonn/astaíre, sreabhann sruth tríd an mbonn, íslíonn an fhriotaíocht trasna an tiomsaitheoir/astaíre agus



(a) TRASRAITHEOIR NPN




(b) TRASRAITHEOIR PNP


FÍOR 29 TRASRAITHEOIRÍ

sreabhann sruth trí chiorcad an tiomsaitheora — bíonn an trasraitheoir ‘ann’, Fíor 30.b.

De bharr go gcuireann athrú beag ar shruth an bhoinn athrú mór ar chiorcad an tiomsaitheoir/astaíre, bíonn an trasraitheoir ag gníomhú mar aimplitheoir srutha freisin.



(a) GAN SRUTH BOINN. FRIOTAÍOCHT AN TRASRAITHEORA ARD. SOLAS AS.




(b) SRUTH BOINN ANN. FRIOTAÍOCHT AN TRASRAITHEORA ÍSEAL. SRUTH AG SREABHADH SA CHIORCAD ASCHUR. SOLAS ANN.

FÍOR 30 TRASRAITHEOIR AG GNÍOMHÚ MAR LASC.

### Ciorcaid Iomlánaithe

Is é is ciorcad iomlánaithe ann mionchiorcad leictreonaice a chuirtear le chéile ar ‘shlis’ bheag sileacain a bhíonn faoi bhun 5 mm chearnacha. Bíonn trasraitheoirí ann, agus is iondúil go mbíonn déóideanna, friotóirí agus toilleoirí freisin. Bíonn cás plaisteach nó ceirmeach ar an tslis agus í ceangailte de phionnaí a bhíonn i dtaobh an cháis. Leis na pionnaí sin a cheanglaítear isteach i gciорcad í. ‘Slis’ a thugtar go coitianta ar chiorcad iomlánaithe.



C1 AMADÓRA 555



SIOMBAIL

### PIONNAÍ

1 O V (CEANGAILTE DEN TAOBH DIÚLTACH DEN SOLÁTHAR)

2 TRUICEAR

3 ASCHUR

4 ATHSHOCRÚ

5 RIALÚ

6 TAIRSEACH

7 DÍLUCHTÚ

8 Vc (CEANGAILTE DEN TAOBH DEIMHNEACH DEN SOLÁTHAR)

FÍOR 31 AMADÓIR 555

## Ciorcad Iomlánaithe Amadóra 555


Tá CI amadóra 555 ocht bpionna léirithe i bhFíor 31. Bfónn uimhriú ó 1 go dtí 8 ar na pionnaí. Ní bhíonn na huimhreacha marcáilte ar an gcás ach biónn siad san ord atá léirithe sa tsiombail.

Is féidir an t-amadóir 555 a úsáid ar dhá bhealach — ina aonchobhsaí nó ina neamhchobhsaí. Le ciorcad aonchobhsaí a chuirtear aschur, e.g. DSA (*LED*), ‘ann’ nó ‘as’ ar feadh tréimse cinnte. Le ciorcad neamhchobhsaí a chuirtear aschur ‘ann’ agus ‘as’ go leanúnach, e.g. chun soilse a chur ann agus as ag amanna cinnte. Braitheann na tréimhsí ar luachanna na bhfriotóirí agus na dtoilleoirí a bhíonn ceangailte leis an tséis.

## Feistí Aschuir

### Bolgán


Cruthaíonn bolgán solas agus teas nuair a chuirtear sruth leictreach trína bhfiliméad, i.e. tionaíonn siad fuinneamh leictreach ina fhuinneamh solais agus ina fhuinneamh teasa. Is féidir iad a cheangal ar bhealach ar bith i gciорcad.



FÍOR 32

### Cloigíní Leictreacha

Bíonn leictreamaighnéid i gcloigíní leictreacha sa chaoi go mbuaileadh an casúr an gang le fuaim a dhéanamh. Tionaíonn siad fuinneamh leictreach ina fhuinneamh fuaimé.




FÍOR 33 CLOIGÍN LEICTREACH

### Dordánaí

Déanann dordánaithe fuaim leanúnach nach mbíonn chomh hard le fuaim cloigín leictrig. Tionaíonn siad fuinneamh leictreach ina fhuinneamh fuaimé freisin.

### Callairí


Cuireann callairí fuaiméanna leanúnach, nótáí agus caint ar fáil. Tionaíonn siad fuinneamh leictreach ina fhuinneamh fuaimé.



FÍOR 34

## Dé-óideanna Solas-astaíocha [DSA (LEDs)]

Cuireann dé-óideanna solas-astaíocha (DSA, nó *LED* i mBéarla) solas ar fáil agus bíonn dath dearg, uaine nó ómra orthu. Is minic gur mar chomhartha go bhfuil an ciorcad ag feidhmiú a bhíonn siad ann. Ní bhíonn móran teasa astu, ní úsáidcann siad ach roinnt bheag cumhachta i gcomparáid le bolgán, maireann siad achar fada, agus tá siad saor go maith. Fearacht gach dé-óid ní théann sruth tríothu ach i dtreo amháin agus, dá bhrí sin, ní móir iad a cheangal ar an mbealach ceart i gciорcad. Den taobh deimhneach den ciorcad a bhíonn an seolán fada ceangailte. An seolán diúltach, comhréidh a bhíonn cuid d'imeall na dé-óide os a chionn. Ní móir, go hiondúil, friotóir a shraithcheangal leis an DSA chun an voltas ceart oibre a chur ar fáil. Dhéanfadh sruth ró-ard damáiste buan don DSA. Tiontaíonn DSA fuinneamh leictreach ina fhuinneamh solais.



FÍOR 35


## Mótair

Cuireann mótaír gluaisne rothlach ar fáil. Bíonn mótaír bheaga, a oibríonn ar voltas íseal agus sruth díreach (S.D.) úsáideach le haghaidh tionscadal beag. Is féidir mótaír a chur ag rothlú deiseal nó tuathal agus is féidir a dtreo rothlainne a athrú tríd an seolán deimhneach agus an seolán diúltach a mhalartú ar na teirminéil. Tiontaíonn mótaír fuinneamh leictreach ina fhuinneamh meicniúil.

### Mótair Chéimnitheacha

Seo mótaír speisialta ar féidir a ngluaiseacht a rialú chomh cruinn le codán d'imrothlú. Bíoga leictreacha a thiomáineann iad. Mar shampla, thíogfadh sé 36 bíog chun casadh amháin a chur i mótar 36 céim ( $10^\circ$  in aghaidh na bíge). Baintear leas as mótaír chéimnitheacha

nuair a bhíonn gá le gluaiseacht rialaithe, e.g. gluaiseacht urlísí gearrtha ar dheileanna RUR (CNC). Ciorcaid tiomána nó ríomhairí a oibríonn iad.



FÍOR 36 MÓTAR BEAG S.D.

## Ciorcaid a Dhearradh

### Roinnteoir Poitéinsil

Déantar voltais soláthair a roinnt leis an roinnteoir poitéinsil sa chaoi go bhfaighfear voltais ina mbeidh na luachanna atá ag teastáil.

Dhá friotóir atá ar aon luach, má dhéantar iad a shraithcheangal d'ionchur de 6 V, mar shampla (Fíor 37.A), beidh titim ionmlán voltais de 6 V trasna an dá friotóir. De bhrí go bhfuil an dá friotóir ar aon luach, titim voltais de 3 V a bheidh trasna gach ceann acu.

Más friotóirí ina bhfuil luachanna difriúla a úsáidtear (Fíor 37.B) beidh na titimeacha voltais de réir chóimheas na luachanna acu de bhrí gurb é an sruth céanna a shreabhann trí gach ceann acu.


Mar shampla, dá mba fhriotóirí 2 K agus 1 K a d'úsáidí bheadh:

$$\begin{aligned} \text{an titim voltais trasna an fhriotóra } 2 \text{ K} &= 6 \times \frac{1}{2} \\ &= 4 \text{ V.} \end{aligned}$$


$$\begin{aligned} \text{an titim voltais trasna an fhriotóra } 1 \text{ K} &= 6 \times \frac{1}{1} \\ &= 2 \text{ V.} \end{aligned}$$

$$\text{an titim voltais idir X agus Y cothrom le } 2 \text{ V.}$$


Is féidir friotóir inathraithe a úsáid mar roinnteoir poitéinsil nó mar phoitéinsiméadar ach a thrí chónasc a úsáid (féach Fíor 38). Bheadh an fhriotaíocht idir cónasc 1 agus cónasc 2 cothrom le friotóir amháin agus an fhriotaíocht idir 2 agus 3 cothrom leis an bhfriotóir eile. Is féidir an cóimheas idir an dá fhriotaíocht a athrú trí fhearsaid an phoitéinsiméadar a chasadh. Dá bhrí sin, is féidir voltais idir níalas agus V (an soláthar voltais) a chur ar fáil idir X agus Y.



(A)




(B)




(C) ROINNTEOIR POITÉNSIL Á ÚSÁID CHUN BUNVOLTAS A CHUR AR FAIL LE hAGHAIDH TRASRAITHEORA

FÍOR 37



FÍOR 38 AN POITÉNSIMÉADAR Á ÚSÁID CHUN VOLTAS A ROIINT

friotaíocht an lóid ( $RL$  i bhFíor 39) a bheith deich n-uaire ar a laghad níos mó ná friotaíocht an fhriotóra ( $R_2$ ) a bhfuil sé ceangailte trasna air.

BA CHÓIR GO mBEADH LUACH  $RL$  DEICH nUAIRE AR A LAGHAD NÍOS MÓ NÁ LUACH  $R_2$ 

FÍOR 39

### Roinnt Ciorcad Simplí

Mar a luadh ar leathanach 207, is féidir ciorcad leictreonaice a léiriú le bloclearáid. Is iad **ionchur**, **próiseas** agus **aschur** na bloic bhunúsacha. Is féidir, dá bhrí sin, leas a bhaint as bloclearáid chun ciorcad a dhearadh.

### Tasc


Dear ciorcad a bhainfidh aláram nuair a ardóidh an teocht sa timpeall.

**Ionchur:** Féadfaimid an teirmeastar agus an friotóir inathraithe a úsáid chun roinntoir poitéinsil a dhéanamh chun an trasraitheoir a oibriú. Ní mór dúinn cinneadh a dhéanamh faoin áit a gcuircimid gach ceann acu.


Ní mór don voltas chuig an trasraitheoir ardú de réir mar a ardaíonn an teocht. Má thiteann friotaíocht  $R_1$  (Fíor 40.a) gheofar an toradh sin (laghdóidh an titim voltaís trasna air).

Laghdáonn friotaíocht an teirmeastair de réir mar a ardaíonn an teocht. Ní mór dúinn, dá bhrí sin, an teirmeastar a úsáid mar  $R_1$ . Tríd an bhfriotóir inathraithe a chur in ionad  $R_2$ , is féidir an titim voltaís trasna an teirmeastair a rialú (trí chóimheas na bhfriotaíochtaí a athrú).

Féadfaimid, anois, an léaráid ciorcaid a tharraingt trí na bloic a cheangal (féach Fíor 40.g).




(a) AN ROINNTEOIR POITÉINSEAL MAR IONCHUR





SUÍOMH AN TEIRMEAESTAIR AGUS AN FHRIOTÓRA INATHRAITHE SAN IONCHUR

- 1 BATAIRE CHUN FUINNEAMH A SHOLÁTHAR
- 2 FRIOTÓIR CHUN TRASRAITHEOIR A CHOSAINT
- 3 FRIOTÓIR INATHRAITHE CHUN AN tALÁRAM A SHOCRÚ AG TEOCHTANNA ÉAGSÚLA



(b) NA COMHBHAILL GHINEARÁLTA ATÁ AG TEASTÁIL


- (c) TÁ AN FRIOTÓIR COSANTA CEANGAILTE DE SHEOLÁN BOINN TRASRAITHEORA




(d) BLOCLÉARÁID DE CHIORCAD LEICTREONAICE



(e) BLOCLÉARÁID DEN RÉITEACH



(f) COMHBHAILL A ROGNÚ



(g) CIORCAD IOMLÁN CHUN DORDÁNAÍ A CHASADH ANN NUAIR A ÉIRÍONN AN TIMPEALLAcht TE


FÍOR 40

An Chaoi a n-oibríonn sé: Nuair a bhíonn an timpeallacht fuar bónn friotaíocht an teirmeastair i bhfad níos airde ná friotaíocht an fhriotóra inathraithe. Dá bhrí sin, an titim voltaís trasna an fhriotóra inathraithe, bónn sé íseal, agus an voltas chuig an trasraitheoir, bónn sé sin íseal. De réir mar a ardaíonn an teocht íslíonn friotaíocht an teirmeastair, agus ardaíonn an bunvoltas go dtí an

trasraitheoir. Nuair a théann sé os cionn 0.6 V casann an trasraitheoir ann agus baincann an dordánaí. An teocht ag a mbaincann an dordánaí, tig linn í a shocrú leis an bhfriotóir inathraithe.

#### Tasc

Dear ciorgad a bhainfidh aláram nuair a éireoidh an timpeallacht fuar.



FÍOR 41 CIORGAD CHUN DORDÁNAÍ A CHASADH ANN NUAIR A ÉIRÍONN AN TIMPEALLAHT FUAR


Ní gá ach an teirmeastar agus an friotóir inathraithe i bhFíor 40.g a mhalartú chun ciorgad a chur ar fáil a chasfaidh an t-aschur ann nuair a éiríonn an timpeallacht fuar. Tá an ciorgad seo i bhFíor 41. An bhfuil tú in ann an chaoi a n-oibríonn sé a mhíniú?

#### Tasc


Dear ciorgad chun solas a chasadh ann nuair a éiríonn sé dorcha.

*Ionchur:* Arís, is é an roinnteoir poitéinsil a bheidh ina ionchur againn. Sa chás seo, ardaíonn friotafocht an bhraiteora, i.e. Friotóir Solas-spleách (FSS), de réir mar a éiríonn sé dorcha. Dá bhrí sin, ní mór é a bheith ar an bhfriotóir íochtarach sa roinnteoir poitéinsil, faoi mar atá léirithe i bhFíor 42.c.


*An Chaoi a n-oibríonn sé:* De réir mar a éiríonn sé dorcha, ardaíonn friotaíocht an FSS, agus ardaíonn an titim voltais trasna air freisin. Méadaíonn sé sin an voltas go dtí an trasraitheoir. Nuair a théann an voltas os cionn 0.6 V casann an trasraitheoir ann agus lasann sé an bolgán. Is féidir leibhéal an dorchadais ag a lasann an bolgán a shocrú leis an bhfriotóir inathraithe.




(a) BLOCLÉARÁID DEN RÉITEACH



(b) COMHBHAILL A ROGNÚ




(c) AN ÁIT A mBÍONN AN FSS AGUS AN FRIOTÓIR INATHRAITHE SAN IONCHUR




(d) LASANN AN BOLGÁN NUAIR A ÉIRÍONN SÉ DORCHA

*Ciorcad chun solas a chasadh ann nuair a éiríonn sé geal:* Má athraítear suformh an FSS agus an fhriotaíocht inathraithe atá i bhFíor 42.d cuitear an ciorcad ag obair ar mhalaírt bealaigh. Sa chás sin ní mór friotóir inathraithe timpeall is 5 k a úsáid. Tá an ciorcad nua i bhFíor 43. Lasann an bolgán nuair a scaltar solas ar an FSS agus téann sé as nuair a chlúdaítear an FSS.





FÍOR 43



FÍOR 44

### Tasc

Dear ciorcad le haghaidh aláram báistí. Tá an réiteach tugtha i bhFíor 44.



*An Chaoi a n-oibríonn sé:* Nuair a bhíonn an braiteoir tirim ní shreabhann aon bhunsruth isteach sa trasraitheoir. Má thiteann braon báistí ar an mbraiteoir agus ceangal a dhéanamh idir a chuid rianta sreabhfaidh bunsruth isteach sa trasraitheoir á lascadh ann, agus lasann an Dé-Óid Sholas-astaíoch [DSA (LED)].


### Ciorcaid a thógáil

Sula gcuirtear ciorcad buan le chéile is fearr samhail de a dhéanamh ar dtús. Sa chaoi sin beidh tú in ann a sheiceáil an oibríonn an ciorcad, agus beidh deis agat mionathruithe a dhéanamh air más gá sin.

Ar chineálacha éagsúla losaidí a dhéantar na samhlacha, e.g. *S-DeC*, *Loctronics* agus *Losaid bhogchláir* agus leicneáin chupáin.

### S-DeCeanna


Ina dhá cuid a bhíonn an losaid seo agus bíonn seacht sraith de phoill i ngach cuid. Cúig pholl a bhíonn i ngach sraith. Tá stíall teagmhála miotal faoi gach sraith agus déanann sí sin cónasc idir shreanga a bhrúitear isteach i bpóill ar bith sa tsraith.



FÍOR 45 S-DeC.

### *Loctrronics*


Is éard a úsáidtear sa chóras seo ná comhbhaill agus naisc cheangail atá déanta go speisialta lena aghaidh. Is é an chaoi a ndéantar na ciorcaid ná na comhbhaill agus na naisc a phlogáil isteach i soicéid a bhíonn sa losaid. Tá sé éasca leagan amach an chiorcaid a leanúint.



FÍOR 46 CÓRAS LOCTRONICS

### *Losaid Bhogchláir*

Le scriúnna agus leicneáin chupáin a dhéantar na ceangail ar na losaidí seo. Ar phíosa bogadhmaid a thógtar an ciorcad.



FÍOR 47 LOSAID BHOGCHLÁIR


### *Ciorcaid Bhuana*

Bíonn na comhbhaill sádráilte le chéile orthu seo. Bíonn na ciorcaid buana ar chineálacha éagsúla losaidí (cláir), e.g. ar losaid mhaitríse, ar stíall-losaid, agus ar losaid ciorcaid phriontáilte (LCP). Bíonn an losaid mhaitríse agus an stíall-losaid áisiúil nuair nach mbíonn deis eitseála ar fáil, ach is é an ciorcad priontáilte an cineál is fearr.


*Losaid Mhaitríse* Seo losaid phlaisteach ina mbíonn sraitheanna de phoill. Is é an chaoi a gcuirtear na ciorcaid le chéile ná pionnaí teirminéil a bhrú isteach sna poill agus na comhbhaill a shádráil díobh.

*Stíall-losaid* (nó Veroboard) As stíallachá pollta copair a bhíonn sí seo déanta, agus iad naschta de bhonn pláisteach. Is iad na stíallachá a dhéanann an ceangal idir na comhbhaill. Brúitear teirminéil na gcomhbhaill isteach ón taobh eile agus sádráiltear de na stíallachá iad.


Tig leat bearna ná briseadh a dhéanamh i stíall trí pholl a mhéadú le uirlis speisialta, go dtí go mbíonn bearna sa stíall.




LOSAID MHAITRÍSE



FÍOR 48 LOSAID MHAITRÍSE



FÍOR 49 STIALL-LOSAID NÓ VEROBOARD



FÍOR 50 LOSAID CIORCAID PHRIONTÁILTE

*Losaidí Ciorcad Phriontáilte (LCP)* Seo cláir phlaisteacha a bhíonn tuairim is 1.5 mm ar tiús, agus a mbíonn ciseal tanaí copair ar thaobh amháin díobh. Eitseáiltear codanna neamhriachtanacha den chopar de agus is éard a bhíonn fágtha ná stíallacha a dhéanann cónnasc idir na comhbhaill. De na stíallacha sin a shádráiltear na comhbhaill. Cruthaíonn sé sin ceangal idir na comhbhaill, chomh maith lena gcoinneáil ar an losaid.

Sula dtógtar ciorcad priontáilte ní mór é a dhearradh, agus a leagan amach ar an losaid a phleanáil.

Féachfaimid ar aláram báistí, mar shampla. Tá dearadh lena aghaidh sin i bhFíor 44. Tá dearadh eile lena aghaidh i bhFíor 51.a.

Is fearr samhail de a dhéanamh ar *S-DeC* ar mhaithé lena tháståil (féach Fíor 51.b).




Beidh an léaráid ciorcad agus an tsamhail ina gcuidiú chun leagan amach an chiorcad ar an losaid a phleanáil. Ní mór léaráid den chiorcad a tharraingt ar an losaid le peann aigéadfhriotaíoch, e.g. peann speisialta, nó le haistreoga cuimilte a chur uirthi. Is ábhar eitsfhriotaíoch iad na haistreoga. De bhrí gur ar an taobh plaisteach den losaid a bheidh na comhbhaill suite is íomhá scátháin de leagan amach an chiorcad a bheidh sa léaráid.

Is iondúil gur le tuaslagán de chlóiríd fheireach a dhéantar an eitseáil. Ní mór a bheith fiorchúramach le clóiríd fheireach de bhrí go bhfuil sí nimhiúil agus creimneach — ní mór do shúile agus do chraiceann a chosaint.


Is in umar boilgeitseála is fearr an citseáil a dhéanamh (Fíor 51.d). Téann sé agus imshruthaíonn sé an tuaslagán citseála, rud a chuireann dlús leis an citseáil. D'fhéadfá é a dhéanamh ar thráidire freisin, ach ní mór a bheith níos cúramach ar fhaitsos doirteadh agus stealladh.

Tógann sé idir cúpla nóiméad agus tuairim is 20 nóiméad an eitseáil a dhéanamh, ag brath ar an áit a ndéantar an obair.


Nuair atá an eitseáil déanta ní mór an losaid a thógáil as an tuaslagán go cúramach le teanchair phlaisteach agus í a ní go maith faoi uisce reatha.




(b) SAMHAIL DEN CIORCAD Á DÉANAMH AR S-DeC



(d) UMAR BOILGEITSEÁLA





(e) AN LOSAID Á NÍ




(f) POILL Á nDHRUILEÁIL LE hAGHAIDH NA gCOMHBHALL

FÍOR 51 LOS. CIOR. PHRION. Á TÓGÁIL



SÁDAR FLOSC-CHROÍLEACÁNACH



FÍOR 52 TREALAMH SÁDRÁLA

Ní mór poill bheaga a dhruileáil sa losaid le haghaidh na gcomhbhalla (Fíor 51.f). Brúitear teirminéil na gcomhbhalla isteach ón taobh plaisteach den losaid agus sádráltear de na stíallacha iad.

### An tSádráil

Is minic gur drochshádráil is cúis le fabht i gciорcad agus is iondúil gur deacair an fabht a aimsiú. Ní mór a bheith cúramach gur cónaisc mhaithe a dhéantar agus nach ndéanfar gearrchorraíodh.


Beidh iarann sádrála 15 vata a bhfuil soc 1.5 mm air, feiliúnach don chuid is mó den obair leictreonaice. Coinnítear ina sheastán é nuair nach bhfuil sé á úsáid sa chaoi nach ndóitear a chábala ná aon trealamh eile. Sádar a bhfuil croí de fhlosc (sádar flosc-chroíleacánach) ann a úsáidtear. Níl an flosc róisíneach creimneach.

D'fhéadfadh an iomarca teasa damáiste a dhéanamh do roinnt comhbhalla — trasraitheoirí, dé-óideanna agus dé-óideanna solas-astaíocha, abair. Ceanglaítear fáiscín crogaill nó greamaire beag den seolán sreinge idir an comhbhall agus an t-alt chun an teas a thabhairt ar shiúl (Fíor 53.a).



Alt a dhéanamh: ar dtús téigh an t-iarann sádrála agus stánaigh an soc. Cuir an soc ar an stíall chopair ach ná buail é (an soc) faoin seolán sreinge. Socraigh an sádar ar an taobh eile (féach Fíor 53.b). Sreibhfaidh an sádar nuair a bheidh an stíall chopair sách te. Nuair a shreibhfaidh sé, bog soc an iarrainn sádrála go dtí go dteagmháonn sé leis an tsreang — á chinntíú go sreibhann an sádar timpeall an ailt go léir. Nuair atá na haitl sádráilte, gearr an fuíleach de na seoláin atá ag gobadh amach ón losaid, le gearrthóir taoibh.

### Cás le haghaidh an Aláraim


Ní mór anois, cás a dhéanamh le haghaidh an aláraim. Ní mór na nithe seo a leanas a chur san áireamh nuair a bhíonn an cás á dhearadh: go mbeadh léargas soiléir ar an solas comharthaíochta, méid na gcomhbhalla, greamú na gcomhbhalla den chás, go mbeadh teacht go héasca ar an mbataire agus ar an mbolgán.




(a) FÁISCÍN CROGAILL Á ÚSAID MAR THEASDOIRTEAL. SOC AN IARAINN AR AN STIALL CHOPAIR. AN SÁDAR AR AN TAOBH EILE.



FÍOR 53 LOS. CIOR. PHRION. Á SÁDRÁIL




FÍOR 54 COMHBHAILL SÁDRÁILTE DE LOS. CIOR. PHRION.




FÍOR 55 SAMPLA DE CHÁS LE hAGHAIDH AN ALÁRAM

#### Ceisteanna faoi Chaibidil 14

1. Céard é sruth leictreach?
2. Ainmnigh dhá chineál foinse cumhachta a úsáidtear le haghaidh obair scoile.
3. Cén t-ainm a thugtar ar ábhair a sreabann leictreachas tríothu go héasca?
4. Céard iad na haonaid tomhais a dtomhaistear gach aon cheann díobh seo a leanas leo:
  - (a) fórsa leictreaghluaisneach;
  - (b) sruth leictreach;
  - (c) friotaíocht?
5. Scríobh amach Dlí Ohm:
  - (a) i bhfocail,
  - (b) mar chothromóid mhatamaitice.
6. Ainmnigh na hionstraimí lena dtomhaistear iad seo a leanas:
  - (a) sruth leictreach,
  - (b) voltas.
7. Céard é ilmhéadar?
8. Céard é léaráid ciorcaid?
9. Ainmnigh na comhbhaill 1, 2 agus 3 i bhFíor 56.




10. Tá léaráid de phlocóid trí phionna a bhfuil a chúl bainte de, i bhFíor 57.
- Ainmnigh na teirminéil 1, 2 agus 3 agus na comhbhaill 4 agus 5.
  - Céard é cód dathanna na gcáblaí?




FÍOR 57

11. Cén fheidhm atá leis an ‘talmhú’ i bplocóid leictreach?
12. Cén fáth arb é tungstan an t-ábhar a bhíonn i bhfiliméad bolgáin leictrich?
13. Mínigh an chaoi a n-oibríonn lasc solais tí (Fíor 58).




FÍOR 58

14. Cén fheidhm a bhíonn le fiús i gciорcad leictreach?
15. Ainmnigh cúig fhearas leictreonaice.
16. Ainmnigh na lasca A, B agus C i bhFíor 59.



FÍOR 59



17. Cad dó a seasann gach ceann de na siombailí A go F, i bhFíor 60?



FÍOR 60


18. Déan cur síos ar mhodh amháin chun luachanna friotóirí a chur in iúl.
19. Céard é luach gach ceann de na friotóirí a bhfuil cur síos orthu in (a), (b) agus (c) thíos:
- donn, dubh, donn, ór;
  - dearg, dearg, dearg, ór;
  - buí, vialait, dearg, ór?
20. Cén fheidhm atá le gach ceann díobh seo a leanas i gciорcad leictreonaice:
- dé-óid,
  - teirmeastar,
  - friotóir solas-spleách (FSS)?

21. Luaigh dhá úsáid a bhaintear as trasraithcoirí i gciорcaid leictreonaice.  
 22. Ainmnigh an comhbhall i bhFíor 61.



FÍOR 61

23. Ainmnigh ceithre chomhbhall aschuir a bhíonn i gcorais leictreonaice.  
 24. Céard é mótar céimnitheach?  
 25. Cén fheidhm atá le roinnteoir poitéinsil?  
 26. Ciorcad chun dordánaí a chasadh ar siúl nuair a éiríonn an timpeallacht fuar, tá léaráid de i bhFíor 62. Mínigh an chaoi a n-oibríonn sé.



FÍOR 62 CIORCAD CHUN DORDÁNAÍ A CHASADH AR SIÚL NUAIR A ÉIRIONN SÉ FUAR


27. Dear ciorcad leictreonaice le haghaidh aláram báistí.  
 28. Ainmnigh dhá losaid a ndeartar samhlacha ciorcaid leictreonaice orthu.  
 29. Céard é losaid ciorcaid phriontáilte?  
 30. Cén fheidhm a bhíonn le teasdoirteal agus comhbhaill leictreonaice á sádráil?

# 15. Struchtúir agus Meicníochtaí

## Struchtúir

Le struchtúir a iompraítear ualaí. Ní mór iad a dhearadh sa chaoi nach dtugann siad uathu faoin ualach. Tá éagsúlacht mhór struchtúr ann, e.g. foirgnimh, droichid, craenacha, cathaoireacha, boird, traenacha, gluaisteáin, etc.

Is iad na cineálacha fórsaí a chuireann ualaí ar struchtúir ná comhbhrú, teannas, lúbadh, fiaradh, agus toirsiún (Fíor 1).




FÍOR 1 NA FÓRSAÍ A BHÍONN AR STRUCHTÚIR

‘Statach’ a bhíonn ualaí nach bhfuil ag corraí, agus ‘dininiciúil’ a bhíonn ualaí atá ag gluaiseacht. Mar shampla, gluaiseán atá ina stad ar dhroichead, ualach statach atá sí a chur ar an droichead ach dá mba ag gluaiseacht a bheadh sí, ualach dinimiciúil a bheadh sí a chur air.

## Baill Struchtúir: na Cruthanna a bhíonn orthu

An cruth a bhíonn ar bhaill struchtúir agus an treo a mbíonn siad suite, bíonn tionchar mór ag an dá rud sin ar neart an stuchtúir (Fíor 2). Baill chuasacha, tig leo a bheith dochta agus éadrom. Má bhíonn doimhneacht sa bhall, bíonn acmhainn mhaith aige ar an lúbadh.




FÍOR 2 BAILL STRUCHTÚIR: CRUTHANNA

## Triantáin

Cruthanna dochta iad triantáin agus dá bhrí sin is minic a bhíonn siad i struchtúir (Fíor 3). ‘Triantánú’ a thugtar ar an modh seo chun struchtúir a dhéanamh dochta.

DÉANANN BALL 'A' DHA  
THRIANTÁN DEN STRUCHTÚR,  
Á DHÉANAMH DOCHT




FÍOR 3 TRIANTÁNÚ Á ÚSÁID CHUN NEART AGUS DOICHTE A THABHAIRT

### Meicníochtaí

Is é a dhéanann meicníocht ná gluaisne agus fórsa ionchuir ar leith a athrú ina gluaisne agus ina fórsa aschuir atá ag teastáil — i.e. baineann sí leas as fuinneamh chun obair a dhéanamh. Meicníochtaí bunúsacha is ea luamhán, nascálacha, ulóga, giaranna, ceamanna, scriúnna, agus raicíní. As meicníochtaí a bhíonn measíní déanta, agus baineann siad leas as fuinneamh chun obair a dhéanamh freisin. Tá éagsúlacht mhór measíní ar fáil, e.g. deileanna, innill, druilirí láimhe, rothair, lomairí faiche, cloig, measíní níocháin etc.


Bíonn fórsaí agus gluaisne i gceist sa chaoi a n-oibríonn meicníochtaí. Ceithre chineál bhunúsacha gluaisne atá ann, i.e. gluaisne líneach, gluaisne rothlach, gluaisne fhrithingeach agus gluaisne ascalach (Fíor 4). Is mó rí an chabhair é miontrealamh tógála mar *Fischertechnik* agus *Meccano* chun elolas a chur ar an gcaoi a n-oibríonn meicníochtaí.



FÍOR 4 SAMPLAÍ DEN GLUAISE

## Luamhán

Go bunúsach, is éard é luamhán ná barra a chasann ar phointe fosaitheach ar a dtugtar **buthal**. An **iarracht** a thugtar ar an bhfórsa a bhogann an luamhán timpeall an bhuthail, agus an **t-ulach** a thugtar ar an bhfórsa aschuir (féach Fíor 5). Is féidir luamhán a úsáid chun ualach mór a bhogadh le hiarracht bheag, e.g. gró, nó chun gluaiseacht a fhormhéadú, e.g. baraiméadar anaróideach. **Buntáiste Meicniúil** a thugtar ar chóimheas an dá fhórsa, i.e. ualach agus iarracht.



FÍOR 5 AN LUAMHÁN

$$\text{Buntáiste Meicniúil} = \frac{\text{Ualach}}{\text{Iarracht}}$$

An **cóimheas treoluais** a thugtar ar chóimheas na gluaiseachtaí.


$$\text{An Cóimheas Treoluais} = \frac{\text{An Fad a ghluaiseann an iarracht}}{\text{An Fad a ghluaiseann an t-ulach}}$$

Trí chineál bhunúsacha luamhán atá ann, féach Fíor 6.

### Móimintí


Nuair a chuirtear fórsa sách mór i bhfeidhm ar luamhán is é an toradh a bhíonn air sin ná casadh a dtugtar móimint air. Móimint an fhórsa, bíonn sí ag brath ar mhéid an fhórsa agus ar a fhad ón mbuthal.

$$\text{Móimint} = \text{Fórsa} \times \text{fad ón mbuthal}$$



FÍOR 6 CINEÁLACHA BUNÚSACHA LUAMHÁN

Mura bhfuil luamhán ag casadh nuair atá fórsaí ag gníomhú air, deirtear gur ar mheá chothrom nó **ar cothromaíocht** atá sé — tá na móimintí ar deiseal ar cóimhéid leis na móimintí ar tuathal (Fíor 7).




$$\begin{aligned} \text{MÓIMINT AR DEISEAL} &= 300 \text{ N} \times 2 \text{ m} = 600 \text{ Nm} \\ \text{MÓIMINT AR TUATHAL} &= 600 \text{ N} \times 1 \text{ m} = 600 \text{ Nm} \\ \text{MÓIMINT AR DEISEAL} &= \text{MÓIMINTÍ AR TUATHAL} \\ \therefore \text{TÁ AN LUAMHÁN AR MHEÁ CHOTHROM} \end{aligned}$$

FÍOR 7 MÓIMINTÍ

### Cleachtadh

Déan staidéar ar na luamháin i bhFíor 8.

- Oibrigh amach an áit a bhfuil an buthal, an t-ulach agus an iarracht i ngach cás.
- Abair cén cineál luamhán gach ceann acu.



FÍOR 8 ROINNT LUAMHÁN COITIANTA

### Nascálacha

As luamháin a bhíonn nascáil déanta. Baintear leas go forleathan as nascálacha, e.g. chun an treo atá faoi fhórsa nó ghluaisnc ionchuir a athrú, chun roinnt aschur a chruthú as ionchur amháin, agus chun réada a chur ag gluaiseacht go comhthreomhar le chéile.

Tá roinnt nascálacha léirithe i bhFíor 9.

### Ulóga

Baintear leas as ulóga chun gluaisne agus fórsa a aistriú ó sheasta amháin go dtí seafta eile, agus chun ualaí a ardú.

Is minic gur le hulóga a bhfuil eitri cruinne iontu, móide criosanna cruinne rubair, a thiomáintear meaisíní tí, mar shampla meaisíní fuála, castriomadóirí, agus meaisíní níocháin. V-ulóga agus v-chriosanna is mó a bhíonn in uirlisí meaisín, i.e. meaisíní druileála agus deileanna. Ní bhíonn an oiread sciorradh ann i gcás v-chriosanna agus a bhíonn i gcás criosanna comhréidhe.

Ulóg thiomána a thugtar ar an ulóg a bhíonn ar an seafta tiomána, e.g. ulóg mhótair, agus ulóg thiomáinte a thugtar ar an ulóg a bhíonn ar an seafta tiomáinte.

Orthu seo a leanas a bhraitheann luas rothlaithe seafta:  
**1** luas an mhótair thiomána;  
**2** trastomhas na n-ulóg.


Má bhíonn ulóg mhór ag tiomáint ulóg bheag, is í an ulóg bheag is mire a rothlaíonn. Mar sin, bíonn ardú luais ann nuair a bhíonn ulóg mhór ag tiomáint ulóg bheag; sa chás ar ulóg bheag atá ag tiomáint ulóg mhór, is ísliú luais a bhíonn ann. Abair go bhfuil ulóg, ina bhfuil trastomhas de 100 mm, ag tiomáint ulóige ina bhfuil trastomhas de 50 mm; le gach imrothlú den ulóg thiomána déanfaidh an ulóg thiomáinte dhá imrothlú.

### Sampla (féach Fíor 11)

Trastomhas 50 mm atá in ulóg mhótair agus rothlaíonn sí ar luas  $240 \text{ rev/min}$ . Más trastomhas 80 mm atá san ulóg thiomáinte, cad é a luas rothlaithe?

**Nóta:** Is mó an ulóg thiomáinte ná ulóg an mhótair, dá bhrí sin is moille an rothlú a dhéanfaidh sí.



$$\begin{aligned} \text{Luas na hulóige tiomáinte} &= 240 \times \frac{50}{80} \text{ rev/min} \\ &= 150 \text{ rev/min} \end{aligned}$$



FÍOR 9 NASCÁLACHA

Is gá roinnt luasanna ar mheaisní áirithe — meisíní druileála mar shampla. Bíonn na luasanna difriúla ar fáil mar go mbíonn ulóga, a mbíonn an cruth orthu gur

cóin chéimnithe iad, ar an meisín. Is é an chaoi a gcuirtear an crios ar na hulóga difriúla chun luasanna éagsúla a fháil.



FÍOR 11

### Slabhraí agus Rotháí Fiaclacha

Tiomáint dhíreach a dhéanann slabhraí agus rothaí fiaclacha — ní bhíonn aon sciorrhadh ann. Is iad a bhíonn ar rothair, ar ghluaisrothair, ar chaitríni, ar cheamsheastaí roinnt inneall, etc.

Ar na nithe seo a leanas a bhraitheann an luas aschuir:

- Luas an Rotha Fiaclaigh Tiomána;
- An líon fiacla ar gach Roth Fiaclach.



Más 45 fiacail atá ar an roth fiaclach tosaigh ar rothar agus gur 15 fiaçail atá ar an roth fiaclach cíul, déanann an roth fiaclach cíul trí imrothlú in aghaidh gach imrothlú a dhéanann an roth fiaclach tosaigh.

### Sampla (féach Fíor 13)


Abair gur 10 bhfiacail atá ar roth fiaclach inneall cairtín agus gur 80 fiacail atá ar roth fiaclach an acastóra cíul. Más ar luas  $4,000 \text{ rev/min}$  a rothlaíonn sefta an innill, céard é luas rothlaithe an acastóra cíul?

**Nóta:** Is é roth fiaclach an acastóra cíul an ceann is mó, dá bhrí sin, is moille a rothlaíonn sé ná an ceann ar an inneall.

$$\begin{aligned} \text{Luas an acastóra cíul} &= 4000 \times \frac{10}{80} \text{ rev/min} \\ &= 500 \text{ rev/min} \end{aligned}$$




FÍOR 12 SLABHRAÍ AGUS ROTHÁÍ FIACLACHA



FÍOR 13

### Giaranna

Roth a bhfuil fiacla atá ar comhspás óna chéile ar a imeall is ea giar. Fearacht na n-ulóig, aistríonn giaranna gluaisne agus fórsa. Fearacht slabhraí, tiomáint dhíreach a dhéanann giaranna. **Giarshraith** a thugtar ar fhoireann giaranna a bhíonn comhghlasálte nó comhghreamaithe. Nuair a bhíonn dhá ghiar comhghreamaithe le chéile, is ar mhalairt treo lena chéile a rothláíonn siad. Chun dhá ghiar a chur ag rothlú sa treo céanna cuirtear giar ‘réchasta’ eatarthu (Fíor 14). Ní athraíonn sé sin an cóimheas luais idir an dá ghiar.



GIAR RÉCHASTA, CUIREANN SÉ AN GIAR TIOMÁNA AGUS AN GIAR TIOMÁINTE AG ROTHLÚ SA TREO CÉANNA


FÍOR 14 SPORGHIARANNA

### Beibhealghiaranna


Aistríonn beibhealghiaranna gluaisne rothlach sa chás a bhfuil seaftaí ar uillinn le chéile (Fíor 15).

### Péist agus Péistighiar

Aistríonn siad gluaisne rothlach trí dhronuillinn (Fíor 16), agus déanann siad laghdú mór ar an luas freisin.





FÍOR 15 BEIBHEALGHARANNA



FÍOR 16 PÉIST AGUS PÉISTGHIAR. LAGHDAÍONN SIAD GO MÓR AR AN LUAS

#### Raca agus Pinniún (Fíor 17)

Athraíonn siad gluaisne rothlach ina gluaisne líneach nó a mhalairt.



FÍOR 17 RACA AGUS PINNIÚN AGUS IAD Á nÚSÁID

Is é an chaoi a ndéantar athrú ar luas ná trí ghiaranna a bhfuil líon difriúil fiacla orthu a úsáid. Giar a bhfuil líon mór fiacla air, má chuirtear é ag tiomáint gair ar líon beag fiacla atá air, méadaítear ar an luas rothlach; agus má chuirtear gair beag ag tiomáint gair mór ísleofar ar an luas rothlach.

Abair go bhfuil giar a bhfuil 100 fiacail air ag tiomáint giair ar 25 fiacail atá air. Déanfaidh an giar tiomáinte ceithre imrothlú in aghaidh gach imrothlú a dhéanfaidh an giar tiomána. Cóimheas giaranna a thugtar ar an ngaolmhaireacht seo.


**Nóta:** Tá cóimheas giaranna =  
Líon na bhfiaca ar an ngiar tiomáinte  
Líon na bhfiaca ar an ngiar tiomána

e.g. an ghiarshraith thuas, tá an cóimheas giaranna  
 $= \frac{25}{100} = \frac{1}{4}$

Is iondúil gur mar 1:4 a scríobhatar é seo.

### Sampla 1 (Fíor 18)

Abair gur 36 fiacail atá ar ghiar mótaír agus gur ar luas 100 rev/min a bhíonn sé ag rothlú. Más 12 fiacail atá ar an ngiar tiomáinte cad é a luas rothlaithe?




FÍOR 18

**Nóta:** Is é an giar tiomáinte is lú den dá ghiar, dá bhrí sin is tapa a bheidh sé sin ag rothlú.

$$\text{Luas an ghiair thiomáinte} = 100 \times \frac{36}{12} = 100 \times 3 \\ = 300 \text{ rev/min}$$

### Sampla 2 (féach Fíor 19)

Abair gur 20 fiacail atá ar ghiar mótaír agus gur ag rothlú ar luas 280 rev/min atá sé. Más 35 fiacail atá ar an ngiar tiomáinte, cad é a luas rothlaithe?



FÍOR 19


**Nóta:** Is é an giar tiomáinte is mó den dá ghiar, dá bhrí sin is moille a bheidh sé sin ag rothlú.

$$\text{Luas an ghiair thiomáinte} = 280 \times \frac{35}{20} \text{ rev/min} \\ = 160 \text{ rev/min}$$

### Ceamanna


#### Ceamanna Rothlacha

Athraíonn ceamanna rothlacha gluaisne rothlach ina gluaisne fhrithingeach. Leantóir a bhíonn i dteaghmháil le faobhar an cheama, gluaiseann sé sin suas agus anuas, nó isteach agus amach, de réir mar a chasann an ceam. An cruth a bhíonn ar an gceam a rialaíonn gluaisne an leantóra. Meáchan an leantóra féin, nó brú a chuirtear air, a choinníonn i dteaghmháil leis an gceam é.




GLUAISSNE ROTHLACH GO GLUAISSNE FHRITHINGEACH


FÍOR 20 CEAM ROTHLACH AGUS LEANTÓIR





FÍOR 21 ROINNT CRUTHANNA COITINTA A BHÍONN AR CHEAMANNA



FÍOR 22 ROINNT CINEÁLACHA LEANTÓIRÍ CEAMA



FÍOR 23 CEAMANNA




### Ceamanna Líneacha

Ceamanna líneacha nó ceamanna pláta chomhréidh, athraíonn siad treo na gluaisne frithingí. Faoi għluaisne

fhrithingeach a għluaiseann an ceam, agus is faoi għluaisne fhrithingeach a għluaiseann an leantóir freisin, ach ar mhala lart treo.

## Scriúshnáitheanna


Tá cuntas tugtha cheana féin ar scriúshnáitheanna i gCaibidil 8. Tá a lán cineálacha meicnófchtaí scriúshnáithe ann. Tá roinnt díobh léirithe i bhFíor 24.



FÍOR 24 MEICNÍOCHTAÍ SCRÍUSHNÁITHE

## Raicíní

Ní ligeann raicíní do bhaill rothlú ach i dtreo amháin. Bíonn raicíní i meicnóchtaí, e.g. i gcastairí raicíneacha, i roithleáin slata iascaigh, i scriúuirí raicíneacha, i micriméadair, agus i meicnóchtaí tochrais uaireadóirí.




FÍOR 25 MEICNÍOCHTAÍ RAICÍNEACHA


## Crága

Cuireann crága ar ár gcumas dhá bhall (i.e. dhá sheaftha) a cheangal le chéile nó a bhaint ó chéile go héasca nuair a bhíonn tiomáint á tarchur ó cheann amháin acu go dtí an ceann eile.

Dhá chineál bhunúsacha díobh atá ann — crága deimhneacha agus crága frithchuimilte. Maidir le crága deimhneacha, e.g. crága crobhacha, ní mór an dá bhall a bheith ina stad sula gcomhghreamaíonn siad a chéile.




(A) CRÁG CHROBHACH (CRÁG DEN CHINEÁL DEIMHNEACH); NÍ MÓR NA SEAFTAÍ A BHEITH INA STAD SULA nDÉANTAR COMHGHEAMH




(B) CRÁG CHÓIN;  
IS FÉIDIR AN  
TIOMÁINT A THOSÚ  
GO MÍN SÉIMH LÉI

Maidir le crága frithchuimilte, e.g. crága cóin, is féidir an comhghreamú a dhéanamh go míni réidh, agus dá bhrí sin is féidir an ceangal nó an scaradh a dhéanamh agus na baill ag gluaiseacht.

**Cromáin agus Meicníochtaí Cromáin is Sleamhnóra**  
 Úsáidtear cromán chun torc (fórsa casta) a imirt ar sheaftha. Dá fhad an fórsa ó lár na tseaftha is mó an torc. Seaftha a bhfuil roinnt cromán air, is cromsheaftha a thugtar air. Meicníocht chromáin is sleamhnóra, athraíonn sí gluaisne rothlach ina gluaisne fhrithingeach nó a mhalaire.






FÍOR 27 CROMÁIN



(C) CRÁG FHRITHCHUIMILTE AR ROITHLEÁN SLAT IASCAIREACHTA

FÍOR 26 CRÁGA



FÍOR 28 MEICNÍOCHTAÍ CROMÁIN IS SLEAMHNÓRA

### Bealú

Nuair a bhíonn dromchlaí ag cuimilt ar a chéile agus gan aon bhealadh eatarthu, gintear teas iontu agus tosaíonn siad ag caitheamh. I gcásanna áirithe bfonn an teas chomh hard go dtáthaíonn na dromchlaí le chéile. Is é is bealú ann bealadh a chur idir na dromchlaí. Scarann an bealadh na dromchlaí beagánín ó chéile agus laghdaítear an fhrithchuimilt go mór. Seo iad buntáistí an bhealaidh:


- laghdaítear ar an gcaitheamh;
- laghdaítear an méid teasa a ghintear de bharr na frithchuimilte;
- laghdaítear ar an gcumhacht a bhíonn riachtanach chun na dromchlaí a chur ag gluaiseacht ar a chéile;
- coinníonn sé na dromchlaí fuar.

### Imthacaí

Treoraíonn agus iompraíonn imthacaí an chuid sin de mheicníocht a bhíonn ag gluaiseacht, agus ligéann sé don ghluaiseacht dul ar aghaidh go héasca. Trí phríomhchineál acu atá ann — imthacaí cothroma, imthacaí siurnail agus imthacaí teanntála.

#### *Imthacaí Cothroma (Fíor 29)*


Dromchlaí cothroma a shleamhnaíonn ar a chéile iad seo. Is minic gurb iad a bhíonn ar uirlisí meaisín, e.g. ar leaba agus ar charráiste na deile, ar chros-sleamhnán na deile, ar shleamhnán uachtarach na deile agus ar reithe agus ar shleamhnáin an mheaisín deilbhithe. ‘Sleamhnú’ a dhéanann imthacaí cothroma — idir na sleamhnáin agus na sleamhainbhealaí. Iarann teilgthe a bhíonn in imthacaí cothroma go coitianta. Dhá dhromchla iarainn theilgthe, déanann siad imthacaí an-mhaith, ag sleamhnú ar a chéile.




FÍOR 29 IMTHACA COTHROM

#### *Imthacaí Siurnail (Fíor 30)*

Seastaí cruinne a bhíonn tríothu seo. Ualaí gathacha amháin a iompraíonn siad. Imthacaí pléineáilte, gránacha nó rollacha a bhíonn iontu.



FÍOR 30 IMTHACAÍ SIURNAIL



FÍOR 31 IMTHACAÍ TEANNTÁLA

### *Imthacaí Teanntála (Fíor 31)*

Ualaí aiseacha a iompraíonn siad seo, ar sheastaí.

#### *Imthacaí Pléineáilte*

I meicníochtaí nach mbíonn ach luasanna agus ualaí measartha iontu is mó a bhíonn imthacaí pléineáilte. Is iondúil gur cré-umha agus níolón a bhíonn i mboscanna agus i leicneáin teanntála na n-imthacaí seo.

Is iondúil gur as cruach a bhíonn seaftaí na n-imthacaí seo déanta agus iad crua nó bog ag brath ar an úsáid a bhaintear astu.

I gcás imthacaí pléineáilte, is ‘sleamhnú’ an oibríocht a bhíonn idir an seafta agus an bosc nó an leicneán teanntála. In imthaca gránach, ‘rolladh’ an oibríocht a bhíonn idir an grán agus an raon.

### Scrúdú ar Mheicníochtaí


Is buntáiste mór é eolas a bheith againn ar an gcaoi a ndeartar meicníochtaí éagsúla nuair a bhímid ag lorg réitigh ar ár bhfadhbanna deartha fén. Chomh maith leis sin, is mór an mhaith é tuiscint a bheith againn ar struchtúr agus oibriú earraí ar mhaithe le hiad a dheisiú agus a chothabháil, agus ar mhaithe le comparáid a dhéanamh idir earraí éagsúla nuair a bhímid á gceannach.

Nuair a bhíonn meicníocht á scrúdú ba chóir a fháil amach ar dtús céard é a dhéanann sí, agus ansin a fháil amach conas atá an rud a dhéanann sí á chur i gcrích aici.


Tá cuntas tugtha anseo thíos ar roinnt meicníochtaí.

### *An Stánosclóir*

Socraítear an stánosclóir ar fheire an channa faoi mar atá taispeánta i bhFíor 33. Nuair a fháiscear lámha an osclóra le chéile brúitear an faobhar gearrtha isteach i mbarr an channa, agus ag an am céanna faigheann an roth fiaclich greim ar fochtar an fheire. Trí lámha an osclóra a choinneáil fáiscthe le chéile agus an luamhán casta a chasadh, gluaiseann sé timpeall an channa, ag gearradh an bhairr den channa de réir mar a gluaiseann sé. Dar ndóigh, is é an luamhán casta a chasann an roth agus is é an roth a tharraingíonn an stánosclóir timpeall bharr an channa. Tá ceann lámh íochtarach an stánosclóra lúbtha chun an roth a choinneáil ó bheith ag cuimilt in aghaidh thaobh an channa.




FÍOR 32 STÁNOSCLÓIR



FÍOR 33 STÁNOSCLÓIR Á ÚSÁID

### An Gaiste Luch

Chun an gaiste a chur, greamaítear an baoite ar an ardán, castar siar an ball ceaptha in aghaidh an sprionga agus cuirtear an pionna coinneála anuas air lena choinneáil; ansin ardaítear an t-ardán go dtí go dtéann an tsúil atá air isteach ar cheann an phionna coinneála. Fágann sin go mbíonn an gaiste oscailte agus réidh leis an luch a cheapadh. Nuair a théann an luch in airde ar an ardán scaoileann a meáchan an tsúil den phionna coinneála agus dúnann an sprionga an gaiste go tobann. Mura ngníomhaíonn an luch go tapa sáinnítear faoin mball ceaptha í.




FÍOR 34 GAISTE LUCH

### An Rianaire Dromchla

Tá deis ar an rianaire dromchla chun an scríobaire a shocrú ar uillinneacha éagsúla agus ar phointe airde ar bith ar an bhfearsaid.

Nuair a dhaingnítéar an cnó clampála, fáiscear an mhuinchille in aghaidh an bhloic clampála. De bharr go bhfuil ceann an scriú clampála beagan níos giorra ná an mhuinchille ní bhuaileann sé faoin mbloc clampála (féach Fíor 35). Dá bhrí sin, bíonn na poill á dtarraingt thar a chéile sa chaoi go gclampáiltear an scríobaire iontu. Ag an am céanna, de réir mar a dhaingnítéar an cnó, dúntar an bloc clampála, á chclampáil ar an bhfearsaid.

Coinníonn an sprionga beagán brú ar an scríobaire nuair a scaoiltear an cnó, sa chaoi nach dtíteann an scríobaire amach as an muinchille.





FÍOR 35 RIANAIRE DROMCHLA

## An Glas Moirtíse


I moirtís sa doras a bhíonn an glas moirtíse agus is gá eochair chun an glas a bhaint. Is iondúil go mbíonn laiste ann freisin chun an doras a choinneáil dánta nuair nach mbíonn sé faoi ghlás.

### An Laiste


Bíonn taobh amháin den laiste cuartha agus nuair a bhrúitear in aghaidh an ghlacadóra i bhfráma an dorais é brúitear in aghaidh an sprionga isteach sa ghlás é (Fíor 36.b). Ligeann sé sin don doras dúnadh go hiomlán, agus ansin brúnn an sprionga an laiste isteach tríd an nglacadóir isteach i bpoll i bhfráma an dorais. Comhéidh a bhíonn an taobh eile den laiste agus dá bhrí sin ní osclóidh brú 6n taobh eile an doras.




(c) AN LEANTÓIR CASTA, AN LAISTE TARRAINGTHE ISTEACH



(d) SLIOTÁIN AN LUAMHÁIN AILÍNITHE DON TEANGA; AN BOLTA Á BHRÚ AR AGHAIDH



(e) AN BOLTA GLASÁILTE AGUS COINNITHE ANN AG AN TEANGA



FÍOR 36 AN GLAS MOIRTÍSE

Bíonn cinn an choinneálaí laiste lúbtha timpeall ar an leantóir agus bíonn fearsaid chearnógach tríd an leantóir agus isteach i murlán an dorais. Ar an gcaoi seo is féidir an leantóir a chasadh le ceachtar den dá mhurlán agus an laiste a tharraingt amach as an nglacadóir. Nuair a scaoiltear leis an murlán brúnn an sprionga an laiste ar ais isteach san áit a raibh sé.

### An Bolta

Is é an bolta a chuireann glas ar an doras. Bíonn teanga ar choinneálaí an bholta agus bíonn an teanga sin ag gobadh isteach sna sliotáin a bhíonn sna luamháin. Bíonn dhá cheann na sliotán móra agus nuair a bhíonn an teanga i gceachtar den dá cheann sin brúnn spriongaí na luamháin anuas chun an teanga a sháinniú. Coinneoidh


sé seo an bolta glasáilte nó bainte. Chun an bolta a bhogadh ní mór na luamháin a ardú sa chaoi go mbeidh an chuid láir de gach sliotán ailínithe leis an teanga. Bíonn cruth difriúil ar gach luamhán agus dá bhrí sin ní mór an eochair chuf a úsáid sa chaoi go n-ardófar gach ceann d'fobh i gceart.

De réir mar a chastar an eochair (Fíor 36.d) ardaíonn na céimeanna ar a bior na luamháin agus déantar ailíní ar na sliotáin. Brúnn cuid eile den bhior in aghaidh thaobh an tsliotáin i gcoinneálaí an bholta, agus brúnn sé sin an teanga agus an bolta ar aghaidh. Má chastar an eochair ar aghaidh tuilleadh imíonn an bior ar shiúl ó na luamháin agus bogann siad anuas arís agus sáinníonn siad an teanga. Coinníonn sé sin an bolta glasáilte (Fíor 36.e). Nuair a chastar an eochair ar a mhalaire de threo, ailnítear na sliotáin arís agus tarraigítear an bolta isteach sa ghlás. Ansin sáinnítear an teanga ag an gceann eile de na sliotáin, ag coinneáil an bholta san ionad sin.

### An Cloigín Leictreach

Tá leagan amach an chloigín leictrigh i bhFíor 37. Tá an leictreamaighnéad, an piléar práis agus an sprionga ceangailte den bhonn ach go bhfuil insliú eatarthu. Tá an casúr, a bhuaileann an gang, ceangalte de bharra d'iarann bog ar a dtugtar armatúr. Sruth díreach a oibríonn an clog. Téann an sruth ó theiriméál A, timpeall ghéaga an leictreamaighnéid, tríd an scriú teagmhála go dtí an sprionga, agus as sin go dtí teiriméál B.

Nuair a bhrúitear cnaipe na laisce sreabhann an sruth agus déantar maighnéadú ar an leictreamaighnéad. Aomann sé an t-armatúr ansin agus buaileann an casúr an gang. Ag an am céanna tarraigítear an sprionga amach ón scriú teagmhála sa chaoi go scoirtear an ciorgad. Stopann an sruth ag sreabhadh agus cailleann an leictreamaighnéad a mhaighnéadas, ag ligean don armatúr agus don sprionga teacht ar ais agus an ciorgad a shlánú arís. Leanann na gníomhaíochtaí sin ar aghaidh arís agus arís eile a fhad is atá cnaipe na laisce brúite isteach.




**NÓTA:** BÍONN I bhFAD NÍOS MÓ CASTAÍ DEN tSREANG AR NA LEICTREAMAIGHNÉID NÁ MAR ATÁ LÉIRITHE.

FÍOR 37 AN CLOIGÍN LEICTREACH

### Ceisteanna faoi Chaibidil 15


1. Ainmnigh ceithre chineál fórsa a thagann ó ualach, agus mínígh, le sceitse simplí, an chaoi a n-oibríonn gach fórsa acu ar chomhbhall.
2. Mínigh an difríocht idir ualach statach agus ualach dinimiciúil.
3. Tabhair ceithre shampla den tsuí a n-úsáidtear an triantánú chun strúchtúir a dhéanamh docht agus láidir.
4. Ainmnigh ceithre chineál meicníochtaí bunúsacha.
5. Ainmnigh ceithre chineál gluaisne.
6. Céard é luamhán?
7. Tabhair cuntas, le cabhair léaráide, ar na trí chineál bhunúsacha luamhán.
8. Luaigní úsáid phraiticiúil a bhaintear as gach cineál bunúsach luamháin.
9. Cén staid ina mbíonn luamhán nuair a bhíonn sé ‘ar mheá chothrom’?
10. Déan sceitse de nascáil a d’athródh an treo a bheadh faoi ghluaisne líneach.
11. Ainmnigh an cineál nascála a bhíonn i gcoscán cailipéir rothair, Fíor 38.

COSCÁN CAILIPÉIR ROTHAIR




FÍOR 38

12. Scríobh síos dhá úsáid a bhaintear as an nascáil chomhthreomhar.
13. Tabhair dhá shampla de thiomáint le hulóga i gceardlann na scoile.
14. Mínigh, le cabhair léaráide, conas a d’fhéadfaí treo rothlainthe ulóg thiomáinte a athrú.
15. Abair gur trastomhas 120 mm atá in ulóg mhótair agus gur ar luas 300 rev/min a rothlaíonn sí (féach Fíor 39). Más 90 mm atá i dtrastomhas na hulóige thiomáinte, cad é a luas rothlainthe?




FÍOR 39

16. Tabhair dhá shampla de thiomáint le slabhra.
17. Abair gur 9 bhfiacail atá ar roth fiaclich inneall cairtn agus gur 75 fiacail atá ar roth fiaclich an acastóra cúil. Más ar luas 4,500 rev/min a rothlaíonn seafta an innill, céard é luas rothlainthe an acastóra cúil?
18. Mínigh, le cabhair léaráide, conas a chuirfí giar tiomáinte ag rothlú sa treo céanna leis an ngiar tiomána.
19. Scríobh síos úsáid amháin a bhaintear as beibhealghiaranna.
20. Ainmnigh gach ceann de na giaranna atá léirithe i bhFíor 40.




FÍOR 40

21. Scríobh síos úsáid amháin a bhaintear as giaranna raca agus pinniún i gceardlann na scoile.
22. Abair gur ar luas 1400 rev/min a chasann seafta mótaír. 20 fiacail atá ar ghiar an tseaftha agus tiomáineann sé giar ar a bhfuil 70 fiacail (féach Fíor 41). Céard é luas rothlainthe an ghiar thiomáinte?



FÍOR 41


23. Cén cineál gluaisne a bhíonn faoi leantóir ceama?
24. Tabhair dhá shampla de cheamanna in inneall gluaiseáin.
25. Déan sceitse de thrí chineál proifíl ceama.
26. Déan sceitse de thrí chineál leantóir ceama.
27. Ainmnigh trí chineál meicníocht scriúshnáithe agus déan léaráid díobh.
28. Tabhair sampla de mheicníocht raicín i gceardlann na scoile.
29. Cén cineál meicníochta a úsáidtear chun gluaisne fhrithingeach inneall dhá bhuille (Fíor 42) a athrú ina gluaisne aschuir rothlach.




INNEALL DHÁ BHUILLE

FÍOR 42

30. Mínigh an fheidhm atá le crág.
31. Ainmnigh an dá chineál cráige atá léirithe i bhFíor 43.
32. Scríobh síos dhá fheidhm a bhíonn ag bealadh.
33. Scríobh síos dhá fheidhm a bhíonn ag imthaca.




34. Ainmnigh an dá chineál imthaca atá léirithe i bhFíor 44.



FÍOR 44


35. Tá léaráid de bhís bhinse i bhFíor 45.



FÍOR 45

- (a) Mínigh an fheidhm atá leis na páirteanna A, C agus D.
- (b) Ainmnigh an cineál snáithe atá ar pháirt A.
- (c) Tá páirt C cruait agus faghartha. Tabhair cuntas ar an teaschóireáil sin.
- (d) Cén t-ábhar a bheadh oiriúnach le haghaidh pháirt B? Luaih fáth amháin le do rogha.
- (e) Tá páirt C cíortha. Céard atá i gceist leis seo agus cén fheidhm atá leis?

36. Tá léaráid de chloigín leictreach i bhFíor 46.
- (a) Ainmnigh na páirteanna A, B, C, D, E, F, G agus H.
  - (b) Mínígh an chaoi a n-oibríonn an clog.
  - (c) Ainmnigh miotal a bheadh oiriúnach le haghaidh na dtochrán ar H. Ainmnigh dhá airí nár mhór a bheith ag an miotal sin.
  - (d) Déan léaráid den tsiombail le haghaidh cloigín leictrich.



FÍOR 46


# 16. An Ghrafaic agus an Dearadh

## An Líníocht

Modh cumarsáide an-tábhachtach is ea an líníocht nō an ghrafaic. Is áis an-mhaith iad léaráidí chun cur síos a dhéanamh ar réada. Baintear leas as líníochtaí chun an chuma a bhíonn ar réada a léiriú, chun a mhíniú conas earraí a dhéanamh, agus chun tuairimí a thaifeadadh, a mhíniú agus a fhorbairt. Baintear leas as cineálacha éagsúla líníochtaí sa teicneolaíocht. Tá cuntas anseo thíos ar roinnt cineálacha tábhachtacha.


## Teilgean Ortagrafach (Líníocht 2T)

Cuireann an modh líníochta seo ar ár gcumas réada a léiriú go mion. Is éard atá ann ná clónna (radhairc) comhréidhe, déthoiseacha a theilgtear ó thaobhanna éagsúla den réad (Fíor 2). Léiríonn an Teilgean Ortagrafach an réad ina shraith de líníochtaí déthoiseacha, nō 2T (féach Fíor 1).




FÍOR 1 LÍNÍOCHT 2T

Aghaidhchló a thugtar ar an gcló a theilgtear ó thosach an réada, taobhchló ar an gcló ón taobh, agus bonnchló ar an gcló ó uachtar an réada (Fíor 2).



NA PLÁNAÍ SA TEILGEAN ORTAGRAFACH



FÍOR 2 TEILGEAN ORTAGRAFACH


## Líníocht Thríthoiseach (3T) nó Líníocht Phictiúrtha

Is minic is gá réada a léiriú sa chaoi gur cuma thríthoisceach a bhíonn orthu, i.e. fad, airde agus doimhneacht a léiriú (fíor 3). Is fearr an tuairim a thugann na líníochtaí seo faoi chruth agus faoi fheidhm na réad. Dhá chineál atá léirithe thós — an teilgean fiar (Fíor 4) agus an teilgean isiméadrach (Fíor 5).


### An Teilgean Fiar (Fíor 4)

Sa líníocht seo bíonn aghaidh amháin tarraingthe ina fforchruth agus teilgtear na haghaidheanna eile uaithi sin — ar uillinn  $45^\circ$  go hiondúil. Is é an teilgean fiar is fearr nuair a bhíonn a lán mionsonraí le taispeáint ar an aghaidh thosaigh. A bhíonn aghaidh thosaigh, ach is cuma éilipseach a bhíonn ar chiorcail ar an aghaidh thosaigh, ach is cuma éilipseach a bhíonn ar chiorcail ar na dromchlaí eile.



Tá bealach chun cruthanna ciorclacha a thaispeáint i dteilgean fiar tugtha i bhFíor 4.b. Tarraingtítear ordanáidí achar oiriúnach óna chéile, i gceathrú amháin den chiorcal, agus aistrítear ordanáidí dá leithéid chéanna go dtí na ceithre cheathrú ar na dromchlaí eile.



FÍOR 3 LÍNÍOCHT 3T



(a) TEILGEAN FIAR




(b) CIORCAIL SA TEILGEAN FIAR



FÍOR 4 TEILGEAN FIAR

### Teilgean Isiméadrach (Fíor 5)

Ceartingearach a bhíonn na príomhlínte i dteilgean isiméadrach, agus ar uillinn  $30^\circ$  ar deis agus ar clé.



(a) TEILGEAN ISIMÉADRACH



(b) CIORCAIL SA TEILGEAN ISIMÉADRACH

FÍOR 5 TEILGEAN ISIMÉADRACH


### Saorlíníocht

Baintear leas as an tsaorlíníocht ar go leor ocáidí. Is minic, mar shampla, a chaitear léaráidí a dhéanamh in áiteanna nach mbeadh fáil ar fhearas línlíochta, nó in áiteanna nach mbeadh sé áisiúil iad a úsáid. Baintear leas as sceitsí, freisin, chun dearadh a fhorbairt agus a mhíniú, agus chun smaointe a mhíniú agus a thaifeadaadh.

Ní mór na sceitsí a dhéanamh go deas néata, i gcomhréir mhaith, agus iad a bheith spásáilte go maith ar an mbileog. I gcás sceitsí oibre ní mór an oiread clónna a tharraingt is atá riachtanach chun cruth an tsaotharphíosa nó an earra a léiriú, agus toisí, lárlínte agus gach eolas eile a bheadh ag teastáil chun an t-earra a dhéanamh, iad sin a thabhairt.

Is maith a fheileann páipéar greille cearnógach agus páipéar greille isiméadrach (Fíor 8 agus Fíor 9) i gcomhair na saorlíníochta. Is mór an áis iad chun línte a tharraingt go díreach agus chun comhréir mhaith a chur i sceitsí. Peann luaidhe réasúnta bog, ceann HB, abair, gan bior róghéar air, a úsáidtear.


Cuma élipseach a bhíonn ar gach ciorcal, mar atá i bFíor 5.b.




FÍOR 6

Más leat sceitsí néata a dhéanamh, lean na treoracha seo a leanas:

- Tarraing línte comthrománacha ón taobh clé go dtí an taobh deas (Fíor 6.a).
- Tarraing línte ceartingearacha ó uachtar go híochtar (Fíor 6.b).
- Is minic a bhíonn sé níos éasca línte claonta a tharraingt má chastar an bheileog sa tsúl gur féidir an líne a tharraingt go cothrománach (Fíor 6.c).
- Nuar a bhíonn cuair á dtarraingt agat coinnigh do lámh ar an taobh istigh díobh (Fíor 6.d). Uaireanta ní mór an bheileog a chasadadh thart chun é sin a dhéanamh.
- I gcás ciorcail, tarraing dhá lárlíne ar dtús agus marcáil an ga ar gach aon cheann acu (Fíor 7.a). Ceangail na marcannáin le línte cuara éadroma (Fíor 7.b), ansin tarraing an ciorcal go trom (Fíor 7.c).




FÍOR 7 CIORCAL A THARAINGT



POST URLISE DEILE

FÍOR 8 PÁIPÉAR GREILLE ISIMÉADRACH Á ÚSÁID





FÍOR 9 PÁIPÉAR GREILLE CEARNÓGACH Á ÚSÁID

### Líníochtaí Oibre

Líníochtaí oibre a thugtar ar líníochtaí ina dtugtar an t-eolas go léir a bhíonn riachtanach chun earraí a dhéanamh, e.g. Fíor 10. Is é a bhíonn iontu clónna de gach páirt d'earra, agus bíonn tomhais agus gach mion-sionra eile atá riachtanach san áireamh.

I gcúrsaí tionscail, ní iondúil gurb é an duine céanna a dhéanann an líníocht agus a dhéanann an t-earra. Dá bhrí sin, ní mór an t-eolas a bheith soiléir.






FÍOR 11 GANG DINNÉAR: NA MIONSONRAÍ CÓIMEÁLA

### Línte, Cruthanna agus Dathanna a Chumasc


Nuair a bhíonn earra á dhearradh ní mór smaoineamh ar an dreach nó an chuma a bheidh air. Dá bhrí sin, ní mór machnamh a dhéanamh faoi línte, faoi chruthanna agus faoi dhathanna. Ba chóir rudaí difriúla a thriail leo sin go dtí go dtiocfaidh tú ar chumasc taitneamhach.

#### *Línte*

Bíonn tionchar ag línte ar dhreach earra ó thaobh: a dtreo, a bhfad agus an bhaint atá acu lena chéile. Tig leat patrúin agus cruthanna suimiúla a chruthú le línte. Chuirfeadh línte ceartingearacha an chuma ar earra go bhfuil sé níos airde ná mar atá sé i ndáiríre. Línte cothrománacha, chuirfidís cuma leathan ar earra. Línte cuara agus línte claonta, chuirfidís gluaiseacht agus luas in iúl.



CHRUTHÓFAÍ RITHIM TRÍD AN bpATRÚN CÉANNA  
A CHUR I RUD ARÍS IS ARÍS EILE



SIMÉADRACHT

FÍOR 12

#### *Cruth*

Bíonn fad, tiús agus airde i gcruth earra. D’fhéadfadh cruth a bheith ina chruth geoiméadrach, i.e. ina chiúb nó ina sféar, nó a bheith ina chruth neamhrialta.

## Dathanna

Bíonn a gcuid dathanna nádúrtha féin ar ábhair agus bíonn siad sin an-taitncamhach uaircanta; ach is féidir dath a chur orthu freisin, más gá, ach iad a phéincéál, a chruanadh etc. Chuirfeadh dath cuma gheal, cuma dhorcha, cuma neamhlonrach, cuma theolaí nó cuma fhuar ar earra. Tig leat dathanna a chur ar rud sa chaoi go mbeidís in imeartas (ag teacht lena chéile) nó i gcontrárthacht lena chéile.

## Rithim

Cuirtear rithim, ó thaobh cuma de, in earra trí línte díreacha, cuara, cruthanna agus dathannna a chur ar an earra arís agus arís eile in ord ar leith.

## Comhréir

An ceangal a bhíonn idir chodanna difriúla d'earra, ó thaobh méide de, comhréir a thugtar air. Bíonn comhréir mhaith in earra má bhíonn an mhéid a fheileann dóibh sna codanna difriúla.

## Cothromáiocht

Cuirtear cothromáiocht in earra trí na codannna ar gach aon taobh de lárlíne a bheith mar a chéile, ach cuirtear in iúl ar bhealaí eile í freisin.

## Dearadh

Tagann na rudaí seo a leanas i gceist nuair a bhíonn tú ag dearadh: machnamh, cruthú, réiteach fadhbanna, cinní a dhéanamh, obair ar do chonlán féin, agus úsáid phraiticiúil a bhaint as eolas atá foghlamtha agat i ranganna éagsúla. Is cabhair é an dearadh freisin chun scileanna ceardaíochta a fheabhsú — earra a dhearaimis féin, bheadh suim ar leith againn é a dhéanamh.

Maidir le dearadh maith a aithint, agus tuiscint a fháil ar an rud a theastaíonn sa dearadh, is fiú dúinn scrúdú a dhéanamh ar earraí coitianta aithnidíúla, abair oscloírí canaí, cathaoireacha, rothair, bréagáin, bioráin dhúnta, fáiscíní páipéis etc. Scrúdaigh iad ó thaobh: a bhfeidhm a chomhlíonadh, an chuma atá orthu, a gcostas, a gcomhdhéanamh, agus a chasta nó a shimplí atá siad. Go hiondúil, dá shimplí dá bhfuil earra is amhlaidh is fearr, a fhad is a chomhlíonann sé a fheidhm. Tabharfaidh tú faoi deara freisin gur féidir go mbeadh níos mó

ná réiteach amháin ar fhadhb — tá a lán cincálacha rothar, cathaoireacha, gluaisteán etc. ar fáil.

Ag an túis beidh gá le cabhair agus le treoir leis an dearadh. Tosaigh le fadhbanna simplí agus lean modh oibre cinnte. De réir a chéile beidh tú in ann níos mó agus níos mó den obair a dhéanamh ar do chonlán féin. Mar sin féin, sula dtosaíonn tú ar aon earra a dhéanamh, faigh comhairle ón múinteoir maidir le cé chomh feiliúnach agus chomh praiticiúil is atá do dhearadh. Ní mór é a bheith ar do chumas an t-earra a dhéanamh, agus ní mór na hábhair, na huirlisí, na próisis, agus an t-am riachtanach a bheith ar fáil lena dhéanamh.

## Timthriall Deartha


Tá modh oibre amháin chun tabhairt faoi fhadhb dheارtha léirithe i bhFíor 13. Roinntear an obair ina codanna. Déantar na codanna, ceann i ndiaidh a chéile, agus sa chuid deiridh déantar comparáid idir an réiteach agus an fhadhb. Is féidir, mar sin, timthriall deartha a thabhairt ar an modh oibre seo.

## Gerrchuntas ar an bhFadhb

Tá cuntas gairid soiléir thíos ar an bhfadhb atá le réiteach.

## Anailís ar an bhFadhb

Sula dtosaíonn tú ag lorg réitigh ar fhadhb ní mór duit tusicint shoiléir a bheith agat ar an bhfadhb sin. D'fhéadfá tosú trí gach a bhfuil ar eolas agat faoin bhfadhb a scríobh síos. Ansin d'fhéadfá liosta ceisteanna a chur le chéile a dtabharfadadh a bhfreagraí míniú breise duit ar na feidhmeanna, na hairíonna agus na bacanna a bheadh i gceist, e.g. Céard le haghaidh an t-earra go díreach? Cé na hábhair atá ar fáil? An mbeidh sé sábháilte le húsáid? Chomh maith leis sin leag síos slata tomhais ar mhaithe leis an réiteach is fearr a roghnú. Is beag difríocht a bhíonn idir slata tomhais fadhb amháin teicneolaíochta agus fadhb eile teicneolaíochta; bíonn siad seo a leanas i gceist i bhformhór na gcásanna: sábháilteacht, costas, iontaofacht, éascaíocht úsáide, cuma, agus costas cothabhála. Ní bhíonn an tábhacht cheáonna leo sin ó thasc go tasc, e.g. i gcás coinneolaíochta níor mhór cuma mhaith a bheith air ach ní bheadh béim chomh mór ar an gcuma i gcás bara rotha. Beidh ort imscrúdú a dhéanamh chun eolas riachtanach a aimsiú.



FÍOR 13 TIMTHRIALL DEARTHA

### *Imscrídú*

An anailís ar an bhfadhb, ba cheart go léireodh sí an cineál eolais atá de dhíth orainn. Gheofá elolas ó dhaoine, as leabhair, irisí, catalóga, físeáin, sleamhnáin, agus as réitigh atá ann cheana féin.

### *Réitigh Fhéidearthá*

Maidir leis an gguardach ar réiteach, beidh na gníomh-aíochtaí seo a leanas ina gcuid de: smaointe nua a chumadh, leaganacha nua de sheansmaointe a úsáid, agus smaointe as réitigh eile a úsáid. Gach smaoineamh nó réiteach a thagann chugat, coinnigh cuntas orthu le sceitsí agus le nótáí.

Ná caith an iomarca ama ag oibriú amach mionsonraí ag an túis. Is fearr iarracht a dhéanamh a lán réiteach éagsúil a fháil. Má chaitheann tu an iomarca ama le réiteach amháin ní bheidh fonn ort a thuilleadh guardáigh a dhéanamh. Ar aon nós, is iondúil gur féidir fiúntas réitigh a mheas ó chreatlach ginearálta.

Bealach maith chun tabhairt faoin gguardach is ea an fhadhb a roinnt ina codanna. Ansin, oibrigh ar réiteach ar gach ceann de na codanna sin. Ceangail na réitigh sin (nó na fo-réitigh mar ba chirte a thabhairt orthu) le chéile ar roint bealaí difriúla ar mhaithe le rogha de réitigh ionmlána a fháil.

### *Cinneadh*

Ní mór duit anois an réiteach is feiliúnaí a roghnú. Chun é sin a dhéanamh, déan comparáid idir na feidhmeanna agus na hairíonna atá ag gach réiteach, agus na feidhmeanna agus na hairíonna atá liostaithe san anailís a rinne tú ar an bhfadhb ag an túis. Scrúdaigh an chaoi a bhfreagraíonn gach réiteach do na slata tomhais a leagadh síos, agus déan comparáid idir na réitigh éagsúla freisin. Ar deireadh, an réiteach a roghnaíonn tú, seiceáil an réitíonn sé an fhadhb a bhfuil cuntas uirthi sa ghearrchuntas ar an bhfadhb.

## Pleanáil

Ag an bpointe seo bíonn na rudaí seo a leanas le déanamh: mionsonraí an réitigh a roghnaítear a oibriú amach; línscocht oibre; liosta de pháirteanna (má tá roinnt páirteanna i gceist), agus an modh oibre agus t-ord ina ndéanfar an t-carra a oibriú amach. Bíonn na nithe seo a leanas i gceist sna mionsonraí: toisí, ábhair, próisis agus modhanna bailchríche. Bheadh mionsamhail den earra an-áisiúil ag an bpointe seo.

(*Antrapaiméadracht agus Eirgeanamaíocht*: Is é an bhrí atá le hantrapaiméadracht agus eirgeanamaíocht ná earraí a dhearadh sa chaoi go mbeidh an mhéid cheart iontu agus dá réir sin go mbeidh siad éasca, compordach agus éifeachtach le húsáid. Bailiúchán de thoisí an duine is ea sonraí antrapaiméadrachta agus cuireann siad ar chumas dearthóirí toisí oiriúnacha a oibriú amach le haghaidh earraí, e.g. boird agus cathaoireacha. Is é is eirgeanamaíocht ann sonraí antrapaiméadrachta a úsáid ar an gcaoi sin.)

## Déanamh

Déanann tú an t-earraanois de réir mar atá pleanáilte agat.

## Measúnú

Tástáil an t-earra féachaint cé chomh maith agus a oibríonn sé, agus cé chomh maith is a réitíonn sé an fhadhb bhunaidh. Tugann sé seo ar ais thú go dtí an gearrchunkas ar an bhfadhb. Mura bhfuil an réiteach sásúil ní mór mionathruithe a dhéanamh air, nó oibriú tríd an timthriall arís.

## Sampla d'Fhadhb Dheártha

Seastán taephota, a bheidh le déanamh i gceardlann na scoile, a dhearadh.

## Anailís ar an bhFadhb

- 1 Is gnách gur chóir go mbeadh seastán taephota feiliúnach le haghaidh taephotaí móra agus beaga.
- 2 Ní mór dó a bheith in ann an taephota a choinneáil socair, gan aon bhaol ann go n-iompódh sé.
- 3 Ní mór dó a bheith in ann an teas a stopadh ó dhul ón taephota go dtí an bord.

4 Ní fhéadfaidh sé an bord a mharcáil ná a scríobadh.

5 Ní mór dó a bheith in ann teas an taephota a sheasamh.

6 Ní mór dó a bheith ornáideach.

7 Ní mór do do dhearadh na nithe seo a chur san áireamh: an trealamh atá ar fáil, agus do chuid scileanna.

## Ceisteanna

Cé mhéad ama atá ar fáil chun an seastán a dhéanamh?

Cé na hábhair atá ar fáil agus cé mar atá siad ó thaobh a bheith oiriúnach.

## Slata Tomhais

Bheadh na slata tomhais seo i gceist: sábhálteach, costas, iontaofacht, éascafocht úsáide, agus cuma. Bheadh an-tábhacht le sábhálteach.

## Inscríudú

Foinsí maihe eolais iad tithe, siopaí, bialanna, leabhair, catalóga, agus daoine. Chuirfeadh do mhúinteoir comhairle ort maidir leis an méid ama a bheadh ar fáil leis an seastán a dhéanamh.

## Ábhair

Tá miotail láidir ach ní inslitheoirí teasa iad, agus d'fhéadfaidís an bord a scriobadh. Bheadh roinnt miotal an-tarraingteach, e.g. prás agus alúmanam.

Cé go bhfuil teirmeaplaistigh somhúnlaithe agus tarraingteach, d'éireoidís bog le teas.

D'fhéadfaí roisín poileistire a úsáid. D'fhéadfaí é a theilgean ina thí thiubh agus a láidriú le snáithín gloine. D'fhéadfaí an chuma atá air a fheabhsú trí ornáid a neadú ann nó trína phéinteáil.

Bheadh caitheamh maith agus acmhainneacht ar theas i dtíleanna ceirmeacha. D'fhéadfaí iad a ghreamú de thráidire miotail.


Inslitheoir maith é an t-adhmaid agus ní scríobfadh sé an bord, agus seans go mbeadh sé an-tarraingteach. B'fhéidir go bhfágfadh tae smál ar a dhromchla, áfach, agus d'fhéadfadh teas dochar a dhéanamh do bhailchríoch vearnaíse.

### Réitigh eile


- D'fhéadfá an fhadhb a roinnt mar seo a leanas:
- 1 Bealach a aimsiú chun an teas a stopadh ó dhul ón taephota go dtí an bord.
  - 2 Bealach a aimsiú chun nach marcálfaí an bord.
  - 3 An cruth a bheidh ar an seastán a dhearadh.

### Réitigh ar Uimh. 1


- a An seastán a dhéanamh as ábhar inslitheach.  
 b Ciseal d'ábhar inslitheach a ghreadamú d'uachtar nó d'fochtar an tseastáin.




(a)




(b) 3 CHOS




(c) 4 CHOS




(d) 3 CHOS SHORCÓIREACHA




(e) 3 CHOS




(f) 3 GHRÁINNE IOMPAIR MAR CHOSA



(g) SEASTÁN ADHMAID




BONN




RUDAÍ LEABAITHÉ  
I ROISÍN TEILGTHE

(h)


BAISE UAINÉ GREAMAITHE  
DÁ ÍOCHTAR



(i) TRÁIDIRE MIOTAIL



TRÁIDIRE  
MIOTAIL



BARRA  
CIORCLACH  
LÚBTHA

(k)

FÍOR 14 SEASTÁIN: CRUTHANNA DIFRIÚLA

### Réitigh ar Uimh. 2

- a An seastán a dhéanamh as ábhar nach scríobann — adhmad, abair.
- b Ciseal d'ábhar bog a ghreamú d'íochtar an tseastáin. Dá mbeiff le ciseal d'ábhar bog inslitheach — corc, abair, a ghreamú d'íochtar an tseastáin, seans go réiteofaí an dá fhadhb.

### Réitigh ar Uimh. 3

Tá cruthanna éagsúla i bhFíor 14.


### Cinneadh

Anois déanaimid na réitigh éagsúla mar atá thuas a mheas. Roghnóimid an réiteach i bhFíor 14.b agus déanaimid é a fhorbairt.

Greamóirmid ciseal d'ábhar bog inslitheach de chosa an tseastáin chun an teas a stopadh ó dhul go dtí an bord, agus sa chaoi nach marcálfar an bord.

### Pleandáil

Bheadh alúmanam leatháin, 1.5 mm ar tiús, feiliúnach le haghaidh an tseastáin. Bheadh sé somhúnlaithe agus




tarraingteach. D'fhéadfaí é a shnasú nuair a bheadh an seastán múnlaithe.

Ní mór duitanois méid an tseastáin a phleanáil, agus límfiocht oibre a dhéanamh; féach Fíor 15.

### Déanamh

Ní mór a bheith cúramach nach marcáltear ná nach scrióhtar an t-alúmanam nuair a bheidh an seastán á dhéanamh.

- (1) Marcáil amach déanamh an tseastáin ar an leathán alúmanaim. Féadfaidh tú na himlínte a tharaingt le scrióbaire ach is le peann luaidhe a tharraingtítear na línte eile.
- (2) Druileáil sé pholl  $\phi 10$  mar mhaisiú.
- (3) Gearr as an fulleach taobh amuigh le sábh mín.
- (4) Gearr amach an fuilleach sa lár le líomhán teannais.
- (5) Déan líomhadh isteach go dtí na línte.
- (6) Déan líomhadh tarraingthe ar na faobhair.
- (7) Cuir na lúba sna cosa. Is fearr na lúba amuigh a dhéanamh ar dtús.
- (8) Snasaigh an seastán.
- (9) Marcáil amach na hinslitheoirí coirc agus gearr iad.
- (10) Gliúáil na píosaí coirc de na cosa.



FORBAIRT AN tSEASTÁIN



ÁBHAIR LEATHÁN ALÚMANAIM 155x155x1.5 PÍOSAÍ COIRC GREAMACHÁN
---

## Measúnú

Seiceáil cé chomh maith agus a fheileann an seastán don úsáid a bhainfear as.

## Aireagáin agus Fionnachtana


Seo a leanas liosta de dhaoine a chuir go mór le forbairt na teicneolaíochta. Ar ndóigh tá go leor daoine eile i gceist ach níl spás ach do liosta teoranta i leabhar mar seo. Tá dáta na hócáide tugtha (go garbh) freisin.

Aireagóir	Bliain	Toradh
William Gascoigne (Sas.)	1636	An Micriméadar
Robert Boyle (Éire)	1662	An Gaol idir Toirt agus Brú Gáis
Thomas Newcomen (Sas.)	1712	An tInneall Gaile
James Watt (Alb.)	1769	Inneall Gaile ina raibh Comhdhlúthadán ar leith
Eli Whitney (S.A.M.)	1793	Inneall Scartha Cadáis. Modhanna olltáirgthe, 1798
Alessandro Volta (An Iod.)	1800	An Bataire Leictreach
Henry Maudslay (Sas.)	1800	An Deil Ghearrtha Scriúnna
Richard Trevithick (Sas.)	1802	An tInneall Gaile Ardbhrú. An tInneall Gaile Traenach, 1804
Humphrey Davy (Sas.)	1815	Lampa sábhála mianadóra
Karl von Sauerbronn (An Ghear.)	1816	An Rothar
John Walker (Sas.)	1827	An Lasán
James Neilson (Alb.)	1828	Réamhthéamh an aeir don Fhoirnéis Soinneáin
An tAth. Nicholas Callan (Éire)		An Corna Induchtaithe — bhí deacracht aige aitheantas a fháil dá shaothar
Michael Faraday (Sas.)	1831	An Mótar Leictreach agus an Dineamó
Samuel Colt (S.A.M.)	1836	An Gunnán
Charles Goodyear (S.A.M.)	1839	Rubar Bolcáinithe
Elias Howe (S.A.M.)	1846	An Meaisín Fuála
Walter Hunt (S.A.M.)	1849	An Biorán Dúnta
William Kelly (S.A.M.)	1851	An prionsabal chun cruach a tháirgeadh trí aer a shéideadh trí mhuciarann leáite
Alexander Parkes (Sas.)	1855	Ceallalóid
Henry Bessemer (Sas.)	1856	Próiseas Bhessemer chun cruach a dhéanamh
William Siemens (An Ghear.)	1856	Foirnéis an Teallaigh Oscaillte
Cyrus W. Field (S.A.M.)	1866	Cábla Trasatlantach idir Talamh an Éisc agus Éirinn
Christopher Sholes (S.A.M.)	1867	An Clóscríobhán
Alexander Graham Bell (Alb.)	1876	An Teileafón
Thomas Edison (S.A.M.)	1877	An Fónagraf. An Lampa Leictreach Gealbhruthach, 1879. Fuair Edison paitinn ar bhreis agus 1,000 aireagán.
Nicholas Otto (An Ghear.)	1876	An tInneall Ceithre Bhuille
Dugald Clerk (Alb.)	1878	An tInneall dhá bhuille
Marcus Daly (Éire)	1883	Mianadóireacht agus Bruithniú Mian Copair
Charles A. Parsons (Éire)	1884	An Tuirbín Gaile

Aireagóir	Bliain	Toradh
Gottlieb Daimler (An Ghear.) & Karl Benz (An Ghear.) — neamhspleách ar a chéile	1885	Inneall an Ghluaiseáin
John B. Dunlop (Alb.) — chónaigh sé i mBéal Feirste	1888	An Bonn Neomatach
George Eastman (S.A.M.)	1888	Ceamara Kodak
Whitcomb Judson (S.A.M.)	1892	An Sipdhúntóir
Rudolf Diesel (An Ghear.)	1892	An tInneall Díosail
James Dewar (Alb.)	1892	An Folúsfhlaigín
Guiglielmo Marconi (An Iod.)	1895	Teileagrafaíocht Raidió
Joseph J. Thomson (Sas.)	1897	Fuair sé amach faoin Leictreon
John P. Holland (Éire)	1898	An Fomhuireán
Wilbur agus Orville Wright (S.A.M.)	1903	An tEitleán
Ambrose Fleming (Sas.)	1904	An Chomhla Raidió (an dé-6id)
Albert Einstein (An Eil.)	1905	Teoiric na Coibhneasachta
Leo Bakeland (An Bheilg)	1909	Bácaillít
Henry Ford (S.A.M.)	1913	Monarú Líne Cóimeála
John L. Baird & daoine eile	1925	An Teilifíseán
Frank Whittle (Sas.)	1930	Inneall an Scairdeitleáin
Heinrick Focke (An Ghear.)	1937	An Héileacaptar
Wallace Carothers (S.A.M.)	1938	An Níolón
J.P. Eckert & J.W. Mouchly (S.A.M.)	1946	An Ríomhaire Leictreónach
John Bardeen, Walter Brattain & William Hockley (S.A.M.)	1948	An Trasraitheoir
Theodore Maiman (S.A.M.)	1960	An Léasar

### *Ceisteanna faoi Chaibidil 16*


1. Tarraing ingearchló agus bonnchló comhghreamaire (Fíor 16) ar pháipéar greille cearnógach.



FÍOR 16

2. Tarraing líníocht thríthoiseach de theanntán uirliseora ar pháipéar greille isiméadrach.

3. Tá seastán iarann sádrála léirithe i bhFíor 17. Leag amach na mionsonraí a bhaineann leis agus tarraing líníocht oibre lena aghaidh.



FÍOR 17

4. Dear coinnleoir agus déan líníocht oibre de do réiteach.

SNÁITHEANNA MÉADRACHA GARBHA 1S0			
MÉID AN SCRÍÚ	CÉIM AN tSNÁITHE	MÉID AN CHASDRUILIRE TAPÁLA	MÉID AN CHASDRUILIRE SCÓIPE
M2	0.40	1.60	2.05
M2.5	0.45	2.05	2.60
M3	0.50	2.50	3.10
M4	0.70	3.30	4.10
M5	0.80	4.20	5.10
M6	1.00	5.00	6.10
M8	1.25	6.80	8.20
M10	1.50	8.50	10.20
M12	1.75	10.20	12.20

**Inside Page Blank**

# Foclóir Gaeilge-Béarla

## A

acmhainn *b2* capacity; endurance, ability to withstand  
 adhairt *b2* bolster  
 adhairt *b2* seamúcháin rivetting  
 bolster  
 aerobach *a* air-tight  
 aghaidhsciath *b2* face-shield  
 aigéadfhriotaíoch *a* acid-resisting  
 ailtéarnóir *fr3* alternator  
 aimhréidh *a* intricate  
 aireagán *fr1* invention  
 aireagóir *fr3* inventor  
 áireamhán *fr1* calculator  
 airí *b4* property, characteristic  
 áís *b2* éisteachta hearing-aid  
 aistreog *b2* cuimilte rub-down  
 transfer  
 allúntas *fr1* allowance  
 alt *fr1* joint  
 alt *fr1* scairfe scarf-joint  
 amhiaran *fr1* iron-ore  
 anóid *b2* anode  
 anóid *b2* íobartach sacrificial anode  
 aom *br* attract  
 aomtha *g mar a* of attraction  
 aonad *fr1* amharcthaíseána  
 (AAT) visual display unit  
 aonad *fr1* sreibhánaithe fluidizing  
 unit  
 aonfhoirmeach *a* uniform  
 aonghearrtha *a* single-cut  
 aonghnéitheach *a* monotonous  
 aonocsaíd *b2* charbóin carbon  
 monoxide  
 aonrinne *g mar a* single-point

## Noda

<i>a</i>	aidiacht
<i>b</i>	baininscneach
<i>br</i>	briathar'
<i>fr</i>	firinscneach
<i>g mar a</i>	ginideach mar aidiacht
<i>iol</i>	iolra
<i>r</i>	réimír
<i>1, 2, 3, 4</i>	1ú, 2ú, 3ú, 4ú díochlaonadh

ardteanntachta *g mar a* high tensile  
 ardú *fr* raising  
 as alt off, out  
 aslonnú *fr* evacuation

## B

bácáil *b3* firing  
 bácáil *br* fire  
 bacart *fr1* square  
 bacart *fr1 láir* centre square  
 bailchríoch *b2* finish  
 ball *fr1* part  
 ball *fr1 ceaptha* trapping member  
 bánáe *a* white-hot  
 barra *fr4 bogtha* pinch bar (pry  
 bar)  
 barradh *fr (of tool)* tipping  
 barrchaolú *fr* tapering  
 barrchaolúchán *fr1* tapering  
 barrtha *a (of tool)* tipped  
 béal *fr1 (of drill)* lip  
 bealadh *fr1* grease  
 bile *b4* rim  
 billéad *fr1* billet  
 bíomal *fr1 rotha* wheel-brace  
 biorán *fr1 dúnta* safety-pin  
 bíos *b2* vice  
 bíos *b2 phionna* pin vice  
 bísghreadamán *fr1* vice-grips  
 bodhar *a (of sound)* dull  
 bogábhar *fr1* software  
 boilgeitseáil *b3* bubble-etch  
 bosc *fr1* bush  
 braiteoir *fr3* sensor  
 brat *fr1* coat  
 brataigh *br* coat

bratú *fr* coating  
 breacadh *fr* mottling  
 breiseán *fr1* extra, additive  
 brisce *b4* brittleness  
 bruithniú *fr* smelting  
 buan *a* permanent  
 bunsruth *fr3* base current  
 bunvoltas *fr1* base voltage  
 burra *f4* burr

## C

cailipéar *fr1* callipers  
 cailipéar *fr1 ailt dhocht* firm-joint  
 callipers  
 cailipéar *fr1 corrchosach* odd-legs  
 callipers  
 cailipéar *fr1 inmheánach* inside  
 callipers  
 cailipéar *fr1 seachtrach* outside  
 callipers  
 caipín *fr4 le feadán* cap-to-tube  
 cairtí *fr4* go-kart  
 caoch *a (of hole)* blind  
 caordhearg *a* cherry-red  
 casdruilire *fr4* twist-drill  
 castaire *fr4* spanner  
 casúr *fr1* hammer  
 casúr *fr1 blocála* blocking-hammer  
 catalíseach *fr1* catalyst  
 ceallalóid *b2* celluloid  
 ceam *fr3 pláta chomhréidh* flat-  
 plate cam  
 ceam *fr3 rothlach* rotary cam  
 ceannleacaithe *a (of screw head)*  
 countersunk  
 ceap *br* invent; catch

**ceap** *fr1* 1 stock 2 (*of drill*) body  
 3 stake  
**ceap** *fr1* goib bick-iron  
**ceap** *fr1* leathghealaí half-moon  
 stake  
**ceap** *fr1* tonnadóra funnel stake  
**ceap** *fr1* tua hatchet stake  
**ceapachóir** *fr3* pawl  
**ceapachóir** *fr3* inchúlaithe  
 reversible pawl  
**ceartingearach** *a* vertical  
**céim** *b2* (*of screw*) pitch  
**céimnithe** *a* (*of motor*) stepped  
**céimnitheach** *a* (*of motor*) stepper  
**ceirmeach** *a* ceramic  
**ceirt** *b2* rag  
**ciorcad** *fr1* srathach series circuit  
**cíortha** *a* serrated  
**ciumhais** *b2* edge  
**clampa** *fr4* clamp  
**clampa** *fr4* bíse vice clamp  
**cloachladán** *fr1* transformer  
**clib** *b2* tag  
**clingeach** *a* (*of sound*) ringing  
**cnámhóga** *iol* clinker  
**cnó** *fr4* nut  
**cnó** *fr4* caisealta castle nut  
**cnó** *fr4* slotánach slotted nut  
**cnó** *fr4* teannais tensioning nut  
**cnoga** *fr4* (*of combination set*) head  
**cnoga** *fr4* uillinn tomhais protractor  
 head  
**cód** *fr1* leanúna continuation code  
**coigeartaigh** *br* adjust  
**cóimhiotal** *fr1* alloy  
**cóimhiotalaigh** *br* alloy  
**coinneálái** *fr4* holder  
**coinneálái** *fr4* urlise tool-holder  
**comh-ard** *fr1* of equal height, level  
**comh-ard** le chéile equally high,  
 level with each other  
**comhbáhar** *fr1* element  
**comharthaíocht** *b3* signalling  
**comhbhall** *fr1* component  
**comhbhrú** *fr* compression  
**comhdhlúthadán** *fr1* condenser  
**comhfhad** *fr1* equal length  
**comhfhiúasach** *a* covalent  
**comhglasáilte** *a* interlocking  
**comhgnásach** *a* conventional  
**comhghreamaithe** *a* meshing  
**comhla** *b4* valve, door  
**comhlárnoch** *a* concentric  
**comhleá** *fr* fusion  
**comhleáigh** *br* fuse

**comhoiriúnach** *a* mating  
**comhréidh** *a* flat  
**comhréir** *b2* proportion  
**compás** *fr1* compasses  
**compás** *fr1* eiteach wing-compasses  
**cónaí** *fr4* dwell  
**conair** *b2* path  
**corná** *fr4* coil  
**crág** *b2* clutch  
**crág** *b2* chrobhach claw clutch  
**crann** *fr1* iompair arbor  
**creimneach** *a* corrosive  
**crofleacán** *fr1* core  
**cromán** *fr1* crank  
**cromán** *is* sleamhnóir crank/slider  
**cromroth** *fr3* rothlach rotary  
 motion crankwheel  
**cruach** *b4* steel  
**cruach** *b4* ardcharbóin high carbon  
 steel  
**cruach** *b4* ardteanntachta high  
 tensile steel  
**cruan** *fr1* enamel  
**cruán** *fr1* hardie  
**cruanadh** *fr* enamelling  
**cruthmhúnlóir** *fr3* swage  
**cuarán** *fr1* sandal  
**cuasán** *fr1* chamber  
**cuasú** *fr* hollowing  
**cúisíniú** *fr* cushioning  
**cuisle** *b4* (*of drill*) flute  
**cúlail** *b3* backing  
**cumar** *fr1* junction  
**cumasc** *fr1* compound  
**cumasc** *fr1* snasaithé polishing  
 compound  
**cúrphlaisteach** *fr1* (*of plastics*) foam

## D

**dáileoir** *fr3* (*of engine*) distributor  
**dallán** *fr1* plug  
**dealbhóireacht** *b3* sculpturing  
**déanmháfocht** *b3* formation  
**dearadh** *fr* design  
**dearbhsionrái** *iol* absolute data  
**dearbhthoisiú** *fr* absolute  
 dimensioning  
**déghearrtha** *a* double-cut  
**deil** *b2* ghearrtha scriúnna screw-cutting lathe  
**deilbhígh** *br* form, shape  
**deilbhíú** *fr* forming, shaping  
**deileadh** *fr* turning  
**deimheas** *fr1* shears

**deirmitíteas** *fr* dermatitis  
**deis** *b2* appliance, means  
**dénártha** *a* binary  
**dé-íd** *b2* sholas-astafoch (DSA)  
 light-emitting diode (LED)  
**díchum** *br* distort  
**díchumadh** *fr* deformation  
**díchumadh** *fr* buan permanent  
 deformation  
**digiteach** *a* digital  
**dílsithe** *a* proprietary  
**dípháirtiú** *fr* parting off  
**díreog** *b2* jig  
**docht** *a* rigid  
**dochte** *a* rigidity  
**doirnín** *fr4* handpiece  
**doirteal** *fr1* sink  
**dordánaí** *fr4* buzzer  
**dramhchrúach** *b4* steel scrap  
**dramhiarann** *fr1* scrap-iron  
**dreach** *fr3* appearance  
**droichead** *fr1* bridge piece  
**droimín** *fr4* (*of drill*) land  
**dromchlú** *fr* surfacing  
**DSA** (**dé-íd** sholas-astafoch) LED  
 (light-emitting diode)  
**dual** *fr1* dowel  
**dúnpholl** *fr1* man-hole

## E

**éadan** *fr1* 1 face 2 (*of bar or cylinder*)  
 end  
**eagar** *fr1* cobhsáí stable  
 arrangement  
**éalárnach** *a* eccentric  
**éartha** *a* repulsive  
**eashbrú** *fr* extrusion  
**eashbrúigh** *br* extrude  
**éignigh** *br* force  
**éigríochta** *a* infinite  
**etire** *b4* groove  
**eitsfhriotaíoch** *a* etch-resistant  
**eochairchaoi** *b4* key-way  
**eochairchlais** *b2* key-seat

## F

**faobhar** *fr1* edge  
**faobhar** *fr1* tagra datum-edge  
**fásáil** *br* face  
**fásáil** *fr3* facing  
**feadán** *fr1* tube, duct  
**feadán** *fr1* le balla tube-to-wall

feadán *fr1* teallaigh tuyere  
 feadán *fr1* trí phláta tube through plate  
 feanol *fr1* phenol  
 fearacht like, as  
 fearas *fr1* equipment, appliance  
 féideartha *a* possible  
 feidhm *b2* function  
 féinmhúchtach *a* self-extinguishing  
 feirb *b2* bead  
 feirbthe *a* beaded  
 feire *fr4* projecting rim, flange  
 feiste *b4* sprice targetting device  
 feistiú *fr* fitting  
 fiaradh *fr* shearing  
 fíochán *fr1* weave  
 fionnachtain *b3* discovery  
 fionnbhuí *fr4* straw-coloured  
 fionnbhuí *fr4* dorcha dark straw  
 fionnbhuí *fr4* éadrom light straw  
 fíriarann *fr1* pure iron  
 fithis *b2* orbit  
 fleascadh *fr* (of roof) flashing  
 foghearradh *fr* undercutting  
 foirb *br* knurl  
 foirbeadh *fr* knurling  
 foirceann *fr1* end, extremity  
 foirmeán *fr1* former  
 foirnéis *b2* furnace  
 foirnéis *b2* soinneáin blast furnace  
 foirnéis *b2* suaite puddling furnace  
 forbairt *b3* development  
 forbhall *fr1* attachment  
 forfhillte *a* (of seam) overfolded  
 forluí *fr4* overlap  
 forluigh *br* overlap  
 formáildéad *fr1* feanóil phenol  
     formaldehyde  
 formhéadú *fr* magnification  
 forscáth *fr3* canopy  
 fosaitheach *a* fixed  
 fóta-dhé-ód *b2* photodiode  
 fotha *fr4* feed  
 fotha/nóim. feed/min.  
 fotha/rothlú feed/rev.  
 fothaigh *br* feed  
 freangadh *fr* contortion  
 friotóir *fr3* plogála plug-in resistor  
 friotóir *fr3* solas-spleách light-dependent resistor  
 friteasa *g mar a* refractory, heat-resistant  
 frithchaiteoir *fr3* reflector  
 frithchreimneach *a* corrosion-resistant

frithchuimilt *b2* friction  
 FSS (friotóir solas-spleách) LDR  
     (light-dependent resistor)  
 fuaraitheoir *fr3* coolant  
 fuíoll *fr1* surplus, residue,  
     remainder  
 fuíollábhar *fr1* waste material,  
     waste

## G

gág *b2* crack, crevice  
 gaireas *fr1* device, apparatus  
 gang *fr3* gong  
 gar- *r* approximate  
 garbhaigh *br* roughen  
 gar-thrastomhas *fr1* approximate  
     diameter  
 gealbhruthach *a* incandescent  
 gearrthóir *fr3* snáithe sheachtr-aigh external thread-cutting tool  
 gearrthóir *fr3* taoibh side cutters  
 giarsa *fr4* joist, beam, girder  
 giarshraith *b2* gear train  
 glédhearg *a* bright red  
 gliogarnaíl *b2* chatter  
 gloiniú *fr* glazing  
 glóthach *b2* gel  
 gníomháí *fr4* agent  
 gníomháí *fr4* fuasailte release agent  
 gníomhú *fr* action  
 gníomhú *fr* ribeach capillary action  
 gobadh *fr* amach stickout  
 grádúchán *fr1* (of ruler etc.) graduation  
 greadfach *b2* stinging pain  
 greamachán *fr1* adhesive  
 greamaire *fr4* pliers  
 greamaire *fr4* gáis gas pliers  
 greamán *fr1* grip  
 greanáil *b3* sanding  
 greannú *fr* irritation  
 guaire *fr4* bristle  
 guma *fr4* gum  
 guma *fr4* tragacaint tragacanth gum  
 gunnán *fr1* revolver

## I

ianach *a* ionic  
 iarann *fr1* rásála fuller

iltomhsaire *fr4* combination set  
 imchochallú *fr* encapsulation  
 imir *b2* tint  
 imscríobh *br* describe  
 imscrúdú *fr* investigation  
 imthacaí *iol* bearings  
 inchoigearraighe *a* adjustable  
 ingearach *a* perpendicular  
 inneall *fr1* gaile steam engine  
 inneall *fr1* scartha cadáis cotton gin  
 insamhladh *fr* simulation  
 inscríobh *br* inscribe  
 inteirmeabhogtha *a* thermo-softening  
 intuargainte *a* malleable  
 intuargainteacht *b3* malleability  
 íobartach *a* sacrificial  
 íomhá *b4* scátháin mirror image  
 íon *a* pure  
 ionad *fr1* fosaithe (of tool) park position  
 ionannaigh *br* equate  
 ionchur *fr1* input  
 ionsáiteán *fr1* insert  
 ísealdlúis *g mar a* low density

## L

ladar *fr1* tine fire-slice  
 laicear *fr1* lacquer  
 lamháltas *fr1* tolerance  
 lann *b2* blade  
 láraonad *fr1* próiseála (LAP)  
     central processing unit (CPU)  
 lasc *b2* bhrúchnaipe push-button switch  
 lasc *b2* luascaire rocker switch  
 lasc *b2* phlogála plug-in link  
 lasc *b2* scoráin toggle switch  
 lasc *b2* shleamhnáin slide switch  
 leaba *b4* shreabhánaithe fluidized bed  
 leabaithe *a* embedded  
 leabhrú *fr* drawing down  
 leacaigh *br* 1 flatten 2 countersink  
 leaistiméir *fr3* elastomer  
 leath *br* spread  
 leathadóir *fr3* flatter  
 leicneán *fr1* washer  
 lí *b4* pigment  
 lián *fr1* trowel  
 ligean *fr1* (between components) play  
 líneáil *b3* lining

líneáil *b3* fhriteasa refractory lining  
 líomhán *fr1* file  
 líomhán *fr1* aonghearrtha single-cut file  
 líomhán *fr1* dé-ghearrtha double-cut file  
 líomhán *fr1* sáibh mhuilinn mill-saw file  
 líonach *fr1* filling  
 lionsaí *iol* lenses  
 lionsaí *iol* tadhaill contact lenses  
 líontán *fr1* small net  
 líontán *fr1* panna panning mesh  
 lód *fr1* load  
 log *fr1* hollow, pit, depression  
 logán *fr1* small hollow, depression, pit  
 logú *fr* sinking  
 lonrach *a* shining, bright, brilliant  
 losaid *b2* bhogchláir soft-board  
 losaid *b2* ciorcaid phriontálite (LCP) printed circuit board (PCB)  
 luamhán *fr1* lever  
 luamhán *fr1* fothaithe feed lever  
 luasaire *fr4* accelerator  
 luascaire *fr4* rocker  
 luascaire *fr4* oibrithe operating rocker  
 luathoscaile *a* quick-release  
 lucht *fr3* charge

## M

maide *f4* tuisle trip bar  
 maighdeog *b2* pivot  
 máilléad *fr1* mallet  
 máilléad *fr1* basála bossing mallet  
 máinliacht *b3* surgery  
 masc *fr1* scagtha filter mask  
 meándearg *a* medium-red  
 meántrastomhas *fr1* mean diameter  
 measún *fr* assessment  
 mian *fr1* copair copper ore  
 mínglanadh *fr* refining  
 míleacú *fr* planishing  
 míoca *fr4* mica  
 mionrabh *b2* small fragments, shreds, filings  
 mionsamhail *b3* model  
 miontrealamh *fr1* tógála construction kit  
 miotalóireacht *b3* metalwork

miotalóireacht *b3* bhualte beaten metalwork

miotalóireacht *b3* leatháin sheet metalwork  
 mósaic *b2* mosaic  
 múch *b2* fumes  
 muileata *g mar a* diamond  
 muilleáil *b3* milling  
 muisiriúnach *a* mushroom  
 múnlú *fr* casting

## N

nascáil *br* bond  
 neadaigh (i) *br* set (in)  
 neamhphlaistithe *a* unplasticised  
 neamhrialta *a* haphazard  
 neomatach *a* pneumatic  
 nialas *fr1* zero

## O

ocsaíd *b2* oxide  
 ola *b4* bhlonage lard-oil  
 olachloch *b2* oilstone  
 ómra *a* amber  
 osán *fr1* hose

## P

paitinn *b2* patent  
 LCP (losaid ciorcaid phriontálite) PCB (printed circuit board)  
 pionna *fr4* coinneála retaining pin  
 pionnáil *b3* pinning  
 pionsúirín *fr4* tweezers  
 plaisteach *fr1* & *a* plastic  
 plaisteach *fr1* teirmithéachtach thermosetting plastic  
 plaistbhián *fr1* plasticizer  
 plaistithe *a* plasticised  
 plancghaibhniú *fr* drop-forging  
 plé *fr4* play  
 poileistiréin *b2* polystyrene  
 poileitiléin *b2* polyethylene  
 pointe *fr4* scoite stand off point  
 pollaire *fr4* páipeir paper-punch  
 prás *fr1* brass  
 prás *fr1* cartúis cartridge-brass  
 preabsheam *fr3* pop-rivet  
 preabsheamaire *fr4* pop-riveter  
 preabsheamaire *fr4* tlú-  
 shínteach lazy-tongs pop-riveter  
 priocdhruileáil *b3* peck drilling

prítil *b2* punch  
 prítil *b2* eitre groove punch

## R

radaíocht *b3* radiation  
 radairialú *fr* radio-controlled  
 ramhrú *fr* upsetting  
 rannadóir *fr3* dividers  
 raon *fr1* (of bearing) race  
 réad *fr3* object  
 réamaire *fr4* reamer  
 réamaire *fr4* pionnaí barr-chaolaithe taper-pin reamer  
 réamhshocraithe *a* predetermined  
 réise *b4* span  
 riailchiumhais *b2* straight-edge  
 rialtán *fr1* regulator  
 rialú *fr4* uimhriúil ríomhaire (RUR) computer numerical control (CNC)  
 ribeach *a* capillary  
 ríghneas *fr1* toughness  
 ríscriú *fr4* lead-screw  
 rite *a* taut  
 roghchlár *fr1* menu  
 roisínbhunach *a* resin-based  
 roithléán *fr1* reel  
 rothán *fr1* small wheel  
 rothán *fr1* troscáin castor  
 ruagaire *fr4* drift  
 RUR (rialú uimhriúil ríomhaire) CNC (computer numerical control)

## S

sádar *fr1* solder  
 sádar *fr1* flosc-chroíleacánach flux-cored solder  
 sainmharc *fr1* hallmark  
 sainmheáchan *fr1* specific gravity  
 sain-nasc *fr1* specific bond  
 samhail *b3* model  
 saotharphíosa *fr4* workpiece  
 scagach *a* porous  
 scaird *br* pour rapidly, gush  
 scairdeadh *fr* pouring, gushing  
 scairdeán *fr1* jet, spout  
 scála *fr4* óm ohm scale  
 scaoilteán *fr1* neomatach  
 coscán pneumatic brake release  
 sceall *fr3* scraper  
 scealp *b2* splinter

sceanra *fr4* cutlery  
 sciath *b2* shield  
 sciath *b2 chosanta* (*of machine*) guard  
 sciotadh *fr* rake  
 scóip *b2* clearance  
 scóip *b2 comhla* valve clearance  
 scoradán *fr1* teagmhála contact  
     breaker  
 scrábaire *fr4* scraper  
 scragall *fr1* foil  
 scragall *fr1 cócaireachta* cooking-foil  
 scragall *fr1 stáin* tinfoil  
 screamh *b2* (*of metal*) skin, crust,  
     case  
 screamh *b2 mhuilinn* mill-scale  
 screamhchruachan *b3* case-  
     hardening  
 screamhchruaigh *br* case-harden  
 scriú *fr4 ceannmhulcháin* cheese-  
     head screw  
 scriú *fr4 coigearaithe* adjusting  
     screw  
 scriúghearradh *fr* screw-cutting  
 scriúshnáithe *fr4* screw-thread  
 scriúshnáithe *fr4 aon tosaigh*  
     single-start thread  
 scriúshnáithe *fr4 dhá thosach*  
     double-start thread  
 seam *fr3 lúibe* link rivet  
 seam *fr3 piorra-chruthach* pear-  
     shaped rivet  
 seamaire *fr4* riveter  
 séata *fr4* set  
 seolán *fr1* lead  
 sincbhunaithe *a* zinc-based  
 slat *b2 tomhais* criterion  
 sleamhainbhealach *fr1* slide-way  
 sleamhnóir *fr3* slider  
 sleamhnú *fr* sliding  
 slis *b2* chip, shaving  
 slisirníneach *fr1* swarf  
 smeachán *fr1 seamanna* rivet snap  
 smeachsheam *fr3* snap-rivet  
 smearadh *fr* cosanta barrier cream  
 smiot *br* chip  
 snáithe *fr4* thread  
 snáithe *fr4 stróicthe* stripped  
     thread  
 snáithín *fr4* fibre  
 snáithín *fr4 gloine* fibreglass  
 snáithireacht *b3* thread cutting  
 snáthaid *b2* pointer  
 soc *fr1* (*of lathe*) nose

socróir *fr3 seamanna* rivet set  
 solanóideach *fr1* solenoid  
 sonra *fr4* detail  
 spéaclaí *iol cosanta* goggles  
 spealtar *fr1* spelter  
 spotéadanú *fr4* spot-facing  
 sraithcheangailte *a* connected in  
     series  
 sraithdhruileáil *b3* chain-drilling  
 sreabh *br* flow  
 sreabhán *fr1* fluid  
 sreabhán *fr1 gearrtha* cutting fluid  
 sreabháigh *br* fluidize  
 stagh *fr4* tie  
 stalcta *a* rigid  
 stánaigh *br* tin  
 stánbhratú *fr* tin-coating  
 stánú *fr* tinning  
 starr *b3* projection  
 stiallchlár *fr1* stripboard  
 stiall-losaid *b2* stripboard  
 stialltéiteoir *fr3* strip-heater  
 stopchnaipe *fr4 práinne* emergency  
     stop button  
 stróicthe *a* (*of thread*) stripped  
 stua *fr4* arc

## T

taca *fr4* support  
 tadhall *fr* touching  
 tairiseach *a* constant  
 taos *fr1* paste  
 taosach *a* pasty  
 tapa *fr4* tap  
 tapa *fr4 dalláin* plug tap  
 teanchair *b2* tongs  
 teanchair *b2 bhéaloscailte* open  
     mouth tongs  
 teanchair *b2 bholtaí* bolt tongs  
 teanchair *b2 chuasbhéil* hollow  
     mouth tongs  
 teanchair *b2 dhlúthbhéil* close  
     mouth tongs  
 teann *br* tighten  
 teannas *fr1* tension  
 teanntán *fr1* clamp  
 teaschoimeádach *a* heat-retaining  
 teaschóireáil *b3* heat-treatment  
 teasdíonach *a* heat-insulating  
 teilgean *fr1* cast, casting  
 teilgthe *a* cast  
 teimhneach *a* opaque

téip *b2* tape  
 téip *b2 chumhdaigh* masking tape  
 teirmeaplaistigh *iol* thermoplastics  
 teirmeastar *fr1* slaité rod  
     thermistor  
 teirmithéachtach *a* thermosetting  
 timthriall *fr3* cycle  
 timthriall *fr3 cannaithe* canned  
     cycle  
 tochrán *fr1* winding  
 tocras *fr1* winding  
 toilleadh *fr* capacity  
 toilleoir *fr3* capacitor  
 tóireadóir *fr3* probe  
 toirsíún *fr1* torsion  
 toirt *b2* volume  
 toisiú *fr* incriminteach incremental  
     dimensioning  
 trasnach *a* crosswise  
 trasnáil *b3* traverse  
 trasraitheoir *fr3 plogála* plug-in  
     transistor  
 treá *fr4* penetration  
 trédhearcacht *b3* transparency  
 trépholl *fr1* through-hole  
 tríroinn *br* trisect  
 tríroinnt *b2* trisection  
 troitheán *fr1* pedal  
 trucail *b2 chlaonardaithe* tipper  
     truck  
 tuargaint *b3* striking  
 túirín *m4* turret

## U

uillinn *b2* angle  
 uillinn *b2 chuimsithe* included  
     angle  
 uillinn *b2 iarainn* angle iron  
 uillinn *b2 sciota* rake angle  
 uillinn *b2 scóipe* clearance angle  
 uillinntomhas *fr1* protractor  
 uillinntomhas *fr1 innealtóra*  
     engineer's protractor  
 uillinntomhas *fr1 socrúcháin* setting  
     protractor  
 uirliseoir *fr3* toolmaker

**Inside Page Blank**

# Innéacs

## A

Ábhair, 8, 39, 250  
airfonna ábhar, 8  
Adamh, 1  
Adhmad, 31-34  
Aicrileach, 21-22, 25-29  
brúdheilbhiú, 29  
díreog, 29  
druileáil, 27  
foirmeán, 28-29  
leatháin, 25-29  
líomhadh, 25  
lúbadh, 28-29  
nascáil, 28  
oibriú, 25  
sábhadoireacht, 25  
snasú, 28  
teodheilbhiú, 28  
Ainéaladh, 140  
Aireagán, 255-256  
Áireamh ceardlainne, 137-139  
barra cearnógach, 138-139  
barra cioclach, 138  
fad ábhair a áireamh, 137-139  
leabhrú, 138-139  
luasanna rothlaithe, 85  
meántrastomhas, 137  
súil (cró) 137  
toirt roimh ghaibhniú, 138-139  
toirt tar éis gaibhniú, 138-139  
U-phósa, 137  
Áireamhán, 205  
Amadóir, 209-210  
Amhíarann, 6  
Anóidí fobartacha, 19  
Anóidiú, 19  
Aol, 6-8  
Aonad sreachánaithe, 150-151  
Aonaid phróisis, 207  
Aonocsaíd charbóin, 6  
Ardú, 124

## B

Bacart láir, 52  
Baill struchtúir: Cruthanna, 223-234  
Bealú, 235  
Beibheal, 51  
Beibhealghiaranna, 229-230  
Biotáille mharbh, 110  
Bís, 65-66, 131-132  
    bihinse, 65  
    choise, 131-132  
    clampaí na bíse, 65  
    láimhe, 65-66  
    mheaisín, 80  
    phionna, 66  
Bísghreadamán, 102  
Bloc scríobtha, 54  
Bogadhmaid, 31-32  
Bogshádráil, 110-113  
Bolgáin, 203, 210  
    filiméid, 203  
Boltaí, 98  
Braiteoirí, 207-208  
Bratú plaisteach, 150-151  
Breacadh, 145-146  
Brisce, 9  
*Britannia*, 127-128  
Brúdheilbhiú, 29  
Bruithniú, 9  
Buntáiste meicniúil, 225

## C

Cailipéir, 49-51, 57-59  
    corrchosach, 49  
    inmheánach, 50-51  
    seachtrach, 50  
Vernier, 57-59  
Vernier (cúram), 59  
Vernier a léamh, 59  
Carat, 127-128

Casdruilirí, 82-85, 161  
    fotha, 85  
    láir, 161  
    luas gearrtha, 85  
    meilt, 84  
    ruagaire casdruilirí, 84  
Castairí, 99-101  
Casúir, 75, 118-119, 122-124  
    bog, 75  
    crosphéine, 75  
    innealtóra, 75  
    péindíreach, 75  
    péine liathróide, 75  
    péineála, 118-119  
Casúireacht (bailechríoch), 146  
Catailíseach, 30-31, 42  
    réamhchúraimí, 31  
Ceamanna, 231-232  
    líneach, 232  
    rothlach, 231  
Ceapa, 119-120  
Cíor, 95  
Ciorcad, 199-201, 209-219  
    buán, 216-219  
    dearadh, 211-212  
    iomlánaithe, 209-210  
    simplí, 199-201, 212-215  
    srathach, 199  
    tóbáil, 215-219  
Ciumhaiseanna, 122  
    feirbthe, 122  
    sreangaithe, 122  
Cláir shaorga, 34  
Cloigín leictreach, 210, 239  
Clóríd since, 110  
Cluiche deaslámhacta, 200  
Cnoga, 52-53  
    bacairt, 52  
    bacairt láir, 52  
    iltomhsaire, 52  
    uillinntomhais, 52

Cnónna, 98  
Cóic, 6  
Comhdhúile, 1  
Comhghreamaire, 101  
Comhréir, 250  
Compás eiteach, 49  
Copar, 15-16  
Cothromaíocht, 250  
Craein, 200  
Crága, 233-234  
Cré-umha, 18  
  fosfair, 18  
  gunnamhiotail, 18  
Creimeadh, 19  
Cromáin, 234-235  
Cromroth, 235  
Crua-adhmaid, 32, 34  
Cruach, 6-8, 10-14  
  airgid, 10  
  ardcharbóin, 10  
  ardluais, 12  
  bhog, 10  
  charbóin, 10-11  
  chóimhiotail, 12  
  dhosmálta, 12  
  fhíorbhog, 10  
  mheáncharbóin, 10  
  theilgthe, 10  
  urlise, 10  
Cruachan, 139  
Cruán, 133  
Cruanadh, 148-149  
Cruas, 8  
Cruthmhúnlóir, 134  
Cuar, 69-70  
  cuasach, 69-70  
  dronnach, 69  
Cuasú, 123  
Cúrphlaistigh, 24

## D

Dearadh, 243-255  
  anailís, 250-251  
  cinneadh, 251  
  déanamh, 252  
  fadhb dhearthá, 252-255  
  gearrchuntas, 250  
  imscrúdú, 251  
  measúnú, 252  
  pleanáil, 252  
  réitigh, 251-254

ríomhchuidithe (DRC), 186  
timthriall deartha, 250-252  
Dearbhthoisiú, 166  
Deil, 152-189  
  airde (uirlisí gearrtha), 157  
  coinneálaí urlise, 155  
  barra tollta, 155-156  
  crágán, 153-154  
  crágán féinláráitheach 3 ghiall, 153-154  
  crágán 4 ghiall neamhspleácha, 154  
druileáil, 161-162  
imrothluithe sa nóiméad, 158  
iompróir na deile, 163-164  
lár deile, 163  
luas fhearsaid na deile, 158  
luas gearrtha (tábla), 158  
luas gearrtha (uirlisí), 158  
post urlise, 154-155  
pláta tiomána, 163-164  
*rev/min*, 158  
uillinneacha ar uirlisí gearrtha, 156-157  
uirlisí barrtha, 155  
uirlisí gearrtha, 155-158  
uirlisi tollta, 155-156  
Deileadh, 152-194  
  barraclaithe, 161  
  dípháirtiú, 162-163  
  dromchlú, 159-160  
  fásáil, 159-160  
  foghearradh, 163  
  foirbeadh, 162  
  sleamhnú, 159-160  
Deileadóireacht RUR (CNC), 164-189  
Deimheas, 117-118  
  binse, 118  
  láimhe, 117-118  
Dé-óid sholas-astafoch, 211  
Dineamó rothair, 201  
Dísle, 94  
Dóiteáin, 41-44  
  contúirtí, 41-42  
  leictreachas, 44  
  múchtóirí, 43  
Dramhchrúach, 6-8  
Dramhiarann, 1-2  
Druileáil, 79-89  
  miotal leatháin a dhruileáil, 85  
  suíomh poill a shocrú, 86  
Druilirí, 81-82  
  láimhe, 81-82  
  láimhe leictreach, 81-82

uchtdruilire, 81-82  
Dúile, 1

## E

Eirgeanamaíocht, 252  
Eitseáil, 148  
Eochair allen, 101  
Eocharchlais, 53  
  rialóir eochairchlaise, 53

## F

Fad ábhair, 137  
Faghairt, 139  
Faobhar, 45  
Feadán teallaigh, 7  
Fearas téite, 111-112  
Feiste aschuir, 207, 210-211  
Feiste próisis, 208-209  
Fionnachtana, 255-256  
Flosc, 110, 114  
Foinsí cumhactha, 195-196  
Foirnéis soinneáin, 6-7  
Formaildéad feanóil, 23  
Fosfar, 8  
Fotha/nóim., 167  
Fotha/rothlú, 167  
Friotaíocht, 196-198  
Friotóirí, 205-207  
Fritolladh, 87  
Fuarhiséisíl, 73-74  
  a dheilbhiú agus a theaschóireáil, 141-142  
  siséal cothrom, 73  
  siséal cros-sáfa, 74  
  siséal muileata, 74  
  siséal muisiriúnach, 73  
  siséal soc-chiorclach, 74

## G

Gaibhniú, 130-139  
  pointí faoin ngaibhniú, 134-135  
  uirlisí na tine, 131  
Gáis, 4-5  
Gaiste luch, 237  
G-chóid, 166-167  
Giaranna, 229-231  
Glas moirtíse, 238-239  
Gnáthchruachanna carbóin, 10-11  
Greamacháin, 115-116  
Greamairí, 101  
Greanadóireacht, 147-148

## I

Iarann, 6-7, 9-10, 13-14  
galbhánaithc, 14  
rásála, 134  
rocála, 120  
teilgthe, 9-10  
táirgeadh, 6-7  
Ilmhéadar, 198  
Iltomhsaire, 52-53  
Imthacaí, 235-236  
Inneoin, 131  
Inseoltacht, 9  
Insínteacht, 9  
Intuargainteacht, 9

## L

Laicearáil, 149  
Laiste, 238  
Lasca, 202, 205  
luascaire, 202  
solais tí, 202  
Leaba shreabhánaithe, 150-151  
Leabhrú, 135, 138  
Leachtanna, 5  
Leacú, 87  
Leaisteachas, 9  
Leathadóir, 133-134  
Leicneáin, 98-99  
Leictreonaic, An, 205-220  
córais, 207  
Líníocht, 243-248  
isiméadrach, 245  
phictiúrtha, 244  
Línte, cruthanna agus dathanna, 249-250  
comhréir, 249  
cothromáíocht, 250  
cumasc, 249  
rithim, 250  
Líomhadh, 68-70  
cuasach, 69-70  
croslíomhadh, 68  
dronnach, 69  
tarraigthe, 69  
Líomháin, 66-70  
aonghearrtha, 67  
carda líomháin, 70  
cearnógrach, 67  
ciorclach, 67  
cothrom, 67  
cruth, 66

cúram, 70  
déghearrtha, 67  
fad, 66  
faobhar sábháilte, 67  
grád an ghearrtha, 66  
láimhe, 67  
leathchiorclach, 67  
pionnáil, 70  
teannais, 67  
triantánach, 67  
*Loctrronics*, 216  
Logú, 123-124  
Loinnir mhiotalach, 2  
Losaid, 216-219  
ciorcaid phriontáilte, 217-219  
mhairtíse, 216  
Luaidhe, 16  
Luamháin, 225-226  
Luas rothlaithe, 158  
deile, 158  
foirmle, 158  
luas dromchlach, 158  
luas fearsaide meaisíní druileála, 85  
*m/min*, 85, 158  
*rev/min*, 85, 158  
Luathóir, 24, 31, 42

## M

Máilléad, 118, 123-124  
Marcáil amach, 45  
uirli sí, 45-61  
M-chóid, 166-167  
Meá chothrom, 225  
Meaisín druileála, 79-80  
crágán, 79  
fearsaid, 79  
luas, 79  
ulóga, 79  
úsáid, 80  
Meicníochtaí, 224  
Micriméadar, 55-56  
cúram, 56  
léamh, 56  
Míngħlanadh, 7  
Mínleacú, 125  
Mion-trastomhas, 95  
Miotaill, 2, 6-19  
feiriúil, 9-14  
Muntz, 17  
neamhsheiriúil, 14-18  
Miotalóireacht bhuaile, 123-127

ardú, 124  
casadh, 125-126  
casúr blocála, 123  
ciorcail chomhlárnacha, 125  
cuasú, 123  
diosca, 124  
foirmeán, 125  
logú, 123-124  
lúbadh, 125  
máilléad basála, 123  
mála leathair, 123  
mínleacú, 125  
scrollaí, 126-127  
Miotalóireacht leatháin, 117-122  
ait, 121-122  
allúntas, 121  
barra fillte, 119  
ciumhais fheirbthe, 122  
ciumhais shreanganithe, 122  
druileáil, 85-86  
forbairtí líníochta, 117  
séama eitreach a dheilbhiú, 121  
teimpléad, 117  
uirli sí, 117-120  
Móimintí, 225  
Monarú ríomhchuidithe, 186  
Mór-thrastomhas, 95  
Mótair, 211  
Muciarann, 7  
Muinchille bharrchaolaithe Mhorse, 85

## N

Naisc, 1-4  
ceimiceach, 2  
ianach, 3  
miotalach, 2  
tánaisteach, 4-5  
Nascálacha, 226-227  
Neart, 8  
Níolón, 23  
Normalú, 140

## O

Ó Dálaigh, Marcus, 15-16  
Ocsáid iarainn, 6  
Ord, 132

## P

Péinteáil, 149-150  
Pic, 147

Pionna scoilte, 99  
 Plaisteacht, 9  
 Plaistibhiáin, 23  
 Plaistigh, 21-31  
     a aithint, 26-27  
     poileitiléin, 22  
     polaivinilclóirí, 22-23  
     poláireatáin, 24  
     tástálacha, 26-27  
     teirmeaplaistigh, 21-23, 26  
     teirmithéachtach, 21, 23-24, 27  
 Pláta dromchla, 53-54  
 Pláta glasála, 99  
 Plocóid trí phionna, 202  
 Poll caoch, 87, 93  
 Poll scóipe, 86  
 Post urlise, 154-155  
     4 bhealach, 155  
     meiriceánach, 154  
 Prás, 17-18  
     cartúis, 17  
 Prásáil, 114-115  
     alt a phrásáil, 114-115  
     flosc, 114  
     spealtar, 114  
     teallach, 114  
     ullmhú na bpáirteanna, 114  
 Preabsheamaire tlú-shínteach, 103  
 Pritilí, 47-48  
     ceárta, 133  
     eitre, 119, 122  
     lárphritil, 47-48  
     pionnáí, 74  
     spotála, 48  
 Próiseas an teallaigh oscailte, 7  
 Próiseas Bhessemér, 7  
 Próiseas Bunata Ocsaigine, 7-8  
 Próiseas Stua-leictreach, 8  
 Puinseáil, 146  
 Púscadh, 113

**R**

Raicní, 233  
 Ramhrú, 135-136  
 Rannadóir, 48  
 Réamairí, 88  
 Réamhluathú, 24, 30-31, 42  
 Rev/min, 85, 158  
 Rialóir innealtóra, 46  
 Rialú uimhriúil ríomhaire (RUR), 164-189

Rianaire dromchla, 54, 237  
 Righncas, 9  
 Rinsí, 100  
 Ríomhchlárú RUR (*GNC*), 167-189  
 Riopúise, 146-147  
 Rith, 95  
 Rithim, 250  
 Roisíní, 23-24, 27, 30-31  
     feanólach, 23-24, 27  
     imchochallú, 31  
     poileistire, 24, 27, 30-31  
     teilgean, 30-31  
 Rotháí fiaclacha, 228-229

**S**

Sábha, 70-73  
     lanna, 70-72  
     mion-chróshábh, 72  
     mionsábh miotail, 72-73  
     miotail, 70-72  
     miotail a úsáid, 72  
     slí, 71  
 Sábháilteacht, 31, 36-44  
     ábhar a théamh, 39, 41  
     bróga, 37  
     contúirtí dóiteáin, 41-44  
     craiceann, 37  
     deannach, 38  
     dóiteáin, 41-44  
     feisteas, 36-37  
     gruaig, 36  
     leictreachas, 38  
     múch, 38  
     oibriú meisíní, 38-39  
     súile, 37  
     uirlisí láimhe, 39  
 Sádar, 18, 110-113  
     airgid, 113  
     bog, 18, 110  
     pluiméara, 18  
     stánadórá, 18  
 Sádráil, 110-115, 219  
     airgid, 113  
     alt rádail, 113-114  
     bogshádráil, 110-113  
     bunalt a shádráil, 112  
     glanadh dromchlaí, 112  
     iarann sádrála, 111  
     pointí tábhachtacha, 113  
     séidlampa, 111  
     sorn, 111-112  
     tóirse gáis, 111

Sainmharcanna, 127-128  
 Saorlínsocht, 245-246  
     línte ceartingearacha, 245  
     línte claoonta, 245  
     línte cothrománacha, 245  
     páipéar greille isiméadrach, 245-246  
     sceitsí, 245  
 Scairdeán ocsaigine, 7-8  
 Sciadadh, 156-157  
 Scóip, 156  
 Scoradán ciorcaid, 203  
 Screamhchrachan, 140-141  
 Scríobaire, 45  
 Scriúáil, 94-95  
     cliathán, 95, 97  
     cnó dísle, 94  
     dísle, 94  
     scriúshnáitheanna, 96-97, 233  
     snáithe scriú, 95-96  
     snáitheanna méadracha garbha ISO, 257  
 Scriúirí, 102  
 Scriúnna, 97  
 Scrolláf, 126-127  
 S-DeC, 215-216  
 Seach-chor urlise, 186  
 Seamanna, 102-106  
     ceannleacaithe, 102, 105  
     ceannsmeacha (smeachsheat), 102, 104-105  
     preabsheam, 103  
 Seamú, 102-105  
     adhairt, 103  
     smeachán, 103  
     socróir, 103  
     uirlisí seamaithe, 103  
 Séataí, 133  
 Séideadh, 6-8  
 Sinc, 16-17  
 Slabhraí, 228-229  
 Slaig, 6-8  
 Smeachán, 103  
 Snáithe mín, 96  
 Snáitheanna ISO, 257  
 Snáithireacht, 167, 179  
 Snasú, 145  
     cumasc snasaithe, 145  
 Socróir, 103  
 Solaid, 5  
 Spotéadanú, 87  
 Sreabhán gearrtha, 88-89  
 Sruth leictreach, 195-197  
 Staideanna ábhair, 4-5

Stán, 17  
Stánosclóir, 236-237  
Stánphláta, 12, 14  
*Sterling*, 127-128  
Stíall-losaid, 217-218  
Stodaí, 98  
Struchtúir, 223-224  
Súil (cró) a dheilbhiú, 136

## T

Tagra, 45  
faobhar tagra, 45  
líne thagra, 45  
Tapaí, 91  
barrchaolaithe, 91  
dalláin, 91  
dara tapa, 91

rinse tapa, 92  
Tapáil, 91-93  
lochtanna, 93  
poll caoch, 87, 93  
poll tapála, 86  
Tapáil (foirnéis), 6  
Tástáil leanúnachta, 198-199  
Teallach ceárta, 130-131  
Teanchairí ceárta, 132

Tomhsairí, 60-61  
casdruilirí, 60  
Trasraitheoirí, 208-209  
Treoirpholl, 86  
Trianránú, 223

## U

Uillinn tomhas innealtóra, 52  
Ulóga, 226-228  
U-lúb a dheilbhiú, 136-137

## V

V-bhloc, 55  
*Veroboard*, 216  
Voltas, 196-197  
Voltmhéadar, 197

Last Page Blank

Inside Back Cover Blank



ISBN 1-85791-165-2



9 781857 911657